



CÚIRT BHRÉITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

An tIlteangachas i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh



An tIlteangachas **i gCúirt Bhreithiúnais** **an Aontais Eorpaigh**

Brollach ón Uachtarán Koen Lenaerts

7

1. - Ilteangachas agus éagsúlacht

1.1 - Brí an Ilteangachais san Aontas Eorpach - *In varietate concordia* 11

1.2 - Teangacha oifigiúla an Aontais agus teangacha oifigiúla na mBallstát 15

2. - An tIlteangachas ag croílár na nósanna imeachta os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh

2.1 - An tIlteangachas, dlúthpháirt de na himeachtaí 20

2.2 - Céim i scríbhinn den nós imeachta 22

2.2.1 - Nósanna imeachta um réamhrialú 22

2.2.2 - Caingne díreacha agus achomhairc 27

2.2.3 - Nósanna imeachta tuairime 33

2.2.4 - Brostú na n-imeachtaí 33

2.2.5 - Clabhsúr le céim i scríbhinn an nós imeachta 34

2.3 - Céim ó bhéal an nós imeachta 35

2.3.1 - An éisteacht 35

2.3.2 - Tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a thabhairt 36

2.4 - Na cinntí agus tuairimí 39

2.5. - Díospóidí os comhair na Cúirte maidir leis an Ilteangachas 46

2.5.1 - An chomhchordacht idir leaganacha teanga de ghníomhartha an Aontais:
teoiric an *acte clair* 46

2.5.2 - Díospóidí maidir le córas teangacha na gcomórtas earcaíochta agus
na bhfógraí folúntais 50

2.5.3 - Cás sonrach shocruithe teanga na paitinne Eorpaí a bhfuil éifeacht aonadach léi 54

3. - Bainistiú an Ilteangachais sa Chúirt

3.1 - Struchtúr Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais	56
3.2 - Gairmeacha in Ard-Stiúrthóireacht an ilteangachais	60
3.2.1 - Na dlítheangeolaithe	60
3.2.2 - Na hateangairí	64
3.2.3 - Na profléitheoirí/eagarthóirí teanga	66
3.2.4 - Na cúntóirí bainistíochta agus na rúnaíochtaí	67
3.2.5 - Gairmeacha sonracha	69
3.3 - Na comhghleacaithe seachtracha	70
3.3.1 - Na dlítheangeolaithe agus na saoraistritheoirí	70
3.3.2 - Na saorateangairí nó GAC	74
3.4 - Tábhacht chaighdeán na n-aistriúchán dlíthiúil agus na hateangaireachta sa Chúirt	75
3.4.1 - Caighdeán na n-aistriúchán dlíthiúil	75
3.4.2 - Caighdeán na hateangaireachta	79
3.5 - Earcaíocht agus oiliúint leanúnach	79
3.5.1 - Comórtais earcaíochta na n-oifigeach	79
3.5.2 - Nósanna imeachta roghnúcháin gníomhairí sealadacha	80
3.5.3 - Oiliúint leanúnach na ngairmithe san Ilteangachas	80
3.6 - Cosaint an ilteangachais	83
3.6.1. - Teanga na bpléití	83
3.6.2 - Na teangacha pivot (aistriúchán)	85
3.6.3 - Teanga “athsheachadáin” agus teanga “retour” (ateangaireacht)	90
3.6.4 - Coigilt a dhéanamh san aistriúchán	93
3.6.5 - Tionchar an ilteangachais ar fhad na n-imeachtaí	96

4. - Aistriú agus ateangaireacht: straitéisí, modhanna agus uirlisí

4.1 - An t-aistriúchán dlíthiúil	100
4.1.1 - An dlítheangeolaí ag tabhairt aghaidh ar an aistriúchán	103
4.1.2 - Sainiúlacht an aistriúcháin dhlíthiúil sa Chúirt	108
4.1.3 - Machnamh ar an téarmaíocht i gcomhthéacs dlíthiúil	109

4.1.4 - Rogha na straitéise, modh teileolaíoch	113
4.1.5 - An t-idirphlé idir údair agus aistritheoirí	116
4.2 - Ateangaireacht sna héisteachtaí	119
4.2.1 - Prionsabail agus modhanna na hateangaireachta	119
4.2.2 - Dúshláin shainiúla na hateangaireachta comhuainí ag an gCúirt	120
4.2.3 - Straitéisí agus oirbheartaíochtaí	122
4.2.4 - Ullmhúchán d'éisteacht	124
4.2.5 - Scileanna agus dualgais an ateangaire	126
4.2.6 - Páirtíocht na n-óráidithe	127
4.3 - Uirlisí tacaíochta don Ilteangachas	129
4.3.1 - An téarmaíocht	129
4.3.2 - Uirlisí cuardaigh ilteangaigh	134
4.3.3 - Uirlisí tacaíochta don aistriúchán	135
4.3.4 - Uirlisí tacaíochta don ateangaireacht	140
4.3.5 - Ateangaireacht ar idiragartha a thugtar ó chian	141
4.3.6 - Ateangaireacht ó chian	144

5. - Cén todhchaí don Ilteangachas?

5.1 - Réamhriachtanais le haghaidh teacht chun cinn daoine le tallann	147
5.2 - Feasacht ar na leasanna: gearrthéarmach nó fadtéarmach?	150
5.3 - Maoiniú an Ilteangachais in aghaidh chostas an Neamh-Ilteangachais	152
5.3.1 - Costas an Ilteangachais	155
5.3.2 - Costas an Neamh-Ilteangachais	156
5.3.3 - Iarmhairtí d'fheidhmiú neamh-ilteangach sa Chúirt	158
5.3.4 - Tacaíocht dhilárail na nósanna imeachta	161

Conclúid	163
-----------------	------------

Gluais	166
---------------	------------

“L'amour de la démocratie est celui de l'égalité”

(Is ionann grá don daonlathas agus grá don chomhionannas)

Montesquieu, De l'esprit des lois, 1748, Leabhar V, Caibidil III

Brollach ón Uachtarán Koen Lenaerts

Ag tús an tionscadail Eorpaigh, níor úsáideadh ach ceithre theanga san institiúid. Inniu, tá 24 theanga oifigiúla le chloisteáil i seomraí na cúirte agus aistrítear formhór na gcinntí a dhéanann an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta go dtí na teangacha sin go léir. Sa “cheolchoirm theangeolaíoch” seo, a d’fhorbair thar mhéaduithe leanúnacha an Aontais Eorpaigh, tá gach teanga oifigiúil ar comhchéim faoi Rialachán Uimh 1/58. lena rialaítear córas teanga institiúidí an Aontais á rialú le cúig bliana is seasca anuas.

Dúshlán buan oibríochta agus tairbhe mhór de chásdlí na hinstitiúide is ea an prionsabal seo de “chomhionannas teangacha”, a léiríonn an éagsúlacht mhór teanga agus chultúrtha, atá cumhdaithe in Airteagal 22 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Úsáidtear méid suntasach acmhainní daonna agus teicniúla chun rochtain ar chinntí cúirte i 24 theanga oifigiúla an Aontais a áirithiú, ach is é sin an “praghas le hóc” chun trédhearcacht agus inrochtaineacht an chásdlí laistigh de na horduithe dlí náisiúnta éagsúla a ráthú. Tá an ráthaíocht sin sár-riachtanach chun go bhfeidhmeoidh córas daonlathach an Aontais i gceart agus cabhraíonn sí le ceartas Eorpach a thabhairt níos gaire do shaoránaigh, do ghnólaicthe agus do riaracháin na 27 mBallstát.

Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán teanga seo, is féidir leis an institiúid brath ar thiomantas gan teip na ngairmithe ateangaireachta agus aistriúcháin a oibríonn chun tuiscint aonfhoirmeach ar dhlí an Aontais a áirithiú ina teangacha oifigiúla go léir, ar mhaithe le comhsheasmhacht agus cáilíocht an chásdlí.

Osclófar Gairdín an Ilteangachais in aice le Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa bhliain 2023, agus déantar cur síos san fhoilseachán seo ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le bainistíocht na hinstitiúide ar sheirbhís bhreithiúnach atá inrochtana i 24 theanga an Aontais de réir na srianta (costas agus ama, go háirithe) a rialaíonn feidhmíocht a cuid gníomhaíochtaí.

Críochnaíonn an foilseachán le sraith machnaimh ar dhúshláin agus ar thodhchaí an ilteangachais i gcomhthéacs an domhandaithe agus na réabhlóide digití. Is ómós é freisin dóibh siúd a bhíonn ag obair gach lá, go minic sa chúlra, chun feidhmiú comhchuí an mhósáic ilchultúrtha iontach seo a chinntiú.

1. - Ilteangachas agus éagsúlacht

An tIlteangachas ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh – siombail an ghairdín

Leanann an tionscnamh foirmiúil, an 9 Bealtaine 2023, de ghairdín an ilteangachais timpeall na Cúirte gach a gcuirtear in iúl cheana féin, le hailtireacht theach cúirte an Aontais Eorpaigh: tóraíocht na trédhearcachta agus na hinrochtaineachta. Is é an t-ilteangachas institiúideach, lena gcumasaítear do shaoránaigh agus dhlíthithe cumarsáid a dhéanamh leis an gCúirt sa teanga nó i dteanga amháin dá dtíortha, ceann de na coinníollacha le haghaidh rochtain ar an gceartas atá furasta agus trédhearcach.


Is toradh é an gairdín ar thoil leanúnach chun luachanna na hInstitiúide a chur i gcrích go fisiciúil sna suímh ina bhfuil sí agus freisin ar theagmhas a tháinig chun cinn: saoradh talún de phíosa beag níos mó ná heictéar ag bun na dtúr a dhear an t-ailtire Dominique Perrault. Rinneadh an talamh sin, a fágadh folamh le leagadh sheanfhoirgnimh an Choimisiúin Eorpach de bharr a ndrochbhaile, a bhunathrú ina ghairdín lena gcuirtear an t-ilteangachas chun suntais, mar shiombail d'éagsúlacht na gcultúr Eorpach. Déantar an nasc idir cosaint na bithéagsúlachta agus urraim a thabhairt d'fhéiniúlachtaí teanga a léiriú go soiléir trí heagrú an ghairdín agus rogha na speiceas tor, ina bhfuil meascán de phlandaí bláthanna agus plandaí aramatacha. Cuireadh garrán an Ilteangachais freisin, atá comhdhéanta den mhéid céanna crann agus teangacha oifigiúla san Aontas Eorpach, gan dearmad a dhéanamh ar an Lucsamburgis, teanga stairiúil na hArd-Diúcachta ina bhfuil an institiúid lonnaithe.

Réadaigh an Chúirt, a chuireann í féin in iúl i 24 theanga, an gairdín seo, i ndlúthchomhar leis na húdaráis Lucsamburgacha. Is tír ilteangach é Lucsamburg é féin agus cosantóir díograiseach den éagsúlacht chultúrtha agus theangach, atá mórthimpeall ort ar a thalamh torthúil. Fad is a bhrúnn an luathú ginearálta, atá mar dhlúthpháirt de dhomhandú na trádála, sinn i dtreo “aonteangachas na héifeachta” píosa beag níos mó gach lá, tá an gairdín mar dhearbhu ar luach intreach agus do-aistrithe an ilteangachais. Tugtar onóir mar sin, don ilteangachas institiúideach, a leagtar síos sna Conarthaí, agus d'ilteangachas pobail Lucsamburg, lena ndéantar fíor “ghairdín na dteangacha” as an tír bheag, iltíreach seo.

Comhionannas teangacha, urraim d'fhéiniúlachtaí teanga, rochtain saor in aisce ar an gceartas, is iad sin na luachanna a chuireann an Chúirt chun feidhme le hilteangachas na nósanna imeachta agus a cáslí. Tá an institiúid agus a páirtithe Lucsamburgacha maidir

leis an mbeartas tógála go domhain mar sin sa chruthú de ghairdín an Ilteangachais áit bheomhar a léiríonn éagsúlacht an nádúir agus na gcultúr. Mar a mheabhraíonn Heinz Wismann, staraí fealsúnachta agus údar ar *Penser entre les langues* ¹, “is é prionsabal an tsaoil an difreáil”, a théann i gcoinne cultúr amháin agus an aonteangachais.

Cuireann an gairdín, atá timpeall an Palais, spás ar fáil ní hamháin chun do scíth a ligean, ach don chultúr freisin, sa tslí go n-oirfidh sé d’eagrú imeachtaí a bhaineann le teangacha agus leis an éagsúlacht. Agus í gníomhach i leith chosaint, chaomhnú agus chur chun cinn an ilteangachais, ní féidir leis an gCúirt ach a bheith lúcháireach faoi ghaireacht spáis bheo mar sin, ar tháinig an inspioráid dó ó iolracht na gcultúr Eorpach.



1 | Heinz Wismann, *Penser entre les langues*, Éditions Albin Michel, Páras, 2012.

Déanann gairdín an Ilteangachais focail Olga Tokarczuk, úrscéalaí Polannach a bhuaigh Duais Nobel na Litríochta in 2018, a mheabhrú dúinn. Agus í ag tabhairt onóra do na teachtairí sin atá ina n-aistritheoirí agus a n-ateangairí, dhearbhaigh sí in 2019: “Ní hé atá i gceist amháin leis an aistriúchán ná bogadh ó theanga amháin go ceann eile, nó ó chultúr amháin go ceann eile, is ar nós teicníc ghairneoireachta atá sé freisin, ina mbaintear meathán ó bhun-phlanda chun é a bheangú ar phlanda eile, áit a spreagann sé cur amach péacáin nua a éiríonn níos cumhachtaí go dtí go gcuireann siad géaga amach.”²

2 | Sliocht as an léacht d’oscailt an IV eagrú de Chruinnithe Liteartha Gdańsk (an Pholainn), 2019.

1.1 - Brí an Ilteangachais san Aontas Eorpach - *In varietate concordia*

I rith na n-aoiseanna deireanacha agus fiú na mílaoiseanna, bhí muintir na hEorpa i gcomhrac lena chéile, rinneadh le huaillmhian roinnt dóibh dúshaothrú ar fhaitís agus aineolas daoine eile, ag déanamh dochar don tsíochán, don rath agus don fháil chothrom do phobail agus dhaoine ar dheiseanna. Thug tráma an Dara Cogadh Domhanda le tuiscint do na náisiúin a mhéid a bhí na fóraim idirphlé agus comhoibrithe, fiú rialaithe, tar éis éirí bunriachtanach. Ba é mar sin a tháinig na Náisiúin Aontaithe (NA) chun cinn, in áit Chonradh na Náisiún, a bhí a laigí léirithe aige.

San Eoraip go háirithe, bhí gá leis na fóraim sin, agus bhí an fhís sin sa bhreis ag aithreacha na gconarthaí Eorpacha maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus polaitiúil sna náisiúin Eorpacha. Bhí fonn orthu ní hamháin go mbeadh na fóraim idirphlé ag feidhmiú ar bhonn buan, ach freisin go mbeadh na leasanna idirspleách agus na malartaithe leanúnach, sa tslí gur léir go mbeadh aon ghníomh bainte leis an gcoimhlint fhritorthúil. Is é a bhí ag teastáil don mhéid sin ná bacanna náisiúnta a leagan, agus an cosantas intleachtúil a laghdú fad agus a bhí an cosantas eacnamaíoch á dhíothú.

I ndiaidh na chéad chéime a bhí i gceist le Conradh Benelux 1948, ónar lean in 1951 margadh aonair le haghaidh guail agus cruach, agus ag an am céanna gur síníodh an Conradh Euratom lenar cuireadh taighde comhpháirteach maidir le fuinneamh adamhach i bhfeidhm, rinneadh ginearálú le Conradh na Róimhe an 25 Márta 1957 ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) ³ ar oscailt na margáí, in éineacht le saoirsí níos leithne arís maidir le gluaiseacht daoine, earraí, seirbhísí agus caipitil. Agus sin go léir comhlánaithe le tabhairt isteach airgeadra aonair, chuir na bunchéimeanna seo le fíís na síochána sa rathúnas sin. Bhí gá le creat dlíthiúil a chur leis an dul chun cinn go léir sin i bhfoirm conarthaí idirnáisiúnta agus, de bharr riachtanas eagrúcháin, i bhfoirm institiúidí dlísteanaacha a cuireadh i bhfeidhm leis na conarthaí.

D'oibrigh na hinstitiúidí i gcomhar leis na Ballstáit chun pobail na hEorpa a thabhairt le chéile níos mó, agus bhí an toghchán díreach de chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa, ó 1979 ar aghaidh, mar cheann de na hábhair bród i leith na sprice sin. D'éirigh na forbartha sin níos inbhraite i saolta laethúla na saoránach Eorpach, sa chaoi go dtagann

3| An Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, a síníodh sa Róimh an 25 Márta 1957 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1958.

bunús de chuid mhaith den reachtaíocht atá i bhfeidhm sna Ballstáit ó dhlí an Aontais. ⁴ Tháinig leathnú leanúnach ar raon feidhme an Aontais Eorpaigh go dtí gur clúdaíodh leis réimsí a bhí ag croílár na saoránachta fiú, ar nós cearta bunúsacha, cearta sóisialta agus cearta polaitiúla.

Oibríonn an tAontas agus a institiúidí mar sin i gcroílár saolta laethúla thart ar 450 milliún saoránach Eorpach (tar éis Brexit) agus, chun a ndlísteanacht a choinneáil, ní mór dóibh cluas na héisteachta a thabhairt don saoránach go héifeachtach agus go hoscailte, agus a chruthú dó go leanúnach, nach bhfuil sé imeallaithe mar pháirt de ghrúpa mór nach bhfuil sé in ann a thuiscint ach ó i bhfad, ach go bhfuil sé mar pháirt den ghrúpa sin sa tslí chéanna le saoránaigh agus pobail eile na hEorpa.

Is scéim chúlúrtha agus shibhialtachta thar aon rud eile é an comhtháthú Eorpach a thréithrítear le roinnt luachanna coiteanna agus leis an éagsúlacht de léirithe cultúrtha, go háirithe léirithe teanga. Is uirlis chumarsáide, comhartha féiniúlachta agus ábhar cultúrtha í an teanga. Ní hamháin go sonraítear le teanga féiniúlachtaí pearsanta, ach tá sí mar chuid d'oidhreacht choiteann freisin.

Tá sé riachtanach mar sin go dtugtar urraim do na saoránaigh agus do gach gné dá bhféiniúlacht, bíodh sin a náisiúntacht, a bhféiniúlacht reiligiúnach, fhealsúnach, eitneach, pholaitiúil, a n-inscne nó eile. Toisc go bhfuil teangacha ag croílár na féiniúlachta ní mór caitheamh go cothrom leo, seachas sin bhraithfeadh na saoránaigh nach dtugtar an méid céanna urraime dá bhféiniúlacht is a dtugtar d'fhéiniúlacht phobal teanga nó

4| Cuireadh céatadán éagsula in iúl ag figiúirí polaitiúla, atá go minic áibhéileach d'fhonn tábhacht dhlí an Aontais inár gcórais a mholadh nó, a mhalairt, chun é a cháineadh. I ndáiríre, níl sé úsáideach ná fiú indéanta chun sin a mheas, ag féachaint go háirithe d'fhorluí caighdeán le bunús éagsúla sna téacsanna céanna agus an easpa córas tagartha ar bith lena bhféadfaí na caighdeáin a luacháil de réir a dtionchar dlíthiúil iarbhir agus seasmhach.

pobail náisiúnta eile, ⁵ nach bhfuil siad “comhionann” ar shlí éigin le daoine eile. Ní féidir a bheith mar thoradh ar an éagothroime teanga ach coimhthiú na saoránach maidir leis na hinstitiúidí agus an tionscadal náisiúnta nó Eorpach ina iomláine. Sin é an cúram atá ag an ilteangachas institiúideach, ráthóir chuimsiú na saoránach agus daingnitheoir shíocháin na náisiún. Níos minice agus níos minice labhraíonn saoránaigh na hEorpa níos mó ná teanga amháin ag leibhéal éagsúla, agus ní féidir ach a bheith lúcháireach faoin ilteangachas pobail sin. Tá níos mó ná sin i gceist leis an ilteangachas institiúideach, áfach. Is toradh é ar chéimeanna a tógadh chun a chinntiú go mbeadh saoránaigh in ann i gcónaí, agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach, rochtain a fháil ar eolas, teagmháil a dhéanamh leis na hinstitiúidí agus freagra a fháil ina dteanga féin. Tá an ceart ag na saoránaigh uile gan ach a dteanga féin a úsáid agus, fiú má labhraíonn siad roinnt teangacha, ní minic a bheadh a dtuiscint chomh iomlán agus cruinn i dteanga eile agus a bheadh ina dteanga dhúchais. Leanann sé as anailís arna déanamh ag Eurostat in 2016 nach labhraíonn formhór an daonra aon teanga den Aontas ar ardleibhéal. Is féidir le thart ar 20 % de chónaitheoirí fásta cumarsáid a dhéanamh ar an leibhéal sin sa Ghearmáinis, 16 % sa Fhraincis, 14 % san Iodáilis agus 13 % sa Bhéarla. Áirithítear leibhéal cuimsithe teanga le cumarsáid aonteangach sa Bhéarla de idir 13 agus 45 % de chónaitheoirí fásta sna 27 mBallstát. Tá an leibhéal sin idir 43 go 45 % má chuirtear córas tritheangach i bhfeidhm (Gearmáinis, Béarla, Fraincis). Ceadaítear cuimsiú teanga, áfach, le córas atá iomlán ilteangach, de 97 go 99 % den daonra fásta. ⁶

5| Cumhdaítear an prionsabal thairis sin in Airteagal 3, mír 3, an fhomhír dheireanach den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE): “Urramóidh [an tAontas] saibhreas a éagsúlachta cultúrtha agus teanga, agus áiríteoidh sé go ndéanfar oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú”, agus in Airteagal 22 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh: “Déanfaidh an tAontas an éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga a urramú.” Cuireann Cúirt an Bhreithiúnais in iúl go minic ina cásdlí cé chomh tógtha is atá an tAontas leis an ilteangachas. Chuir sí sin in iúl freisin i mbreithiúnas ón Mór-Dhlísheomra an 2 Deireadh Fómhair 2018, C-73/17, *an Fhrainc v an Pharlaimint*, EU:C:2018:787, mír 41 : “Tá iallach ar an bParlaimint mar sin, í féin a ghníomhú sa réimse seo leis an aird, doichte agus tiomantas go léir a éilítear le freagracht den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 2012, *an Fhrainc v an Pharlaimint*, C-237/11 agus C-238/11, EU:C:2012:796, mír 68), a thugann le tuiscint go mbunaítear an díospóid agus vótáil parlaiminte ar théacs a chuirtear ar fáil do na hionadaithe in am agus a aistrítear go gach teanga oifigiúil den Aontas. Tá an tAontas Eorpach tiomanta don ilteangachas, a dhéantar tagairt dá thábhacht in Airteagal 3, mír 3, an ceathrú fhomhír CAE (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Bealtaine 2015, *an Spáinn v an Chomhairle*, C-147/13, EU:C:2015:299, mír 42, agus an 6 Meán Fómhair 2017, *an tSlóvaic agus an Ungáir v an Chomhairle*, C-643/15 agus C-647/15, EU:C:2017:631, mír 203).” [Aistriúchán neamhoifigiúil]

Léirítear ceart sin na saoránach i roinnt gníomhartha agus tagann a bhunús dlí ó Airteagal 20, mír 2(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena bhforáiltear: “[b]eidh ag saoránaigh an Aontais [...] an ceart chun [...] dul i dteagmháil le hinstiúidí agus comhlachtaí comhairleacha an Aontais in aon cheann de theangacha na gConarthaí agus freagra a fháil sa teanga chéanna”; cuirtear an ceart sin chun feidhme le Rialachán Uimh. 1 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa,⁷ agus Airteagal 41, mír 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, dá réir “[f]éadfaidh gach duine scríobh chuig instiúidí an Aontais i gceann de theangacha na gConarthaí agus caithfidh sé nó sí freagra a fháil sa teanga chéanna.”

Fágann an t-ilteangachas go bhféadfadh saoránacht Eorpach a bheith ann atá riachtanach don idirphlé idirchultúrtha toisc go dtugann sé deis do gach Eorpach daoine eile a fheiceáil mar chomhshaoránaigh agus mar dhaoine atá comhionann leo. Áirithíonn na gairmithe aistriúcháin sna hinstiúidí (dlítheangeolaithe agus aistritheoirí) go bhfuil fáil ar dhoiciméid i ngach teanga oifigiúil.

Bhí ceannródaithe chomhtháthú na hEorpa feasach ar an riachtanas sin, sa tslí go sonraítear leis an gcéad Rialachán ar ghlac CEE, eadhon Rialachán 1/58, atá i bhfeidhm go fóill, agus lenar leagadh amach córas teangacha an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (CEGC), teangacha oifigiúla an Aontais agus lena rialaítear a n-úsáid. Foráiltear le hAirteagal 1 den Rialachán sin, arna leasú tar éis gach aontachais ina dhiaidh sin, gurb iad an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, an Mháltais, Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvacais, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris teangacha oifigiúla agus teangacha oibre instiúidí an Chomhphobail.” [Aistriúchán neamhoifigiúil] Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 2: “[f]éadfar doiciméid a sheolfaidh Ballstát nó duine atá faoi réir dhlínse Ballstáit chuig instiúidí an Chomhphobail a bheith dréachtaithe i dteanga ar bith de na teangacha oifigiúla arna roghnú ag an seoltóir. Dréachtófar an freagra sa teanga chéanna.” [Aistriúchán neamhoifigiúil.] Foráiltear le hAirteagal 7 go “leagfar síos córas teangacha nósanna imeachta na Cúirte Breithiúnais i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.” [Aistriúchán neamhoifigiúil.] Toisc go bhfuil luach nach mór bunreachtúil ag an gcóras teangacha ní féidir an Rialachán sin

7 | Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 1958 17, Ich. 385, an “Rialachán 1/58”).

a leasú ach le haontoilíocht na mBallstát, cosúil le forálacha Rialacha Nós Imeachta Chúirt Bhreithiúnais agus Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh maidir leis an gcóras teangacha (Airteagail 36 go 42 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagail 44 go 49 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta). Deimhnítear an bunluach sin le cuimsiú in Airteagail 21 (prionsabal an neamh-idirdhealaithe bunaithe ar theanga) agus 22 (prionsabal na hurraime don éagsúlacht teanga) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh atá mar bhonn i ndlíchóras an Aontais, de phrionsabal an chomhionannais teanga.

1.2 - Teangacha oifigiúla an Aontais agus teangacha oifigiúla na mBallstát

Níor cheart na 24 theanga oifigiúla den Aontas a liostaítear i Rialachán 1/58 a mheascadh suas le teangacha oifigiúla na mBallstát. Tá roinnt teangacha, amhail Lucsambuirgis (teanga oifigiúil Lucsamburg in éineacht leis an nGearmáinis agus an Fhraincis) nach bhfuil mar theangacha oifigiúla den Aontas.

Is í Comhairle an Aontais Eorpaigh, áit a bhfuil ionadaíocht ag na Ballstáit go léir, a thógann cinntí d'aon toil maidir leis an ábhar sin. Sula dtéann sé isteach san Aontas, cuireann gach Ballstát an teanga a theastaíonn uaidh a úsáid mar theanga oifigiúil i gcomhthéacs an Aontais in iúl. Ní mór gach athrú ina dhiaidh sin, bíodh sin chun teanga oifigiúil a chur isteach nó a bhaint, a fhaomhadh d'aon toil ag na Ballstáit go léir sa Chomhairle.

Liosta athraitheach atá i liosta na dteangacha oifigiúla, mar sin. Cuirtear teangacha nua leis tráth a bhíonn aontachais nua ann, ach freisin uaireanta, amhail i gcás na Gaeilge, i bhfianaise na tábhachta a fhaigheann teanga atá oifigiúil sa Bhallstát lena mbaineann ach nach bhfuil mar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais nuair a thagann an Ballstát lena mbaineann isteach san Aontas. Tá an Béarla fós ar an liosta in ainneoin tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ón Aontas, go háirithe toisc go bhfuil sé fós mar theanga oifigiúil in dhá Bhallstát eile: Éire agus Málta.

Ba sa spiorad céanna cuimsitheach a glacadh Airteagal 55, mír 1 de CAE: “Tarraingíodh an Conradh seo suas i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; taiscfear é i gcartlann Rialtas Phoblacht na hIodáile agus cuirfidh an Rialtas sin cóip dheimhnithe

chuig Rialtas gach ceann eile de na Stáit shínithe. " *Mutatis mutandis* Airteagal 24, an ceathrú fomhír de CFAE: "Féadfaidh gach saoránach den Aontas scríobh chuig aon cheann de na hinstiúidí nó comhlachtaí dá dtagraítear san Airteagal seo nó in Airteagal 13 den Chonradh ar an Aontas Eorpach i gceann de na teangacha atá luaite in Airteagal 55(1) den Chonradh sin agus freagra a fháil uaidh nó uaithi sa teanga chéanna."

Dá bhrí sin is féidir le gach saoránach teagmháil a dhéanamh le hinstiúidí an Aontais i dteanga oifigiúil dá rogha agus freagra a fháil uathu sa teanga chéanna. ⁸ Foilsítear rialacha uile an Aontais a bhfuil feidhm ghinearálta acu in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* sna teangacha oifigiúla uile. Sin a dhearbhaigh an Chúirt, mar shampla, sa chás C-108/01, nuair a chinn sí "éilítear le ceanglas na deimhneachta dlíthiúla go gcuirfear ar chumas na ndaoine lena mbaineann a fhios a bheith acu go beacht faoi raon na gceanglas a fhorchuirtear orthu le rialacha an Chomhphobail" [aistriúchán neamhoifigiúil], agus í ag glacadh le hargóint na gcosantóirí lenar maíodh "ba cheart go mbeadh raon feidhme agus éifeachtaí rialacha an Chomhphobail soiléir agus intuatha do dhlíthithe, nó tá baol ann go sárófar prionsabal na deimhneachta dlíthiúla agus prionsabal na trédhearcachta. Ba cheart go gcuirfidh na rialacha ar glacadh leo ar chumas na ndaoine lena mbaineann a fhios a bheith acu go beacht faoi raon na gceanglas a fhorchuirtear orthu. Cuirfeadh bac ar chur i bhfeidhm na gceanglas ar glacadh leo leis an ngníomh sin ar dhuine príobháideach mura foilseofar an gníomh. Thairis sin, ba cheart go mbeadh ceanglas a fhorchuirtear le dlí an Chomhaontais le fáil go furasta i dteanga an Bhallstáit a bhfuil sé le bheith curtha i bhfeidhm ann" [aistriúchán neamhoifigiúil]. ⁹

Foilsítear cásdlí na Cúirte i dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais i ngach teanga oifigiúil freisin. ¹⁰

Tugtar na conarthaí i gcrích i ngach teanga oifigiúil, agus tá an reachtaíocht tháinisteach barántúil i ngach ceann de na teangacha sin, tá a hinfheidhmeacht bunaithe fiú ar an gcoinníoll sin.

8| Isabelle Pingel, "Le régime linguistique de l'Union européenne. Enjeux et perspectives", *Revue de l'Union européenne*, Meitheamh 2014, lgh. 328 go 330.

9| Breithiúnas an 20 Bealtaine 2003, Consorzio del Prosciutto di Parma et Salumificio S. Rita SpA, C-108/01, EU:C:2003:296, míreanna 85 agus 89.

10| Cuireadh deireadh diaidh ar ndiaidh leis an maolú a raibh feidhm aige maidir leis an nGaeilge agus tháinig deireadh iomlán leis an 31 Nollaig 2021 [féach Rialachán (AE, Euratom) 2015/2264 ón gComhairle an 3 Nollaig 2015 lena gcuirtear síneadh agus deireadh de réir a chéile leis na bearta maolaithe sealadacha maidir le Rialachán Uimh 1/58 (IO 2015 L 322, lch. 1)].

An tIlteangachas dlíthiúil, téadchleasaíocht agus ceanglas riachtanach

D'fhonn an t-ilteangachas a chothabháil, chun riachtanais agus féiniúlachtaí na saoránaigh agus na mBallstát a urramú, éilítear ní hamháin na hacmhainní iomchuí, ach freisin réasúnaíocht intleachta leanúnach. ¹¹

Tá an tAontas bunaithe ar an smacht reachta, agus caithfidh an reachtaíocht sin a bheith cothrom do gach éinne agus mar sin éifeachtaí dlíthiúla a bheith aici go bhfuil gach éinne in ann a thuiscint in ainneoin na dteangacha iomadúla agus éagsúlacht na gcóras dlí. ¹² Gan beann ar an teanga ina ndréachtaítear na Treoracha agus na Rialacháin, ní mór a bheith in ann na gníomhartha sin a thuiscint sa tslí chéanna i ngach teanga agus i ngach córas náisiúnta. ¹³ Ní hionann na coincheapa dlíthiúla i gcóras dlí amháin agus córas dlí eile, áfach. ¹⁴ Níl ann do choincheapa áirithe ach i gcóras dlí amháin nó i roinnt córas dlí, ach nach bhfuil coincheap coibhéiseach leo sna córais eile. Is ann do choincheapa eile sna córais dlí uile ach gan an bhrí dhíreach chéanna a bheith leo, bíodh sin toisc go bhfuil difríochtaí substaintiúla eatarthu, nó toisc go bhfuil raon feidhme níos leithne nó níos cúinge acu. ¹⁵

11 | Dorina Irimia, "Pour une nouvelle branche de droit ? La traduction juridique, du droit au langage", *Revue Études de linguistique appliquée (ELA)*, Uimh. 183, 2016, lgh. 329 go 341.

12 | Sylvie Monjean-Decaudin, "La juritraductologie, où en est-on en 2018 ?", Collectif, *La traduction juridique et économique. Aspects théoriques et pratiques*, Classiques Garnier, lgh. 17 go 31.

13 | Féach, mar shampla, Christoph Sobotta : „Die Mehrsprachigkeit als Herausforderung und Chance bei der Auslegung des Unionsrechts. Praktische Anmerkungen aus der Perspektive des Kabinetts einer Generalanwältin", *Zeitschrift für Europäische Rechtslinguistik (ZERL)*, 2015.

14 | Caroline Reichling, "Terminologie juridique multilingue comparée", i Cristina Mauro, Francesca Ruggieri (Eagarthóirí), *Droit pénal, langue et Union européenne*, bailiúchán Dlí an Aontais Eorpaigh – Comhdhálacha, Éditions Bruylant, an Bhruiséil, 2012.

15 | Clúdaítear leis an bhfocal "crime" [cóir] raon i bhfad níos leithne cionta cóiriúla i ndlí Shasana ná i ndlí na Fraince nó na Beilge, mar shampla, sa tslí go bhféadfadh focal atá chomh coiteann daoine a chur ar strae i ndáiríre.

Sa tslí sin, bíonn siad deacair le haistriú, nó fiú do-aistrithe. ¹⁶ Thairis sin, d'fhéadfadh téarma amháin i dteanga áirithe roinnt coincheap a chlúdach i dteangacha eile agus córais dlí eile. ¹⁷ Mhol Barbara Cassin, den *Académie française* “go nglaofar ‘do-aistrithe’ ní ar na rudaí nach féidir a aistriú, ach ar na rudaí nach stadtar riamh de (gan a) bheith á n-aistriú. Tá na marcanna sin de dhifríocht, fonótaí na n-aistritheoirí, mar chomharthaí d'éirimiúlacht. [...] Is éard atá i gceist leis an aistriúchán ná saineolas maidir le conas deileáil le difríochtaí, agus is é sin atá ag teastáil uainn, mar shaoránaigh, mar Eorpaigh.” ¹⁸

In ainneoin na gconstaicí sin, téann na haistritheoirí, dlítheangeolaithe agus ateangairí i ngleic leis na coincheapa go léir chun a chinntiú go dtuigfear na gníomhartha agus a n-éifeachtaí ar an gcaoi chéanna sna Ballstáit go léir. Bíonn gá chuige sin uaireanta nuafhocail a chruthú nó dul i muinín téarmaí, a fhreagraíonn do choincheap sa dlí náisiúnta, ach a bhfuil brí neamhspleách leo i ndlí an Aontais. ¹⁹ Oibríonn an fhoireann teanga gan staonadh mar sin chun, ní hamháin na haistriúcháin a chur ar fáil, ach freisin an obair idirghabhálach a cheadóidh i ngach cás sonrach na héifeachtaí dlíthiúla beachta a chur in iúl, nuair nach gcuireann an teanga ná an dlí coibhéis iomlán ar fáil, mar a tharlaíonn go minic, agus iad á chothabháil comhsheasmhacht téarmaíochta trasnaí agus diachrónaí. ²⁰

16] Nár mhínigh an tArd-scríobhneoir Umberto Eco gurb é a bhí i gceist leis an aistriúchán ná “geall leis an rud céanna a rá”?

17] D'fhéadfadh an téarma Gearmánach *Vertrag* “contrat” [conradh infheidhme a chuir dhá pháirtí nó níos mó i gcrích] nó “traité” [conradh atá mar chomhaontú idirnáisiúnta idir stáit] a chur in iúl sa Fhraincis.

18] Barbara Cassin, “La langue de l'Europe?”, imleabhair 160 agus 161, Uimh. 2-3, Éditions Belin, Po&sie, 2017, lgh. 154-159, 2017.

19] Mar shampla, de ghnáth is coincheap de dhlí an Aontais é an coincheap d’“effet utile” [éifeachtacht]; tá na coincheapa de “effet direct” [éifeacht dhíreach] (breithiúnas an 5 Feabhra 1963, *van Gend & Loos*, 26/62, EU:C:1963:1, lch. 3) nó de “travailleur” [oibrí] (breithiúnas an 19 Márta 1964, *Unger*, 75/63, EU:C:1964:19, lch. 347) mar choincheapa neamhspleácha de dhlí an Aontais.

20] Thierry Fontenelle, “La traduction au sein des institutions européennes”, *Revue française de linguistique appliquée*, imleabhar xxi, Uimh. 1, 2016, lgh. 53 go 66.

Ilteangachas agus Ilteangachas pobail

Shainmhínigh Comhairle na hEorpa na coincheapa “ilteangachas” agus “ilteangachas pobail” sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CCTE).

Agus lán-inspioráid á fáil ó na sainmhínithe sin, ar mhaithe leis an saothar idir lámha, tuigtear leis an téarma “ilteangachas” an chómhaireachtáil de roinnt teangacha in institiúid amháin, bíodh sin náisiún, ar nós na Beilge nó na hEilvéise, mar shampla, nó eagraíocht idirnáisiúnta, ar nós an Aontais Eorpaigh, nó fiú cuideachta phoiblí nó phríobháideach.

I gcodarsnacht leis sin, is é is “ilteangachas pobail” ná cumas daoine a dtaithí ar theangacha a leathnú amach ina gcomhthéacs cultúrtha, ó theanga an teaghlaigh go teanga an ghrúpa shóisialta agus ina dhiaidh sin go teangacha grúpaí eile lasmuigh den chomhthéacs teaghlaigh. Tá duine a chuireann iad féin in iúl i roinnt teangacha, fiú go neamhfhoirfe, ilteangach sa chiall sin.

Is ar an gcaoi sin gur iomchuí saothair Alfredo Calot Escobar, atá mar Chláraitheoir na Cúirte Breithiúnais faoi láthair, a léamh, nuair a scríobhann sé:

“Ar éirigh leis an Eoraip teanga a chumadh nach canúint shaorga í? D’fhreagródh Umberto Eco, a mheasann gurb é an t-aistriúchán teanga na hEorpa, gur éirigh léi sin a dhéanamh tríd an aistriúchán. Is fiú, i ndáiríre, an ráiteas sin a cheartú: is é an t-ilteangachas teanga na hEorpa, is é sin le rá an urraim a thugtar do phrionsabal an chomhionannais idir na teangacha oifigiúla uile, rud atá ní hamháin mar atoradh ar aitheantas an Aontais, ar phrionsabal an chomhionannais idir na Ballstáit agus an urraim a thugann sé ar a bhféiniúlachtaí náisiúnta, ach freisin atá mar choinníoll riachtanach de shaoránacht Eorpach. D’fhéadfaimis, gan dabht, cur leis sin agus a rá gurb é an t-ilteangachas pobail teanga na hEorpa freisin, anuas ar an aistriúchán, is é sin le rá an cumas, i dtimpeallacht ilteangach, chun tú féin a chur in iúl i roinnt de na teangacha a úsáidtear agus sa tslí sin naisc a chruthú eatarthu agus na cultúrtha atá bainteach leo.” ²¹

21 | Alfredo Calot Escobar, “Le multilinguisme à la Cour de justice de l’Union européenne : d’une exigence légale à une valeur commune”, *Le multilinguisme dans l’Union européenne*, faoi stiúirú Isabelle Pingel, Éditions Pedone, Páras, 2015, lgh. 55 go 71.

2. - An tIlteangachas ag croílár na nósanna imeachta os comhair chúirteanna an Aontais Eorpaigh

An tIlteangachas dlíthiúil, ceanglas feidhmíochta sa Chúirt Bhreithiúnais

Ina chur chun feidhme laethúla, tá an t-ilteangachas, atá mar cheanglas dlí, freisin agus thar gach aon ní eile ina cheanglas feidhmíochta. Ní mór don Chúirt, atá iallach uirthi máistreacht a bheith aici ar na teangacha oifigiúla go léir i gcomhthéacs a cúraim, an t-ilteangachas a chur chun feidhme ina heagrú laethúil. ²² Is deis é don Institiúid chun an ghné normatach sin a aistriú isteach ina luach coiteann, lena gcothaítear an institiúid ina hiomláine.

2.1 - An tIlteangachas, dlúthpháirt de na himeachtaí

Áirithítear le córas teangacha na Cúirte, mar a leagtar amach é i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta faoi seach, rochtain ar an gceartas ilteangach. Is iad na cúirteanna a dhéanann na tarchuir, i nósanna imeachta um réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais, agus na n-iarratasóirí, i gcaingne díreacha os comhair an dá chúirt, a chineann teanga an cháis do gach cás: sin an teanga ina scríobhtar an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí. Nuair is iad institiúidí an Aontais Eorpaigh a thionscnaíonn imeachtaí, nach bhfuil a dteanga féin acu toisc go bhfuil gach teanga a liostaítear in Airteagal 1 de Rialachán 1/58 mar theanga na n-institiúidí, scríobhfaidh siad an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí - an t-iarratas nó an t-achomharc - i dteanga an chosantóra, bíodh sin duine nádúrtha nó dlítheanach nó Ballstát.

Mar sin, d'fhéadfadh gach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh a bheith mar theanga an cháis. ²³ Ní mór, i bprionsabal, na pléadálacha a dhréachtú sa teanga sin, a bheidh sí mar theanga na héisteachta freisin. Síneoidh foirmíocht na Cúirte an cinneadh lena gcuirfear clabhsúr leis na himeachtaí, ar deireadh, sa teanga chéanna.

22| Hubert Legal, "La traduction dans les juridictions multilingues : le cas de la Cour de justice des Communautés européennes", i *Langues et procès*, faoi stiúir Marie Cornu agus Marie-Eugénie Laporte-Legeais, Droit & Sciences sociales, LGDJ-Lextenso, Poitiers, 2015, lgh. 143 go 147.

23| Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, Caibidil a hOcht "Teangacha", Airteagal 36 *et seq.*, agus Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, Teideal II "Teangacha", Airteagal 44 *et seq.*

Fágann sin go bhfuil ar an gCúirt a bheith réidh ag am ar bith chun go bhféadfaí na doiciméid nós imeachta arna dtaisceadh a aistriú gan mhoill go teanga a bhfuil máistreacht ag foirmíocht na Cúirte uirthi, chun go bhféadfadh na hateangairí comhdhála ag an éisteacht ateangaireacht ó theanga an cháis go teangacha eile idiragartha, agus go dtí na teangacha a bhfuil máistreacht ag foirmíocht na Cúirte orthu agus *vice versa* a áirithiú; chun go bhféadfadh na dlítheangeolaithe a bheith ar fáil chun an cinneadh a dhéanfaidh foirmíocht na Cúirte a aistriú go teanga an cháis d'fhonn é a ghlacadh go héifeachtach.²⁴

Is ann don ilteangachas pobail san institiúid go fírinneach, toisc nach dtiocfaí ar aon duine nach labhraíonn roinnt teangacha. Ní hionann ilteangachas na ngníomhaíochtaí breithiúnacha agus ilteangachas na hInstitiúide ina hiomláine (*féach mír 1.2*) agus tá siad bunaithe go soiléir agus go príomhúil ar obair Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais (DGM), a áirithíonn an t-aistriúchán dlíthiúil agus an ateangaireacht. Sin ráite, áirithítear é freisin i seirbhísí eile a chlaonann, ina raon feidhme agus de réir na n-acmhainní ar fáil, chun ilteangachais agus iolrachas na gcóras dlí leathan, mar shampla, Stiúrthóireacht na Cumarsáide, an dá Chlárann nó an Stiúrthóireacht um Thaighde agus Doiciméadú (DRD). Eagraítear iad siúd de réir scileanna dlíthiúla agus teanga.

Is léir go mbíonn an t-ilteangachas ann ag gach céim den phróiseas os comhair na Cúirte, agus is de réir teacht ar a dhóthain acmhainní aistriúcháin agus ateangaireachta i leith uimhreacha, clúdach teanga agus caighdeán a chinntear an féidir fiú na himeachtaí breithiúnacha a réachtáil. Is é sin le rá, níl an t-ilteangachas mar acmhainn nó luach amháin a thuilleadh: is ceanglas dlí agus feidhmíochta é toisc go suíonn na Rialacha Nós Imeachta é mar uirlis táirgthe ríthábhachtach atá ag croílár gach nós imeachta.²⁵

24| Aistreoidh na dlítheangeolaithe na cinntí go dtí na teangacha oifigiúla eile d'fhonn iad a fhoilsiú, seachas mura bhfuil an cinneadh i dtrácht le foilsiú i *dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais* chun costais a laghdú mar pháirt de bheartas na hInstitiúide maidir le foilsiú roghnach.

25| Marc-André Gaudissart, "Le régime et la pratique linguistiques de la Cour de justice des Communautés européennes", Cahiers du Collège d'Europe, Uimh. 10, Éditions Peter Lang, an Bhruiséil, 2010, lch. 137. Cé gur scríobhadh an t-alt sin roimh theacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin, tá sé fós tráthúil maidir leis na prionsabail sin agus maidir leis an gcur síos ar an ilteangachas sna himeachtaí.

2.2 - Céim i scríbhinn den nós imeachta

Tá céim i scríbhinn ag baint le gach nós imeachta, bíodh sin nós imeachta um réamhrialú, caingean dhíreach, achomharc nó tuairim de bhun Airteagal 218, mír 11 CFAE.

2.2.1 - Nósanna imeachta um réamhrialú

Is bunuirlis den chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an tAontas é an nós imeachta um réamhrialú lena n-áirithítear an cur i bhfeidhm aonfhoirmeach de dhlí an Aontais. Is éard atá i gceist leis ná idirphlé atá ar fáil go leanúnach do na cúirteanna náisiúnta a bhfuil amhras orthu maidir le bailíocht gnímh nó le léirmhíniú ar dhlí an Aontais. Bhí ról lárnach ag an nós imeachta sin, a leagtar amach anois in Airteagal 267 CFAE ²⁶, maidir le forbairt dhlí an Aontais, le sraith fhada bun-bhreithiúnas lenar leagadh amach cearta agus oibleagáidí do na saoránaigh, cearta a deimhníodh go minic nuair a rinneadh leasú ina dhiaidh sin ar na Conarthaí. Má tá sé ag rialú ag an gcéim dheiridh nó nach bhfuil, tá ar an gcúirt náisiúnta a mheasann go bhfuil bunús le ceann amháin nó níos mó de na pléadálacha dlí i leith neamhbhailíocht gnímh arna dhíorthú ó dhlí an Aontais a rinne na páirtithe, nó más iomchuí, a rinneadh *ex officio*, bac a chur ar na himeachtaí agus tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chun na Cúirte Bhreithiúnais chun an bhailíocht a mheas. ²⁷ Thairis sin, is féidir le cúirt náisiúnta a bhfuil amhras uirthi faoi phointe léirmhínithe de dhlí an Aontais ceist amháin nó níos mó a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais, ach má tá an chúirt sin ag tabhairt rialú ag an gcéim dheiridh, ní mór di sin a dhéanamh. Tá an chúis leis sin soiléir. Ní fhéadfaí a shamhlú go bhféadfadh cásdlí na gcúirteanna uachtaracha sna Ballstáit teacht salach ar dhlí an Aontais agus éifeacht *res judicata* a bheith aige gan bealach a bheith ann chun caingean a thabhairt.

Ba cheart a chur in iúl, agus an saothar seo á chríochnú, ag tús 2023, go bhfuil togra faoi bhráid na Comhairle chun Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a leasú d'fhonn a cheadú go n-aistreofar cuid den dlínse i leith réamhrialú go dtí an Chúirt Ghinearálta. Bhainfeadh sé le hiarrataí a thagann go heisiach faoi cheann amháin nó níos mó de na hábhair shonracha seo a leanas: an comhchóras cánach breisluacha; dleachtanna máil; an cód custaim agus rangú earraí de réir taraife san

26] Féach Rialacha Nós Imeachta na Cúirte, Teideal III “Tarchur chun réamhrialú”, Airteagal 93 *et seq.*

27] Breithiúnas an 10 Eanáir 2006, *IATA v ELFAA*, C-344/04, EU:C:2006:10, mír 30 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 1/06).

ainmníocht chomhcheangailte; cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí; an córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil.

Thionscnófaí os comhair na Cúirte Breithiúnais gach iarraidh a tharchuirtear de bhun Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go fóill, áfach. Tar éis di a fhíorú go mbaineann an iarraidh ar réamhrialú go heisiach le ceann amháin nó níos mó de na hábhair sin, dhéanfaidh an Chúirt Bhreithiúnais an iarraidh sin a tharchur chuig an gCúirt Ghinearálta.

An iarraidh ar réamhrialú, an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí

Tionscnaítear na himeachtaí um réamhrialú le cinneadh, ordú nó breithiúnas, ag brath ar na himthosca, ó chúirt nó binse náisiúnta lena dtarchuirtear ceist i leith bailíochta nó maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Dréachtaítear an iarraidh ar réamhrialú sin i dteanga na cúirte náisiúnta agus cinntear léi teanga an cháis. Má chineann an Chúirt Bhreithiúnais cásanna ina bhfuil teanga éagsúil ann do theanga an cháis a uamadh, ²⁸ beidh na teangacha sin go léir mar theangacha an cháis.

Chomh luath agus a chláraítear í ag clárlann na Cúirte Breithiúnais, seoltar an iarraidh ar réamhrialú ar aghaidh chun na seirbhísí difriúla a mbeidh baint acu leis na himeachtaí, oifig an Uachtaráin, DRD agus, cinnte, an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil. ²⁹ Ní mór an iarraidh ar réamhrialú, nó a hachóimre a chuireann an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil ar fáil de bhun Airteagal 98 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, a aistriú go gach teanga oifigiúil eile. Ní mór don Chlárlann ansin í a chur in iúl ní hamháin do na páirtithe sna himeachtaí náisiúnta, ach freisin do na Ballstáit go léir, don Choimisiún Eorpach agus, más iomchuí, don institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht den Aontas a ghlac an gníomh a bhfuil a bhailíocht nó léirmhíniú faoi chonspóid agus, má tá baint aici le ceann de réimsí cur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), do na Stáit is páirtithe sa chomhaontú sin agus don Údarás

28| Airteagal 54 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 68 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta.

29| Marjolaine Roccati. “Translation and Interpretation in the European Reference for a Preliminary Ruling”, *Études de linguistique appliquée* (ELA), Imleabhar 183, Uimh. 3, 2016, lgh. 297-307.

Faireacháin CSTE.³⁰ Is gá go háirithe áfach, go bhfaigheadh na húdaráis náisiúnta leagan den iarraidh i dteanga a bhfuil máistreacht iomlán acu uirthi chun go bhféadfadh siad a gceart chun barúlacha i scríbhinn a chur in iúl agus chun pléadáil a dhéanamh ag an éisteacht faoi na coinníollacha is fearr agus is féidir agus laistigh den teorainn ama (dhá mhí). Áirithíonn an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil mar sin, de ghnáth laistigh de 20 lá oibre, aistriúchán na hiarrata sin nó a hachóimre ón *mbunteanga* go dtí na teangacha oifigiúla eile go léir den Aontas. Toisc gur féidir iarraidh ar réamhrialú a bheith taiscithe in aon cheann de na 24 theanga oifigiúla den Aontas, ní mór don tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil a bheith réidh le dul i ngleic leis na 552 phéire teanga a d'fhéadfadh a bheith ann (24 x 23 theanga). Cé go n-aistrítear na hiarrataí ar réamhrialú ón Máltais agus ón nGaeilge,³¹ ní aistrítear go dtí na teangacha sin iad faoi láthair, toisc gur féidir leis na tíortha lena mbaineann dul i muinín an leagain i mBéarla, toisc go bhfuil sé mar theanga oifigiúil sa dá Stát sin. Is iomchuí a lua go n-aistríonn an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil, chomh maith leis an iarraidh ar réamhrialú, fógra, go gach teanga oifigiúil, ina measc sin an Ghaeilge agus an Mháltais, ina leagtar amach na ceistanna a cuireadh, agus a foilsítear san *Iris Oifigiúil* (IO). Aistreofar an cinneadh a chuirfidh clabhsúr leis an gcás go dtí na teangacha sin freisin agus beidh sé ina ábhar d'fhógra a foilseofar in IO.

Na barúlacha

Tá teorainn ama dhá mhí ag na páirtithe atá údaraithe do bharúlacha i scríbhinn a chur in iúl chun sin a dhéanamh. Is iad sin na páirtithe sna príomhimeachtaí atá os comhair na cúirte náisiúnta a rinne an tarchur agus, seachas i gcás an nós imeachta práinne um réamhrialú (*féach mír 2.2.4*), páirtithe eile de réir bhrí Airteagal 23 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, eadhon na Ballstáit, an Coimisiún agus, más iomchuí, an institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht den Aontas a ghlac an gníomh a bhfuil

30 | Féach Airteagal 23 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Is iomchuí a chur in iúl, i gcás iarrataí a chuirtear an nós imeachta práinne um réamhrialú i bhfeidhm ina leith (Airteagal 107 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais), ní féidir le Ballstáit nach iad an stát lena mbaineann an chúirt a rinne an tarchur barúlacha i scríbhinn a thaisceadh ach is féidir leo a n-argóintí a chur in iúl ag an éisteacht, atá riachtanach i gcomhthéacs nósanna imeachta den sórt sin.

31 | Thionscnaigh Ard-Chúirt na hÉireann an chéad iarraidh ar réamhrialú trí Ghaeilge in 2020. Bhí baint ag an gcás sin, a rinne an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ina leith i mbreithiúnas an 17 Márta 2021, *An tAire Talmhaíochta Bia agus Mara* e.a., C-64/20, EU:C:2021:207 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 42/21), leis an gceart chun faisnéis a fháil i do theanga féin. Bhí baint aige go sonrach leis an bhfaisnéis a cuireadh in iúl ar an bpacáistiú do tháirgí íocshláinte d'ainmhithe.

a bhailíocht nó léirmhíniú i gceist. D'fhéadfadh a bheith san áireamh sna páirtithe sin, i gceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 267 CFAE, na Stáit is páirtithe sa Chomhaontú maidir le LEE nach Ballstáit, agus Údarás Faireacháin CSTE má tá ceann de réimsí cur chun feidhme den chomhaontú i gceist. Is féidir le tríú Stáit barúlacha i scríbhinn den sórt sin a chur in iúl nuair a fhoráiltear le comhaontú maidir le réimse socraithe a thug Comhairle an Aontais Eorpaigh agus tríú Stát amháin nó níos mó i gcrích gur féidir leo siúd pléadálacha nó barúlacha i scríbhinn a chur in iúl i gcás ina dtarchuireann cúirt nó binse de chuid Ballstáit ceist chun na Cúirte Breithiúnais maidir le raon cur chun feidhme an chomhaontaithe.³²

Déantar na barúlacha a chur in iúl do na páirtithe céanna leis an iarraidh ar réamhrialú. Agus iad scríofa i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, aistríonn seirbhís aistriúcháin dhlíthiúil na Cúirte iad ní go gach teanga oifigiúil, ach go teanga amháin a bhfuil máistreacht ag Comhaltaí uile na Cúirte Breithiúnais uirthi, dá ngairtear teanga na bpléití, sa chás seo, an Fhraincis (*féach mír 3.6.1*). Aistrítear freisin iad go teanga an cháis i gcás nár scríobhadh sa teanga sin iad. D'fhéadfadh roinnt cásanna éagsúla teacht aníos, amhail na cinn seo a leanas:

Barúlacha na bpáirtithe sna príomhimeachtaí den Bhallstát lena mbaineann an chúirt a rinne an tarchur agus barúlacha na n-institiúidí i dteanga an cháis

Scríobhtar barúlacha na bpáirtithe sna príomhimeachtaí i gcónaí agus go héigeantach i dteanga an cháis. Ní gá ach iad a aistriú go dtí an Fhraincis mar sin chun dul i ngleic le riachtanais inmheánacha na hinstiúide. Cuirfear na barúlacha sin in iúl do na páirtithe eile go léir i dteanga an cháis agus sa Fhraincis. Taisctear barúlacha an Choimisiúin agus aon institiúid eile i dteanga an cháis, in éineacht le haistriúchán sa Fhraincis, de bhun Airteagal 57(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

32| Féach Airteagal 23, an ceathrú fómhír den Phrótocal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Barúlacha páirtithe eile i dteanga nach teanga an cháis

Tá sé de cheart ag roinnt páirtithe pléadálacha áirithe a thaisceadh i dteanga nach teanga an cháis (Airteagal 38(4) go (6) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais). Is amhlaidh an cás do na Ballstáit atá údaraithe chun barúlacha arna ndréachtú ina dteanga féin a thaisceadh i gcásanna arna dtarchur le haghaidh réamhrialú. Ní mór iad a aistriú, i ndiaidh sin, go teanga an cháis cinnte, ach freisin go dtí an Fhraincis ar mhaithe le riachtanais na Cúirte. Déanann seirbhís aistriúcháin dhlíthiúil na Cúirte na haistriúcháin sin. Tá sé riachtanach go mbeadh na Ballstáit in ann a n-anailís dhlíthiúil ar chás a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a roinnt leis an gCúirt Bhreithiúnais, toisc go mbeidh cinneadh bunaithe ar údarás an léirmhíneithe sin mar thoradh ar an gcás, cinneadh a bheidh de cheangal ar na cumhachtaí reachtacha, feidhmiúcháin agus breithiúnacha de na Ballstáit sin.

Is comhartha tábhachtach é an líon teangacha a úsáidtear in imeachtaí ar leith chun an spéis atá ag Ballstáit sa chás a mheas.

Sa tslí chéanna, is féidir na barúlacha a thaisceann na Stáit is páirtithe sa Chomhaontú maidir le LEE, nó na tríú Stáit, sa chásanna a leagtar amach in Airteagal 23, an ceathrú fomhír de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a thaisceadh i dteanga oifigiúil eile nach teanga an cháis. Aistroidh seirbhís aistriúcháin dhlíthiúil na Cúirte na barúlacha sin freisin go teanga an cháis agus go dtí an Fhraincis, chun go mbeidh an Chúirt in ann dul i ngleic leis an gcás.

Déanann an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil dianiarracht na haistriúcháin de na barúlacha sna cásanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a chur ar fáil laistigh de theorainn ama dhá mhí ón dáta a taisceadh iad, leis an gcuspóir go mbeidh fáil ar na haistriúcháin go léir atá riachtanach i leith scrúdú an cháis laistigh de theorainn ama dhá mhí i ndiaidh chlabhsúr na céime i scríbhinn, nuair a thaisctear na barúlacha deireanacha sa chás.

2.2.2 - Caingne díreacha agus achomhairc

Éisteann agus cinneann an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta araon caingne díreacha.³³

Éisteann agus cinneann an Chúirt Bhreithiúnais caingne díreacha sna comhthéacsanna seo a leanas:

- In imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain in oibleagáid a chomhlíonadh, tionscnaithe ag an gCoimisiún, nó, níos annaimhe, ag Ballstát, bíonn an Chúirt Bhreithiúnais in ann iniúchadh a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas, ag na Ballstáit, atá orthu de bhun dhlí an Aontais. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain ann, ní mór don Bhallstát deireadh a chur leis gan mhoill. Má thugann an Chúirt Bhreithiúnais faoi deara, tar éis don Choimisiún an cás a chur faoina bráid arís, nach bhfuil a breithiúnas comhlíonta ag an mBallstát i dtrácht, is féidir léi cnapshuim nó íocaíocht phionósach a ghearradh air. I gcás nach dtugtar fógra don Choimisiún maidir le glacadh na mbeart ba ghá chun Treoir a thrasúí áfach, ar thogra ón gCoimisiún, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais pionóis airgid a ghearradh ar an mBallstát i dtrácht óna dtabharfar an breithiúnas lena ndeimhnítear nár comhlíonadh oibleagáid.³⁴
- Le caingean le haghaidh neamhniú os comhair na Cúirte Breithiúnais is féidir le Ballstát gníomhú i gcoinne Pharlaimint na hEorpa nó i gcoinne na Comhairle (seachas i gcoinne na Comhairle maidir le gníomhartha i leith stáitchabhrach, dumpála agus cumhachtaí cur chun feidhme) nó is féidir le hinstiúid den Aontas gníomhú i gcoinne instiúid eile, chun a iarraidh go ndéanfaí gníomh³⁵ d'instiúid, de chomhlacht, d'oifig nó de ghníomhaireacht den Aontas a neamhniú. Tá inniúlacht ag an gCúirt Ghinearálta chun na caingne eile go léir den saghas

33| Féach Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, Teideal IV “Caingne díreacha”, Airteagal 119 *et seq.*, agus Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta, Teideal III “Caingne díreacha”, Airteagal 50 *et seq.*

34| Féach Airteagail 258 go 260 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

35| Amhail rialacháin, treoracha, cinntí.

sin a éisteacht agus a chinneadh, ag an gcéad chéim, agus go háirithe, caingne a thionscnaíonn daoine príobháideacha.³⁶

- Le caingean maidir le mainneachtain gníomhú féadtar iniúchadh a dhéanamh ar dhlíthiúlacht neamhghníomh na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí agus na ngníomhaireachtaí den Aontas. Má chinntear go raibh an neamhghníomh neamhdhleathach, tá an fhreagracht ar an institiúid i dtrácht deireadh a chur leis an mainneachtain sin trí bhearta iomchuí. Roinntear an inniúlacht chun caingne maidir le mainneachtain gníomhú a éisteacht idir an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta de réir na gcritéar céanna a úsáidtear i leith caingne le haghaidh neamhniú.³⁷
- Le hachomharc is féidir a iarraidh ar an gCúirt Bhreithiúnais breithiúnas nó ordú ón gCúirt Ghinearálta a neamhniú, ach ní mór brath ar fhoras a bhaineann leis an dlí amháin. I gcás gur féidir breithniú a dhéanamh sa chás, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais an díospóid a chinneadh í féin. Mura féidir amhlaidh a dhéanamh, cuireann sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, a bheidh faoi cheangal an chinnidh a thabharfaidh an Chúirt Bhreithiúnais san achomharc.³⁸ Ní dhéanfar cur síos sonrach ar an nós imeachta achomhairc thíos, toisc go ndéileáiltear leis, mar aon le gach a mbaineann le cur amach agus scaipeadh na n-aistriúchán, ar an tslí chéanna agus a ndéileáiltear leis na caingne díreacha.

Maidir leis an gCúirt Ghinearálta, éistean agus cinneann sí na caingne díreacha seo a leanas:

- caingne a thionscnaíonn daoine nádúrtha nó dlítheanacha chun gníomh d'institiúid, de chomhlacht, d'oifig nó de ghníomhaireacht den Aontas a neamhniú, a dhíríonn an gníomh sin orthu nó a mbaineann leo go díreach agus go leithleach, agus gníomhartha rialúcháin a bhaineann leo go díreach agus nach bhfuil

36| Féach Airteagail 263 agus 256(1) CFAE agus Airteagal 51 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

37| Féach Airteagal 265 agus Airteagal 256(1) CFAE agus Airteagal 51 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

38| Féach Airteagail 56 go 58 agus 61 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Féach freisin Teideal V de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais "Achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ghinearálta".

beartha cur chun feidhme ag gabháil leo, agus caingne a thionscnaíonn na daoine céanna i leith mhainneachtain na n-institiúidí, na gcomhlachtaí, na n-oifigí nó na ngníomhaireachtaí sin chun breithniú a dhéanamh;³⁹

- caingne a thionscnaíonn na Ballstáit i gcoinne an Choimisiúin agus caingne a thionscnaíonn na Ballstáit i gcoinne na Comhairle maidir leis na gníomhartha lenar ghlac sí sa réimse státchabhrach, maidir le bearta cosanta trádála (dumpáil) agus na gníomhartha lena bhfeidhmíonn sí a cumhachtaí cur chun feidhme;⁴⁰
- caingne chun an damáiste arna dhéanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais nó a bhfoireann a chúiteamh;
- cainge bunaithe ar chonarthaí a chuir an tAontas i gcrích agus lena bhforáiltear go sainráite d'inniúlacht na Cúirte Ginearálta;
- caingne i réimse na maoine intleachta i gcoinne Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus i gcoinne na hOifige Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO);
- díospóidí idir na h-institiúidí agus a bhfoireann maidir le caidrimh fostaíochta agus an córas slándála sóisialta.⁴¹

Is féidir le rialuithe arna ndéanamh ag an gCúirt Ghinearálta, a bheith faoi réir achomhairc, atá teoranta do phointí dlí, laistigh de theorainn ama dhá mhí, os comhair na Cúirte Breithiúnais.⁴²

39| Féach Airteagail 263 agus 265 CFAE.

40| Féach Airteagal 51 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

41| Féach, faoi seach, Airteagail 268, 270 agus 272 CFAE.

42| Féach Airteagail 56 go 58 den Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 167 et seq. de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais (Teideal V “Achomhairc i gcoinne bhreitheanna na Cúirte Ginearálta”).

An t-iarratas, an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí

Is é an t-iarratas (nó an t-achomharc) an doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí, agus beidh an teanga ina bhfuil sé scríofa *ipso facto* mar theanga an cháis ⁴³. Chomh luath agus a thaisctear é ag clárlann na cúirte lena mbaineann, déantar an t-iarratas a sheirbheáil ar an gcosantóir agus a sheoladh ar aghaidh chuig an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil d'fhonn leagan a chruthú sa teanga a úsáidtear sa phlé. Sa chás annamh, go dtionscnaíonn Ballstát amháin caingean dhíreach i gcoinne Ballstát eile, ⁴⁴ is gá a áirithiú go n-aistrítear an t-iarratas, agus i ndiaidh sin, na pléadálacha eile a malartaíodh go dtí teanga an Bhallstáit eile freisin. ⁴⁵

I gcás iarratas agus achomharc, foilsítear fógra lena ndéantar achoimre ar na pléadálacha agus príomh-argóintí agus an t-ordú atá á lorg ag an iarratasóir nó ag an achomharcóir san *Iris Oifigiúil*. Socraítear leis an bhfoilsíú sin teorainn ama sé seachtaine ⁴⁶ (Airteagal 130 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 143 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta) atá ar oscailt d'aon pháirtí leasmhar iarratas ar idiragairt sna himeachtaí a dhéanamh.

43| Taiscfidh daoine príobháideacha agus Ballstáit an t-iarratas sa teanga dá rogha; na hinstiitúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí den Aontas i dteanga an chosantóra.

44| Sin mar a bhí sa chás íogair *an Ungáir v an tSlóvaic*, C-364/10, EU:C:2012:630, rialú arna thabhairt le breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2012 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 131/12), sa chás *an tSlóivéin v an Chróit*, C-457/18, EU:C:2020:65, rialú arna thabhairt le breithiúnas an 31 Eanáir 2020 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 9/20), nó i gcás C-121/21 *R Poblacht na Seice v an Pholainn*, as ar tháinig dhá ordú ó Leas-Uachtarán na Cúirte i mí Bealtaine agus Meán Fómhair 2021 (féach freisin preaseisiúintí Uimh. 89/21, 159/21 agus 23/22).

45| Is iomchuí a lua go tapa an eisceacht a leagtar amach in Airteagal 45(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta lena bhforáiltear go roghnóidh an t-iarratasóir teanga an cháis i gcaingne i gcoinne chinntí Bhord Achomhairc EUIPO maidir le cur i bhfeidhm na rialacha i leith córas maoine intleachta. Má chuireann páirtí eile sa nós imeachta os comhair na cúirte lena mbaineann i gcoinne sin laistigh den teorainn ama a leagtar amach, beidh an teanga den chinneadh lena ndéantar agóid mar theanga an cháis. Aistreoidh an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil mar sin an t-iarratas go dtí an teanga sin freisin.

46| Tá fad mí amháin ar an teorainn ama sin i gcomhthéacs achomharc (féach Airteagal 190(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais).

Na pléadálacha

Is iad an doiciméad lena dtionscnaítear an t-iarratas agus an chosaint na pléadálacha a mhalartaítear i gcomhthéacs caingne díreacha.⁴⁷ Foráiltear don dara malartú pléadálacha i gcomhthéacs caingne díreacha os comhair na Cúirte Breithiúnais (Airteagal 125 de Rialacha Nós Imeachta) agus os comhair na Cúirte Ginearálta (Airteagal 83 de na Rialacha Nós Imeachta), seachas má cheapann an chúirt lena mbaineann nach bhfuil gá leis an dara malartú sin, mar shampla, i gcás cur i bhfeidhm an nós imeachta brostaithe, nó má dhéanann na páirtithe in éagmais é iad féin. I gcás dara malartú pléadálacha, féadtar freagra agus athfhreagra a thaisceadh, agus is féidir leis an gcúirt lena mbaineann na hábhair gur gá na pléadálacha sin a bheith bunaithe orthu a chinneadh.

A mhalairt air sin, ní bhíonn dara malartú pléadálacha ann go huathoibríoch i gcomhthéacs achomhairc a tionscnaítear os comhair na Cúirte Breithiúnais nó caingne díreacha a tionscnaítear os comhair na Cúirte Ginearálta i leith maoin intleachtúla. De bhun Airteagal 175 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, tá taisceadh freagra faoi réir údarú sainráite ó Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, ar féidir leis, i gcás go dtugann sé údarú, líon na leathanach agus ábhar an fhreagra agus an athfhreagra sin a shonrú.

Déileáiltear leis na hiarratais chun idiragairt a dhéanamh, na barúlacha maidir leis na hiarratais chun idiragairt a dhéanamh agus na pléadálacha idiragartha iad féin, na caingne nó achomhairc lena mbaineann agus na freagairtí comhfhreagracha sa tslí chéanna ó thaobh na teanga de agus a ndéileáiltear leis na pléadálacha a thaisctear i gcomhthéacs na príomh-chaingne nó an phríomh-achomhairc.

Dé bharr nach mór na pléadálacha sin go léir a thaisceadh i dteanga an cháis, ní bhíonn ar sheirbhís aistriúcháin dhlíthiúil na Cúirte iad a aistriú ach go dtí teanga na bpléití, seachas i gcás go ndéanann Ballstát idiragairt. Déanann an Ballstát idiragairt i dteanga náisiúnta,⁴⁸ agus cruthaítear sa tslí sin an gá chun an t-iarratas ar idiragairt a dhéanamh a aistriú ní hamháin go dtí teanga na bpléití, ach freisin go dtí teanga an cháis. Déanann an tseirbhís teanga iarracht sin a dhéanamh, ar a laghad i leith na n-iarratas, na cosanta

47| Labhróimid faoi “freagairt” i gcás caingne díreacha i leith maoin intleachtúla agus i gcás achomharc.

48| Airteagal 38(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 46(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

nó freagairtí, freagraí agus athfhreagraí laistigh de theorainn ama, go ginearálta, nach dtéann thar dhá mhí.

Idiragairt

Na hidiragraithe

Ráthaítear leis an ilteangachas go gcaithfear go cothrom leis na páirtithe sna himeachtaí, teoranta do na príomhpháirtithe sna nósanna imeachta um réamhrialú agus sna caingne díreacha. Ní chlúdaíonn sé na hidiragraithe, ⁴⁹ a bhfuil iallach orthu, fiú má thagann siad ó Bhallstát nach bhfuil a theanga oifigiúil mar theanga an cháis, idiragairt a dhéanamh sa teanga sin, fiú más gá dóibh dul i muinín seirbhísí aistriúcháin príobháideacha roimh ré. ⁵⁰

Tá eisceacht amháin ar an eisceacht sin, áfach. Tá na Ballstáit údairithe, i gcomhréir le hAirteagal 38(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus le hAirteagal 46(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, a dteangacha féin a úsáid nuair a dhéanann siad idiragairt i ndíospóid os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. De réir an phrionsabail chéanna, de bhun Airteagal 38(5) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 46(5) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, féadfaidh na stáit is páirtithe i gComhaontú LEE nach ballstáit, agus d'Údarás Faireacháin CSTE rogha a dhéanamh gan teanga an cháis a úsáid ach teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais. Aistrefar na ráitis idiragartha sin go dtí teanga an cháis mar

49| Foráiltear don idiragairt in Airteagal 40 de Reacht Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

“Féadfaidh Ballstáit agus institiúidí an Aontais idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte Bhreithiúnais.

Beidh an ceart céanna ar fáil do chomhlachtaí, d'oifigí agus do ghníomhaireachtaí an Aontais agus d'aon duine eile ar féidir leis leas a shuíomh i dtoradh cáis a cuireadh faoi bhráid na Cúirte. Ní fhéadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha idiragairt i gcásanna idir Bhallstáit, idir institiúidí de chuid an Aontais nó idir Ballstáit agus institiúidí de chuid an Aontais.

Gan dochar don dara mír, féadfaidh na Stáit, amach ó na Ballstáit, is páirtithe sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus Údarás Faireacháin CSTE dá dtagraítear sa Chomhaontú a dúradh idiragairt i gcásanna os comhair na Cúirte nuair atá ceann de réimsí chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe sin i gceist.

Beidh iarratas ar idiragairt teoranta do thacaíocht a thabhairt don saghas ordaithe atá á lorg ag ceann de na páirtithe.”

50| Airteagal 38(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 46(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

sin ionas go bhféadfadh na príomhpháirtithe a bheith ar an eolas fúthu freisin agus go bhféadfaidís, más mian leo, barúlacha ar an idiragairt a chur in iúl. Áirithíonn seirbhís aistriúcháin dhlíthiúil na Cúirte aistriúcháin na ráiteas idiragartha.

2.2.3 - Nósanna imeachta tuairime

Tá an nós imeachta tuairime ⁵¹ a leagtar amach in Airteagal 218(11) CFAE, a leanann iarraidh ó Bhallstát, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle nó an Coimisiún maidir le comhréireacht comhaontaithe bheartaithe idir an tAontas agus tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta nó maidir le cumhacht an Aontais nó ag aon institiúid dá chuid an comhaontú sin a dhéanamh, an-éagoiteann ó thaobh an chórais teanga de. Tá gach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais mar theanga an cháis go huathoibríoch. Ciallaíonn sin go mbeidh gá na ceistanna san iarraidh ar thuairim a aistriú go gach teanga oifigiúil d'fhonn a bhfoilsíú in IO. Ag féachaint do thábhacht agus don chlúdach sna meáin de nósanna imeachta mar sin, cinnteoidh an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil go gcuirfear na haistriúcháin sin ar fáil níos tapa arís chun a chur de chumas ar an gCúirt Bhreithiúnais obair gan mhoill.

2.2.4 - Brostú na n-imeachtaí

Luadh na spriocanna aistriúcháin thuas. Is iomchuí a lua áfach, gan beann ar an nós imeachta atá i gceist, gur féidir na spriocanna sin a laghdú go suntasach ar mhaithe le riar cuí an cheartais nó chun cearta bunúsacha a chosaint.

Leis an mbrostú sin, a leagtar amach sna Rialacha Nós Imeachta, cuirtear laghdú sa chleachtas ar na spriocanna aistriúcháin atá uaireanta dian:

- an nós imeachta brostaithe (Airteagail 105, 133 agus 190 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 151 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta). Is féidir leis an gcúirt a chinneadh an nós imeachta brostaithe a chur i bhfeidhm arna iarraidh sin ag ceann de na páirtithe nó, i gcás na dtarchur le haghaidh réamhrialú, arna iarraidh sin ag an gcúirt náisiúnta, nó *ex officio*. Ciallaíonn sin go mbeidh laghdú ar na spriocanna ag gach céim, lena n-airítear céim an aistriúcháin.

51 | Féach Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, Teideal VII “Iarrataí ar Thuairimí”, Airteagail 196 et seq.

- an nós imeachta práinne um réamhrialú (Airteagal 107 go 114 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais). Arna iarraidh sin ag an gcúirt náisiúnta, nó *ex officio*, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais a chinneadh an nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm sna réimsí dá dtagraítear i dteideal V den tríú cuid de CFAE, eadhon an limistéar saoirse, slándála agus ceartais. Saintréith den nós imeachta sin, seachas an laghdú ar na spriocanna ag gach céim, ná an teorannú ar líon na ndaoine a bhfuil in ann barúlacha i scríbhinn a chur in iúl: ní féidir leis na Ballstáit seachas an Ballstát lena mbaineann an chúirt a rinne an tarchur, fiú uaireanta an Ballstát a dhéantar tagairt dá imeachtaí náisiúnta san iarraidh, barúlacha i scríbhinn a thaisceadh, is féidir leo, mar sin féin, a n-argóintí a chur in iúl le linn na héisteachta. Is féidir leis an Dlísheomra ainmnithe a chinneadh, i gcásanna fíorphráinneacha, an chéim i scríbhinn den nós imeachta a fhágáil amach go hiomlán fiú. Paradacs atá i gceist le tionchar an cinnidh chun dul i muinín an nós imeachta práinne um réamhrialú ar an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil, cuireann sé iallach fíorphráinneach uirthi, ar thaobh amháin, an iarraidh ar réamhrialú a aistriú go Fraincis, ach scaoiltear saor í, ar an taobh eile, ó na barúlacha a thagann ó Bhallstáit eile nach an Ballstát lena mbaineann an chúirt a rinne an tarchur leis a aistriú.
- is féidir a chinneadh freisin go ndéileálfar le cásanna áirithe i dtosach ar chásanna eile in imthosca speisialta (Airteagal 53 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 67 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta). Ciallaíonn cinneadh mar sin go mbeidh laghdú ar na spriocanna aistriúcháin freisin.

2.2.5 - Clabhsúr le céim i scríbhinn an nós imeachta

Cuirfear clabhsúr le céim scríbhinne an nós imeachta:

- sna tarchuir le haghaidh réamhrialú, tar éis na barúlacha deireanacha a thaisceadh;
- sna caingne díreacha agus sna hachomhairc, tar éis an phléadáil dheireanach a thaisceadh, de ghnáth an chosaint nó an athfhreagra dá mba rud é go raibh dhá mhalartú pléadálacha ann nó, más iomchuí, an fhreagairt i gcrosachomharc nó an idiragairt a thaisceadh tar éis na mbarúlacha deireanacha.

2.3 - Céim ó bhéal an nós imeachta

2.3.1 - An éisteacht

Is ardán é an éisteacht chun aighneachtaí ó bhéal a mhalartú le linn na n-imeachtaí. Is féidir leis na príomhpháirtithe agus páirtithe idiragartha go léir, chomh maith leis na Ballstáit a bhfuil ionadaíocht acu, a n-argóintí a chur in iúl ó bhéal os comhair fhoirmíocht na Cúirte in éineacht, más iomchuí, leis an Abhcóide Ginearálta. Is é sin an tráth freisin don Abhcóide Ginearálta agus do Chomhaltaí fhoirmíocht na Cúirte chun ceisteanna a chur d'fhonn soiléiriú a fháil ar an gcás a bhfuil os a gcomhair.

Don chuid is mó, tagann daoine le chéile ag an éisteacht (páirtithe, breithimh, Abhcóide Ginearálta, ionadaithe na mBallstát etc.) a bhfuil teangacha dúcháis dhifriúla acu. Fiú má tá an formhór dóibh in ann teangacha eile a labhairt agus a thuiscint, is sa teanga dhúchais a bheidh an caighdeán is fearr tuisceana agus cur i láthair acu, go háirithe i gcomhthéacs dlíthiúil. Is ag an bpointe sin a théitear i muinín ateangairí comhdhála na hInstitiúide. Áiritheofar i gcónaí an ateangaireacht go dtí an Fhraincis, teanga na bpléití, do Chomhaltaí fhoirmíocht na Cúirte a roghnaigh dul gan ateangaireacht ina dteangacha dúcháis agus le haghaidh riachtanais taifid na héisteachta. Áiritheofar an ateangaireacht freisin go teanga an cháis agus go teanga gach Ballstáit a d'fhógair a rannpháirtíocht san éisteacht. Tá an cinneadh maidir leis an ateangaireacht a áiritheofar ó theangacha áirithe agus go dtí teangacha eile le linn na héisteachta bunaithe ar chritéir an-phraiticiúil. Cuirfear san áireamh na fíor-riachtanais arna gcur in iúl ag Comhaltaí fhoirmíocht na Cúirte, ag an Abhcóide Ginearálta agus ag ionadaithe na n-institiúidí agus na mBallstát. Mar a luadh níos luaithe, foráiltear le hAirteagal 38(4) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais go bhféadfaidh na Ballstáit, go háirithe, iad féin a chur in iúl i dteanga nach teanga an cháis. Cuirfear san áireamh freisin, na hacmhainní ateangaireachta atá ar fáil, maidir le líon na n-ateangairí inmheánacha agus seachtracha agus an clúdach teanga, go háirithe toisc go mbíonn roinnt éisteachtaí á reáchtáil ag an am céanna de ghnáth i seomraí cúirte éagsúla na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Níor chóir dearmad a dhéanamh ach oiread ar an ngá chun airgead a shábháil nuair is féidir, trí dhul gan seirbhísí saorateangairí, a bheadh ar an gCúirt dul ina muinín dá mba rud é go raibh fonn uirthi ateangaireacht dhéthreoch iomlán a áirithiú le linn na n-éisteachtaí go léir. Ní bheidh an ateangaireacht dhéthreoch (nó siméadrach) i gcónaí: tharlódh sé, mar shampla, go mbeadh ateangaireacht ar fáil ó theanga áirithe ach ní go dtí an teanga chéanna sin.

Tá nós imeachta ann áfach, a bhfuil ateangaireacht chomhuaineach ag teastáil dó chomh fada agus is féidir ó agus go dtí gach teanga. Is é sin an nós imeachta tuairime thuasluaite (*féach mír 2.2.3*), ina bhfuil gach teanga oifigiúil mar theanga an cháis. Le linn ghéarchéim Covid-19, ní raibh ach ateangaire amháin i ngach both, agus bhí gá éachtaí a dhéanamh ó thaobh socrúithe dá bharr, go háirithe trí roinnt seomraí éisteachta a nascadh le chéile go teicniúil chun go leor bothanna ateangaireachta a chur ar fáil.

Ó mhí Aibreán 2022, craoltar éisteachtaí Mhór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais trí shruthú ar líne.

2.3.2 - Tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a thabhairt

Tá aon Abhcóide Ginearálta dhéag sa Chúirt Bhreithiúnais. Tá cúig phost d'Abhcóide Ginearálta buan ar fáil faoi seach don Ghearmáin, don Spáinn, don Fhrainc, don Iodáil agus don Pholainn;⁵² déantar rothlú ar na sé phost eile d'Abhcóide Ginearálta idir na Ballstáit eile. Tugann na hAbhcóidí Ginearálta tuairimí in an-chuid cásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais. Cinneann an Chéad Abhcóide Ginearálta conas na cásanna a shannadh ar na hAbhcóidí Ginearálta.⁵³ D'fhéadfadh Abhcóide Ginearálta a bheith ainmnithe freisin, i bprionsabal, as Comhaltaí na Cúirte Ginearálta i gcomhthéacs na gcásanna os comhair na Cúirte sin;⁵⁴ sna cásanna annamha inar tharla sin,⁵⁵ ba Chomhalta den Chúirt Ghinearálta nach raibh ag suí i bhfoirmíocht na Cúirte a bhí ag déileáil leis an gcás a ainmníodh.

Tá tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta mar chuid den chéim ó bhéal den nós imeachta go foirmiúil. Tá sé de nós ag na hAbhcóidí Ginearálta a chur in iúl ag deireadh na héisteachta an dáta gur dhócha go dtabharfar a dtuairimí ag an gcéad éisteacht phoiblí eile, agus is ag an tráth sin a léifear an chuid dheireanach de na tuairimí sin. Glacann siad páirt sna himeachtaí mar *amicus curiae*, is é sin le rá go gcuireann siad a n-anailís dhlíthiúil ar fáil d'fhoirmíocht na Cúirte agus go molann siad slite chun an cás a réiteach. Aistrítear an

52| Roimh Brexit, bhí ceann de na sé phost bhuana d'Abhcóide Ginearálta ar fáil do Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

53| Airteagal 16 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

54| Airteagail 30 agus 31 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

55| Mar shampla in *Stahlwerke Peine-Salzgitter v an Coimisiún*, T-120/89.

téacs iomlán den tuairim mar sin go dtí an Fhraincis le haghaidh riachtanais fhoirmíocht na Cúirte agus go dtí teanga an cháis d'fhonn í a sheirbheáil ar na páirtithe; aistrítear an téacs freisin go dtí na teangacha oifigiúla eile toisc go scaiptear agus go bhfoilsítear na tuairimí ina n-iomlán i *dTuairiscí na Cúirte Breithiúnais*, chomh maith leis an gcinneadh a thabharfaidh foirmíocht na Cúirte ina dhiaidh sin.

D'fhonn cúiseanna praiticiúla, scríobhann na hAbhcóidí Ginearálta go léir i gceann amháin de na sé theanga a chlúdaíonn an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil den chuid is mó (an Fhraincis, an Spáinnis, an Ghearmáinis, an Béarla, an Iodáilis nó an Pholainnis, atá faoi láthair agus faoi seach teanga na bpléití agus *teangacha pivot* na seirbhíse sin, *féach mír 3.6.2*). Ar an gcúis sin, cruthaíonn agus cothabhálann gach aonad teanga den tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil cumas aistriúcháin leordhóthanach chun aistriúchán díreach a dhéanamh go dtí a theanga ó gach ceann de na sé theanga sin.

Oibríonn an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil chun an líon is mó de leaganach teanga agus is féidir a chur ar fáil don lá ar a thugtar an tuairim; beidh na leaganach teanga nach raibh sí in ann a chur ar fáil don lá sin ar fáil, áfach, ar a dhéanaí ar an lá a fhoilsítear an cinneadh lena gcuirtear clabhsúr leis an nós imeachta. Chun a chur de chumas ar an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil na spriocanna sin a bhaint amach, téann na hAbhcóidí Ginearálta i gcomhairle le roinn pleanála lárnach na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil. Cuireann siad teorainn freisin, i bprionsabal, ar fhad na dtuairimí de 40 leathanach ar an meán, le heisceacht do thuairimí i gcásanna ar achomharc toisc go bhfuil scrúdú ar níos mó ceisteanna dlí atá níos casta ag baint leo siúd go ginearálta.

Scríobhann na hAbhcóidí Ginearálta a dtuairimí tar éis na héisteachta sa chás lena mbaineann. Is féidir leo siúd a scríobh i dteanga nach a dteanga dhúchais dul i muinín na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil chun athléamh a iarraidh ar an mbunleagan sin d'fhonn snas a chur ar an gcaighdeán. Agus caighdeán an bhunleagain cinntithe, le cabhair ó na profleitheoirí agus dlítheangeolaithe, cuirfidh oifig an Abhcóide Ghinearálta an tuairim ar aghaidh chuig roinn pleanála lárnach na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil. Cuirfidh an roinn sin dhá thasc i gcrích go comhthreomhar:

- is éard atá i gceist leis an leis an gcéad tasc ná ceartú litrithe den bhunleagan a áirithiú (nar chóir a mheascadh leis an athléamh roimh ré thuasluaite). Agus an téacs ceartaithe sa tslí sin seolfar é ó aonad teanga na teanga dréachtaithe go dtí oifig an Chomhalta, a ghlacfaidh nó nach nglacfaidh leis na leasuithe a moladh roimh dhoiciméad nua a chur ar aghaidh go dtí roinn pleanála lárnach. Is é sin an chéad “iarratas ar leasuithe”;

- is éard atá i gceist leis an dara tasc, an ceann is tábhachtaí, ná chun aistriúcháin na dtuairimí a áirithiú i ngach ceann de na teangacha oifigiúla eile. D'fhéadfadh roinnt iarratas ar leasuithe a bheith déanta le linn an phróisis aistriúcháin. Tá torthaí an cheartúcháin litrithe thuasluaite mar chuid den chéad iarratas. Is féidir iarratais eile ar leasuithe a dhéanamh, nuair a bhraitheann an tAbhcóide Ginearálta go bhfuil gá a dhréacht-thuairim a athrú. De bharr go gcuireann na leasuithe isteach go mór ar obair an aistriúcháin, déanann na hAbhcóidí Ginearálta iarracht chun iolrú na n-iarratas agus líon na leasaithe *ad hoc* i ngach iarratas a sheachaint. Déanfaidh siad iarracht iad féin a theorannú chuig dhá iarratas ar leasuithe go hidéalach: ar dtús i ndiaidh an cheartúcháin litrithe agus, ansin, ag deireadh an nós imeachta, i ndiaidh an idirphlé idir a oifig agus dlítheangeolaithe na n-aonad teanga éagsúla, arna n-ionadú ag an dlítheangeolaí a ainmníodh mar an “duine a dhéanann lárú ar na ceisteanna” don chás i dtrácht. Is é sin an dlítheangeolaí, in aonad teanga an cháis, a fhaigheann na ceisteanna go léir a thagann ó na haonaid teanga éagsúla le linn an aistriúcháin d'fhonn freagra a thabhairt orthu go díreach nó, más iomchuí, iad a sheoladh ar aghaidh le chéile go dtí oifig an Abhcóide Ghinearálta chun go dtabharfadh sé an soiléiriú atá ag teastáil.

I gcásanna áirithe, beidh fonn ar na hAbhcóidí Ginearálta aistriúcháin amháin nó ceann eile dá dtuairimí a léamh sula dtabharfar iad. Sin mar a bheidh nach mór i gcónaí i leith an leagain Fraincise, toisc go gcuirfear an leagan sin ar aghaidh go dtí foirmíocht na Cúirte.

Tugtar an tuairim mar sin ag éisteacht phoiblí. Ní chuireann an tAbhcóide Ginearálta í i láthair ina hiomláine; ní chuireann sé i láthair ach an chuid chonclúideach. Léann na hateangairí na leaganacha i dteanga an cháis agus sa teanga a úsáidtear sa phlé go comhuaineach, a d'aistrigh na dlítheangeolaithe roimh ré.

Déanann tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta suas nach mór 27 % d'ualach oibre iomlán na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil, sin beagnach 306,000 leathanach in 2020.

Tagann clabhsúr leis an gcéim ó bhéal den nós imeachta leis an éisteacht nó, má tá tuairim ó Abhcóide Ginearálta le tabhairt sa chás sin, le tabhairt na tuairime sin. Cuirfidh

Uachtarán fhoirmíocht na Cúirte tús le plé an cháis, agus de thoradh ar an bpróiseas sin beidh síniú an ordaithe nó síniú agus tabhairt an bhreithiúnais a chuirfidh deireadh leis an nós imeachta.

2.4 - Na cinntí agus tuairimí

Nuair atá na céimeanna i scríbhinn agus ó bhéal críochnaithe agus an cás á phlé, scríobhann an breitheamh is rapóirtéir don chás an dréachtordú, dréachtbhreithiúnas nó dréacht-tuairim agus cuireann sé faoi bhráid fhoirmíochta na Cúirte é chun go bhféadfadh sí é a phlé. Le linn an phlé tagann foirmíocht na Cúirte ar sheasamh coláisteach a bheidh léirithe sa dréachtchinneadh nó sa dhréacht-tuairim. Seoltar é sin ar aghaidh go dtí an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil d'fhonn é a aistriú go teanga an cháis, agus más ordú nó breithiúnas atá ann le foilsiú sna Tuairiscí, nó tuairim, a foilsítear i gcónaí, go dtí gach teanga oifigiúil eile.

Más breithiúnas atá sa chinneadh, síníonn Comhaltaí fhoirmíocht na Cúirte é chomh maith leis an gCláraitheoir, den Chúirt Bhreithiúnais nó den Chúirt Ghinearálta de réir an cháis, agus tugtar é i gcúirt oscailte. Más ordú atá sa chinneadh, síníonn Uachtarán fhoirmíocht na Cúirte é chomh maith le Cláraitheoir na Cúirte ach ní thugtar é i gcúirt oscailte. Ina dhiaidh sin seirbheáiltear é ar na páirtithe. Le haghaidh na dtuairimí, síníonn Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, na breithiúna a bhí páirteach sa phlé agus an Cláraitheoir iad, agus tugtar iad i gcúirt oscailte.

Tá sé d'aidhm ag an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil an líon is mó leaganacha teanga agus is féidir den chinneadh a chur ar fáil ar lá a shínithe (le haghaidh na n-orduithe) nó an lá a thabharfar é (le haghaidh na mbreithiúnas agus na dtuairimí). Bíonn ann do leagan theanga an cháis i gcónaí, toisc, faoi mar a thuigfeá, gan é, ní bheadh cinneadh ann le síniú agus le seirbheáil ar na páirtithe sa teanga bharántúil. In ainneoin na n-iarrachtaí agus na hinfheistíochta uile, ní bhíonn na leaganacha teanga eile i gcónaí ar fáil mar gheall ar an gcaidreamh neamhfhabhrach atá ag éirí níos measa i gcónaí idir acmhainní na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil agus ualach oibre na seirbhíse sin. Dírítear na hiarrachtaí ar na cinntí is tábhachtaí go ginearálta, ar na cinntí a d'fhéadfadh spéis áirithe a spreagadh sa Bhallstát lena mbaineann (mar shampla, toisc gur chuir an Ballstát barúlacha in iúl nó go ndearna sé idiragairt sna himeachtaí) agus orthu siúd a bhfuil an chuma orthu a bheith furasta le haistriú laistigh de spriocanna gearra (mar shampla, má tá siad gearr). Cuirfear na cinntí nach bhfuil chomh tábhachtach agus nó cinn níos faide níos minice i dtaisce chun iad a aistriú go dtí na teangacha atá in easnamh chomh luath agus is féidir d'fhonn iad a scaipeadh ar an Idirlíon agus iad a fhoilsiú sna *Tuairiscí*. Tá sé d'aidhm ag an tseirbhís gan iad a fhágáil i dtaisce níos mó ná trí mhí i ndiaidh an dáta a thabharfar iad, ach tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra an aidhm sin a bhaint amach freisin.

Teangacha aistriúcháin na bpríomhdhoiciméad



Teanga an bhuntéacs



Sprioctheanga(cha)

Iarraidh ar réamhrialú



1 de na 24 theanga
oifigiúla



Na teangacha oifigiúla
go léir eile
(seachas MT agus GA)

Tuairimí



1 de na teangacha oifigiúla
a úsáideann
an tAbhcóide Ginearálta



Na teangacha oifigiúla
go léir eile

Cinntí



Teanga na bpléití



Na teangacha oifigiúla
go léir eile

Doiciméid caingne díreacha



1 de na 24
theanga oifigiúla



Teanga na bpléití

Ráitis idiragartha



1 de na 24
theanga oifigiúla



Teanga na bpléití
agus teanga an cháis

Barúlacha



1 de na 24
theanga oifigiúla



Teanga na bpléití
agus teanga an cháis

An leagan teanga barántúil

I gcomhréir le hAirteagal 41 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus Airteagal 49 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, is iad na leaganacha de na cinntí i dteanga an cháis atá barántúil, bíodh gur ordú nó breithiúnas atá sa chinneadh. Dá bharr sin, tá tábhacht ar leith ag baint leis an leagan teanga sin. Is sampla foirfe é an t-ordú a tugadh le déanaí i gcás C-706/20 de sin. Sa chás sin, bhí iarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte maidir le, *inter alia*, léirmhíniú an bhreithiúnais *Amoena*, i gcás C-677/18, nach raibh na téarmaí a úsáideadh i mír 53 den bhreithiúnas sin, sa leagan Béarla, teanga an cháis, soiléir go leor. Iarradh ar an gCúirt a shoiléiriú cén t-ainmfhocail a ndearnadh tagairt dó leis na forainmneacha “them”, “their” agus “they”. Rinne an Chúirt Bhreithiúnais rialú trí anailís ghramadaí a dhéanamh ar an mbreithiúnas in *Amoena*, sa leagan Béarla, a bhí barántúil.

Chun cásanna mar sin a sheachaint an oiread agus is féidir, bíonn na haonaid teanga atá ag aistriú breithiúnas dá dteangacha féin an-aireach, déanann siad pé méadú gur gá ar leibhéal an rialaithe cáilíochta agus lorgaíonn siad uaireanta comhairle ó Chomhaltaí na cúirte a bhfuil an teanga sin acu mar theanga dhúchais.

Níor tarchuireadh ceisteanna le haghaidh réamhrialú chun na Cúirte Breithiúnais riamh maidir le heaspa comhchordachta idir na leaganacha teanga éagsúla de chinneadh. Gan dabht, tá baint ag an bhfóras gurb é an leagan i dteanga an cháis atá barántúil leis sin. Bíonn roinnt teangacha den chás ag cásanna ar leith áfach, agus bíonn an stádas sin ag gach teanga oifigiúil i gcás tuairimí (*féach mír 2.2.3*). An chúis eile ná ard-chaighdeán na n-aistriúcháin dlíthiúil a dhéantar sa Chúirt toisc, fiú mura bhfuil an stádas céanna ag na leaganacha go léir mar atá ag gníomhartha rialála an Aontais, tá caighdeán agus tras-chomhchordacht na leaganacha teanga fós riachtanach le haghaidh chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais.

Ar an gcúis sin, tá acmhainní leordhóthanacha agus saineolaithe den chaighdeán is airde le haghaidh gach *sprioctheanga* ag teastáil ag an gCúirt, bíodh sin don aistriúchán nó don ateangaireacht (*féach mír 3.1*).

Fógairt na gcinntí agus na dtuairimí san Iris Oifigiúil

Tá na cinntí agus tuairimí go léir a ghlacann an Chúirt Bhreithiúnais nó an Chúirt Ghinearálta ina n-ábhar d'fhógra ilteangach in IO, a chiallaíonn, ar ndóigh, go bhfuil ar an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil leaganacha teanga a chur ar fáil. ⁵⁶ Déantar achoimre leis na fógraí sin ar an gcuid oibríochtúil de chinntí agus de thuairimí, eadhon, i gcásanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú, na freagraí a thug an Chúirt Bhreithiúnais ar na ceisteanna a chuir an chúirt a rinne an tarchur agus, i gcaingne díreacha agus achomhairc, glacadh leis nó diúltú don chaingean agus an cinneadh maidir leis na costais.

Foilsíú agus scaipeadh na gcinntí agus na dtuairimí

Ionas go bhféadfaí an dlí a thagann ó chásdlí na gcúirteanna a chomhdhéanann an Chúirt a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach, ní mór an cásdlí a scaipeadh agus a fhoilsiú. Suas go dtí 2012, d'fhéadfadh tréimhse ama shuntasach a bheith ann idir scaipeadh leagain shealadaigh de na cinntí ar shuíomhanna gréasáin na Cúirte agus Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (OF) agus foilsíú oifigiúil na gcinntí sin sna *Tuairiscí*. Ba é an cleachtas chun na *Tuairiscí* a fhoilsiú i bhformáid pháipéir an chúis leis sin. Ar thaobh amháin, ní fhéadfaí eagrán de na *Tuairiscí* a chur amach ach go dtí go raibh na téacsanna go léir den eagrán sin ar fáil, sa tslí go gcuirfeadh moill maidir le haistriú téacs amháin, fiú achoimre ar bhreithiúnas, bac ar chur amach an eagrán mhíosúil ina iomlán sa teanga lena mbainfeadh. Ar an taobh eile, chomh luath is a bhí na téacsanna go léir ar fáil, bhí fós na hoibríochtaí fisiciúla i leith táirgeadh agus cur amach an eagrán le déanamh. Ó 2012, d'aistrigh an Chúirt agus OF go dtí foilsíú digiteach de na *Tuairiscí*. Déantar an foilsíú sin doiciméad ar dhoiciméad, sa tslí nach gcuirfeadh easpa doiciméad amháin moill ar fhoilsiú na ndoiciméad eile. Laghdaíodh an tréimhse idir scaipeadh leagan sealadach ar an Idirlíon agus foilsíú an téacs oifigiúil sna *Tuairiscí* agus níl ach cúpla seachtain i gceist anois, tréimhse a bhaintear leas as chun an phrofléitheoireacht de na doiciméid a thabhairt chun críche.

Tá baint ag an bhfoilsíú digiteach cinnte leis na doiciméid go léir a foilsítear sna *Tuairiscí*, agus ní hamháin orduithe agus breithiúnais na gcúirteanna. Baineann sé freisin le tuairimí, tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta agus faisnéis maidir leis na cinntí neamhfhoilsithe.


56| Baineann seo leis na fógraí maidir leis na cinntí agus tuairimí a ghlacann na cúirteanna, fógraí nár chóir a mheascadh leis na fógraí maidir le tionscnamh caingne nó iarraidh ar réamhrialú, a bhunaítear chomh luath agus a taisctear iarraidh ar réamhrialú, iarraitas nó achomharc, agus a aistrítear freisin go gach teanga oifigiúil d'fhonn iad a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*.

Na hachoirní nó résumés agus faisnéis maidir le cinntí neamhfhoilsithe

Suas go dtí deireadh na bliana 2018, bhí gach cinneadh a foilsíodh sna *Tuairiscí* ina ábhar d'achoirne, doiciméad ina raibh slabhraí d'eochairfhocail ann agus achoirne den chinneadh lena mbaineadh. Foilsíodh an doiciméad sin, a bhí beartaithe chun taighde dlíthiúil a éascú, i ngach teanga sna *Tuarascálacha* leis an gcinneadh lena bhain sé.

Ó 2019, cuireadh na résumés, ina bhfuil sraitheanna eochairfhocal freisin, in áit na n-achoirne, leis na difríochtaí seo a leanas eatarthu: ar thaobh amháin, tá na résumés níos faide agus anailísí ná mar a bhí na hachoirne. Ar an taobh eile, cruthaítear na résumés ní le haghaidh cinntí uile Chúirteanna an Aontais, ach amháin le haghaidh na gcinntí is tábhachtaí, dar leis na cúirteanna sin. Is iad sin, don Chúirt Bhreithiúnais, cinntí ón Mór-Dhlísheomra agus roinnt cinntí ó na Dlísheomraí de chúig bhreitheamh. Cruthaítear bileog anailíseach ina bhfuil sraitheanna eochairfhocal agus nasc chuig an gcinneadh arna fhoilsiú sna *Tuairiscí* do chinntí eile na Cúirte Breithiúnais. A mhalairt air sin, cruthaítear résumé do chinntí uile na Cúirte Ginearálta a fhoilsítear.

Déantar cur síos gairid sna *Tuairiscí* ar na cinntí nach bhfoilsítear iontu, i bhfoirm faisnéise ar na cinntí neamhfhoilsithe.



Go hachomair, tá réimse leathan de ghnéithe ilteangacha a chuireann leis na himeachtaí, le gnéithe seachtracha i ngach teanga oifigiúil mar thaca air sin. As an réimse sin faightear, le haghaidh gach cáis, teanga an cháis (a chinntear nuair a thaisctear an gníomh lena tionscnaítear na himeachtaí) agus, tríd an aistriúchán, teanga choiteann arb í faoi láthair an Fhraincis, chun go bhféadfaí an bainistiú inmheánach a dhéanamh agus an cáis i dtrácht a phlé. Síneann an réimse sin amach arís chun na teangacha eile atá ag teastáil a chlúdach, tríd an aistriúchán agus an ateangaireacht, ag an éisteacht, nuair a thugtar na tuairimí agus ag glacadh na gcinntí.

Féadtar stiúradh ilteangach na nósanna imeachta a léiriú le meafair chrann an ilteangachais. Seolann an crann a fhréamhacha go doimhin sa bhunsraith shaibhir den éagsúlacht teangacha, dlí agus chultúrtha de na Ballstáit; cothaíonn an bhunsraith an sú a ardaíonn stoc an nós imeachta, an chuid cúng den chrann áit a roinntear an éagsúlacht sin idir cainéil dhifriúla le haghaidh bainistiú éifeachtach; ar deireadh síneann an stoc géaga amach uaidh chun duilleoga a cur amach a cothaíodh le sú na héagsúlachta agus a rachaidh ar ais chun an bhunsraith choiteann a leasú.

2.5. - Díospóidí os comhair na Cúirte maidir leis an Ilteangachas

Má bhíonn an t-ilteangachas ann ag gach céim de na nósanna imeachta breithiúnacha ina n-iomlán, beidh sé freisin mar ábhar de dhíospóid os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta uaireanta. Tá breithiúnais ríthábhachtacha mar chuid den bhrainse sin den chásdlí, ar nós an bhreithiúnais cháiliúil in *Cilfit*.⁵⁷

2.5.1 - An chomhchordacht idir leaganacha teanga de ghníomhartha an Aontais: teoiric an *acte clair*

Sa chás sonrach go n-iarrtar ar na cúirteanna chun an dlí, príomha nó tánaisteach, a léirmhíniú, nuair nach bhfuil na leaganacha teanga de ghníomh ag teacht le chéile, bíonn luach sa bheis ag baint le próiséas an aistriúcháin. I gcomhréir leis an gcásdlí ó Cilfit, féadfaidh na cúirteanna “comparáid de na leaganacha teanga” den ghníomh a dhéanamh chun é a léirmhíniú. Dá chuid, téann breithiúnacht an Aontais, chun anailís mar sin a dhéanamh, i muinín ní hamháin na n-aistriúchán de na doiciméid a taisceadh i gcomhthéacs an nós imeachta, ach freisin beart eilimintí eile, amhail an réamhobair,

57| Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 1982, 283/81, [EU:C:1982:335](#).

nádúr agus raon na ndifríochtaí agus ionchur an dlítheangeolaí (go háirithe dlítheangeolaí theanga an cháis) atá an-oiriúnach chun cur síos a dhéanamh ar raon a leagain teanga agus an socrú idir dlí an Aontais agus an dlí náisiúnta a eascraíonn as sin. Sa tslí sin, uirlis anailíse breithiúnaí atá san ilteangachas freisin.⁵⁸

A mhalairt ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, níl teanga nós imeachta ag gníomhartha rialála an Aontais agus tá siad go léir barántúil. Arna iarraidh di rialú a thabhairt maidir le léirmhíniú na ngníomhartha sin nuair atá difríochtaí idir na leaganacha teanga, d'fhorbair an Chúirt Bhreithiúnais teoiric an *acte clair*. Sa bhreithiúnas in *Cilfit*, rialaigh an Chúirt go bhfuil cúirt náisiúnta nach bhfuil leigheas breithiúnach faoin dlí náisiúnta in aghaidh a mbreitheanna faoi cheangal, i gcás go dtugtar ceist maidir le dlí an Chomhphobail ar aird os a comhair, an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais, mura bhfuil cur i bhfeidhm ceart dhlí an Chomhphobail chomh ríshoiléir sin nach bhfuil ann d'aon amhras réasúnta faoi, agus nach mór a mheas an bhfuil a leithéid d'fhéidearthacht ann i gcomhthéacs, *inter alia*, an bhaoil go mbeadh éagsúlachtaí i gcinntí breithiúnacha laistigh den Aontas (mír 21 agus an chuid oibríochtúil). D'fhéadfadh an chúirt náisiúnta a chinneadh go bhfuil cur i bhfeidhm ceart dhlí an Chomhphobail chomh ríshoiléir sin nach bhfuil ann d'aon amhras réasúnta faoi, ach amháin tar éis don chúirt náisiúnta teacht ar an gconclúid go mbeadh an t-ábhar chomh ríshoiléir céanna do chúirteanna na mBallstát eile agus don Chúirt Bhreithiúnais (mír 16). Is gá don chúirt sin a chur san áireamh, áfach, gur scríobhadh na téacsanna de dhlí an Chomhphobail i dteangacha éagsúla agus go bhfuil na leaganacha teanga difriúla comhcheangailteach ó thaobh dlí de; tá sé le tuiscint ón méid sin go bhfuil comparáid de na leaganacha teanga éagsúla mar chuid de léirmhíniú ar aon fhoráil de dhlí an Chomhphobail (mír 18).

Chinntigh an Chúirt Bhreithiúnais ina dhiaidh sin sa chásdlí socair, nach mór, i gcás go bhfuil difríocht idir na leaganacha teanga de théacs de dhlí an Aontais, an fhoráil i dtrácht a léirmhíniú i bhfianaise chomhthéacs ginearálta agus chuspóir na rialach a bhfuil sí mar chuid de agus nach féidir leis an bhfoclaíocht a úsáidtear i leagan teanga amháin d'fhoráil de dhlí an Aontais a bheith mar bhonn aonair de léirmhíniú na forála sin nó nach féidir, chuige sin, tosaíocht a thabhairt don fhoclaíocht sin i gcomparáid leis na leaganacha teanga eile. Bheadh cur chun cinn den sórt sin neamhréireach leis an gceanglas de chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais.

58 | Jean-Marie Gardette “Éloge et illustration du multilinguisme. En quoi le multilinguisme participe-t-il de la protection juridictionnelle en droit de l'Union ?” [Moladh agus léiriú an ilteangachais. Conas a chuireann an t-ilteangachas leis an gcosaint bhreithiúnach i ndlí an Aontais?], *Revue des affaires européennes*, Uimh. 3, 2016, lch. 345.

Sa chás inar tugadh rialú ann le breithiúnas an 17 Iúil 1997, *Ferriere Nord SpA v an Coimisiún*,⁵⁹ neamhréireacht a bhí i gceist idir an leagan Iodáilise d’Airteagal 85 de Chonradh CEE agus na leaganacha teanga eile den Airteagal sin. De réir an leagain Iodáilise, toimhdíodh le sárú ar Airteagal 85 den Chonradh go raibh cuspóir agus éifeacht frithiomaíoch ag an gcairtéal i dtrácht ag an am céanna (“*per oggetto e per effetto*”), cé sna leaganacha eile teanga nach raibh an dá choinníoll sin carnach, is é sin le rá gur leor go raibh cuspóir nó éifeacht fhrithiomaíoch ag an gcairtéal. Chinn an Chúirt Bhreithiúnais (mír 15) gurb é “de thoradh ar chásdlí socair nach mór forálacha an Chomhphobail a léirmhíniú agus a chur chun feidhme go haonfhoirmeach i bhfianaise na leaganacha atá ann i dteangacha eile an Chomhphobail [...]. Ní féidir amhras a chaitheamh ar an gconclúid sin ar bhonn an fhórais, sa chás seo, go bhfuil an leagan Iodáilise d’Airteagal 85, ina aonair, soiléir agus aonchiallach ach go luann na leaganacha teanga eile go sainráite carachtair mhalartacha an choinníll dá dtagraítear in Airteagal 85(1) den Chonradh. ”

59| C-219/95 P, EU:C:1997:375.

Breithiúnas Cilfit II

Sa bhreithiúnas a tugadh le déanaí in *Cilfit II*,⁶⁰ bhí deis ag an gCúirt Bhreithiúnais a cásdlí níos luaithe a shoiléiriú.

Mheabhraigh sí, ar dtús, i gcás go bhfuil cur i bhfeidhm ceart dhlí an Aontais chomh ríshoiléir sin nach bhfuil ann d'aon amhras réasúnta faoi, nach mór éagmais amhrais den sórt sin a mheas i bhfianaise shaintréithe dhlí an Aontais, na deacrachtaí ar leith a bhaineann le léirmhíniú a dhéanamh air agus an baol go mbeadh éagsúlachtaí i gcinntí breithiúnacha laistigh den Aontas. Sula gcinneann sí nach bhfuil ann d'amhras réasúnta, ní mór don chúirt náisiúnta atá ag tabhairt breith ag an gcéim dheiridh teacht ar an gconclúid go mbeadh an t-ábhar chomh ríshoiléir céanna do chúirteanna céime deiridh na mBallstát eile agus don Chúirt Bhreithiúnais. Ní mór do na cúirteanna céime deiridh náisiúnta a mheas faoina bhfreagracht féin, ar shlí neamhspleách agus leis an aird go léir atá de dhíth, más é sin an cás. Tá freagracht níos mó acu mar sin san ábhar seo (mír 50 go háirithe).

Maidir le gach a mbaineann go sonrach le comparáid a dhéanamh idir na leaganacha teanga éagsúla, chinn sí i mír 44, cé nach bhfuil iallach ar chúirt náisiúnta atá ag tabhairt breith ag an gcéim dheiridh scrúdú a dhéanamh ar gach leagan teanga den fhoráil de dhlí an Aontais idir lámha, ní mór di a chur san áireamh na difríochtaí idir na leaganacha teanga den fhoráil sin a bhfuil sí ar an eolas fúthu, go háirithe nuair a leagann na páirtithe amach na difríochtaí sin agus a dhéantar iad a fhíorú.

60 | Breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Conorzio Italian Management v Catania Multiservizi*, C-561/19, EU:C:2021:799 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 175/21).

2.5.2 - Díospóidí maidir le córas teangacha na gcomórtas earcaíochta agus na bhfógraí folúntais

Bhí ilteangachas na bhfógraí comórtais, na bhfógraí folúntais agus na nglanna ar léiriú spéise ina ábhar do chásdlí flúirseach ón gCúirt Bhreithiúnais agus ón gCúirt Ghinearálta, ar a bhfuil sé úsáideach filleadh. Léiríonn an cásdlí sin an tábhacht a thugtar don ilteangachas mar phrionsabal nach mór bunreachtúil atá de cheangal ar institiúidí an Aontais ina ngníomhaíochtaí.

Cuireadh i gcoinne chóras teangacha na gcomórtas earcaíochta a eagraíonn an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) roinnt uaireanta os comhair chúirteanna an Aontais, go háirithe ag an Spáinn agus an Iodáil, a rinne agóid i gcoinne chleachtas EPSO na fógraí comórtais a fhoilsiú sa Ghearmáinis, sa Bhéarla agus sa Fhraincis amháin, de shárú sa tslí sin ar na prionsabail a leagtar amach i Rialachán 1/58, lena bhforáiltear go bhfuil gach teanga de na Ballstáit mar theanga oifigiúil agus teanga oibre na n-institiúidí.

Mar shampla, in *an Iodáil v an Coimisiún*,⁶¹ mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais gur leag córas teangacha an Aontais amach mar theangacha oifigiúla agus teangacha oibre na n-institiúidí na 23 theanga a bhí liostaithe i Rialachán 1/58 an uair sin. Mar sin, cuireadh na fógraí comórtais faoi agóid ar neamhní. D'iarr an Chúirt Bhreithiúnais ar na h-institiúidí nósanna imeachta chun an córas teangacha a chur chun feidhme a shocrú d'fhonn údar a thabhairt d'aon eisceacht ar Rialachán 1/58. Mar sin, ní mór cúis a bheith le rogha na dteangacha d'fhógraí comórtais. Mheabhraigh sí dá bharr, i mír 71, "nach bhfuil gá a chinneadh an bhfuil fógra comórtais mar théacs le raon feidhme ginearálta de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1, gur leor a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 1(2) d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis na Rialacha Foirne, i gcomhar le hAirteagal 5 de Rialachán Uimh. 1, lena bhforáiltear go gcuirfear amach *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i ngach teanga oifigiúil, go raibh sé de cheart na fógraí comórtais faoi chonspóid a fhoilsiú ina n-iomláine i ngach teanga oifigiúil" [aistriúchán neamhoifigiúil].

"Slí amháin nó slí eile, [...] ag glacadh leis go léann saoránaigh an Aontais Eorpaigh *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ina dteanga dhúchais agus go bhfuil an teanga sin mar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais, bheadh ar iarratasóir féideartha nach bhfuil a theanga dhúchais mar cheann de na teangacha inar foilsíodh an fógra comórtais faoi

61 | Breithiúnas an 27 Samhain 2012, C-566/10 P, EU:C:2012:752 (féach freisin preaseisiúint Uimh. 153/12).

chonspóid ina iomláine an *Iris* sin a fháil i gceann de na teangacha sin agus an fógra a léamh sa teanga sin sula gcinntídh sé iarratas a dhéanamh ar cheann de na comórtais. ” [aistriúchán neamhoifigiúil] (Mír 73). Dá bharr, “[t]á míbhuntáiste ar iarratasóir mar sin i gcomparáid le hiarratasóir a bhfuil a theanga dúchais mar cheann de na trí theanga inar foilsíodh an fógra comórtais faoi chonspóid ina iomláine, maidir leis na fógraí sin a thuiscint i gceart chomh maith leis an spriocdháta chun iarratas a chur le chéile agus cur isteach ar na comórtais sin” [aistriúchán neamhoifigiúil] (mír 74). “Fágann sin nach n-urramaítear leis an gcleachtas d’fhoilsiú teoranta [idir lámha sa chás seo] prionsabal na comhréireachta agus gur idirdhealú ar fhorais teanga atá ann, a thoirmisctear le hAirteagal 1(d) de na Rialacha Foirne.” [aistriúchán neamhoifigiúil] (Mír 77)

Sa bhreithiúnas thuasluaite, *an Iodáil v an Coimisiún* (míreanna 86 go 88), ghlac an Chúirt Bhreithiúnais le heisceachtaí áirithe ar na prionsabail sin áfach:

“Is iomchuí a chur leis sin nach bhfuil na hinstiúidí dá mbaineann na fógraí comórtais faoi chonspóid faoi réir rialacha teanga sonracha (féach, maidir le rialacha teanga OHIM, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2003, *Kik v OHIM*, C-361/01 P, EU:C:2003:434, míreanna 81 go 97). Is iomchuí a fhíorú áfach an bhféadfadh údar a bheith le heolas ar cheann amháin de na trí theanga i dtrácht, mar a mhaígh an Coimisiún, ar mhaithe le leas na seirbhíse. I leith sin, [...] féadfaidh leas na seirbhíse a bheith mar cuspóir dlisteanach a d’fhéadfaí a chur san áireamh. Go háirithe, mar a luadh i mír 82 den Bhreithiúnas idir lámha, ceadaítear le hAirteagal 1(d) de na Rialacha Foirne eisceachtaí ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe agus ar phrionsabal na comhréireachta. Tá sé tábhachtach, áfach, go mbeadh údar oibiachtúil le leas na seirbhíse agus go mbeadh an caighdeán eolais teanga a éilítear comhréireach le fíor-riachtanais na seirbhíse (féach, chuige sin, breithiúnais an 19 Meitheamh 1975, *Küster v an Pharlaimint*, 79/74, EU:C:1975:85, míreanna 16 agus 20, agus an 29 Deireadh Fómhair 1975, *Küster v an Pharlaimint*, 22/75, EU:C:1975:140, míreanna 13 agus 17).” [Aistriúchán neamhoifigiúil].

Rialaigh an Chúirt Ghinearálta ar an ábhar sin freisin sna breithiúnais *an Iodáil v an Coimisiún* an 24 Meán Fómhair 2015, T-124/13 agus T-191/13, an 17 Nollaig 2015, T-275/13, T-295/13 agus T-510/13 chomh maith le T-353/14 agus T-17/15, an 15 Meán Fómhair 2016.

Bhí an breithiúnas deireanach sin ina ábhar d’achomharc inar thug Mór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais breith. I mbreithiúnas an 26 Márta 2019, *an Coimisiún v an Iodáil*, C-621/16 P, rialaigh Mór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais mar seo a leanas: “is iomchuí a shoiléiriú go bhfuil an fhreagracht ar an instiúid a chuir córas ar bun a dhéanann idirdhealú ar fhorais teanga a shuí go bhfuil sé sin in ann freagairt d’fhíor-riachtanais

maidir leis na gníomhaíochtaí a bheidh ar na daoine a earcaítear a dhéanamh. Ina theannta sin, ní mór do gach coinníoll maidir le scileanna teanga sonracha a bheith comhréireach leis an leas sin agus a bheith bunaithe ar chritéir shoiléire, oibiachtúla agus intuartha lena ligtear do na hiarratasóirí forais an choinníll sin a thuiscint agus lena ligtear do chúirteanna an Aontais athbhreithniú a dhéanamh ar a dhlíthiúlacht (féach freisin breithiúnas an 26 Márta 2019, *an Spáinn v an Pharlaimint*, C-377/16, mír 69)(mír 93) [aistriúchán neamhoifigiúil]; “féadtar difríochtaí sa tslí go gcaitear le daoine ar fhorais teanga a cheadú, de bhun Airteagal 1(d), mír 6 de na Rialacha Foirne, má tá údar oibiachtúil agus réasúnta leo de bhun cuspóir dlisteanach de leas ginearálta i gcomhthéacs an bheartais foirne” (mír 120) [aistriúchán neamhoifigiúil]; “mura féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh leas na seirbhíse a bheith mar údar le teorannú rogha theanga 2 den chomórtas do líon teoranta teangacha oifigiúla a bhfuil an méid is mó eolais ag daoine orthu san Aontas (féach, de réir analaí, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2003, *Kik v OHIM* C-361/01 P, EU:C:2003:434, mír 94), agus sin mar an gcéanna i gcomhthéacs na gcomórtas de nádúr ginearálta, amhail an ceann dá dtagraítear le “Fógra faoi chomórtas oscailte – EPSO/AD/276/14 – Riarthóirí (AD 5)”, ní mór do theorannú mar sin, áfach, i bhfianaise na gceanglas a luaitear i míreanna 92 agus 93 den bhreithiúnas seo, a bheith bunaithe ar eilimintí ar féidir a mheas go hoibiachtúil, ag na hiarratasóirí sa chomórtas agus ag cúirteanna an Aontais, eilimintí a thugann údar leis an eolas teangacha a éilítear, agus a bhfuil gá dóibh a bheith comhréireach le fíor-riachtanais na seirbhíse” (mír 124) [aistriúchán neamhoifigiúil].

Bhí córas teangacha na bhfógraí folúntais agus na nglaoanna ar léiriú spéise ina ábhar de dhíospóid shuntasach freisin.

Bhain breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 20 Samhain 2008, *an Iodáil v an Coimisiún*, T-185/05, le caingean a thionscnaigh Ballstát (an Iodáil) i gcoinne, sa chéad áit, chinneadh an Choimisiún i leith fógraí folúntais a fhoilsiú maidir le poist ardbhainistíochta sa Ghearmáinis, sa Bhéarla agus sa Fhraincis agus, sa dara háit, i gcoinne fógra folúntais ón gCoimisiún a foilsíodh sna trí theanga sin, d’fhonn an post mar Ard-Stiúrthóir na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) a líonadh. Bhraith an Iodáil ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta agus ar phrionsabal na hurraime d’éagsúlacht teanga chun na fógraí folúntais i dtrácht a chur ar neamhní.

Chuir an Coimisiún cúiseanna a bhí, ina thuairim, dlisteanach in iúl, maidir le dea-fheidhmiú na seirbhíse.

Ghlac an Chúirt Ghinearálta leis an ordú a lorg an Iodáil, ar na forais “Má chinneann an Coimisiún téacs iomlán d’fhógra folúntais a fhoilsiú san Iris Oifigiúil do phost ardbhainistíochta i dteangacha áirithe amháin, ní mór dó, d’fhonn idirdhealú ar fhorais teanga a sheachaint idir na hiarratasóirí a d’fhéadfadh suim a bheith acu san fhógra sin, bearta cuí a ghlacadh chun na hiarratasóirí sin go léir a chur ar an eolas faoin bhfógra i dtrácht agus na heagrán inar foilsíodh é ina iomláine” [aistriúchán neamhoifigiúil] (mír 130) agus “[a]g cur san áireamh freisin an imthoisc nár foilsíodh an Cinneadh san *Iris Oifigiúil*, d’fhonn léitheoirí na n-eagrán nach eagrán na Gearmáinise, an Bhéarla agus na Fraincise iad, den athrú tábhachtach ar an gcleachtas ar glacadh leis, tá baol dáiríre ann nach mbeadh iarratasóirí a bhfuil teanga dhúchais dhifriúil acu ón dtrí theanga dá dtagraítear sa Chinneadh fiú ar an eolas gurb ann d’fhógra folúntais a d’fhéadfadh suim a bheith acu ann. Fiú dá mba rud é go raibh máistreacht ag na hiarratasóirí sin ar theanga amháin ar a laghad as an nGearmáinis, as an mBéarla nó as an bhFraincis, ní fhéadfaí a bheith cinnte go léifeadh siad eagrán eile den *Iris Oifigiúil* seachas an t-eagrán a foilsíodh ina dteanga dhúchais.” [aistriúchán neamhoifigiúil] (Mír 138)

I gcás C-377/16, idir an Spáinn agus an Pharlaimint inar thug Mór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais breith an 26 Márta 2019, d’iarr an Spáinn ar an gCúirt Bhreithiúnais glao ar léiriú spéise a chur ar neamhní i gcomhthéacs nós imeachta roghnúcháin de bhall foirne ar conradh (tiománaithe). Bhraith an Spáinn ar phrionsabail an neamh-idirdhealaithe ar fhorais teanga agus prionsabal na hurraime d’éagsúlacht teanga, toisc gur theorannaigh an fógra faoi chonspóid rogha theanga 2 den nós imeachta roghnúcháin agus teanga na cumarsáide don Ghearmáinis, don Bhéarla agus don Fhraincis. Bhraith an Pharlaimint ar leas na seirbhíse, lenar éilíodh go mbeadh na hearcaigh nua in ann oibriú láithreach bonn, agus go raibh na trí theanga sin mar na teangacha a úsáidtear is minice san institiúid. Thairis sin, dar leis an bParlaimint, níor ceanglaíodh ar na hiarratasóirí, an fhoirm iarratais a chomhlíonadh i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis, cé nach raibh sé ar fáil, de bharr cúiseanna teicniúla, ach sa trí theanga sin.

Mheas an Chúirt Bhreithiúnais “[s]na himthosca sin, nach bhféadfaí a chur as an áireamh nach raibh an deis ag na hiarratasóirí, *de facto*, an teanga oifigiúil den Aontas dá rogha a úsáid chun iarratas a chur isteach” (mír 44) [aistriúchán neamhoifigiúil]. Thairis sin, mheabhraigh sí “go bhfuil sé de thoradh ar Airteagal 1(d), mír 6, de na Rialacha Foirne nach bhféadfaí glacadh leis go gcaithfí go difriúil le daoine ar fhorais teanga, i gcur i bhfeidhm na Rialacha Foirne sin, ach má tá údar oibiachtúil agus réasúnta leis sin agus go bhfreagraíonn sé d’aidhmeanna dlisteanacha de leas ginearálta i gcomhthéacs an bheartais foirne” (mír 49) [aistriúchán neamhoifigiúil]. Ní dhearna an Pharlaimint, a bhí an fhreagracht uirthi é sin a léiriú, a leithéid áfach. Mar sin, chuir an Chúirt Bhreithiúnais an gníomh faoi chonspóid ar neamhní.

2.5.3 - Cás sonracha shocrúithe teanga na paitinne Eorpaí a bhfuil éifeacht aonadach léi

Is iad teangacha oifigiúla Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP), a bhainistíonn an phaitinn Eorpach a bhfuil éifeacht aonadach léi (PEEA), a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1257/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2012 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe sa réimse a bhaineann le cosaint aonadach phaitinne a chruthú. I ndáil le cúrsaí aistriúcháin, cuireann an Oifig na scrúithe i bhfeidhm a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2012 ón gComhairle an 17 Nollaig 2012. Is iad an Ghearmáinis, an Béarla agus an Fhraincis teangacha oifigiúla OEP. Dá bhrí sin, ní aistrítear paitinní ach go dtí na teangacha sin, atá mar eisceacht ar Rialachán 1/58. Rinne roinnt Ballstát agóid i gcoinne na rialacha teanga sonracha sin, agóid a bhunaigh siad ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais teanga.

Tagann breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) an 5 Bealtaine 2015, *an Spáinn v an Chomhairle*, C-147/13 leis an méid sin. Sa chás sin, bhí an Spáinn ag iarraidh go gcuirfí Rialachán Uimh. 1260/2012 ar neamhní. Rinne an Bheilg, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhrainc, Ard-Diúcacht Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an tSualainn, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann chomh maith leis an bParlaimint agus an Coimisiún idiragairt ag tacú leis an gComhairle.

D'admhaigh an Chúirt sa deireadh go gcaithfí go difriúil le teangacha oifigiúla an Aontais, toisc go raibh sin iomchuí agus comhréireach le cuspóir dlisteanach an Rialacháin (eadhon córas simplithe agus aonfhoirmeach a chruthú d'aistriúchán PEEA, chun go mbeadh sé éifeachtach ó thaobh costas de do na haireagóirí). Bhí baint aige sin freisin leis an deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú, nuálaíocht a spreagadh agus é a chur chun tairbhe go háirithe na bhfiontar beag agus mheánmhéide (FBM), chomh maith le rochtain ar PEEA agus ar an gcóras paitinne go ginearálta a dhéanamh níos fusa, níos saoire agus níos sláine ó thaobh an dlí de.

Cumarsáid idir an Chúirt agus na saoránaigh ina dteanga féin

Ar imeall a gníomhaíochtaí breithiúnacha, faigheann an Chúirt freisin iarratais de gach saghas ón tsochaí shibhialta. D'fhéadfadh a bheith iontu, mar shampla, iarratais ar rochtain ar dhoiciméid riaracháin nó ar chartlanna stairiúla na hinstitiúide. D'fhéadfadh a bheith iontu freisin ceisteanna nó iarratais ar fhaisnéis éagsula, fiú curtha ar an gCúirt trí thimpiste uaireanta (mar shampla, nuair atá baint acu le cúirt eile idirnáisiúnta, cosúil leis an gCúirt Eorpach um Chearta an Duine). Faigheann sí freisin iarratais ar thréimhsí oiliúna, iarratais ar fhostaíocht, tairiscintí i gcomhthéacs fógraí conartha, iarratais ar chuirteanna nó seimineáir staidéir, etc.

Ós rud é go bhféadfadh na hiarratais sin teacht chuici in aon teanga oifigiúil den Aontas, ní mór di, go riachtanach, inniúlachtaí teanga a bheith aici chun na hiarratais sin a thuiscint, a phróiseáil agus a fhreagairt sa teanga chéanna,⁶² agus a bheith in ann a sainréim agus stíl a chur in oiriúint más gá (dlíthiúil, riaracháin, teicniúil nó oideachasúil) don iarratasóir.

Ní mór don Chúirt, thairis sin, a bheith in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, faisnéis a thabhairt don phobal, a doirse a oscailt do gach saoránach atá fonn orthu teacht ar cuairt agus ní mór di a bheith in ann iad a fháiltiú ina dteangacha féin. Chuige sin, tá a suíomh idirlín, Curia, ilteangach. Sa tslí chéanna, eagraítear na cuairteanna, ócáidí foirmiúla nó idirphlé le breithiúna náisiúnta i dteangacha na rannpháirtithe, go minic le tacaíocht ó ateangairí an DGM.

Dréachtaítear preaseisiúintí agus aistrítear freisin iad go gach teanga oifigiúil atá de dhíth de réir an cháis nó an ábhair lena mbaineann.

62| Féach, chuige sin, Airteagal 13 den Chód Eorpach um dhea-iompraíocht Riaracháin (le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpach: <https://www.ombudsman.europa.eu/ga/publication/ga/3510>)

3. - Bainistiú an Ilteangachais sa Chúirt

“Comhthoradh ar an ilteangachas, tá an t-aistriúchán go minic mar an t-aon ghné den ilteangachas atá infheicthe go rialta [...]. Is é an t-aistriúchán áfach [...] an rud a cheanglaíonn agus a fhíonn, bua an mhachnaimh ar úsáid an fhorinirt. Ní mór, chun go mbeidh a éifeacht iomlán ag an aistriúchán, machnamh gan staonadh a dhéanamh ar an taighde agus ar an oiliúint.”⁶³

Tá an Cláraitheoir freagrach as an ilteangachas i gcomhthéacs na n-imeachtaí breithiúnacha. Chuige sin, braitheann sé go háirithe ar shaineolas Ard-Stiúrthóireachta an Ilteangachais (DGM), a bhailíonn na seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin dhlíthiúil le chéile, atá faoi údarás a hArd-Stiúrthóra.

3.1 - Struchtúr Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais

Cruthaíodh DGM an 1 Eanáir 2018. Tugann sí dhá sheirbhís a bhí scartha óna chéile roimhe sin le chéile, eadhon an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil agus seirbhís na hateangaireachta. Tá an Ard-Stiúrthóireacht comhdhéanta de 30 aonad, a bhfuil dhá cheann acu faoi údarás díreach an Ard-Stiúrthóra agus a bhfuil an 28 gcinn eile i bprionsabal roinnte i dtrí stiúrthóireacht. Nuair a cheaptar Ceann Aonaid nua in aonad teanga, áfach, bíonn an t-aonad go minic faoi údarás díreach an Ard-Stiúrthóra ar feadh tréimhse ar leith.

Tá na seirbhísí trasnacha comhdhéanta de dhá aonad a thuairiscíonn go díreach don Ard-Stiúrthóir, chomh maith le tríú haonad, atá neamhspleách:

- an tAonad um uirlisí tacaíochta don ilteangachas, atá comhdhéanta de Cheann Aonaid, trí riarthóir agus 23 chúntóir, a áirithíonn faireachán ar agus forbairt uirlisí teicneolaíochta faisnéise a bhaineann go sonrach leis an tseirbhís aistriúcháin, bíodh sin uirlisí bainistíochta nó uirlisí tacaíochta don aistriúchán. Cuireann sé, i gcomhar leis na seirbhísí eile, an sreabhadh oibre atá de dhíth chun na doiciméid a phróiseáil ar bun, ó shroicheann siad an tseirbhís aistriúcháin go dtí go gcuirtear amach iad (go seoltar go dtí an tseirbhís a d'iarr an t-aistriúchán nó go seoltar le haghaidh foilsíú iad). Oibríonn sé freisin leis an tseirbhís ateangaireachta chun na hiarrataí agus riachtanais faisnéise a bhaineann leis an

63| Isabelle Pingel, “Le régime linguistique des institutions de l’Union européenne”, *Revue des affaires européennes*, Uimh. 3, 2016, lch. 360 agus 361.

tseirbhís ateangaireachta, a chuirtear chuig Stiúrthóireacht na Teicneolaíochta Faisnéise (DTI), a chomhordú agus a mhaoirsiú. Tá a chomhoibriú leis an stiúrthóireacht sin go háirithe tábhachtach. Glacann an tAonad um uirlisí tacaíochta don ilteangachas páirt freisin san obair idirinstiúideach maidir le huirlisí tacaíochta don ilteangachas agus faireachán ar an teicneolaíocht faisnéise. Tá an t-aonad comhdhéanta de thrí rannóg, eadhon an Rannóg um fhorbairt agus bainistiú uirlisí teicneolaíochta faisnéise ilteangaí, an Rannóg um réamhphróiseáil dhigiteach na ndoiciméad agus leanúint na bhfoilseachán agus an Rannóg um bainistiú agus tacaíocht uirlisí. Tá cill mar pháirt dó freisin, a bhfuil freagrach as cláir phainéil agus staitisticí éagsúla a chur le chéile. Thairis sin, cuireann sé tascanna eile trasnacha i gcrích ar leibhéal instiúideach agus idirinstiúideach, amhail faireachán ar an teicneolaíocht.

- Bainistíonn an tAonad pleanála agus aistriúcháin sheachtraigh, atá comhdhéanta de cheann aonaid, trí riarthóir agus 20 cúntóir, sreabhadh na hiarrataí aistriúcháin agus na nósanna imeachta riaracháin, conarthacha agus airgeadais maidir le seachfhoinsiú na n-aistriúcháin agus maoiniú na n-uirlisí idirinstiúideacha. Tá sé roinnte in dhá rannóg: an Phleanáil lárnach agus an Rannóg saoraistriúcháin. Áirithíonn an Phleanáil lárnach an ceangal idir na seirbhísí a iarrann aistriúcháin (oifigí, clárlanna, seirbhísí na Cúirte) agus na haonaid aistriúcháin. Molann sí spriocanna do na hiarratasóirí ar aistriúcháin agus déanann sí sreabhadh na hoibre a phleanáil suas go dtí cur amach deiridh na n-aistriúcháin. Oibríonn sí chun go mbeidh eolas cabhrach don aistriúcháin curtha ar fáil leis na hiarrataí agus bainistíonn sí an sreabhadh lena mbaineann, lena n-áirítear na hiarrataí ar leasuithe ar an téacs atá le haistriú. Oibríonn an Rannóg saoraistriúcháin, i gcomhar leis na haonaid teanga, ar an bpleanáil, ar an gcur i bhfeidhm agus ar an gcuntasaíocht a bhaineann le gníomhaíochtaí saoraistriúcháin, chomh maith le hurramú ar dhea-chleachtais riaracháin agus airgeadais a áirithiú. D'fhéadfadh an seachfhoinsiú a bheith bainte le hobair an aistriúcháin nó na profléitheoireachta.


Ní chlúdaíonn an t-aonad sin gníomhaíochtaí pleanála agus seachfhoinsithe stiúrthóireacht na hateangaireachta go díreach, a bhfuil aonad eile trasnach aici chuige sin, ach áirithíonn sé bainistiú lárnach de na ceistanna buiséadacha agus airgeadais le haghaidh DGM ina hiomláine agus glacann sé páirt i ngrúpaí éagsúla d'obair idirinstiúideach.

- Is fiú aonad eile a oibríonn chun tairbhe trasnach DGM ina hiomláine freisin a lua ag an bpointe seo, fiú mura bhfuil sé faoina údarás go foirmiúil. Is é sin an tAonad um thionscadail agus comhordú téarmaíochta, a stiúraíonn an obair théarmaíochta [réamhphróiseáil téarmaíochta; forbairt bailiúcháin téarmaíochta amhail an Foclóir dlíthiúil ilteangach, téarmaíocht na Rialacha Nós Imeachta, ainmneacha na gcúirteanna náisiúnta]. Tá an t-aonad sin i bhfeighil freisin ar an obair dhoiciméadach (taighde, treoracha agus corpas doiciméadach chun cur le cuimhní aistriúcháin sonracha), tacaíonn sé le agus stiúraíonn sé na haonaid teanga i gcur i bhfeidhm na straitéise cáilíochta, bainistíonn sé na huirlisí agus an tacaíocht cumarsáide inmheánaí de DGM amhail a shuíomh inlín, a nuachtlitir agus a uirlisí cur i láthair.

Tá na haonaid eile roinnte i dtrí stiúirthóireacht.

Don chuid eile, tá an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil comhdhéanta de dhá stiúirthóireacht lena dtugtar le chéile go heisiach na haonaid teanga, eadhon aonad amháin do gach teanga oifigiúil. I ngach aonad teanga, atá faoi údarás Ceann Aonaid, tá idir 20 agus 57 ndlítheangeolaí, de réir an ualaigh oibre aistriúcháin go gach teanga, le tacaíocht ó phrofléitheoirí /eagarthóirí teanga agus ó rúnaíocht.

Tá ceithre aonad i stiúirthóireacht na hAteangaireachta. Tá trí cinn de na haonaid sin comhdhéanta de sheacht nó ocht mboth bhuana, sin 22 bhoth san iomlán (níl both bhuana ann don Mháltais ná don Ghaeilge faoi láthair). Tá gach both comhdhéanta de idir dhá agus deich n-ateangaire foirne, arís de réir an ualaigh oibre ateangaireachta go dtí an teanga lena mbaineann. Tá ról trasnach maidir le pleanáil na hateangaireachta agus bainistiú na saorateangairí ag an gceathrú aonad, ar a dtugtar Éisteachtaí agus acmhainní. Áirithíonn an t-aonad sin ní hamháin sannadh na n-ateangairí buana agus saorateangairí go léir ar na héisteachtaí, ach freisin an t-earcú seachtainiúil d'ateangairí a roghnaíodh as liosta idirinstiúideach de bhreis agus 3,000 saorateangaire. Tá sé i dteagmháil leis na cláranna agus seirbhísí eile na hinstiúide go rialta. Tá an Ceann Aonaid i bhfeighil ar an bhfreagracht shonrach de chlársceidealú cothrománach stiúirthóireacht na hateangaireachta agus d'earcú saorateangairí, agus tacaíonn riarthóir lánaimseartha leis, chomh maith le cúig ateangaire, ar a dtugtar rothlóirí, go páirtaimseartha, chun an fhoireann clársceidealaithe a neartú. Oibríonn an t-aonad le tacaíocht riaracháin ó chúig chúntóir ilfheidhmeacha, atá i bhfeighil ar earcú agus ar fháiltiú na n-ateangairí agus ar ullmhúchán na ndoiciméad éisteachta le haghaidh na saorateangairí.



1 Tá an tAonad um Thionscadail agus Comhordú Téarmaíochta nasctha díreach le Clárathóir na Cúirte.

2 Cuirtear aonad aistriúcháin le ceann aonaid nua díreach faoi stiúir an Ard-Stiúrthóra, go sealadach, sula gcuirtear an t-aonad ar ais i gceann de stiúrthóireachtaí an aistriúcháin dhlíthiúil.

3 Tá Aonad C freagrach freisin as an Máltais agus as an nGaeilge a chlúdach, in éagmais bothanna don dá teanga sin faoi láthair.

3.2 - Gairmeacha in Ard-Stiúrthóireacht an ilteangachais

I gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, “[b]unóidh an Chúirt seirbhís aistriúcháin le foireann de shaineolaithe a bhfuil acu oiliúint leormhaith sa dlí agus eolas fairsing ar mhórán de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.” Earcaíonn sí go príomhúil, mar sin, trí chomórtais d’oifigigh a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu chun na feidhmeanna atá de dhíth chun próisis na hateangaireachta agus an aistriúcháin dhlíthiúil a chur i gcrích.

3.2.1 - Na dlítheangeolaithe

Chun críocha an aistriúcháin dhlíthiúil, téann an Chúirt i gcónaí i muinín dlítheangeolaithe, is é sin le rá dlíodóirí a bhfuil a gcuid staidéir ar an dlí náisiúnta críochnaithe acu agus atá eolas maith acu ar dhá theanga agus dhlíchóras eile ar a laghad tráth a earcaítear iad. Tá máistreacht iomlán ar an *sprioctheanga* (ginearálta agus dlíthiúil), i bprionsabal a dteanga dhúchais, riachtanach don aistriúchán. Tharlódh sé go n-iarrfaí ar dhlítheangeolaí thairis sin doiciméad a dhréachtú a bheidh aistrithe ina dhiaidh sin (mar shampla, achoimre ar iarraidh ar réamhrialú), nó, arna iarraidh sin ag clárann, fógra don *Iris Oifigiúil*, nó arís, arna iarraidh sin ag an Stiúrthóireacht um thaighde agus doiciméadú (DRD), doiciméad le haghaidh riaradh an cáis (bileog réamhscrúdaithe).

Bíonn “athchruthú” i gceist le haistriúchán liteartha agus bíonn aistriúchán teicniúil, atá teangach i ndáiríre, srianta ó thaobh téarmaíocht theicniúil atá docht agus comhchoiteann, ach is “hibrid” den dá rud sin atá i gceist leis an aistriúchán dlíthiúil: ní mór an t-aistriúchán a dhéanamh ag dhá leibhéal, teanga agus dlíthiúil/teicniúil. Braitheann leibhéal an chaighdeánaithe ar chineál an téacs (iarrataí ar réamhrialú, cásanna, tuairimí). Tá cur chuige comparáideach riachtanach: is éard atá i gceist leis sin ná teacht ar, i ndlíchóras na sprioctheanga, an gcoibhéis nádúrtha, nó, in éagmais sin, ar an gcoibhéis fheidhmeach den choincheap dlí a luaitear sa bhuntéacs. Ciallaíonn sin go bhfuil gá le taighde dlíthiúil atá uaireanta suntasach, agus le hanailís agus measúnú ar iontaofacht na bhfoinsí. Níl léitheoir téacs ann atá níos fairí ná a aistritheoir.

Is saintréith bhunúsach den aistriúchán dlíthiúil i gcás na Cúirte é go gcruthaítear leis an aistriúchán cearta agus oibleagáidí le haghaidh na saoránach go léir, agus dá bhrí sin ní mór di a bheith gan cáim maidir leis an tsubstaint sin.

Ní bhaineann an téacs leis na rannpháirtithe difriúla: gach a ndeir an Chúirt, deir sí sa tslí chéanna é i ngach teanga. Níl an tsaoirse chéanna ag an dlítheangeolaí mar sin, a

bheadh ag údar a mheastar go haonarach, a mhalairt atá ann, tá an fhreagracht orthu chun iontaofacht comhoibre a áirithiú.

Is éard atá i gceist le haistriúchán don dlítheangeolaí ná teacht ar chomhfhreagras teanga agus dlíthiúil (dlí comparáideach), dlí an Aontais a chur in iúl (lena choincheapa sonracha) ina theangacha éagsúla, agus an chothromaíocht cheart a aimsiú idir foclaíocht a thagann ó dhlí an Aontas agus foclaíocht a thagann ón dlí náisiúnta. “Athbhunú” den bhuntéacs atá san aistriúchán dlíthiúil ag an gCúirt, atá bunaithe ar eilimintí maidir le foirm agus substaint cheangailteach (dlí príomha, dlí tánaisteach, tagairtí, athfhriotail, téarmaíocht bhunaithe agus foinsí ó dhlíthe náisiúnta difriúla).⁶⁴

D’fhéadfadh trí dhlíchóras dhifriúla a bheith mar pháirt den chomparáid sin: an dlí náisiúnta “is foinse”, an dlí náisiúnta “is sprioc” agus dlí an Aontais. D’fhéadfadh dlíchóras amháin úsáid a bhaint as roinnt teangacha áfach, sa tslí chéanna go bhféadfadh teanga amháin a bheith úsáidte ag roinnt dlíchóras.

Iarrtar ar na dlítheangeolaithe na doiciméid seo a leanas a aistriú go príomhúil:

- téacsanna reachtacha (Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta);
- cinntí (breithiúnais, orduithe agus tuairimí);
- résumés ar chinntí (roimhe seo achoimrí) agus faisnéis maidir le cinntí neamhfhoilsithe;
- iarrataí ar réamhrialú, a thagann ó agus a léiríonn dlíchórais éagsúla;
- doiciméid eile a bhaineann le nósanna imeachta, de bhunús seachtrach, le teangacha, foirmeacha agus stíleanna an-éagsúil;
- tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta;

64| Chuige sin, dar le Gwénaél Glâtre, “[t]á an Chúirt Bhreithiúnais faoi láthair (CBAE) mar oibreoir iontach maidir leis an aistriúchán idir dlíthe náisiúnta. Tá a cumais aistriúcháin mar bhunús de léirmhíniú dhlí an Aontais”, *L’anti-Babel : la forme « Europe » au défi de ses frontières linguistiques*, Blog Club Mediapart,, 16 Samhain 2017: <https://blogs.mediapart.fr/gwena-el-glatre/blog/161117/l-anti-babel-la-forme-europe-au-defi-de-ses-frontieres-linguistiques>.

- fógraí in IO;
- preaseisiúintí, eadhon téacsanna faisnéise, a scríobhtar i sainréim teanga níos simplí, ach fós lena n-urramaítear doichte dhlíthiúil an bhuntéacs;
- doiciméid éagsúla; litreacha, leathanaigh idirlín, etc.

Cuireann an dlítheangeolaí tascanna eile i gcrích seachas an t-aistriúchán dlíthiúil freisin. An chéad cheann de na tascanna sin ná an t-athbhreithniú. Is éard atá i gceist leis sin ná an chomhfhreagracht idir buntéacs agus an t-aistriúchán air, a rinne tríú páirtí, atá freisin mar dhlítheangeolaí nó mar shaoraistritheoir a rialú (iomlánacht, nach bhfuil earráidí ó thaobh an dlí ann, urramú do rialacha agus dea-úsáid na sprioctheanga) trí urraim a thabhairt do thrí eochairfhocal: dílseacht (urraim don obair a rinneadh); coimhdeacht (gan ceartú a dhéanamh gan údar oibiachtúil leis); dlúthpháirtíocht (gan neamhaird a dhéanamh ar dhea-chleachtais an aonaid). Molann an dlítheangeolaí i bhfeighil ar an athbhreithniú leasuithe, in éineacht, más iomchuí, le mínithe chun go bhféadfaí an difríocht a fheiceáil go soiléir idir ceartúcháin ar bhotúin, moltaí ar mhaithe leis an tsoiléireacht agus leasuithe stíle. Tá sé tábhachtach go ndéantar an t-athbhreithniú i ngach aonad ar shlí chomhchuibhithe, lena n-éilítear ní hamháin cleachtas a leagan síos agus cruinnithe tréimhsiúla, ach freisin malartú dea-chleachtas idir na haonaid. Tá sé tábhachtach freisin nach gcuirtear an iomarca ualaigh ar na próisis ar bhealach mí-úsáideach agus uaireanta fritorthúil: ní mór don rialú ar an gcáilíocht, a bhfuil an t-athbhreithniú mar pháirt de, a bheith dírithe ar dhoiciméid íogaire nó thábhachtacha, agus ar aistriúcháin dlítheangeolaithe nach bhfuil chomh neamhspleách céanna, mar shampla, toisc go bhfuil siad fós i mbun oiliúna. Tharlódh sé freisin go n-iarrfaí ar an dlítheangeolaí is athbhreithneoir an fhoireann sinsir a chur ar an eolas maidir le hobair na gcomhghleacaithe (nó na saoraistritheoirí) chun críche measúnú agus, go háirithe, chun caighdeán cáilíochta aonchineálach a chothabháil.

Is iad na tascanna seo a leanas tascanna eile an dlítheangeolaí go príomhúil:

- cur le caighdeán ginearálta na ndoiciméad trí idirphlé a dhéanamh leis na húdair agus le comhghleacaithe ó aonaid teanga eile (cúnamh comhpháirteach, cros-seiceáil, freagraí ar cheisteanna maidir leis an dlí náisiúnta, etc.);
- achoimrí a chruthú ar iarrataí ar réamhrialú atá an-fhada, ⁶⁵ ag leanúint na bprionsabal scríbhneoireachta coitinne, lena dtugtar níos mó struchtúir go ginearálta. Tá na hachoimrí sin le bheith aistrithe agus seirbheálte i ngach teanga in áit na hiarrata bunaidh, seachas i gcás an t-aistriúcháin Fraincise a bhfuil gá leis, le haghaidh riachtanais na cúirte agus na bpáirtithe atá údaraithe chun barúlacha i scríbhinn a thabhairt, a bheith bunaithe ar an iarraidh bhunaidh ar réamhrialú ina hiomláine;
- cur leis an anailís dhlíthiúil ar chásanna trí thacaíocht a chur ar fáil do sheirbhísí eile na Cúirte (na clárlanna agus DRD) trí nótaí a chur le chéile a éascóidh an tuiscint agus an t-aistriúchán;
- gníomhú mar phointe teagmhála chun na míniúcháin úsáideacha go léir maidir le cás a thagann óna Bhallstát a chur ar fáil do chomhghleacaithe na n-aonad teanga eile;
- gníomhú mar an “duine a dhéanann lárú ar na ceisteanna,” trí cheisteanna comhghleacaithe na n-aonad teanga eile a ardaítear le linn aistriúcháin tuairimí nó breithiúnais a bhailiú le chéile, freagra a thabhairt orthu más féidir agus teagmháil a dhéanamh le hoifig an Chomhalta a scríobh an doiciméad ar shlí struchtúrtha má tá soiléiriú ag teastáil (*féach mír 2.3.2*);
- cur le taighde agus le tionscadail dlí nó dhoiciméadacha, agus le forbairt na téarmaíochta, go háirithe téarmaíocht dlí agus le comhchuibhiú na téarmaíochta sin;
- cur le hoiliúint na gcomhghleacaithe nó na saoraistritheoirí;

65| Airteagal 98 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais.

- cur le for-rochtain na seirbhíse trí chur i láthair ar na socruithe teanga, ar an eagraíocht agus ar chineál oibre an dlítheangeolaí a áirithiú laistigh den institiúid, go hidirinstitiúideach, do lucht éisteachta náisiúnta, agus trí ghníomhaíochtaí cur chun cinn lasmuigh den Chúirt freisin;
- bheith mar chomhfhreagraí idir a aonad teanga agus na seirbhísí trasnacha, mar shampla, maidir le teicneolaíocht na faisnéise, téarmaíocht, oiliúint nó bainistiú an tseachfhoinisithe;
- bheith páirteach san earcú (bord roghnúcháin, grúpaí roghnúcháin na ngíomhairí agus saoraistritheoirí, ceartú scrúduithe).

Tá forbairt thapa ag teacht ar ghairm an dlítheangeolaí mar gheall ar fhás agus úsáid mhéadaithe na n-uirlisí nua teicneolaíochta faisnéise, go háirithe uirlisí aistriúcháin néaraigh (*féach mír 4.3.3*).

3.2.2 - Na hateangairí

Tá ateangairí na Cúirte go léir ina n-ateangairí comhdhála cáilithe a bhfuil sé de chumas acu ateangaireacht a dhéanamh ó líon áirithe theangacha oifigiúla an Aontais, ar a laghad dhá cheann, ach níos minice idir trí agus sé cinn. Le linn a saolta gairmiúla ar fad, foghlaimíonn ateangairí teangacha nua d'fhonn iad a chur lena réimse teangacha tar éis scrúdú ar a dtugtar “scrúdú teanga breise”. Níl an formhór acu ina ndlíodóirí, toisc nach mbeadh ciall leis an oiliúint dhúbailte sin a éileamh ó gach ateangaire, ach tá tionchar láidir ag saintréithe na láithreach oibre ar sheirbhís na hateangaireachta ina hiomláine agus ar gach ateangaire go haonarach. Faoi dheireadh, déanann gach ateangaire speisialtóireacht agus forbraíonn siad tuiscint agus cumas sonrach don dlí. Glaoitear ar na hateangairí chun na codanna oibríochtúla de bhreithiúnais agus na codanna conclúideacha de thuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a léamh ag éisteacht nuair a thugtar iad, ach is ag an éisteacht ina bhfuil argóintí ó bhéal go bhfuil an t-éileamh is mó orthu agus ar a scileanna. Ní mór do na hateangairí a ghlaoitear orthu chun ateangaireacht ón mboth a chur ar fáil le linn na n-éisteachtaí pléadálacha ionadaithe na bpáirtithe agus ceisteanna Chomhaltai fhoirmíochta na Cúirte a aistriú, san fíor-am, go ginearálta ina dteanga dhúchais. Bíonn ábhar fíor-dhlíthiúil sna ráitis sin, leanann siad rithimeacha éagsúla agus is toradh iad ar bhuanna óráideacha agus soiléireacht labhartha atá chomh éagsúil sin freisin. Go minic, is dlíodóirí iad ionadaithe na bpáirtithe a dhéantar ateangaireacht ar a gcuid ráitis atá cláraithe leis an mbarra náisiúnta agus cuireann iad féin in iúl de réir thraidisiúin dhlíthiúil agus teanga a mBallstát agus téann

siad i muinín coincheapa dlí a mBallstát agus iad ag léirmhíniú dhlí an Aontais. Is féidir le dúshláin na hateangaireachta comhuainí carnadh: conas díriú ag an am céanna ar ghuth an óráidí, ar an bpléadáil scríofa a chuirtear ar fáil sa bhoth ag an nóiméad deireanach, ar shnáithe na hargóinte agus ar an gcur i láthair sa seomra éisteachta, más rud é, anuas air sin, go bhfuil an t-óráidí ag labhairt Iodáilise ach go bhfuil a shleamhnáin sa Bhéarla?

Áirithíonn na hateangairí an ateangaireacht ag éisteachtaí an dá chúirt le haghaidh an 24 theanga oifigiúla den Chúirt agus le haghaidh ócáidí eile na hinstitiúide, ar nós cuairteanna prótacail, cruinnithe ghníomhairí na mBallstát, fóraim na mbreithiúna náisiúnta agus éisteachtaí foirmiúla. I dteannta na hateangaireachta sa bhoth, tá ualach mór oibre i gceist leis an réamhobair; bíonn an t-ateangaire ag brath le linn na héisteachta ar réamhobair bheacht, a cuireadh tús léi go minic laethanta roimh ré agus atá mar chuid mhór d'uaireanta oibre an ateangaire. Chun bheith éifeachtach, ní mór don ateangaire an comhad céanna a bheith acu agus atá ag na rannpháirtithe san éisteacht, comhad atá ollmhór go minic, a bhfuil iarscríbhinní ag gabháil leis atá na céadta leathanach ar fhad agus atá lán le coincheapa, frásaí agus argóintí dlíthiúla ar gá iad a chur le chéile. Is gnéithe riachtanacha d'obair an ateangaire freisin iad an oiliúint leanúnach agus cothabháil an chumais teanga. Tá siad faoi cheangal rúndacht ghairmiúil dhocht. Ó bunaíodh an Chúirt in 1952, tá forbairt mhór tagtha ar sheirbhís na hateangaireachta, de bharr riachtanais mhéadaithe na hinstitiúide. Inniu, tá thart ar 70 ateangaire buan i stiúrtóireacht na hateangaireachta.

Is éard atá i gceist le ról na n-ateangairí, i dtimpeallacht ilteangach mar atá sa Chúirt, ná cuidiú le gach óráidí a theachttaireacht a chur ar aghaidh do na rannpháirtithe eile san éisteacht, ar shlí shoiléir, nádúrtha agus líofa.

Is éard atá i gceist le ról na n-ateangairí, i dtimpeallacht ilteangach mar atá sa Chúirt, ná cuidiú le gach óráidí a theachttaireacht a chur ar aghaidh do na rannpháirtithe eile san éisteacht, ar shlí shoiléir, nádúrtha agus líofa.

Téann an tseirbhís i muintín saorateangairí go minic. Earcaítear iad ó liosta coiteann d'ateangairí creidiúnaithe in institiúidí an Aontais. Rialaítear earcú na n-ateangairí sin leis an gcomhaontú a cuireadh i gcrích idir institiúidí an Aontais Eorpaigh agus an Comhlachas idirnáisiúnta d'ateangairí comhdhála (AIIC). Sa Chúirt, bíonn lá réamhoibre mar pháirt den chonradh, nach mór a dhéanamh go héigeantach ar áitreabh na Cúirte. Déanann na comhghleacaithe buana atá ag obair ar an éisteacht chéanna stiúrá ar na saorateangairí, atá comhtháite isteach san fhoireann agus a dhéanann na rialacha eiticiúla céanna a chomhlíonadh: rúndacht, smacht agus coláisteacht.

Tá forbairt theicniúil thapa ag teacht ar ghairm an ateangaire freisin, ba iad na forbairtí deireanacha a tháinig uirthi ná, ar thaobh amháin, go raibh na rannpháirtithe ag glacadh páirt san éisteacht ó chian, socrú a bhí riachtanach de bharr na srianta taistil le linn ghéarchéim Covid-19, agus is léir go leanfaidh an cleachtas sin ar bhealach éigin go gceann tamall eile⁶⁶ agus, ar an taobh eile, craoladh éisteachtaí áirithe trí shruthú ar líne.

3.2.3 - Na profléitheoirí/eagarthóirí teanga

Caomhnú an ilteangachais, is é sin caomhnú chaighdeán na teanga freisin. Tá baint ag gairmeacha difriúla san institiúid leis sin, amhail na profléitheoirí, ar a dtugtar freisin na heagarthóirí teanga. Is éard atá i gceist lena misean ná urraim do chleachtais teanga agus phrofléitheoireachta a áirithiú, forbairt na teanga a leanúint, faireachán a dhéanamh ar dhea-úsáid na teanga agus, go ginearálta, a dteanga dhúchais a chosaint.

Sula ndéantar iad a scaipeadh nó a fhoilsiú, ní mór athchóiriú a dhéanamh ar na téacsanna, eadhon go príomhúil na breithiúnais, orduithe, tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta agus achoimrí na gcinntí, chun a chinntiú go bhfreagraíonn siad ina n-iomláine do na rialacha profléitheoireachta agus formáidithe a bunaíodh roimh ré. Is é sin tasc na bprofléitheoirí.

Tá forbairt tagtha ar an ngairm seo le ham, áfach. De thoradh ar ríomhairiú iomlán an tsreafa oibre, bhí tascanna formáidithe níos casta le déanamh ar dtús. I ndiaidh iarrachtaí chun struchtúr a chur ar na doiciméid a chruthaítear san Institiúid agus comhéadan

66| Marc-André Gaudissart, "La Cour de justice de l'Union européenne face à la crise sanitaire", *Revue des affaires européennes*, Uimh. 1, 2020, lch. 97 go 107. Alt a rinneadh uasdáta air in 2021 agus a foilsíodh mar pháirt de shaothar Edouard Dubout agus Fabrice Picod, *Le Coronavirus et le droit de l'Union européenne*, Éditions Bruylant, 2021, lch. 573 go 593). Rinneadh uasdátú ar an alt sin freisin agus foilsíodh sa Rómáinis é. "Funcționarea Curții de Justiție a Uniunii Europene în timpul pandemiei Covid-19", *EuRoQuod Revista Rețelei naționale de judecători-coordonatori în materia dreptului Uniunii Europene*, 2020.

aistriúcháin a chur ar bun (bunaithe ar Trados Studio faoi láthair) a athchruthaíonn an struchtúr sin i ndiaidh an aistriúcháin, áfach, tá laghdú ar an obair sin anois agus ní bhaineann sé ach le doiciméid áirithe nach bhfuil struchtúr mar sin acu.

Thairis sin, tháinig forleathnú de réir a chéile ar obair an phrofléitheora. Agus iad ag dul trí théacs chun earráidí cló nó an formáidiú a cheartú, bíonn deis acu teacht ar phointí eile a d'fhéadfaí a fheabhsú. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, ailt a fágadh amach as an téacs trí thimpiste le linn an aistriúcháin; foclaíocht níos deise nó soiléire a mholadh; pointí áirithe litrithe nó gramadaí a cheartú i gcomhthéacs ina bhfuil teangacha ag forbairt agus go bhfuil freagracht orthu súil a choimeád ar na forbairtí sin. Is tascanna nua iad seo, a chiallaíonn go labhraímid as seo amach níos mó faoi eagarthóirí teanga seachas profléitheoirí.

Ar deireadh, tugann siad comhairle dá gcomhghleacaithe agus cuireann siad oiliúint orthu freisin, bíonn siad páirteach sa mhachnamh straitéiseach foriomlán agus molann siad slite chun feabhas a chur ar chaighdeán teanga na ndoiciméad a aistrítear. Cuireann siad le forbairt rialacha inmheánacha agus idirinstiúideacha ó thaobh na scríbhneoireachta de i dteanga a n-aonad freisin.

3.2.4 - Na cúntóirí bainistíochta agus na rúnaíochtaí

Cuireann an cúntóir bainistíochta cinntí bainistíochta cheann aonaid an aonaid teanga i bhfeidhm. D'fhéadfadh a bheith orthu freisin comhordú a dhéanamh ar thascanna na rúnaíochta, próiseas an tseachfhoinsithe a eagrú i gcomhar leis an Aonad pleanála agus aistriúcháin sheachtraigh (iarratais ar orduithe ceannaigh agus leanúint na sonrasc), cláir shreafa agus bhainistíochta a chruthú agus, i gcásanna áirithe, tascanna aistriúcháin agus athbhreithnithe a roinnt idir na dlítheangeolaithe trí chritéir arna mbunú ag an gceann aonaid a chur i bhfeidhm.

Le dul in éag de réir a chéile na clóscríbhneoireachta, a bhíodh go traidisiúnta mar phríomhthasc na rúnaíochta, tá freagracht anois ag baill na rúnaíochta go príomhúil as téacsanna a ionchur, as an réamhphróiseáil a dhéantar orthu sula ndéantar iad a shannadh ar na dlítheangeolaithe agus as iad a chur amach do na húsáideoirí níos déanaí go leictreonach sa chóras teicniúil.

Faigheann baill foirne na rúnaíochta na hiarratais ar aistriúcháin agus an t-eolas eile a thagann chucu tríd an uirlis teicneolaíochta faisnéise lena leantar an sreabhadh oibre. Ní mór dóibh freisin réamhphróiseáil a dhéanamh ar an-chuid doiciméad, is é sin le rá

na heilimintí go léir a d'fhéadfadh a bheith úsáideach a thabhairt le chéile agus a chur isteach sa tionscadal aistriúcháin gan idirghabháil ó dhlítheangeolaí; d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin sleachta áirithe a chóipeáil agus a ghreamú nó, mar a tharlaíonn níos minice agus níos minice, tabhairt chun críche tacaíochtaí aistriúcháin sa timpeallacht aistriúcháin (faoi láthair Trados Studio), trí dhoiciméid tagartha nó bunachair sonraí a chur leo de réir thréithe an doiciméid atá le haistriú.

Bíonn baill foirne na rúnaíochta páirteach freisin i dtascanna bainistíochta a bhaineann leis na saoraistritheoirí mar thaca don chúntóir bainistíochta, mar thoradh ar mhéadú líon na gcomhghleacaithe seachtracha agus líon na leathanach a dhéantar a sheachfhoinsiú. Tá siad i bhfeighil ar bhunú agus ionchódú na mbileog lena rialaítear caighdeán na n-aistriúchán seachtrach, áirithíonn siad an teagmháil leis na comhghleacaithe saoraistritheoirí agus ullmhaíonn siad an comhfhreagras leo. Ní mór do roinnt baill foirne den rúnaíocht freisin a bheith in ann an sreabhadh riaracháin agus soláthar oibre na saoraistritheoirí a áirithiú trí na nósanna imeachta, an creatchonradh agus an Rialachán Airgeadais a chur i bhfeidhm.

Is é réamhphróiseáil na ndoiciméad sula sanntar ar na dlítheangeolaithe an rud a mharcálann an t-athrú de réir a chéile a tháinig ar ról na rúnaíochtaí. Baineann an réamhphróiseáil dhigiteach sin, atá ar fáil sa *bheart uirlisí feidhmiúla* aistriúcháin a chuirtear ar fáil in Trados Studio, le breithiúnais, orduithe, tuairimí, résumés ar chinntí, faisnéis maidir leis na cinntí neamhfhoilsithe agus na hiarrataí ar réamhrialú. Tá próiseáil thraidisiúnta de dhíth i gcónaí ar dhoiciméid eile.

Oibríonn na cúntóirí atá freagrach as tionscadail aistriúcháin dhlíthiúil mar sin i gcomhar leis na dlítheangeolaithe i slíte difriúla le linn phróiseas an aistriúcháin: faisnéis a chur ar fáil maidir leis na leasuithe, eagrú na pleanála agus sreabhadh na ndoiciméad.

Thairis sin, tá an-tábhacht ag baint leis na hiarratais ar aistriúchán. Tá na rúnaíochtaí freagrach as a fhíorú go bhfuil gach eilimint a luaigh an t-iarratasóir mar pháirt den doiciméad agus go bhfreagraíonn sé leis na ceanglais go léir maidir le foirm agus caighdeán.

Tá rúnaíocht DGM agus rúnaíochtaí na n-aonad trasnach freagrach as tacú leis na gníomhaíochtaí sin uile trí thascanna difriúla oibríochtúla agus riaracháin a áirithiú, agus iad ag cur i bhfeidhm na nósanna imeachta, rialacha agus teicnící a shainmhínítear san Ard-Stiúrthóireacht, agus sa tslí sin ag cur lena ndea-fheidhmiú go ginearálta. Áirithíonn siad roinnt na faisnéise, leanúint bhuan ar dhul chun cinn na hoibre agus

cumarsáid le húsáideoirí a seirbhísí agus soláthraithe inmheánacha agus seachtracha na hArd-Stiúrthóireachta.

3.2.5 - Gairmeacha sonracha

Chun tacaíocht a thabhairt d'foireann na seirbhíse aistriúcháin agus ateangaireachta ina gcuid oibre, is féidir le DGM dul i muinín daoine le gairmeacha éagsúla sonracha atá mar pháirt d'fhoirne nó d'aonaid thrasnacha (*féach mír 3.1*). Tá freagracht ag na cúntóirí agus riarthóirí sin as monatóireacht a dhéanamh ar an bhfoireann, as an bhfoireann a fháiltiú agus a chur faoi oiliúint, as tascanna áirithe d'anailís staitistiúil agus as bainistiú na gcomhad riaracháin. Sna réimsí níos teicniúla, téann an tseirbhís i muinín saineolaithe amhail oibrithe TF le speisialtóireacht maidir le forbairt uirlisí bainistíochta nó tacaíochta don aistriúchán, bainisteoirí le freagracht i leith réamhphróiseáil leictreonach na ndoiciméad nó bainisteoirí a oibríonn i gcomhthéacs shreabhadh na n-iarratas ar aistriúchán agus nósanna imeachta riaracháin, conarthach agus airgeadais maidir leis an seachfhoinsíú.

Baineann DGM leas, thairis sin, as na seirbhísí a chuireann daoine le gairmeacha sonracha san Aonad um thionscadail agus comhordú téarmaíochta ar fáil. Cuireann na téarmeolaithe agus doiciméadaithe, dlíodóirí den chuid is mó, a chomhdhéanann an t-aonad sin go príomhúil le sainmhíniú agus creat a chur le tionscadail téarmaíochta, i gcomhar leis na dlítheangeolaithe. Bíonn siad páirteach i gcur ar bun agus saibhriú na mbileog téarmaíochta agus rialú a dhéanamh ar a gcaighdeán d'fhonn iad a iontráil i mbunachar sonraí téarmaíochta den Aontas, ar a dtugtar *IATE*.⁶⁷ Tacaíonn siad leis na dlítheangeolaithe ina gcuid oibre, trí thaighde téarmaíochta agus doiciméadach a dhéanamh, arna iarraidh sin ag na dlítheangeolaithe, taighde atá chun tairbhe na hInstitiúide go príomhúil i gcomhthéacs phróiseáil na n-iarrataí ar réamhrialú. Cuireann na daoine céanna sin réimse leathan oiliúna maidir leis an téarmaíocht agus leis na hacmhainní teanga agus téarmaíochta, na teicnící taighde doiciméadach agus na huirlisí ar fáil, agus déanann siad comhordú ar na hiarrataí a thagann ó oifigí na gComhaltaí i gcomhthéacs na scrúduithe teanga comparáidí. Cuireann roinnt daoine le proifíl níos teicniúla, faoi údarás an chinn aonaid agus i ndlúthchomhar le DGM, tacaíocht cumarsáide ar fáil laistigh den Ard-Stiúrthóireacht.

67 | <https://iate.europa.eu/home>

3.3 - Na comhghleacaithe seachtracha

Chun freagairt dá riachtanais uile i leith an aistriúcháin agus na hateangaireachta, faigheann DGM tacaíocht láidir ón bhfoireann sheachtrach, a oibríonn i gcomhar i gcónaí leis an bhfoireann inmheánach, laistigh de na teorannacha, ar ndóigh, a cheadaítear leis na conarthaí agus na rialacha is infheidhme maidir le conarthaí poiblí agus soláthair poiblí agus de réir leibhéal rúndachta na ndoiciméad.

3.3.1 - Na dlítheangeolaithe agus na saoraistritheoirí

Sa tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil go háirithe, tá an seachfhoinsiú mar chuid den bhainistiú fóna mar d'fhágfaí díomhaoin cuid mhór den fhórsa oibre lasmuigh de na tréimhsí a bhfuil ualach mór oibre ann dá mba rud é go raibh líon leordhóthanach oifigeach ar fáil ag gach nóiméad chun freagairt do na buaicphointí go léir ó thaobh ualach oibre de. Ní mór a admháil áfach, go bhfuil an riosca sin tar éis éirí teoriciúil go leor na laethanta seo sa chaoi go bhfuil ualach oibre chomh mór ag an stiúrtóireacht go bhfuil ionchur na saoraistritheoirí riachtanach inniu ionas go mbeidh sí in ann a misin riachtanacha a áirithiú.

Chun saoraistritheoirí a earcú, téann an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil i muinín conarthaí soláthair phoiblí. Tá conradh soláthair phoiblí mar sin do gach sprioctheanga. Ní cumhdaíonn na conarthaí soláthair phoiblí na bunteangacha go léir a d'fhéadfadh a bheith ann, áfach. Is é an t-aon chonradh soláthair phoiblí a chumhdaíonn iad go léir ná an conradh a bhaineann leis an aistriúchán dlíthiúil go dtí an Fhraincis, toisc go bhfuil ar aonad na Fraincise doiciméid nós imeachta a aistriú go díreach ó gach teanga oifigiúil, gan dul i muinín *teanga pivot* (féach mír 3.6.2) riamh. Téann na haonaid teanga eile i muinín an mhargaidh chun seirbhísí aistriúcháin a aimsiú go dtí a dteangacha ón bhFraincis agus ó na cúig theanga pivot ⁶⁸ ar a laghad agus, más iomchuí, ó theangacha eile más gá. Go háirithe, déanann na haonaid pivot, is é sin le rá na haonaid a chuireann amach aistriúcháin óna gcruthaíonn na haonaid eile a leaganacha teanga féin, iarracht na teangacha pivot a bhfuil orthu aistriú uathu a chumhdach freisin. Beidh na haonaid eile nach aonad na Fraincise ag iarraidh liosta fada a bheith acu de chonraitheoirí a

68| Mar mheabhrúchán, is iad an Béarla, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Pholainnis agus an Spáinnis na teangacha pivot sin.

bheidh go háirithe in ann aistriú ón bhFraincis, toisc go bhfuil formhór na ndoiciméad scríofa sa teanga sin.

Mar pháirt de na conarthaí soláthair phoiblí sin, tar éis idirghabháil an choiste chun na tairiscintí a oscailt agus na bpainéal a dhéanann measúnú ar na hiarrataí ar ghlacadh páirte agus na tairiscintí, socraíonn an t-oifigeach údarúcháin trí fhotharmligeán, sa chás seo an ceann aonaid nó a ionadaí, liosta le haghaidh gach birt (beart le haghaidh gach péire teanga) de tháirgeoirí gurb iomchuí creatchonradh a thairiscint dóibh chun na tascanna aistriúcháin a shannadh de réir na háite a ghlacann siad ar an liosta dinimiciúil de na conraitheoirí. Cinntear an t-ord sin ar bhonn cóimheas mar seo: praghas (30 %)/ caighdeán (70 %).

I bprionsabal, ní féidir leis na saoraistritheoirí páirt a ghlacadh sna conarthaí soláthair phoiblí ach má tá oiliúint chuimsitheach acu sa dlí náisiúnta. Le margadh a bhfuil deacrachtaí aige líon leordhóthanach dlíodóirí a bhfuil de chumas acu aistriú ó na teangacha a lorgáítear a sholáthar, rinne roinnt aonaid teanga laghdú ar an gceanglas sin le haghaidh bearta easnamhacha, trí ghlacadh le hoiliúint eile nach oiliúint sa dlí í ar an gcoinníoll go bhfuil taithí acu ar an aistriúchán dlíthiúil, agus fós ag tabhairt tosaíocht do tháirgeoirí dlíodóirí.

Le haghaidh gach iarratais ar aistriúchán, cruthaítear ordú ceannaigh bunaithe ar líon na leathanach, gan an líon a bhain na huirlisí teicneolaíochta faisnéise as na cuimhní aistriúcháin idirinstiúideach (*Euramis*) le cuardach ar théacs comhchosúil a chur san áireamh. Déanfar rialú ar chaighdeán gach aistriúcháin sula mbeifear in ann an sonrasc arna eisiúint ag an saoraistritheoir a socrú agus a íoc. Ní mór do chaighdeán an aistriúcháin a bheith foirfe, seachas sin cuirtear pionóis chonarthaigh i bhfeidhm trí mhéid na híocaíochta a laghdú, nó fiú an creatchonradh a chur ar ceal.

Tá ionchur na saoraistritheoirí tar éis éirí riachtanach. Agus DGM ag iarraidh a acmhainní a úsáid sa tslí is éifeachtaí i gcomhthéacs a bhfuil tionchar ag ualach oibre faoi bhorradh air, srianta buiséadacha agus riachtanas chun spriocanna a urramú, chuir DGM tionscadal uailmhianach i bhfeidhm ó dheireadh 2015 chun barrfheabhsú a dhéanamh ar thairbhe an aistriúcháin sheachtraigh a bhfuil cúig phríomhchuspóir aige:

- líon leordhóthanach comhghleacaithe seachtracha a bheith ann, le haghaidh gach sprioc-teanga, chun gach bunteanga atá ag teastáil a chumhdach;
- aistritheoirí seachtracha a mhealladh a bhfuil oiliúint chuimsitheach sa dlí acu chun laghdú a dhéanamh ar an ngá chun dul i muinín aistritheoirí nach dlíodóirí iad;

- aistriúcháin ar ardchaighdeán atá inúsáidte láithreach bonn a fháil;
- tairbhe a bhaint as giorracht na gcomhghleacaithe seachtracha dá ndlíchórais náisiúnta féin chun téarmaíocht dhlíthiúil an-oiriúnach a áirithiú;
- na conraitheoirí a thabhairt níos cóngaraí do mhodhanna oibre na n-aonad teanga, trí theagmháil rialta agus trí hacmhainní teicneolaíochta faisnéise, téarmaíochta agus doiciméadacha a chur ar fáil.

Chun níos mó saoraistritheoirí a mhealladh, téann baill foirne de na haonaid teanga go léir go dtí na Ballstáit go rialta mar pháirt de chomh-mhisin d'fhonn, ag an am céanna, oiliúint, cur i láthair agus seisiúin ceisteanna agus freagraí a thairiscint dá saoraistritheoirí, agus chun cuairt a thabhairt ar ollscoileanna agus comhlachais ghairmiúla chun feasacht a ardú i measc an phobail lena mbaineann maidir leis na gairmeacha féideartha atá ar fáil mar shaoraistritheoir sa Chúirt. Ba é dá bharr sin a eagraíodh in 2019, i measc roinnt eile, misin d'aonad na Máltaise, lenar bhuail siad le agus spreag siad breis agus 500 scoláire chun teangacha a fhoghlaim, nó d'aonad na hOllainnise, ar cuireadh ranganna d'aistriúchán dlíthiúil ar bun in ollscoileanna Nimègue (an Ísiltír) agus Gand (an Bheilg) dá bharr. Tarlaíonn gníomhaíochtaí cur chun cinn agus cumarsáide i gcomhthéacs na gconarthaí soláthair phoiblí freisin le póstaer, leabhráin nó fógraí sa phreas speisialaithe agus ar an Idirlíon, agus déantar uasdátú go rialta ar an eolas atá ar shuíomh na Cúirte.

Tá torthaí na infheistíochta sin le feiceáil má fhéachtar ar an méadú de réir a chéile atá tagtha ar líon na dtairiscintí a ndéileáladh leo i gcomhthéacs na bhfógraí conartha do shaor-oibrithe.

Agus iad ag faire go réamhghníomhach ar chaighdeán na n-aistriúchán seachtrach, eagraíonn na haonaid teanga roinnt teagmhálacha leis na comhghleacaithe seachtracha chun feasacht a ardú ina measc maidir le riachtanais DGM agus chun na modhanna oibre, agus na huirlisí agus achmhainní atá ar fáil a chur in iúl dóibh trí ardán idirinstiúideach do mhalartuithe slána. Tugann na teagmhálacha sin deis freisin chun malartuithe rathúla a bheith ann, lena linn ar féidir leis na saoraistritheoirí labhairt faoi na deacrachtaí atá acu lena n-obair agus freagraí ar leith a fháil ó na haonaid teanga.

Ag deireadh na bliana 2022, bhí 1,425 chreatchonradh le haghaidh aistriúchán dlíthiúil i bhfeidhm, lena gcumhdaíodh 195 phéire teanga. Tá gá fós le cur chun cinn réamhghníomhach, áfach. Níor féadadh roinnt péirí teanga a bhfuil a gcumhdach ag teastáil a aimsiú ar an margadh; le haghaidh roinnt péirí eile teanga tá an cumhdach a aimsíodh easnamhach go fóill. Ní leor an fhógraíocht sa phreas agus sna meáin eile,

toisc go bhfuil gá ní hamháin na hacmhainní atá cheana féin ar an margadh a spreagadh chun gníomhú, ach go bhfuil gá freisin le spéis sa ghairm a mhúscailt.

Mar thoradh ar an tionscadal chun barrfheabhsú a dhéanamh ar thairbhe an aistriúcháin sheachtraigh, ardaíodh, de réir a chéile, an ráta seachfhoinsithe go dtí 42 % in 2021, a chiallaíonn go ndéantar seachfhoinsiú as seo amach ar thromlach mór na ndoiciméad nach bhfuil an-rúnda (iarrataí ar réamhrialú, doiciméid nós imeachta, tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta agus, más gá, breithiúnais a tugadh chéanna), rud a thugann faoiseamh mór do na hacmhainní inmheánacha, in ainneoin an riachtanais chun rialú a dhéanamh ar aistriúcháin na saoraistritheoirí chun críche conarthach agus chun an caighdeán a áirithiú.

Maidir leis an gcaighdeán, déanann an tseirbhís aistriúcháin gach rud agus is féidir chun an caighdeán a fheabhsú, go háirithe trí acmhainní doiciméadacha, téarmaíochta agus modheolaíochta a roinnt leis na saoraistritheoirí agus trí bheartas aiseolais atá chomh teagascach agus atá sé córasach. Go comhthreomhar leis sin, cruthaíodh líonra caighdeáin laistigh de DGM d'fhonn deis a thabhairt do dhlítheangeolaithe inmheánacha, a ainmníodh mar chomhairleoirí cáilíochta na n-aonad teanga, a dtaithe agus smaointe a roinnt maidir le caighdeán na n-aistriúcháin, ina measc sin, na haistriúcháin sheachtracha. Pléadh roinnt téamaí, go háirithe an gá chun comhchuibhiú a dhéanamh ar na cleachtais agus critéir maidir le rialú ar an gcáilíocht, nó chun struchtúr níos fearr a chur ar an aiseolas a thugtar do na saoraistritheoirí.

Déanann na haonaid thrasnacha iarracht shuntasach chun an t-ábhar tagartha agus tacaíochta maidir leis an ardán idirinstitiúideach do mhalartuithe slána a chur ar fáil do na saoraistritheoirí freisin (bunachair sonraí téarmaíochta, doiciméadú agus treoracha sna réimsí téarmaíochta agus taighde doiciméadach, etc.). In éineacht leis an tionscnamh sin tá tacaíocht mhodheolaíochta agus theicniúil d'fhonn cruthú an chomhaid aistriúcháin agus na doiciméid tagartha go léir a chur san áireamh ann a éascú, chun go mbeidh an saoraistritheoir in ann obair ar ardchaighdeán a chur amach.

De bharr gur tháinig méadú ar líon na leathanach a dhéantar seachfhoinsiú orthu de nach mór 35 % idir 2015 agus 2022, líon na n-orduithe ceannaigh de 61 % agus líon na n-íocaíochtaí de 42 %, tá méadú tagtha ar obair na mbainisteoirí sna haonaid teanga agus aonaid thrasnacha.

Níl na deiseanna seachfhoinsithe gan chuimse, áfach. Tá na dréacht-chinntí, atá lárnach d'ualach oibre na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil, ina ndoiciméid atá an-rúnda nach féidir

seachfhoinsiú a dhéanamh orthu sula ndéantar iad a thabhairt. Tar éis iad a shíniú nó a thabhairt, bíonn na cinntí sin mar dhoiciméid phoiblí. Meabhraímid áfach, go bhfuil sé d'aidhm ag an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil an líon is mó leaganacha teanga de na cinntí agus is féidir a chur ar fáil an lá a thugtar iad, agus sa tslí sin go gcuirtear an seachfhoinsiú as an áireamh, ach amháin má fhágtar an aidhm sin ar lár.

3.3.2 - Na saorateangairí nó GAC

Téann stiúrtóireacht na hAteangaireachta i muinín ateangairí creidiúnaithe in institiúidí an Aontais.

Is acmhainn riachtanach iad na saorateangairí, ar a dtugtar GAC freisin do “ghníomhairí ateangairí comhdhála,” le haghaidh dhea-fheidhmiú sheirbhís na hateangaireachta agus a cumas chun í a féin a chur in oiriúint ag aon am do riachtanais teanga shonracha na n-éisteachtaí.

Rialaítear earcú GACanna leis an gcomhaontú a chuir Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus an Chúirt i gcrích le AIIC.

Déantar na hateangairí a shannadh ar éisteachtaí agus na saorateangairí a earcú le feidhmchlár sonrach atá ceangailte le bunachar sonraí a óstálann an Coimisiún ([*Webcalendar*](#)), a úsáideann an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chúirt chun bainistiú a dhéanamh ar liosta coiteann de GACanna ar éirigh leo sa [*scrúdú creidiúnaithe*](#) idirinstiúideach.

In 2022, chuaigh stiúrtóireacht na hateangaireachta i muinín 416 shaorateangaire le haghaidh 3,396 lá ar conradh, sin 92 lá ar conradh gach seachtain de ghníomhaíochtaí breithiúnacha ar an meán. Le hearcú saorateangairí féadtar freisin teacht ar dhaoine le tallann a d'fhéadfadh a bheith mar chomharbaí na n-ateangairí buana, agus grúpa lárnach teoranta de GAC cumasacha á choinneal.

Nuair a thagann na saorateangairí chun na Cúirte ag obair, cuireann comhghleacaí fáilte rompu agus déanann siad maoirsiú orthu go córasach. Faigheann siad comhad iomlán an cháis ar a bhfuil siad sannta, lena n-áirítear nótaí ar na pléadálacha ar fáil an lá roimh na héisteachta nó an mhaidin sin fiú. Ar an Domhnach agus laethanta saoire poiblí, cinntíonn na hateangairí foirne go bhfuil daoine ann i gcónaí chun iad a fháiltiú. Bíodh gur le linn na seachtaine nó ar lá saoire poiblí atá sé, bíonn lá ullmhúcháin i gcónaí ag na saorateangairí roimh na héisteachta, a thugann deis dóibh staidéar a dhéanamh ar chomhad an cháis. Tá an deis ullmhúcháin sin, a bhfuil an Chúirt an t-aon institiúid a

chuireann ar fáil í, go hiomlán riachtanach chun caighdeán na hateangaireachta ag na héisteachtaí a áirithiú, éisteachtaí a bhaineann go minic le ceisteanna atá ar ardleibhéal castachta, dlíthiúil agus teicniúil.

Chuirfeadh an gealltanais sin i gcomhthéacs faireachán cúramach ar na saorateangairí an tionscadal chun an t-aistriúchán seachtrach a bharrfheabhsú i gcuimhne duit, agus roinneann siad roinnt tréithe. Tagann na seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin ar shineirgí ar leith anseo, go háirithe trí chuairteanna, misin agus gníomhaíochtaí cur chun cinn agus tacaíocht ó chumas na saoroibrithe.

3.4 - Tábhacht chaighdeán na n-aistriúchán dlíthiúil agus na hateangaireachta sa Chúirt

3.4.1 - Caighdeán na n-aistriúchán dlíthiúil

Tá sé riachtanach go mbeadh an t-aistriúchán i dteanga an cháis den chaighdeán is airde, toisc nach mór do raon feidhme chinneadh na mbreithiúna a bheith go hiomlán soiléir do na páirtithe agus, i gcomhthéacs réamhrialú, don chúirt a rinne an tarchur. Ní mór go gceadaítear le caighdeán an aistriúcháin glacadh le cinneadh atá chomh soiléir agus a bheadh cinneadh a ghlacadh ard-chúirt de Bhallstáit i gcomhthéacs iomlán náisiúnta. Má tá an cinneadh de thoradh, go teicniúil, ar aistriúchán ó theanga na bpléití, eadhon an Fhraincis, go dlíthiúil is é sin teanga an cháis agus ní mór don chinneadh a bheith chomh soiléir agus beacht agus a bheadh sé dá mba rud é gur scríobhadh sa teanga sin é.

Ní thagann deireadh le tábhacht chaighdeán na n-aistriúchán ansin, áfach. Ó na breithiúnais *van Gend & Loos* (*féach fonóta 18*) agus *Costa*⁶⁹, tá éifeacht dhíreach agus tosaíocht ar an dlí náisiúnta ag dlí an Aontais. Ní gá bearta náisiúnta trasuite a ghlacadh chun é a chur i bhfeidhm, seachas i gcás Treoracha. Déanann Chúirteanna an Aontais, trína gcásdlí, dlí an Aontais a chur i bhfeidhm nó a léirmhíniú. Dá bharr sin, ní éilítear an caighdeán is airde don leagan i dteanga an cháis amháin, inar rialaigh an Chúirt go foirmiúil ar an díospóid, ach freisin le haghaidh na teangacha eile go léir chuig a n-aistrítear an cinneadh, go háirithe i leith réamhrialuithe (éifeacht *erga omnes*). Beidh an cinneadh nó an léirmhíniú ó bhreitheamh an Aontais de cheangal ar na Ballstáit go léir, bíodh sin ar leibhéal reachtach, feidhmeannach nó dlíthiúil. Déanann na breithiúna náisiúnta

69 | Breithiúnas an 15 Iúil 1964, 6/64, EU:C:1964:66.

macalla de na torthaí ina gcinntí féin. D'fhéadfadh bearnaí dlí, fiú bearnaí beaga, cásdlí éagsúil a spreagadh sna Ballstáit agus sa tslí sin dochar a dhéanamh do chur i bhfeidhm aonfhoirmeach dhlí an Aontais. D'fhéadfadh na torthaí air sin a bheith an-dáiríre, bíodh sin le haghaidh fheidhmiú rianúil an mhargaidh inmheánaigh, na trádála idirnáisiúnta, dheafheidhmiú an limistéir chomhchoitinn saoirse, slándála agus ceartais, nó fiú na gceart bunúsach. Leis sin dhéanfaí dochar suntasach d'íomhá na Cúirte agus an Aontais Eorpaigh ina iomlán. Ar deireadh, d'osclódh sin an doras don éiginnteacht dhlíthiúil a chruthódh, ar thaobh amháin, na héifeachtaí díobhálacha thuasluaite agus, ar an taobh eile, as a n-eascródh líon a d'fhéadfadh a bheith suntasach d'iarraí ar réamhrialú chun soiléiriú a lorg ar rud a bhí de cheart a bheith soiléir ón tús.

Tá ardchaighdeán mar choinníoll d'fhónamh na seirbhísí teanga. Mura mbeadh na haistriúcháin dhlíthiúla ar an ardchaighdeán sin, thuigfeadh úsáideoirí na leaganacha teanga lena mbaineann go tapa sa chaoi nach mbeadh siad in ann teacht ar an tsubstaint go héasca agus go mbeadh siad uaireanta fiú curtha ar seachrán. Tosóidh siad, go nádúrtha, ag dul i muinín, go comhthreomhar nó go heisiach, an leagain teanga inar scríobhadh an gníomh, chomh fada agus a bheadh eolas éigin acu ar an teanga sin, fiú dá mbeadh cailliúint ó thaobh na miontuisciana de, i gcomparáid le leagan ar ardchaighdeán ina dteanga féin, ollmhór. Níos measa arís, i gcásanna áirithe, ní thabharfadh an léitheoir an chailliúint sin faoi deara de bharr nach mbeadh aon phointe comparáide aige.

Mar sin, chaillfeadh na haistriúcháin aon chiall a bheadh leo agus thiocfadh teanga amháin in áit na dteangacha go léir eile: an teanga scríofa. Gan beann ar cén teanga atá mar theanga scríofa (glacann an Fhraincis an ról sin sa Chúirt, ach i bhformhór na n-institiúidí eile Eorpacha agus idirnáisiúnta, is é sin an Béarla), ní bheadh na cainteoirí de theangacha eile in ann tuiscint den chaighdeán céanna fusachta agus beaichte a fháil is a gheobhadh siad ina dteangacha dúchais. Scríosfaí an comhionannas, mar sin, agus bheadh an t-ilteangachas marbh.

Ach cad í an cháilíocht mar sin? Conas í a shainmhíniú?

D'fhéadfaimis a rá gurb iad ná heilimintí atá ag teastáil le haghaidh aistriúcháin d'ardchaighdeán ná dílseacht don bhuntéacs, iomlánacht, comhleanúnachas, soiléireacht, cruinneas, líofacht agus beachtas teanga (litriú, poncaíocht, comhréir), an sainréim teanga in oiriúint den chineál doiciméid agus spriocanna a chomhlíonadh.

D'fhéadfaí a cheapadh go bhfuil áirithiú an chomhleanúnachais mar chritéar follasach, ach tá an comhleanúnachas i gcomhthéacs an aistriúcháin dhlíthiúil ilghnéitheach. Ní

mór a bheith ann an comhleanúnachas dlíthiúil (comhleanúnachas na réasúnaíochta), an comhleanúnachas inmheánach (téarmaíocht, athrá, tagairtí, etc.), an comhleanúnachas seachtrach [diacrónach (comhleanúnachas san am) agus sioncronach (comhleanúnachas leis na leaganacha teanga eile)], an comhleanúnachas téarmaíochta (gan “an roth a athchruthú”), an comhleanúnachas frásaíochta (tá an fhrásaíocht dhlíthiúil mar chomhlánú don téarmaíocht) agus an comhleanúnachas foirmiúil (urraim do na caighdeáin ar ghlac an t-aonad leo).⁷⁰

Fiú má bhreathnaítear ar spriocanna a chomhlíonadh mar eilimint sheachtrach de chaighdeán aistriúcháin, is cuid riachtanach é de chaighdeán na seirbhíse. Tá sé deacair aistriúchán a shamhlú a bhfuil níos lú tairbhe ag baint leis ná aistriúchán nach bhfuil ar fáil nuair atá géarghá leis. D’fhéadfadh aistriúchán déanach de dhoiciméad nós imeachta an nós imeachta breithiúnach ina iomlán a mhoilliú; cuireann aistriúchán déanach de chinneadh i dteanga an cháis bac iomlán ar a ghlacadh; cuireann aistriúchán déanach de chinneadh chun críche foilsíú amháin moill ar dheis grúpaí áirithe saoránaigh chun bheith ar an eolas faoin gcásdlí nua ag an rithim chéanna agus a bheadh ag grúpaí eile teanga, agus sa tslí sin scriostar an comhionannas idir na grúpaí sin.

Freisin, tá a “straitéis cháilíochta” á forbairt ag an tseirbhís aistriúcháin le fada an lá, a chuireann sí i bhfeidhm go gníomhach agus a fheabhsaíonn sí go leanúnach de réir na riachtanas agus na n-ócáidí difriúla a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar na haistriúcháin (ualach oibre agus srianta buiséadacha, ach freisin forbairt na ndíospóidí agus inniúlacht na Cúirte, forbairt na gcúirteanna, etc.). Tá an straitéis cháilíochta sin bunaithe ar an gcoincheap gur chóir cáilíocht deiridh na dtéacsanna a bheith ullmhaithe chomh luaithe agus is féidir, sna céimeanna roimhe agus a théann in éineacht leis an aistriúchán, más iomchuí, i gcomhar leis na dréachtóirí.

Cuireadh raon beart ar bun chun cabhrú leis na dlítheangeolaithe chun cáilíocht na n-aistriúcháin a dhéantar i gcomhthéacs tarchuir le haghaidh réamhrialú a chaomhnú, go háirithe i leith na n-aistriúcháin arna ndéanamh ó theanga pivot.

Baineann próiseáil na hiarrataí ar réamhrialú, roimh gach rud eile, leis an duine atá mar phointe teagmhála. Is é sin dlítheangeolaí a aimníodh san aonad de theanga an cháis a bhfuil an cumas (teanga agus dlíthiúil) aige atá de dhíth chun cuidiú lena

70| Thierry Lefèvre, Pierre Bové, “La Langue de la traduction dans le droit des traités internationaux et dans les juridictions internationales”, *Journal des Tribunaux*, Uimh. 6540, 22 Samhain 2013, lgh. 755 go 757.

chomhghleacaithe (dlítheangeolaithe i mbun an aistriúcháin agus eile) le linn phróiseáil iomlán an doiciméid. Is eisean, mar shampla, a dhéanann idirghabháil chun an t-ualach a laghdú agus an t-aistriú a éascú (cur isteach míniúcháin go háirithe ar théarmaí lena n-ainmnítear coincheapa de dhlí náisiúnta, téacs a scriosadh agus míniúchán, teoracha agus rudaí breise éagsúla a chur leis, etc.) ach gan brí nó spiorad an doiciméid a shaobhadh. Ní dhéantar aon idirghabháil maidir leis na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú. Go minic bíonn ar an duine atá mar phointe teagmhála achoimre a scríobh freisin ar bhunphointí shubstaint na hiarrata ar réamhrialú. Aistrítear an achoimre sin ina dhiaidh go dtí gach teanga seachas an Fhraincis, de bharr go n-aistrítear an iarraidh ar réamhrialú ina hiomláine i gcónaí go dtí teanga na bpléití. Ar deireadh, déanann an duine atá mar phointe teagmhála tascanna eile d'fhonn an phróiseáil agus an t-aistriúchán a éascú: réamhanailís ar an dtéacs agus ar an gcomhthéacs dlíthiúil, ailt chomhionanna nó ghaolmhara a aistríodh cheana i gcásanna eile.

Le linn an aistriúcháin, cuidíonn an duine sin atá mar phointe teagmhála leis na dlítheangeolaithe eile, trína gcuid ceisteanna a fhreagairt i spás wiki atá ar fáil chuige sin nó trí gach cabhair a chur ar fáil dóibh atá úsáideach chun an téarmaíocht nó an dlí náisiúnta a thuiscint. Déanann sé athléamh ar an aistriúchán sin ina dhiaidh sa teanga ina phléitear an cás agus, más iomchuí, sa teanga pivot, chun rioscaí maidir le botúin nó míchruinneas a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, rioscaí lena ngabhann tábhacht ar leith sa dá theanga sin.

Glacann aonad theanga na bpléití agus na haonaid de na teangacha pivot le freagracht ar leith freisin, tá caighdeán a gcuid aistriúchán cinntitheach do chaighdeán na n-aistriúchán a dhéantar níos déanaí. Déanann aonad teanga na bpléití faireachán ar chomhleanúnachas téarmaíochta chomhad an cháis le linn an phróisis ina iomláine agus ag deireadh na céime i scríbhinn.

Tá an obair théarmaíochta mar chuid lárnach den straitéis cháilíochta. Cuireann siad thairis sin le hiarrachtaí cuíchóirithe agus, sa tslí sin, déanann siad iomlánú agus síneadh a chur leis na bearta coigilte ar ghlac na cúirteanna leo. Déanfar plé ar an téarmaíocht níos déanaí i gcomhthéacs na straitéisí aistriúcháin (*féach mír 4.1.3*).

3.4.2 - Caighdeán na hateangaireachta

Tá feidhm ag an gceanglas céanna maidir le cáilíocht, *mutatis mutandis*, i leith na hateangaireachta, ach amháin go ndéantar ateangaireacht san fhíor-am agus nach féidir fíorú nó ceartú a dhéanamh *ex post*. Tá an dlítheangeolaí in ann an t-am a ghlacadh chun cabhrú le dréachtóir trí chaighdeán a obair a fheabhsú i gcomhthéacs aistriúcháin, agus é fós ag tabhairt urraim dhílis d'argóint an dréachtóra, agus ag obair ó fhrása go frása ar a argóint, ach gníomhaíonn an t-ateangaire láithreach bonn.

Tá an réamhphleanáil mar eilimint lárnach mar sin ó thaobh chaighdeán na hateangaireachta. A mhalairt ar an méid a cheapfá, ní thosnaíonn obair an ateangaire nuair a shuíonn sé síos os comhair a mhicreafón agus a chuireann sé a chluasáin air; bíonn sé ag brath ar mhion-réamhobair, a cuireadh tús léi go minic roinnt laethanta roimh ré agus atá mar chuid mhór dá uaireanta oibre. Tá an oiliúint leanúnach riachtanach freisin: ní mór don ateangaire eolas teanga agus téamach daingean a bheith aige a ligfidh dó anailís a dhéanamh san fhíor-am ar ráitis óráidí agus a mbrí a athchruthú go dílis. Braitheann sé, cinnte, ar an óráidí, ar a luas cainte, ar shoiléireacht a réasúnaíochta, ach is minic gur leor eolas maith ar an gcomhad, an t-ábhar agus an teanga atá ateangaireacht á déanamh uirthi chun na deacrachtaí sin a shárú.

Sa chomhthéacs sin, bíonn sé an-deacair ionadaí a chur in áit ateangaire ar gearrfhógra. Ní mór an éisteacht a reáchtáil, in ainneoin na n-imthosca, agus ní mór don ateangaire a sannadh ar an éisteacht a bheith ann in am. Sin a d'fhéadfá a thuiscint, ar chaoi éigin, le “spriocanna a chomhlíonadh” i gcomhthéacs neasachta.

Le haghaidh an aistriúcháin, agus mar an gcéanna don ateangaireacht, is é earcú na ndaoine cearta an chéad choinníoll maidir leis an gcáilíocht.

3.5 - Earcaíocht agus oiliúint leanúnach

3.5.1 - Comórtais earcaíochta na n-oifigeach

Déantar an earcaíocht in DGM i gcónaí trí chomórtais oscailte a eagraíonn an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) le haghaidh na ngairmeacha go léir. Ní mór nuálaíocht maidir le comórtais earcaíochta na ndlítheangeolaithe a lua. Roimhe seo, bhíodh scrúdaithe aistriúcháin agus scrúdú béil ag baint leo, ach ó 2020, arna iarraidh sin ag DGM, is éard atá i gceist leis na comórtais sin ná scrúdú nua ina ndéantar athbhreithniú cáilíochta ar théacs a rinneadh leis an aistriúchán néarach. Déantar sin chun na forbartha

teicneolaíochta a tháinig chun cinn le déanaí agus atá tionchar láidir acu ar ghairmeacha aistriúcháin a chur san áireamh.

De rogha air sin, d'fhéadfaí comórtais inmheánacha a oscailt nuair nach féidir comórtas ginearálta a chur ar bun.

3.5.2 - Nósanna imeachta roghnúcháin gníomhairí sealadacha

Tá na nósanna imeachta roghnúcháin na foirne sealadaí mar chomhlánú riachtanach ar na comórtais, go háirithe chun freagairt do riachtanais ionadaíochta intuartha (saoire mháithreachais, tuismitheora agus teaghlaigh, etc.) agus atá teoranta ó thaobh ama de. Tá roinnt uirlisí idirinstiúideacha atá an-chabhrach chun an fhoireann shealadach a roghnú, amhail liostaí CAST: leis na liostaí sin, a bhainistíonn EPSO, is féidir daoine oiriúnacha a aimsiú a d'fhéadfaí a fhostú go tapa mar ghníomhaire ar conradh nó gníomhaire sealadach i réimsí an aistriúcháin dhlíthiúil, na profléitheoireachta, na heagarthóireachta teanga agus na rúnaíochta. Déanann an bunachar sonraí idirinstiúideach “EU CV online” lárú ar na hiarratais a fhaightear mar fhreagra ar ghlaos ar iarratais buan nó glao sonrach ar léiriú spéise, chomh maith le hiarratais gan choinne. D'fhoilsigh an Chúirt dhá ghlaos ar iarratais bhuana air le haghaidh riarthóirí agus cúntóirí.

Maidir leis an ateangaireacht, go sonrach, bíonn líon na n-iarratasóirí a n-éiríonn leo sna comórtais ginearálta le haghaidh ateangairí comhdhála an-íseal de ghnáth, ag féachaint do riachtanais shonracha na gairme agus an laghdú ar chomórtais den sórt sin maidir leis na seirbhísí ateangaireachta. Is féidir ateangairí a earcú freisin mar ghníomhairí sealadacha nuair atá folúntais ann. Roghnaítear na hiarratasóirí i measc na n-ateangairí creidiúnaithe ar an liosta coiteann a roinneann an Coimisiún, an Pharlaimint agus an Chúirt.

3.5.3 - Oiliúint leanúnach na ngairmithe san Ilteangachas

Is eilimint lárnach í an oiliúint ghairmiúil den chothabháil, ar thaobh amháin, agus den fhás, ar an taobh eile, den chumas gairmiúil atá riachtanach le haghaidh chur i gcrích na ngníomhaíochtaí a bhaineann le gach post san ilteangachas, bíodh siad de nádúr teicniúil, teanga nó dlíthiúil. Dá bharr, tá cur chuige réamhghníomhach ag DGM trí oiliúint ghairmiúil a shuí mar bhunphrionsabal dá bheartas, leis an aidhm chun ardchaighdeán ina seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta a áirithiú, rud a chiallaíonn go mbaineann formhór d'fhoireann na seirbhíse páirt gach bliain i rang oiliúna amháin nó níos mó. In 2022, ghlac níos mó ná 900 duine páirt in oiliúint ar feadh 6.5 lá ar a mheán.

Tá an oiliúint sa tseirbhís bunaithe don chuid is mó ar phrionsabal eiseamláireach de shaineolais a roinnt, mar a léirítear le hinfheistíocht na gcomhghleacaithe, bíodh siad mar oiliúnóirí nó mar fhoghlaimeoirí, sna gníomhaíochtaí difriúla oiliúna a mhíneofar thíos.

Ar dhul i mbun a ndualgas dóibh, iarrtar ar fhoireann na seirbhíse aistriúcháin dhlíthiúil clár oiliúna a leanúint a bhfuil sé de phríomhaidhm ná iad a chur i dtaithí ar uirlisí agus láthair oibre na seirbhíse. Le linn na hoiliúna a chomhdhéanann an clár sin, ar féidir léi a bheith suas go dtí 35 uair an chloig d'oiliúint de réir an phoist, forbraíonn na comhghleacaithe nua go príomhúil a n-eolas teicniúil ní hamháin trí fhoghlaím conas na bogearraí agus feidhmchláir sonracha a úsáid, a d'fhorbair an Chúirt í féin iad, i bpáirt, ach freisin trí scileanna taighde dhoiciméadaigh, théacsaigh agus téarmaíochta a fhorbairt, i measc na n-acmhainní éagsúla atá ar fáil. Baineann na hateangairí nua tairbhe as treoir aonarach agus phearsanta a fháil ó na comhghleacaithe le taithí a bhfuil sé de chúram acu iad a chuidiú agus iad ag tógáil isteach agus ag déanamh máistreacht ar na modhanna agus uirlisí oibre nua. Tá ionduchtú na n-ateangairí nua go minic éascaithe toisc go bhfuair roinnt acu taithí oibre cheana mar oiliúnaithe sa tseirbhís.

Tríd an sásra sin, tá sé d'aidhm ag DGM eolas ginearálta a chur ar fáil dá fhoireann nua maidir le feidhmiú na Cúirte trí chuireadh a thabhairt dóibh, mar shampla, chun foghlaim faoi róil na seirbhíse eile den Institiúid i saolré cháis, ó tionscnaíodh an chaingean suas go dtí an cinneadh nó fiú, níos sonraí, le haghaidh na gcúntóirí nach dlíodóirí iad, chun oiliúint a fháil maidir le dlíthíocht an Aontais.

Lasmuigh den chlár sin, agus d'fhonn coimeád suas le forbartha i dtimpeallacht theicniúil na seirbhíse, cuirtear sásraí tábhachtacha oiliúna i bhfeidhm, mar a rinneadh i gcás ascnamh teicneolaíochta faisnéise nó forbairt uirlisí sonracha nua le haghaidh na ngairmeacha difriúla.

Ní mór a chur chun suntais go dtugann oiliúnóirí inmheánacha san institiúid amháin an oiliúint sin go léir, rud a chiallaíonn go bhféadtar a áirithiú go bhfuil an oiliúint is oiriúnaí agus is féidir do láthair agus modhanna oibre na Cúirte.

Ní mór an chuid teanga de ghairm an ilteangachais a chothabháil agus a fhorbairt le linn na gairme ina hiomláine, agus is iad na ranganna teanga idirinstiúideacha atá mar an phríomhuirlis atá ar fáil d'ateangairí agus do na haonaid aistriúcháin dhlíthiúil chun a gclúdach teanga a chothabháil agus a leathnú. Is cuid an-tábhachtach iad mar sin de na hiarrachtaí oiliúna a chuireann DGM ar bun. I dtéarmaí nithiúla, is ionann

an infheistíocht sa réimse seo agus nach mór 75 % d'iomlán na n-uaireanta oiliúna a dhéanann foireann na seirbhíse.

Is scoileanna teanga príobháideacha, a roghnaítear go tréimhsiúil tar éis glao ar tairiscintí, a sholáthraíonn na ranganna teanga. Féadtar iad a eagrú, chomh fada agus is féidir agus de réir riachtanais na seirbhíse, i ngach teanga oifigiúil den Aontas, cé, sa chleachtas sa tan tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil, go dtugtar suas breis agus trí cheathrú de na ranganna d'fhoghlaím ceann de na cúig theanga pivot (Béarla, Gearmáinis, Iodáilis, Polainnis agus Spáinnis) nó d'fhoghlaím na Fraincise (teanga na bpléití).

D'fhéadfadh leagan amach na ranganna a bheith éagsúil de réir an ábhair, a chinntear de réir na spriocghairme (ateangaire, dlítheangeolaí nó eile), de réir na rithime nó na láithreach ina dtarlaíonn sé, toisc go bhfuil deis ann ó leibhéal ar leith chun rang a dhéanamh thar lear mar chuid den tairiscint oiliúna teanga.

Fiú má tá rannpháirtíocht sna ranganna teanga sin mar acmhainn riachtanach, ní leor sin. Mar sin, chun na ranganna sin a chomhlánú ar shlí shubstainteach agus nithiúil, forbraíodh cineálacha difriúla oiliúna laistigh den tseirbhís agus téitear i muinín chumas na n-ateangairí agus na ndlítheangeolaithe chun a reáchtáil a áirithiú. Is éard atá i gceist go háirithe ná cleachtaí seachtainiúla ateangaireachta, uirlis lena gcuirtear fóir-snas ar an teanga, nó ceardlanna ar an léiriú dlíthiúil, a bhunaítear ar léamh téacsanna dlí i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais le míniúcháin, don fhormhór i ndiaidh taisceadh iarrata nua ar réamhrialú, sa chaoi go dtugtar tacaíocht ag an am céanna don phróiseas aistriúcháin atá ar bun, lena n-áirítear ó thaobh na cáilíochta de.

Ní féidir a shéanadh gur sásra oiliúna teanga atá sna ceardlanna sin ach tugann siad deis freisin do na comhghleacaithe a ghlacann páirt iontu a gcúlra dlí a shaibhriú, saineolas a dhéanann an tseirbhís iarracht a neartú trí chomhdhálacha agus seimineáir rialta a eagrú a bhaineann le réimse sonracha de dhlí an Aontais nó na dlíthe náisiúnta ina bhfuil gá ag na comhghleacaithe eolas níos doimhne a bheith acu orthu, ionas go bhféadfadh siad dul i ngleic leis na forbartha téarmaíochta agus leanúint ar aghaidh d'ardchaighdeán aistriúcháin agus ateangaireachta a áirithiú.

Reáchtáiltear na seimineáir sin chomh fada agus is féidir leis an gcumas atá ar fáil laistigh den Institiúid: is iad na cainteoirí dhlítheangeolaithe, rúnaithe dlí nó bhreithiúna ar thréimhse oiliúna in oifig Chomhalta na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcásanna áirithe áfach, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach dul i muinín cainteoir

seachtrach, go minic ó fhoireann teagaisc ollscoile, go háirithe más é ábhar an tseimineáir ná leasú tábhachtach ar an dlí náisiúnta.

Féadfaidh an fhoireann thairis sin páirt a ghlacadh *ad hoc* in oiliúint dhlíthiúil a chuireann institiúidí eile an Aontais nó eagraíochtaí seachtracha ar fáil, amhail, mar shampla, na seimineáir le haghaidh ateangairí a eagraítear gach bliain i gcomhar leis na hollscoileanna Eorpacha.

I dteannta na hoiliúna a bhaineann go díreach leis na réimsí thuasluaite atá mar chroílár ghairm an ilteangachais, déanann foireann na seirbhíse iarracht snas a chur ar a n-eolas i réimsí eile a bhfuil tairbhe leo le haghaidh na seirbhíse nó na hInstitiúide amhail forbairt scileanna bainistíochta, oiliúint uathoibrithe oifige nó scileanna trasnacha nó *soft skills* a fháil, amhail bainistíocht tionscadail nó struis.

3.6 - Cosaint an ilteangachais

3.6.1. - Teanga na bpléití

Ó cruthaíodh an Chúirt in 1952 tá an cheist maidir le cumarsáid idir a Comhaltaí á cur. Bhíodh sé indéanta ateangaireacht a áirithiú do chruinnithe na gComhaltaí sna ceithre theanga oifigiúla ag an am agus an t-aistriúchán de na doiciméid nós imeachta sna teangacha céanna a áirithiú. Bhí fadhb dhúbailte ag baint leis sin áfach, eadhon, ar an gcéad dul síos, láithreach ateangairí sna pléití nuair nach mór dóibh, i gcomhréir le hAirteagal 35 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a bheith rúnda, agus ar an dara dul síos, ualach suntasach oibre ateangaireachta agus aistriúcháin. Chinn an Chúirt, mar sin, a pléití a reáchtáil i dteanga amháin.

Inniu fós, tá tionchar láidir ag an gcinneadh sin ar eagrú na Cúirte.

Toisc go ndéanann Comhaltaí na Cúirte cumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn sa teanga ina bpléitear an cás (inniu an Fhraincis), tá sé nádúrtha gur ghlac seirbhísí na Cúirte sa chleachtas le húsáid na teanga sin i gcomhthéacs a gcuid oibre.⁷¹

Ní mór, mar sin, do na hoifigigh a earcaíonn an Chúirt máistreacht a bheith acu ar theanga na bpléití agus, sna cásanna annamha a bhfuil ar an gCúirt duine a earcú nach gcomhlíonann an coinníoll sin ar dhul i mbun a dhualgas dó, iarrtar air páirt a ghlacadh i ndianchúrsaí chun an caighdeán eolais atá de dhíth a fháil. Le haghaidh na seirbhísí teanga, tá forleithneacht theanga na bpléití níos tábhachtaí arís, chomh tábhachtach sin go n-éilítear ardchaighdeán eolais uirthi agus go ndéantar rialú air sin nuair a earcaítear ateangairí agus dlítheangeolaithe.⁷²

Scríobhtar na dréachtchinntí go léir den Chúirt Bhreithiúnais agus den Chúirt Ghinearálta i dteanga na bpléití agus aistrítear iad go dtí na teangacha eile atá de dhíth. Tá na cinntí sin mar chroílár na ndoiciméad atá le haistriú ag na haonaid teanga. Ní aistríonn aonad teanga na bpléití na dréachtchinntí, ach na doiciméid nós imeachta go léir, go háirithe na barúlacha nó pléadálacha a thaisceann na páirtithe in imeachtaí breithiúnacha ionas go bhféadfaidh Comhaltaí na gcúirteanna a bheith iomlán eolach fúthu. Toisc go bhfuil líon agus méid na ndoiciméad nós imeachta níos mó ná na dréachtchinntí agus go bhfuil gá lena n-aistriúchán i dteanga na bpléití a chur ar fáil chun an nós imeachta a reáchtáil gan mhoill, tá foireann níos mó ag an aonad comhfhreagrach ná mar atá ag na haonaid eile.

Sa tslí chéanna, fiú má tá éagsúlacht mhór de theaglaimaí teanga curtha ar fáil ag stiúirthóireacht na hateangaireachta, ní mór do gach ateangaire a bheith in ann ráitis de Chomhalta fhoirmíocht na Cúirte a d'fhéadfadh a bheith, d'fhonn ateangaireacht a choigilt, á chur é féin in iúl ní ina theanga dúchais ach i dteanga na bpléití, a thuiscint

71 | Valeriu M. Ciucă, “Limba de lucru a Tribunalului Uniunii Europene – de la vernaculum, de la „limba casei”, la vehiculum, la un limbaj cudestinație universală. Alocuțiune de deschidere a Conferinței internaționale Traducerile juridice în cadrul Uniunii Europene”, *Analele Stiintifice Ale Universității Alexandru Ioan Cuza Din Iasi Stiinte Juridice*, imleabhar 63, Supliment, 2017, lch. 25.

72 | Bíonn eisceachtaí ann uaireanta, nuair a chuirtear teanga nua leis na teangacha oifigiúla, toisc nach bhféadfaí a bheith ag coinne go réasúnta leis go mbeadh go leor iarratasóirí ann le máistreacht ar an bhFraincis. Sin mar a bhí nuair a reáchtáladh na comórtais ghinearálta tar éis na méaduithe de 2004 nó tar éis deireadh a chur leis an maolú i leith na Gaeilge.

agus ateangaireacht a dhéanamh orthu. Thairis sin, déantar ateangaireacht ar na héisteachtaí go léir go dtí teanga na bpléití, agus cumhdaítear mar sin riachtanais na gComhaltaí nach mbeadh ateangaireacht ar fáil dóibh ina dteanga dhúchais.

3.6.2 - Na teangacha pivot (aistriúchán)

Bhí na méaduithe deireanacha den Aontas (2004, 2007 agus 2013) mar dhúshláin gan fasach chun an t-ilteangachas a bhainistiú: le 24 theanga oifigiúla, d'ardaigh líon na teaglamaí teanga riachtanacha chun an obair bhreithiúnach a áirithiú ó 110 roimh 2004 ⁷³ go dtí 552 in 2013.

Roimh an mbliain 2004 fiú, ní raibh seirbhís aistriúcháin na Cúirte in ann na teaglamaí teanga go léir a chumhdach a thuilleadh. In ainneoin iarrachtaí oiliúna leanúnacha agus buana, ní raibh cuid mhór de na haonaid in ann iarratais ar leith a phróiseáil. Bhí an t-ualach oibre, cumas báite roinnt dlítheangeolaithe a bhí ag aistriú ó chúig nó sé theanga agus an líon beag d'iarratais ar aistriúchán ó theangacha áirithe casta mar eilimintí domheanmnacha, agus fiú athchomhairleacha, maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in oiliúint fhadálach dírithe ar gach éinne. Tar éis na aontachas in 2004, ní raibh ciall a thuilleadh le cur i gcéill go raibh córas á chothabháil a chumhdaigh an t-aistriúchán díreach idir gach teaghlaim teanga.

In 2001, bhí an tseirbhís ag coinne leis go gcuirfí córas measctha d'aistriúchán díreach nó trí theangacha pivot i bhfeidhm, agus ghlac sí leis an bhfreagracht maidir le rogha a dhéanamh, ar bhonn critéir theicniúla, i leith na dteangacha ar chóir a úsáid mar theangacha pivot.

Tugtar tosaíocht go fóill don aistriúchán díreach gach uair atá an cumas sin ar fáil sna haonaid teanga, ach tá rochtain acu sin ar aistriúchán i dteanga pivot nuair is gá téacsanna a aistriú atá scríofa i dteanga nach teanga pivot ná an Fhraincis í. Tá sé tábhachtach, sa chomhthéacs sin, an difríocht a aithint idir aistriúchán “trí athsheachadán” agus aistriúchán “trí theanga pivot”: i gcóras athsheachadáin, ní dhéantar an t-aistriúchán ón mbunteanga ach oiread, ach ón gcéad aistriúchán atá ar fáil atá eolas ag an aistritheoir ar an teanga ina bhfuil sé. A mhalairt air sin, is teanga réamhchinntithe í teanga pivot a aistrítear téacs chuici ó ghrúpa eile teangacha réamhchinntithe d'fhonn é a aistriú

73 | Aithníodh an Ghaeilge mar theanga d'fhéadfadh a bheith mar theanga an cháis sna Rialacha Nós Imeachta sular tugadh stádas mar theanga oifigiúil di in 2007.

ina dhiaidh go dtí teangacha eile. Cumhdóidh gach teanga pivot, mar sin, líon teoranta teangacha eile. Tá buntáistí tábhachtacha ag baint leis an réiteach deireanach sin.

Maidir le caighdeán na n-aistriúcháin:

- aithníonn dlítheangeolaí na teanga pivot a fhreagracht maidir leis an dara céim d'aischur an aistriúcháin sna haonaid eile, agus spreagann sin é a bheith an-chúramach lena aistriúchán féin, agus go háirithe chun obair i gcomhar leis an dlítheangeolaí, atá mar phointe teagmhála, a bhaineann leis an aonad teanga den teanga a chastar ar pivot;
- déanann na dlítheangeolaithe den dara céim léamh criticiúil ar an aistriúchán sa teanga pivot, rud a chuireann rialú comhleanúnachais sa bhreis leis an bpróiseas agus a ardaíonn an spiorad foirne idir na dlítheangeolaithe atá freagrach as an téacs céanna;
- chomh luath agus a thagann leasú chun cinn in aistriúchán na teanga pivot, tá sé furasta é a léiriú sna haistriúcháin eile;
- toisc go bhfuil ar gach aonad teanga nach aonad teanga pivot é an t-aistriúchán a áirithiú ón teanga pivot mura bhfuil sé in ann aistriúchán díreach a dhéanamh ón mbuntéacs, tá an t-aistriúchán trí athsheachadán den dara leibhéal (ó aistriúchán den aistriúchán i dteanga pivot) curtha as an áireamh.

Tá feidhm ag an gcóras aistriúcháin trí theanga pivot ní maidir leis na doiciméid go léir a scríobhtar i dteanga nach teanga pivot nó an Fhraincis í, ach maidir le trí chatagóir de dhoiciméad: tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta sna cásanna annamha nach scríobhfaidh an tAbhcóide Ginearálta i dteanga pivot; iarrataí ar réamhrialú; doiciméid nós imeachta a thaisctear i dteanga nach teanga an cháis nó ceann de na teangacha pivot í.⁷⁴

Maidir leis an eagrú:

- cruthaítear naisc níos daingne idir gach aonad de theanga pivot agus na haonaid a dhéanann sé a dteangacha a “chasadh ar pivot.” D’éascaigh sin ní hamháin n

74 | Tarlaíonn sin nuair a chuireann Ballstát barúlacha i scríbhinn in iúl in iarraidh ar réamhrialú nó má dhéanann sé idiragairt i gcaingeán dhíreach. Ní mór d’aonad theanga an cháis, mar sin, aistriúchán a chur ar fáil. Is é an t-aon aonad eile a iarrtar air doiciméid den sórt sin a aistriú ná aonad na Fraincise. Chun an gá go gcruthaítear aistriúchán i dteanga pivot d’fhonn leagan i dteanga an cháis a chruthú amháin, úsáidtear an leagan Fraincise mar pivot “nádúrtha.”

haonaid nua a chur ar bun, a bhí in ann brath ar thacaíocht agus ar thaithí na n-aonad teanga pivot, ach freisin an comhoibriú idir dlítheangeolaithe na n-aonad nua leis na comhghleacaithe a bhí orthu tosú de bheith ag aistriú óna dteanga;

- féadtar teacht ar spriocanna aistriúcháin réalaíocha bunaithe ar cé acu atá riachtanas ann nó nach bhfuil chun fanacht ar an aistriúchán sa teanga pivot sula dtosnaítear ar na cinn eile.

Toisc gurb í an Fhraincis teanga na bpléití, ní mór d'aonad na Fraincise a bheith in ann na haistriúcháin dhíreacha a chur ar fáil ó theangacha oifigiúla uile an Aontais.

Chun na teangacha pivot a roghnú, bhunaigh an tseirbhís aistriúcháin dhlíthiúil a cinneadh ar na critéir seo a leanas:

- maidir le líon na dteangacha pivot, measadh ag an bpointe sin le ceithre theanga pivot (seachas an Fhraincis, pivot “nádúrtha”) go mbeifí in ann an iarracht oiliúna chun teangacha nua a fhoghlaim a roinnt sa tslí is fearr agus go méadódh sé an deis chun dlítheangeolaithe a earcú sna Ballstáit iarratasóirí, toisc go mbeifí in ann raon níos leithne teangacha a chur ar fáil do na scrúduithe;
- maidir le roghnú na dteangacha pivot sin, cuireadh na heilimintí seo a leanas san áireamh:
 - leibhéal máistreachta na dteangacha difriúla sna haonaid, is é sin le rá líon na ndlítheangeolaithe a áiríteadh na haistriúcháin ó theangacha difriúla;
 - cé chomh minic agus a bhíonn teanga mar theanga an cháis;
 - teangacha na nAbhcóidí Ginearálta buana, toisc go bhféadfaí a bheith ag coinne leis go scríobhfaí roinnt tuairimí sna teangacha sin, i gcomparáid leis na teangacha arna n-úsáid ag na hAbhcóidí Ginearálta a bhí ag glacadh ceann do na poist a dhéantar rothlú air idir na Ballstáit;
 - cobhsaíocht na n-aonad difriúil (deachrachtaí earcaíochta, ráta láimhdeachais, smacht ar an ualach oibre).

Roghnaíodh ar dtús an Ghearmáinis, an Béarla, an Spáinnis agus an Iodáilis ar bhonn na gcritéar sin. Ba iad sin na teangacha a bhí an máistreacht is mó go ginearálta orthu sna

haonaid agus b'ionann na leathanaigh a fuarthas sna teangacha sin agus sa Fhraincis breis agus 90 % de na leathanaigh go léir a bhí le haistriú.

Cuireadh roinnt fachtóirí in áirithe chun cinneadh a dhéanamh maidir le roinnt suas na dteangacha a bhí le casadh ar pivot ag gach aonad pivot:


- dáileadh cothrom maidir leis an iarracht a lorgófar ó gach aonad pivot;
- caighdeán máistreachta sna haonaid teanga pivot dhifriúla ar na teangacha nua nó teangacha cóngaracha dóibh, toisc, mar shampla, go bhfuil máistreacht ar an bhFionlainnis mar bhuntáiste mór i leith an Eastóinis a fhoghlaím nó go bhfuil máistreacht ar an tSeicis mar bhuntáiste chun an tSlóvaicis a fhoghlaím;
- naisc chultúrtha agus teanga idir na Ballstáit (seanchinn agus cinn nua). Ar an gcaoi sin, toisc gurb ann do mhionlach a labhraíonn an tSlóivéinis san Iodáil d'fhéadfaí féidearthachtaí a shamhlú chun teacht ar chomhghleacaithe seachtracha a bhfuil sé de chumas acu aistriú go dtí an Iodáilis.

Ag féachaint, ar thaobh amháin, do chur leis na teangacha oifigiúla le roinnt teangacha i ndiaidh 2004 (Bulgáiris, Gaeilge, Cróitis agus Rómáinis) agus, ar an taobh eile, do chruthú le Conradh Liospóin den séú post buan d'Abhcóide Ginearálta, curtha in áirithe don Pholainn, cinneadh an Pholainnis a ainmniú mar chúigiú teanga pivot ón 1 Deireadh Fómhair 2019. Ón dáta sin, d'áirithigh aonad na Polainnise casadh ar pivot don tSeicis, don Chróitis agus don tSlóvaicis. Tá dhá bhuntáiste ag baint leis sin:

- is féidir leis an Abhcóide Ginearálta Polannach, más mian leis, a thuairimí a scríobh ina theanga dhúchais gan moilleanna breise aistriúcháin a chruthú;
- bhí gach ceann de na haonaid teanga pivot eile scaoilte ón bhfreagracht teanga amháin a bhíodh le casadh ar pivot acu (aonad na Gearmáinise scaoilte ón bPolainnis; aonad an Bhéarla ón tSeicis, aonad na hIodáilise ón tSlóvaicis agus aonad na Spáinnise ón gCróitis).

Éilíodh leis an bhforbairt sin infheistíocht mhór san oiliúint, cinnte, toisc go raibh ar aonad na Polainnise foghlaim conas na teangacha go léir a bhí le casadh ar pivot aige uaidh sin amach a chumhdach, agus go raibh ar na haonaid go léir eile máistreacht a fháil ar an bPolainnis. Tháinig oiliúint teanga, mar chuid de sin turais teanga thar lear agus eagrú roinnt ceardlann ar an léiriú dlíthiúil agus seimineáir, in éineacht leis an bhforbairt sin.

Aistriúchán trí theanga pivot



Teanga an pivot sin

BG, ET, FI, NL	→	DE	} Teanga pivot
DA, LT, MT, SV, GA	→	EN	
EL, RO, SL	→	IT	
HU, LV, PT	→	ES	
CS, HR, SK	→	PL	

3.6.3 - Teanga “athsheachadán” agus teanga “retour” (ateangaireacht)

Le linn na héisteachta, craoltar an chuid dheireanach den tuairim a scríobhadh sa teanga a roghnaigh an tAbhcóide Ginearálta sa Fhraincis agus i dteanga an cháis, ach ní chraoltar an chuid oibríochtúil de na breithiúnais ach sa Fhraincis, rud a dhéanann na hateangairí. Is éard atá i gceist leis ná “léamh” níos mó ná ateangaireacht, ag glacadh leis go bhfuil ann do na doiciméid cheana sna leaganacha teanga lena mbaineann.

Nuair a thagann sé chuig na pléadálacha, áfach, mar a luadh níos luaithe, áirithítear ateangaireacht sa Fhraincis ag gach éisteacht agus sna teangacha eile de réir na riachtanas. Ag éisteacht, d’fhéadfadh gá a bheith ann d’ateangaireacht i gceann amháin de na 552 phéire teanga. Le 70 ateangaire, agus in ainneoin cabhair ó réimse mór saorateangairí, níl sé ciallmhar a bheith ag iarraidh gan ceann de na péirí teanga sin a chumhdach go díreach. Mar a rinneadh don aistriúchán, bhí gá ag an gCúirt í féin a eagrú, áfach, chun ateangaireacht a áirithiú i gcónaí, fiú sna péirí is annamha. Cuireadh dhá straitéis phríomhúla ar bun.


Is é an chéad cheann ná chun an ateangaireacht go dtí an sprioctheanga a thabhairt d’ateangaire atá i ndáiríre cainteoir den *bhunteanga*. I bprionsabal, oibríonn gach ateangaire go dtí a theanga dhúchais amháin. Tá máistreacht ag roinnt ateangairí, áfach, ar theanga ar leibhéal ar leith, sa chaoi go bhfuil siad in ann ateangaireacht a dhéanamh go dtí an teanga sin mar theanga ghníomhach, amhail is gurb í a theanga dúchais atá ann: mar shampla, ateangaire Seiceach ag déanamh ateangaireacht ón tSeicis go dtí an Béarla. Tugtar ateangaireacht “*retour*” air sin.

Is éard atá i gceist leis an dara ceann ná chun na bothanna a chur ag obair in “athsheachadán.” Tá ar ateangairí de bhothanna áirithe ateangaireacht a dhéanamh ní go díreach ó theanga an óráidí, ach ón ateangaireacht atá á déanamh ag comhghleacaí i mboth eile atá in ann ateangaireacht dhíreach a dhéanamh go dtí a theanga. Mar shampla, dá mba rud é go raibh ateangaire Iodáilise in ann ateangaireacht dhíreach a dhéanamh ón tSeicis, d’fhéadfadh bothanna eile éisteacht leis an ateangaireacht san Iodáilis chun ateangaireacht a dhéanamh arís go dtí a dteangacha.

Is féidir an dá straitéis sin, ateangaireacht “retour” agus ateangaireacht “athsheachadán” a chur le chéile. Chun fillleadh ar na samplaí a tugadh ansin, d’fhéadfaimis a shamhlú ateangaireacht á déanamh ar óráidí Seiceach, ar taobh amháin, ag comhthíreach trí ateangaireacht “retour” go dtí an Béarla, agus ar an taobh eile, ag ateangaire Iodáilise, agus na bothanna eile ag obair trí athsheachadán, de réir a gcumhdach teanga agus

infhaighteachta, bíodh sin ón ateangaireacht Iodáilise nó ón ateangaireacht “retour” sa Bhéarla. Ní féidir é sin a chur ar bun ag an nóiméad deireanach, tá eagrú docht níos luaithe riachtanach ag an am céanna chun na hainmniúcháin sna bothanna a dhéanamh go cúramach agus chun faire go bhfuil a fhios ag gach ateangaire cén ról go díreach a bheidh aige, lena n-áirítear athsheachadán a chur ar fáil ag bothanna eile ón ateangaireacht a dhéanfaidh sé.

Ateangaireacht dhíreach nó trí theanga athsheachadáin



Solúbthacht na hateangaireachta

le haghaidh na rannpháirtithe ag éisteacht

I gcóras ateangaireachta ilteangaí iomlán, is féidir na teangacha oifigiúla uile a labhairt agus áirithítear ateangaireacht go dtí na teangacha sin go léir: córas siméadrach atá ann mar sin, agus i gcás na 24 theanga oifigiúla, tá 552 phéire teanga san iomlán ag baint leis. Sa chleachtas, is annamh go bhfuil gá leis an gcumhdach teanga iomlán sin, toisc nach ach i gcás amháin an nós imeachta tuairime de réir bhrí Airteagal 218, mír 11 CFAE go gcuirtear ateangaireacht ar fáil go dtí gach teanga.

Is é a áirithíonn seirbhís na hateangaireachta sa chleachtas, ná córas “à la carte.” Cuireann gach Comhalta den chúirt agus gach páirtí iad féin in iúl sa teanga ar mhian leo agus déantar ateangaireacht go dtí teangacha na rannpháirtithe go léir eile san éisteacht. Is féidir an córas sin a athrú de réir fíor-riachtanas: tá fonn ar rannpháirtithe ar leith san éisteacht iad féin a chur in iúl i gcásanna áirithe ina dteangacha dúchais, ach glacann siad le bheith ag éisteacht leis an mbunleagan nó ateangaireacht i dteanga eile; nó i gcásanna eile, glacann siad le hiad féin a chur in iúl agus a bheith ag éisteacht i dteanga iasachta. Labhraímid mar sin, faoi chóras neamhshiméadrach. Le solúbthacht den sórt sin, is féidir laghdú a dhéanamh ar líon na dteangacha a bhfuil ateangaireacht ag teastáil ina leith.

Mar sin, le linn éisteachtaí, ní iarrann Comhaltaí na gcúirteanna i gcónaí an díospóid a leanúint agus iad féin a chur in iúl ina dteangacha dúchais, cé go bhfuil an ceart agus fíor-dheis acu sin a dhéanamh. Tá máistreacht ag na Breithimh agus Abhcóidí Ginearálta go léir ar roinnt teangacha, lena n-áirítear an Fhraincis, agus glacann siad le dul i muinín teangacha coiteanna nó teangacha a bhfuil tuiscint ag na Comhaltaí eile agus rannpháirtithe san éisteacht orthu, nó ag tromlach na ndaoine sin, más gá. Téann seirbhís na hateangaireachta i dteagmháil le gach Comhalta nua ó dhul i mbun a dhualgas dó chun a fháil amach cén teangacha gur féidir leis a úsáid, agus de réir cén socruithe agus cén cúinsí ina mbeadh sé sásta iad a úsáid. Ina dhiaidh sin, déanann an taonad Éisteachtaí agus achmhainní den tseirbhís ateangaireachta pleanáil chúramach ar shannadh na n-ateangairí ar éisteachtaí.

Os a choinne sin, tarlaíonn sé go lorgaíonn agus go bhfaigheann, ar bhonn eisceachtúil, páirtithe ar leith nó a n-ionadaithe cead chun pléadáil a dhéanamh i dteanga nach teanga an cháis. Ní cheadaítear sin ach i nósanna imeachta um réamhrialú.⁷⁵

75 | Féach míreanna 62 go 64 de na Treoracha cleachtais do pháirtithe maidir le cásanna os comhair na Cúirte (IO 2020 LI 42, Ich. 1).

3.6.4 - Coigilt a dhéanamh san aistriúchán

Tá costais shuntasacha ag baint le gníomhaíochtaí aistriúcháin agus ateangaireachta (*féach caibidil 5*). Ní gá measúnú beacht a dhéanamh ar an gcostas sin, áfach, chun bearta réasúnta a ghlacadh chun freastal ar an ilteangachas chun srian a chur ar an ualach airgeadais a chuireann sé ar bhuiséad an Aontais.

Ba é roghnú theanga na bpléití an chéad chomhréiteach réasúnta don Chúirt, ó 1952 ar aghaidh. Leis an rogha sin bhíodhas in ann aistriú na ndoiciméad nós imeachta, nach seirbheáiltear ar na Ballstáit, nach bhfoilsítear agus nach scaiptear ar shlí eile, seachas na hiarrataí ar réamhrialú, go dtí gach teanga oifigiúil a sheachaint. De bhun an chinnidh chéanna sin, ní gá ateangaireacht a áirithiú sna cruinnithe iomadúla idir foirmíochtaí na Cúirte, agus neartaítear leis sin rúndacht an phlé freisin. Mar pháirt den choigilt thábhachtach sin,⁷⁶ ní mór do gach Comhalta de na cúirteanna a bheith in ann obair scríofa agus ó bhéal a dhéanamh, sa teanga choiteann, ar a dtugtar teanga na bpléití.

Agus teangacha nua á gcur leis an liosta, go comhthreomhar le méadú líon agus chastacht na gcásanna, mhéadaigh líon na leathanach le haistriú. Bhrath an Institiúid go raibh gá agus thapaigh sí an deis chun ualach an aistriúcháin a laghdú gan dochar a dhéanamh do chearta na ndlíthithe ná, go bunúsach, d'infhaighteacht ilteangach a cásdlí.

Forbraíodh roinnt de na beartais choigilte sin ar shlí phragmatach, mar shampla, cleachtas na seirbhíse aistriúcháin gan codanna áirithe de na horduithe tarchuir a aistriú, cuireann sí "*Omissis*" nó aon tagairt eile choibhéiseach, ina n-áiteanna in éineacht le míniú gearr maidir le nádúr an téacs a fágadh amach, mar shampla, breithnithe ar leith, mar pháirt d'ordú tarchuir ach a dhéanann tagairt do cheisteanna maidir le hinghlacthacht sa dlí náisiúnta gan ceangail leis an iarraidh ar réamhrialú féin. Sin mar a bhí freisin maidir leis an rogha gan na hiarscríbhinní fada a ghabhann leis na pléadálacha a aistriú go córasach, ach amháin má tá fós gá le haistriúchán a dhéanamh orthu tar éis aistriúchán néarach a chur ar fáil agus dul i gcomhairle le dlítheangeolaí le máistreacht ar an mbunteanga. Leis an rogha chun aistriúchán a dhéanamh trí pivot (*féach mír 3.6.2*) sna péirí teanga éagsúla is féidir acmhainní a choigilt freisin i leith na hoiliúna agus líon na n-oifigeach. Tá na beartais choigilte eile de thoradh ar chinntí foirmiúla na hinstiúide, áfach, a ndearnadh machnamh cúramach orthu.

76| Sábháiltear leis na beartais choigilte sin thart ar 2,000,000 leathanach d'aistriúchán gach bliain.

Mar shampla, ó 1994, cinneadh gan na tuarascálacha do na héisteachtaí a fhoilsiú a thuilleadh i *dTuiriscí na Cúirte Breithiúnais*, ionas go bhféadfaí iad a aistriú go dtí teanga an cháis amháin d'fhonn iad a sheirbheáil ar na páirtithe. Cuireadh síos go leordhóthanach ar chomhthéacs agus argóintí na bpáirtithe leis na cinntí iad féin, gan gá a bheith ann le foilsiú iomlán a dhéanamh orthu trí thuarascálacha éisteachta.

Cuireadh beartais choigilte misniúla eile i bhfeidhm de réir a chéile ó 2004, le tacaíocht ó na cúirteanna. Bhíothas in ann riachtanais aistriúcháin na hInstitiúide a theorannú agus a chobhsú le linn roinnt blianta mar thoradh ar ghlacadh na Cúirte le beartais dhifriúla eagrúcháin le tionchar díreach ar na riachtanais sin.

Ar dtús, bhí tabhairt isteach, in 2004 le haghaidh na Cúirte Breithiúnais agus 2005 le haghaidh na Cúirte Ginearálta, an fhoilsithe roghnaigh. Bhíodh iallach ó shin ar aghaidh, ní cinntí go léir na gcúirteanna, gan eisceacht, ach amháin na cinntí a bhíodh údar iomlán leo de bharr a raon feidhme dhlíthiúil, a fhoilsiú i *dTuiriscí na Cúirte Breithiúnais*, agus dá bharr a aistriú go dtí na teangacha uile. Leathnaíodh agus neartaíodh an cleachtas sin in 2011, ag an am céanna a tógadh isteach an fhéidearthacht chun cinntí áirithe den Chúirt Ghinearálta a fhoilsiú i sleachta. Faoi láthair, tá sé de chleachtas ag an gCúirt Bhreithiúnais gan cinntí na nDlísheomraí de thúir nó de chúigear breithiúna atá ag rialú ar chaingne díreacha nó achomhairc a fhoilsiú, seachas dá mba rud é gur tháinig tuairim roimh na cinntí sin. Sa Chúirt Ghinearálta, seachas cinneadh i gcoinne sin ag foirmíocht na cúirte, foilsítear cinntí an Mhór-Dhlísheomra agus na nDlísheomraí de chúigear breithiúna i *dTuiriscí na Cúirte Breithiúnais*. Déanann foirmíocht na Cúirte cinneadh de réir an cháis maidir le foilsiú bhreithiúnais na nDlísheomraí de thriúr breithiúna. Maidir le breithiúnais na Cúirte Ginearálta agus í ag rialú i bhfoirmíocht de bhreitheamh amháin agus orduithe de chineál breithiúnach, ní fhoilsítear i *dTuiriscí na Cúirte Breithiúnais* iad, seachas mura gcinntear a mhalairt. Rinneadh coigilt aistriúcháin de bhreis agus 494,000 leathanach in 2021 agus 375,000 leathanach in 2022, mar thoradh ar fhoilsiú roghnach na gcinntí.

Arís in 2004, rinneadh leasú ar Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais d'fhonn a cheadú achoimre a dhéanamh ar orduithe tarchuir a bhí an-fhada.⁷⁷

77 | Airteagal 98(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais. Sa chleachtas, déanann an tseirbhís aistriúcháin iarracht, chomh fada is gur féidir, achoimrí a dhéanamh ar iarrataí ar réamhrialú atá 15 leathanach d'fhad nó níos mó.

Leis an gcleachtas thuasluaite de *Omissis*, sábháladh breis agus 153,000 leathanach d'aistriúchán in 2022 le scríobh na n-achoirní.

In 2011, tógadh beartais choigilte aistriúcháin an-tábhachtach. Luadh leathnú an fhoilsithe roghnaigh agus foilsíú trí shleachta cheana. Chinn an Institiúid go comhthreomhar, áfach, fad thuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a theorannú, trí iarracht a dhéanamh a bhfad meánach a laghdú go 40 leathanach, seachas sna cásanna go raibh na tuairimí á dtabhairt i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc. Toisc go n-aistrítear na tuairimí go dtí gach teanga oifigiúil, bhíodhas in ann ualach an aistriúcháin a laghdú go suntasach leis an mbeartas breise sin.

Stop an Chúirt Bhreithiúnais de bheith ag scríobh tuarascálacha do na héisteachtaí nuair a leasaíodh a Rialacha Nós Imeachta in 2012, agus chinn an Chúirt Ghinearálta fad a cinn a laghdú, agus leis sin rinneadh laghdú de bhreis agus 10,000 leathanach ar líon na leathanach a bhí le haistriú in 2021.

Leag na cúirteanna síos sna treoracha cleachtais do na páirtithe srianta i bprionsabal maidir le fad na bpléadálacha freisin. Mar shampla, sa chéim i scríbhinn den nós imeachta sna tarchuir chun réamhrialú, tá na barúlacha i scríbhinn teoranta de ghnáth d'fhad 20 leathanach. Maidir le hidiragairt sna caingne díreacha agus achomhairc, ní mór do na ráitis idiragartha a bheith níos gonta ná pléadálacha an pháirtí a bhfuil siad ag tacú leis agus ní féidir leo a bheith níos faide ná deich leathanach.⁷⁸ Tá uas-fhad leagtha síos freisin ag an gCúirt Ghinearálta de réir chineál na pléadála agus an nós imeachta lena mbaineann.⁷⁹

Cuireadh beartais choigilte eile i bhfeidhm diaidh ar ndiaidh. Ceadaíodh leis an sásra lena gcinntear ar cheart ligean d'achomharc dul chun cinn, arna chur ar bun in 2019, próiseáil 39 n-achomharc a sheachaint in 2022. Cé go n-aistrítear an iarraidh ar dhul chun cinn agus an t-ordú ina dtugtar rialú maidir leis sin, faoi seach, go dtí an Fhraincis agus go teanga an cháis, measadh go ndearnadh coigilteas glan de bhreis agus 22,000 leathanach toisc nár aistríodh na doiciméid nós imeachta agus na cinntí i gcás gur diúltaíodh don achomharc. Thairis sin, neartaigh oifig Uachtarán na Cúirte, a Chláraitheoir, DRD agus

78| Treoracha cleachtais do na páirtithe maidir le cásanna os comhair na Cúirte (IO 2020 L 42, Ich. 1).

79| Pointe 105 de na Rialacha cleachtais chun Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ghinearálta a chur i bhfeidhm an 20 Bealtaine 2015 (IO 2015 L 152, Ich. 1) arna leasú an 13 Iúil 2016 (IO 2016 L 217, Ich. 78) agus an 17 Deireadh Fómhair 2018 (IO 2018 L 294, Ich. 23 ceartúchán IO 2018 L 296, Ich. 40).

DGM a gcomhar d'fhonn iarrataí ar réamhrialú a d'fhéadfaí clabhsúr a chur leo go tapaigh le hordú réasúnaithe de réir bhrí Airteagal 53(2) de na Rialacha Nós Imeachta (do-ghlactha go follasach) nó Airteagal 99 (ceist chomhionann nó freagra gur féidir a bhaint go soiléir as an gcásdlí) de na Rialacha sin a aithint go gasta, rud a sheachnaíonn an t-aistriú go dtí teangacha nach an Fhraincis iad. Cuireann an comhar feabhsaithe sin leis an dea-riarachán agus le smacht a fháil ar ualach oibre DGM, cé go bhfuil sé deacair figiúr beacht a chur ar an gcoigilteas.

Ní bheadh an t-eolas sin iomlán gan tagairt a dhéanamh do na beartais choigilte thábhachtacha a d'eascair as cur i bhfeidhm modhanna oibre nua-aimseartha agus éifeachtacha (*féach mír 4.3*), amhail an oiliúint agus an téarmaíocht, lena ligtear don dlítheangeolaí teacht níos tapa ar na conclúidí cearta, an seachfhoinsiú, lena gcuirtear aistriúcháin ar fáil ar phraghas maith cé go bhfuil gá athbhreithniú a dhéanamh orthu go fóill, nó teicneolaíocht na faisnéise, agus go háirithe na huirlisí tacaíochta don aistriúchán, lena sábháiltear roinnt mhaith ama.

Is bearta iad sin, a ghlac na Cúirteanna i gcomhthéacs buiséadach deacair, a bhí tionchair ag laghdú ar acmhainní inmheánacha na seirbhísí teanga agus an tseirbhís aistriúcháin go háirithe air,⁸⁰ atá ríthábhachtach chun na trí phríomhchuspóir de stiúrtóireachtaí an aistriúcháin dhlíthiúil a chur i gcrích: dul in éineacht leis na nósanna imeachta gan iad a mhoilliú, scaipeadh agus foilsiú tapa an chásdlí a áirithiú, agus ardchaighdeán na hoibre a chinntiú.

3.6.5 - Tionchar an ilteangachais ar fhad na n-imeachtaí

Cloistear uaireanta go bhfuil tionchar mór ag próiseas an aistriúcháin ar fhad na n-imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. An fíor sin? Dearbhú sochreidte atá ann ar an gcéad amharc, toisc go bhfuil an chuma air gur dúshlán mór é na leaganacha teanga go léir atá de dhíth a chur ar fáil. Ní sheasann sé an fód in aghaidh na hanailíse áfach. Chun an t-am a chuireann próiseas an aistriúcháin leis na nósanna imeachta a ríomhadh, ní mór ar dtús, an t-am a thugtar suas do na céimeanna riachtanacha den nós imeachta a tharlaíonn go comhthreomhar leis an aistriúchán a bhaint.

80 | Idir 2012 agus 2021, gan aird a thabhairt ar phoist aonad na Cróitise ná aonad na Gaeilge a bhí an teanga á nua-chumhdach, chaill an tseirbhís aistriúcháin 71 bpost bhuiséadacha agus an tseirbhís ateangaireachta 4 cinn. Tá an t-ualach oibre, áfach, nach bhfuil máistreacht ag an institiúid air, á mhéadú go leanúnach.

Céim i scríbhinn den nós imeachta

Chomh luath agus a thaisctear doiciméad lena dtionscnaítear imeachtaí os comhair ceann den dá chúirt i gcaingean dhíreach nó achomhairc, cuirtear tús le próiseas an aistriúcháin. Déanfar an t-iaratas nó an t-achomharc a sheirbheáil ar na páirtithe ag an am céanna a chuirtear ar aghaidh chuig seirbhís an aistriúcháin é, cuireann an tseirbheáil tús leis an teorainn ama nós imeachta chun an chosaint nó freagairt a thaisceadh; agus ansin, más iomchuí, beidh feidhm ag spriocanna nua nuair a thaisctear freagraí agus athfhreagraí. Le linn an ama sin, bogann próiseas an aistriúcháin ar aghaidh go sciobtha. Tá tionchar teoranta mar sin ag aistriúchán na ndoiciméad nós imeachta ar an am nós imeachta, le haghaidh caingne díreacha agus achomharc, ón am a théann thart idir taisceadh na pléadála deireanaí, a chuirfidh clabhsúr leis an gcéim i scríbhinn den nós imeachta, agus an t-aistriúchán a chur ar fáil sa Fhraincis, toisc gurb ón nóiméad sin atá an comhad iomlán ag an mBreitheamh is Rapóirtéir ar a bhfuil sé in ann obair le híomhá iomlán d'argóintí scríofa na bpáirtithe. Maíonn roinnt daoine, agus an ceart acu, gur féidir obair cheana féin ar chás sula bhfuil an phléadáil dheireanach ar fáil i dteanga na bpléití,⁸¹ ach ní sna dálaí is fearr.

Is amhlaidh atá cúrsaí in imeachtaí réamhrialuithe, seachas gur gá an iarraidh ar réamhrialú a sheirbheáil ní hamháin ar na páirtithe, ach freisin ar na Ballstáit, agus sin ina dteangacha (sprioc don aistriúchán de ghnáth 20 lá oibre), agus ní chuirtear tús leis na teorannacha ama chun na barúlacha i scríbhinn a chur ar fáil mar sin, ar ndóigh, ach ó dháta na seirbheála sin. Cuireann an t-am sin, sna tarchuir chun réamhrialú amháin, le ham aistriúcháin na pléadála deireanaí.

81 | Tabharfadh an réamh-chur ar fáil d'aistriúchán uathoibríoch néarach deis chun tuiscint níos fearr a fháil ar chastacht an cháis, roinnt taighde a thosú, agus fiú bearta a ghlacadh chun an nós imeachta a eagrú ar nós an cinneadh chun é a theorannú do mhalartú amháin pléadálacha.

Céim ó bhéal den nós imeachta

Ní mór an méid ama seo a leanas a chur leis an am a chaitear ar bhainistiú an ilteangachais sa chéim i scríbhinn den nós imeachta:

- le haghaidh na Cúirte Ginearálta, an t-am chun aistriúchán go dtí teanga an cháis a dhéanamh ar an tuarascáil don éisteacht, a scríobhtar i dteanga na bpléití (ní chruthaíonn an Chúirt Bhreithiúnais tuarascálacha do na héisteachtaí a thuilleadh). Ní mór a aithint freisin nach mbeidh an t-am a thógann sé chun tuarascáil don éisteacht a aistriú mar an t-aon fhachtóir i leith dáta a shocrú don éisteacht, toisc go bhfuil gá a chur san áireamh, ní hamháin am ullmhúcháin réasúnta do na páirtithe tar éis sheirbheáil na tuarascála, ach freisin, mar shampla, infhaighteacht seomraí éisteachta agus socruithe ateangaireachta. Suas go dtí an lá inniu, bhíothas i gcónaí in ann ateangaireacht a chur ar fáil d'éisteachtaí beartaithe, fiú dá mba rud é go raibh gá dul i muinín ateangairí seachtracha, gan aon éisteacht a chur ar ceal riamh de bharr easpa ateangaireachta.
- Le haghaidh chásanna na Cúirte Breithiúnais a ngabhann tuairim leo, an t-am chun tuairimí na nAbhcóidí Ginearálta a aistriú go dtí teanga na bpléití nuair nach scríobhtar sa teanga sin iad.


Maidir leis an éisteacht féin, toisc go bhfuil an ateangaireacht chomhuaineach ann, níl tionchar ar bith aici ar fhad an nós imeachta.

Céim an phlé

Ar deireadh, ní mór an t-am a thógann sé chun an cinneadh féin a aistriú go teanga an cháis a chur san áireamh. Tosaítear ar an aistriúchán, áfach, sula dtugtar an dréachtchinneadh, a scríobhtar sa Fhraincis, chun críche: ar shlite difriúla os comhair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta, déanann an chill de léitheoirí breithiúnas idirghabháil maidir leis na dréachtchinní agus áirithíonn siad, ar thaobh amháin, athléamh an dréachta ag dlíodóirí leis an bhFraincis a dhéanann iarracht é a fheabhsú (agus a chaighdeánú) i leith na stíle teanga agus dlíthiúla agus, ar an taobh eile, an phrofléitheoireacht de na dréachtchinní sin. Ní mór, go loighciúil, an t-am a théann thart go heisiach de bharr phróiseas an aistriúcháin a bhaint ón am a thógann sé chun an “bunleagan” a thabhairt chun críche. Tarlaíonn sé uaireanta fiú, go gcríochnaítear na hoibríochtaí sin tar éis an sprioc chun an t-aistriúchán a chur ar fáil, agus cuirtear síneadh meicniúil le sprioc an aistriúcháin dá bharr.

Cuirtear in iúl leis an mionanailís a rinne an dá chlárann maidir leis na tascanna agus próisis uile a dhéantar i ndáil le breithiúnas a thabhairt nó ordú a shíniú gurb ionann an t-am a thógtar suas le próiseas an aistriúcháin amháin agus 13.6 % d'fhad iomlán na nósanna imeachta in 2022.⁸²

Cion an aistriúcháin i bhfad na n-imeachtaí



Mar sin, is é sin fíor-thionchar ama an ilteangachais sna himeachtaí os comhair an dá chúirt den Aontas. Tá sé i bhfad ó fhiigiúirí ar leith nach bhfuil údar leo a chaitear timpeall sa phreas nó ag lucht ceaptha beartas.

82| 9.4 % sa Chúirt Bhreithiúnais. Sa Chúirt Ghinearálta d'ardaigh an fhiigiúir sin ó 14.1 % in 2021 go 18.9 % in 2022 ós rud é gur réitíodh níos mó cásanna gan éisteacht a reáchtáil, agus mar sin laghdaíodh fad iomlán na n-imeachtaí.

4. - Aistriú agus ateangaireacht: straitéisí, modhanna agus uirlisí

Leanann na dlítheangeolaithe agus na hateangairí ar aghaidh de chur ar fáil, go bunúsach, na seirbhísí céanna a chuir siad ar fáil i gcónaí: an t-aistriúchán dlíthiúil agus an ateangaireacht. Cinnte, áirithíonn siad sa lá atá inniu ann tascanna éagsúla eile, ó achoimrí a dhéanamh ar iarrataí ar réamhrialú go dtí an oiliúint agus ionadaíocht a dhéanamh ar an tseirbhís. Fanann croílár a gcuid oibre mar an gcéanna, áfach.

Chun cur i gcrích na misean lárnach sin a áirithiú ar ardchaighdeán, téann dlítheangeolaithe agus ateangairí i muinín modhanna agus straitéisí sonracha, is é sin le rá, bainistiú réasúnach, go pearsanta, agus ag an am céanna, le chéile, ar na dúshlán atá sonrach don ilteangachas sa Chúirt.

Anuas air sin, faigheann siad cabhair i gcónaí ó na huirlisí teicneolaíochta faisnéise a bhfuil gá máistreacht a fháil orthu chun tairbhe a bhaint astu gan cáilíocht a chailleadh, go háirithe i leith an chruinnis agus na hiontaofachta.

4.1 - An t-aistriúchán dlíthiúil

Tá na dlítheangeolaithe ag croílár ghníomhaíocht an aistriúcháin. Cuireann siad tascanna casta, teicniúla, atá faoi réir spriocanna éigeantacha, ach atá freisin faoi réir eachtraí teagmhasacha go rialta, i gcrích. Tá an méid a dhéanann siad mar nasc i slabhra dea-táirgthe, toradh bainistithe chomhchoitianta agus phearsanta ar thascanna aistriúcháin a ligeann dó aghaidh a thabhairt ar an dúshlán laethúil seo: ardchaighdeán oibre agus cur ar fáil laistigh de spriocanna a chur le chéile.

Le gach tasc aistriúcháin tá gníomhaíocht éifeachtachta chomhfhreagrach leis i ndairíre, nach féidir a scaradh ón réamhobair eagrúcháin agus theicniúil a áirithíonn na haonaid thrasnacha agus an ardbhainistíocht.

Tá an réamhobair eagrúcháin mar pháirt d'oirbheartaíocht lena n-éilítear, ar leibhéal an aonaid teanga lena mbaineann, mionbhainistiú maidir leis an gcumas agus na riachtanais, lena lorgaítear eadráin bhainistíochta atá iad féin mar chuid de straitéis bhainistíochta acmhainní agus cáilíochta a glacadh leis ar leibhéal na hArd-Stiúrthóireachta.

Mar sin, sula ndéantar aistriúchán a shannadh ar dhlítheangeolaí, déanann ceann aonaid gach aonaid nó a thoscaire roghanna, ar bhonn na sonraí atá ar fáil agus a thagann ó na clárlanna agus oifigí na gComhaltaí, mar a chuireann na haonaid thrasnacha

agus go háirithe an phleanáil lárnach ar fáil iad (Aonad na Pleanála agus aistriúcháin sheachtraigh), a uaslódálann na heilimintí sin go léir chuig an mbunachar sonraí lena leantar sreabhadh na n-aistriúcháin.

Ar dtús, ón nóiméad a fhaightear doiciméad, cuirtear an cheist maidir lena sprioc don aistriúcháin. Déantar na doiciméid le sprioc phráinneach a shannadh ar dhlítheangeolaí láithreach bonn, nó mura bhfuil siad rúnda, ar shaoraistritheoir. Tarlaíonn sé nach féidir roinnt téacsanna a shannadh láithreach bonn de bharr teorainneacha ó thaobh an chumais de, go ginearálta le haghaidh na *bunteanga* lena mbaineann. Cuirtear na téacsanna sin i scuaine agus déantar próiseáil orthu chomh luath agus is féidir. Braitheann rogha na dtéacsanna le cur ar feitheamh i gcúinsí mar sin ar a dtábhacht. Mar shampla, tabharfar tosaíocht i gcónaí do bhreithiúnais agus tuairimí i gcásanna a bhfuil teanga an cháis mar theanga an aonaid teanga lena mbaineann. Ina dhiaidh sin, tagann na cásanna a shanntar ar fhoirmíochtaí na Cúirte is mó, ag tosú le Mór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais, agus na cásanna atá tábhacht ar leith acu le haghaidh Ballstáit den teanga lena mbaineann, a eascraíonn ó, mar shampla, idiragairt nó taisceadh barúlacha nó fiú clúdach sna meáin náisiúnta.

Ag an am céanna, ardaítear ceist eile: an cheist maidir le cad iad na hacmhainní aistriúcháin atá le cur ar fáil don doiciméad. Baineann sin ar dtús le rogha an aistritheora: dlítheangeolaí le han-chuid taithí, dlítheangeolaí nó saoraistritheoir le speisialtóireacht sa réimse, dlítheangeolaí faoi oiliúint, etc. Cuireann gach aonad neamhspleáchas na ndlítheangeolaithe agus saoraistritheoirí chun cinn, cinnte. Beidh rialú cáilíochta de dhíth go minic, áfach, le haghaidh na ndoiciméad is tábhachtaí, deacra nó íogaire, go háirithe nuair is teanga an cháis lena mbaineann teanga an aonaid teanga. Den chuid is mó, beidh an rialú sin i bhfoirm athbhreithnithe nó athléimh ag comhghleacaí, fiú ag an gceann aonaid féin, lena gcoinnítear leibhéal na cáilíochta ginearálta de gach dlítheangeolaí agus den aonad ina iomláine. Ní féidir leis an gceann aonaid gach rud a athléamh, cinnte: is bainisteoir é ar dtús, ach bainisteoir atá freagrach as an gcáilíocht ghinearálta agus as measúnú a dhéanamh ar gach comhghleacaí.

Ar an dara dul síos, ar leibhéal an dlítheangeolaí, ceardaí na céime lárnaí den phróiseas, a thugtar tasc aistriúcháin dó, baineann an straitéis le heagrú na hoibre pearsanta de réir na n-iarratas agus a chumais oibre. Bainistíonn gach dlítheangeolaí réimse aistriúcháin ag tabhairt aire chun urraim a léiriú do na spriocanna go léir, fiú na cinn gan choinne. Bíonn orthu athchóiriú a dhéanamh go leanúnach ar a dtosaíochtaí pearsanta de réir dheacracht gach téacs, a theanga, a fhad, an t-am a d'fhéadfaí caitheamh ar an tasc agus na spriocanna. Thairis sin, d'fhéadfadh téacsanna breise a bheith curtha le réimse oibre

an dlítheangeolaí ag aon am, a mbeidh iallach air iad a chur san áireamh ina bhainistiú pearsanta. Más féidir cothromaíocht éigin a fháil maidir le sannadh na dtéacsanna fada ar dhlítheangeolaithe (tuairimí, breithiúnais, barúlacha etc.) leis an gcomhbhainistiú ar leibhéal an aonaid, ní féidir leis iad a chosaint ó na heachtraí teagmhasacha lena n-éilítear athchoigeartuithe den sórt sin.

Is iad seo a leanas príomhchúiseanna le hathchoigeartú bhainistiú pearsanta na ndlítheangeolaithe :

- iarrataí ar réamhrialú le próiseáil, achoimre a dhéanamh orthu nó iad a aistriú ó theanga eile. Uaireanta gabhann iarraidh ar an nós imeachta brostaithe nó an nós imeachta práinne um réamhrialú a chur i bhfeidhm leis na hiarrataí sin;
- doiciméid phráinneacha éagsúla: orduithe, ceisteanna ar na páirtithe agus freagraí, doiciméid phráinneacha riaracháin, etc.;
- leasuithe ar théacsanna a dhéanann an t-údar le linn an aistriúcháin. Is cuid de ghnáthamh an aistriúcháin na leasuithe sin agus iad mar thoradh go háirithe ar cheisteanna nó tráchttaireacht na ndlítheangeolaithe, ach de bharr a líon agus méid bíonn gá uaireanta le coigeruithe móra atá go minic práinneach;
- tuiscint, le linn aistriúcháin a dhéanamh ar théacs, go bhfuil leibhéal castachta níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leis;
- comhghleacaí atá breoite nó nach bhfuil ar fáil a thuilleadh, a bhfuil gá mar sin tascanna áirithe a athshannadh;
- neamhchinnteacht maidir le méid na dtascanna eile ar na bacáin. Tarlaíonn sé go mbíonn i bhfad níos mó leathanach i mbreithiúnas ná mar a dearbhaíodh nó go mbíonn gá é a thabhairt ag an am céanna le breithiúnas eile nach dtugadh an sprioc chéanna dó ar dtús agus go n-éiríonn sé práinneach é a chur ar fáil go tobann. Tarlaíonn sé freisin, mar shampla, go n-iarrtar ar an tseirbhís aistriúcháin an sprioc chéanna a chomhlíonadh, chomh fada is gur féidir, le haghaidh na bhfreagraí go léir ar na ceisteanna a chuirtear le linn cáis, gan beann ar theanga na bhfreagraí sin nó sula mbíonn a fhios ag aon duine cé mhéad dóibh a bheidh ann agus cé chomh fada agus a bheidh siad.

Tá borradh ar leith de thascanna gan choinne go hiomlán gnách agus eascraíonn sé as bainistíocht fhónta agus fhrithghníomhach ar leibhéal na hinstiúití. Tuigeann an

institiúid, áfach, gur chóir tascanna gan choinne a sheachaint chomh fada agus is féidir, toisc go gcuireann siad isteach ar tháirgiúlacht na ndlítheangeolaithe. Cuireann siad iallach orthu a n-aird a tharraingt den chomhad aistriúcháin ar a bhfuil siad ag obair agus na fuinneoga oibre go léir a dhúnadh chun aghaidh a thabhairt ar an doiciméad práinneach. Níl sé go dtí go bhfuil an phráinn curtha de go bhfuil an dlítheangeolaí in ann an comhad a cuireadh ar leataobh agus na comhaid dhoiciméadacha go léir a athoscailt, eolas a fháil orthu arís agus é féin a dhíriú arís. De bharr na ndoiciméad práinneach bíonn gá uaireanta síneadh a chur le sraith spriocanna nach bhfuil chomh práinneach ar mhaithe leis na doiciméid níos práinní, go háirithe in aonad na Fraincise, a dhéileáilann go háirithe le doiciméid phráinneacha.

4.1.1 - An dlítheangeolaí ag tabhairt aghaidh ar an aistriúchán

Sula dtosaítear ar an aistriúchán *stricto sensu*, tá sé riachtanach don dlítheangeolaí na doiciméid tagartha uile atá ábhartha a aithint agus teacht orthu. Ní aistriúchán saor atá i gceist leis an aistriúchán dlíthiúil, go háirithe sa Chúirt: ní mór na gníomhartha rialála, an cásdlí nó na doiciméid nós imeachta a luaitear go díreach nó go hindíreach a athchruthú go dílis. Sin mar atá freisin i leith na téarmaíochta a úsáidtear: ní mór, le rogha na téarmaíochta, urraim a léiriú don bhuntéacs agus na haistriúcháin a rinneadh roimhe ar na téarmaí sin ag an am céanna, ach freisin cuardach a dhéanamh sna bunachair sonraí agus téarmaíochta a chruthaigh glúnta d'aistritheoirí agus dlítheangeolaithe thar na blianta.

Is iad seo a leanas na doiciméid tagartha phríomhúla:

- doiciméid nós imeachta a thaisctear sa chás céanna nó i gcás uamtha nó gaolmhar;
- gníomhartha rialála dlí an Aontais a luaitear sa chás nó atá ábhartha ar shlí eile;
- cásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta a luaitear sa chás nó atá ábhartha ar shlí eile;
- gníomhartha reachtacha nó rialála náisiúnta ábhartha agus cásdlí náisiúnta ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann (bíonn ann do na gníomhartha sin sa teanga náisiúnta, ach uaireanta i dteangacha eile freisin);

- coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann;
- an téarmaíocht ábhartha.

Agus na doiciméid tagartha faighte ag an dlítheangeolaí, níl fágtha dó ach tairbhe a bhaint astu. Is éard a bhíonn i gceist leis sin ná staidéar a dhéanamh ar chodanna ábhartha na ndoiciméad a bailíodh, d'fhonn tuiscint mhaith a fháil ar chomhthéacs dlíthiúil an cháis agus an foclóir tagartha a aithint.



Faoi láthair, éascaítear go mór na hoibríochtaí sin le cnuasach uirlisí teicneolaíochta faisnéise agus modheolaíochta, go háirithe i leith an doiciméadaithe agus na téarmaíochta.

Tabharfar aghaidh ar na huirlisí a bhaineann leis an aistriúchán amháin i gcomhthéacs an aistriúcháin dhlíthiúil féin; tabharfar aghaidh ar an téarmaíocht freisin i ndiaidh sin, ach sa chomhthéacs coiteann idir an t-aistriúchán dlíthiúil agus an ateangaireacht, a bhfuil an dá cheann ag brath ar théarmaíocht éifeachtach (*féach mír 4.3*).

15 riail óir an dlítheangeolaí agus

é ag tabhairt aghaidh ar an aistriúchán

1. Ná déan dearmad go bhfuil tú ag déanamh obair bhreithiúnach.
2. Glac gach beart riachtanach chun an rúndacht a chaomhnú.
3. Féach ar gach aistriúchán mar thionscadal (pearsanta agus comhchoitianta) lena n-éilítear roimh aon rud eile eagrú maith pearsanta.
4. Roghnaigh straitéis aistriúcháin de réir chineál an doiciméid agus spriocléitheoir an aistriúcháin.
5. Cuir an téacs ina chomhthéacs:
 - réimse dlí/dlíchóra(i)s lena mbaineann,
 - téacsanna a aistríodh cheana (cásanna cosúla nó gaolmhara),
 - doiciméid an cháis féin.
6. An téacs a thuiscint sula dtosaítear ar an aistriúchán, in ainneoin na mbréagchairde dlíthiúla agus teanga, agus sainiúlacht na ndlíchóras a luaitear á cur san áireamh.
7. Déan an taighde agus téigh i dteagmháil leis na daoine cuí.
8. Bíodh eolach faoi agus bain úsáid as na huirlisí tacaíochta don aistriúchán.
9. Léirigh urraim ar gach ar aistríodh cheana féin: reachtaíocht, cásdlí, téarmaíocht agus frásaíocht.
10. Bí in ann do roghanna téarmaíochta a chosaint.
11. Áirithigh an comhleanúnachas téarmaíochta agus teanga tríd síos san aistriúchán.
12. Luaigh aon deacrachtaí láithreach bonn, na fan go dtí deireadh an aistriúcháin.
13. Coinbhinsiúin foirmiúla an aonaid a chur i bhfeidhm.
14. Athléigh an t-aistriúchán críochnaithe i gcónaí, go criticiúil, ó thaobh na loighce agus na céille de.
15. Déan na spriocanna a chomhlíonadh.





4.1.2 - Sainiúlacht an aistriúcháin dhlíthiúil sa Chúirt

Is iad dúshláin an aistriúcháin dhlíthiúil ar dtús na dúshláin a bhaineann leis an aistriúchán go ginearálta. Roimh aon ní eile, ní mór don dlítheangeolaí an téacs a thuiscint, a réasúnaíocht dhlíthiúil, a théarmaí agus a chomhréir. Éilítear le nádúr dlíthiúil an aistriúcháin freisin, áfach, go ndéanfaidh an dlítheangeolaí comparáid idir na dlíthe a luaitear. Is iomchuí na coincheapa lena mbaineann agus na bréagchairde a aithint, an difríocht idir na coincheapa lena dtréithrítear roinnt dlíchóras a mheas agus roghanna téarmaíochta a dhéanamh agus aistriúcháin a rinneadh roimh ré á chur go háirithe san áireamh.

Baineann na príomhdheacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dlítheangeolaí lena n-eolas ar an mbun-dlíchóras (i dteanna na bunteanga), le soiléireacht agus caighdeán scríofa an doiciméid atá le haistriú agus lena fhad i leith an sprioc. Beidh constaicí ann freisin maidir le débhrí na teanga, an t-ilchiallachas, an comhchiallachas, téarmaí neamhghnácha nó an téarmaíocht nuálach.

Cuireann comhthéacs an aistriúcháin dhlíthiúil an dlítheangeolaí faoi réir roinnt srianta. Tá baint ag na téacsanna a bhfuil air aistriú le léirmhíniú gníomhartha rialála nó cásdlí atá ann. Sa théacs atá le haistriú, déanfar lua díreach, idir comharthaí athfhriotail, nó indíreach, is é sin le rá trí shleachta a lua nach bhfuil idir comharthaí athfhriotail, nó ar shlí scaipthe trí fhrásaíocht agus téarmaíocht ar leith a úsáid a thagann ó na gníomhartha lena mbaineann. Más ann do leagan de na gníomhartha sin sa sprioctheanga, ní mór don dlítheangeolaí a bheith an-dílís dá n-ábhar. Ní imeoidh sé uaidh ach ar chúiseanna maithe, ar a mbeidh sé in ann doiciméadú a dhéanamh agus, i gcásanna áirithe, cuirfidh sé ar fáil don léitheoir, le haghaidh gníomhartha a foilsíodh, leagan malartach trí shliocht díreach a chur isteach idir lúibíní cearnógacha,⁸³ nó le haghaidh pléadálacha atá le haistriú i dteanga na bpléití, trí fhonóta mínithe a chur isteach don Abhcóide Ginearálta agus d'fhoirmíocht na Cúirte. Tabharfaidh sé aird ar an bhfrásaíocht agus téarmaíocht a úsáidtear ina aonad teanga agus sa Chúirt go ginearálta, a mbeidh don fhormhór comhréireach le frásaíocht agus téarmaíocht na ngníomhartha rialála. Dá mba rud é nach é sin an cas, beidh air eadráin a dhéanamh eatarthu.

83| Bíonn gá leis sin nuair nach bhfuil leagan theanga an ghnímh a luaitear de chaighdeán chomh ard, nó go bhfuil sé fiú mícheart.

Níos nithiúla agus uilíche agus atá ábhar an aistriúcháin, is féidir a bheith ag coinne le níos mó comhionannas docht idir teanga amháin agus ceann eile. Níos teibí agus ceangailte le cultúr áirithe agus atá an coincheap, cuirfear an cheist maidir le comhionannas níos mó, agus d'fhéadfadh nach mbeadh comhionannas ar bith ann. Mar sin, fanann an mhangainéis mar mhangainéis. Má tá focal ann chun í a chur in iúl sa teanga eile, beidh comhionannas foirfe ann agus beidh an tionchar céanna ar an gcoincheap ag aon fhionnachtain maidir leis an mangainéis i ngach teanga. A mhalairt air sin, cumhdaítear leis an bpósadh coincheap atá ceangal bunúsach aige leis an gcultúr agus cuirtear réaltacht an-difriúil in iúl leis an téarma i dteangacha éagsúla, sa chaoi nach féidir leis an gcomhionannas ach a bheith neasach, cé go dtuigeann gach duine an coincheap, mar smaoineamh Platónach de shaghas éigin.

Tá an t-aistriúchán dlíthiúil nasctha go docht leis an gcultúr, áfach, toisc go bhfuil buncheangal ag an dlí leis an gcultúr agus eascraíonn an feiniméan cultúrtha as an dlí fiú, atá mar pháirt den chultúr sin. Bíonn dúshláin an-ghéar ag baint leis dá bharr. Níl deacrachtaí maidir leis an téarmaíocht (agus an tséimeantaic) ach mar pháirt dóibh, ach tá siad suntasach.

4.1.3 - Machnamh ar an téarmaíocht i gcomhthéacs dlíthiúil

Tá an fíor-easnaimh comhionannais agus forluí coincheapa a bunaíodh i ndlíchórais dhifriúla fite fuaite sa téarmaíocht dhlíthiúil.

Idir dhá theanga ar leith, d'fhéadfadh téarmaí le cuma chosúil orthu coincheapa cóngaracha, ach difriúil, a chur in iúl, agus d'fhéadfadh sin mearbhall ar leith a chruthú. Ní mór a chur as an áireamh mar sin muinín a bheith agat i bhfoirm teanga na dtéarmaí amháin. D'fhéadfadh comhchosúlacht ó thaobh an chuma de idir dhá théarma cialla difriúla a cheilt i ndáiríre. Tugtar “gaol bréige” air sin.⁸⁴

Tá coincheapa chomh bunúsach le “conradh” nó “rialtas” uilíoch ina dteibíocht (comhfhreagraíonn a “ngéinitíopa” lena mbunsainmhíniú don fhormhór) agus ag

84| Mar shampla, cuireann an frása Béarla “tax evasion” “fraude fiscale” [imghabháil canach] ar a ghearrtar pionós cóiriúil, in iúl, agus cuireann an frása Fraincise “évasion fiscale” (“tax avoidance” i mBéarla) [seachaint cánach] cuardach an bhealaigh, go dlíthiúil nó eile, ar a ghearrtar an cháin is lú.

an am céanna difriúil ina réaltacht nithiúil ar leith (sainmhínítear a “bhfeinitíopa” le coinníollacha agus rialacha).⁸⁵

Dúshlán cosúil leis ná an dúshlán ar a thugann Harvey an “neamhchongruacht.”⁸⁶ D’fhéadfadh dhá théarma chomhfhreagracha *a priori* idir dhá theanga coincheapa a chumhdach nach bhfuil ach comhionann go pointe toisc go bhfuil an réaltacht a chuireann siad in iúl difriúil ó theanga amháin go teanga eile, agus uaireanta laistigh den teanga chéanna. Ní hiad sin amháin na dúshláin atá ann, áfach.

D’fhéadfadh cialla éagsúla a bheith ag an téarma céanna (ilchiallachas), atá iomlán difriúil nó a thréithrítear le miondifríochtaí atá tábhachtach nó nach bhfuil chomh tábhachtach. D’fhéadfadh na cialla nó miondifríochtaí sin, de réir an cháis, comhfhreagairt le focal amháin comhionann sa teanga eile, go háirithe nuair atá na teangacha cóngarach, nó a mhalairt air sin, le roinnt focail éagsúla.⁸⁷

Cé go bhfuil an comhchiallachas níos annamha sna réimsí sainiúla den teanga ná mar atá sa ghnáth-theanga, is ann dó i dteanga an dlí. Ní mór don dlítheangeolaí a bheith in ann na téarmaí a chuireann na coincheapa céanna in iúl a aithint sa chéad doiciméad. D’fhéadfadh na téarmaí sin a bheith comhchiallach, téarmaí éagsúla, téarmaí ó sainréimeanna teanga difriúla nó ó fhoinsí difriúla. Tharlódh sé go mbainfí úsáid as téarmaí difriúla chun an coincheap céanna a chur in iúl i rannóga difriúla den reachtaíocht. Mar shampla, sa dlí Portaingéalach tá an frása “responsabilidade parental” ag teacht de réir a chéile in áit an fhrása “poder paternal.” Is annamh a thagtar ar théarmaí iomlán comhchiallach, áfach. *A fortiori*, níl an chomhfhreagracht idir téarmaí comhchiallacha riamh áiritithe. D’fhéadfadh go mbeadh níos lú ag an sprioctheanga ná mar atá ag an mbunteanga, fiú gan aon cheann, agus nuair is ann do cheann amháin nó roinnt cinn, d’fhéadfadh leibhéal an chomhchiallachais a bheith difriúil. Má dheileálann an buntéacs leis na miondifríochtaí idir na téarmaí comhchiallacha, ní bheidh ann do na

85 | Féach Rodolfo Sacco, “Langue et Droit”, i Rodolfo Sacco agus Luca Castellani (stiúiriú), *Les Multiples langues du droit européen uniforme*, ISAIDAT, Torino, Éditions L’Hartmann, an Iodáil, 1999, lch. 172.

86 | Malcolm Harvey, “Traduire l’intraduisible - Stratégies d’équivalence dans la traduction juridique”, *Revue de l’Institut des langues et cultures d’Europe, Amérique, Afrique, Asie et Australie* (ILCEA), Uimh. 3, 2002, lgh. 39 go 49.

87 | Ar chúiseanna tíreolaíochta agus stairiúla, déanann teangacha áirithe amhail an Ghearmáinis, an Fhraincis nó an Pholainnis idirdhealú idir an “Proche-Orient” [Garoirtheart] agus an “Moyen-Orient” [Meánoirthear], ach trí Bhéarla cuirtear an dá réigiún sin in iúl leis an dara téarma sin “Middle East” [Meánoirthear].

miondifríochtaí i gcónaí, nó sa tslí chéanna sa sprioctheanga. Ní mór mar sin, substaint an chomhrá a chur in iúl, agus é teoranta don bhunteanga, toisc nach féidir é a chur in iúl sa sprioctheanga.⁸⁸

A mhalairt air sin, d'fhéadfadh úsáid téarma ar leith sa bhunteanga iallach a chur ar an aistritheoir rogha a dhéanamh idir dhá théarma sa sprioctheanga, a chuireann dhá coincheap píosa beag difriúil in iúl. In éagmais an chomhthéacs, bheadh sé dodhéanta a chinneadh cén ceann a roghnú.⁸⁹

Fiú nuair a roinneann dhá thír an teanga chéanna, d'fhéadfadh an téarma céanna dhá choincheap chongaracha agus dhifriúla a chumhdach. Tá an líon céanna “conarthaí” ann agus atá dlíchórais. Tá na modhanna grúpála daoine aonaracha a aithnítear sa dlí mar “chuideachtaí” nó “chomhlachais” éagsúil freisin agus an-difriúil ó dhlíchóras amháin go ceann eile. Is féidir freisin teacht ar réimse téarmaí a chuireann an coincheap céanna in iúl i ndlíchórais éagsúla a roinneann an teanga chéanna (coincheap an “homicide involontaire” [dhúnorgain ainneonach]).⁹⁰ Is iomchuí a thabhairt faoi deara go bhfuil an téarmaíocht a eascraíonn as dlí an Aontais go minic cuimsitheach d'aon ghnó, nó fiú saorga. Tugtar údar don fhonn sin chun bheith scartha ón téarmaíocht náisiúnta, le carachtair neamhspleách dhlí an Aontais agus a théarmaíocht.

Go hachomair, is annamh a bhíonn téarma iomlán comhionann le téarma dlíthiúil i dteangacha eile, seachas i mBallstáit ilteangacha.

88| Le hiarraidh ar réamhrialú os comhair na Cúirte Breithiúnais ó Chúirt ón Ísiltír, rinne an chúirt sin iarracht a chinneadh, i gcás cóiriúil, an raibh, mar a mhaigh an cosantóir, gamhain ceangailte amháin dá mba rud é go raibh sé ceangailte ar shlí chinntitheach, trí argóint ar bhonn na bunbhrí a dhéanamh maidir leis an difríocht idir “aanbinden” agus “vastbinden.” Rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais: “ceangail” is é sin “ceangail” (breithiúnas an 3 Aibreán 2008, *Endendijk*, C-187/07, EU:C:2008:197. Sa chás sin chuir sí a prionsabail léirmhínte i bhfeidhm i gcás leaganacha teanga éagsúla.

89| Déanfar aistriú ar “dhiúltú” do chaingean sa Pholainnis mar “odrzucić” nó “oddalić” a chiallaíonn go bhfuil sé neamhghlactha nó gan bhunús.

90| “Involuntary culpable homicide” i gcásdlí na hAlban, “involuntary homicide” i ndlí Mhálta, “unintentional killing” i reachtaíocht an Aontais agus, ar deireadh, “involuntary manslaughter” i gcásdlí na hÉireann agus cásdlí Shasana agus na Breataine Bige, chomh maith le cásdlí an Aontais. Féach, mar shampla, breithiúnas an 29 Márta 2017, *Alcohol Countermeasure Systems (International) v EUIPO – Lion Laboratories (ALCOLOCK)*, T-638/15, neamhfhoilsithe, EU:T:2017:229, mír 73.

Tá sean-traidisiún aistriúcháin sa Bheilg, atá mar stáit trí-theangach, sa chaoi gur chóir go mbeadh téarma díreach comhionann ag gach téarma dlíthiúil. Is “koninklijk besluit” é “arrêté royal” [foraithne ríoga] agus gach a bhfuil tionchar ar cheann amháin acu, beidh tionchar aige freisin ar an gceann eile. Tá an comhionannas sin srianta do na teorainneacha náisiúnta: ní hionann “koninklijk besluit” na hÍsiltíre agus “koninklijk besluit” na Beilge, cé go bhfuil siad an-chóngarach dá chéile.

Agus comparáid á déanamh idir dlíthe, d’fhéadfadh an chuma a bheith ar an scéal gurb ann do choincheap i ndlíchóras gan téarma a bheith aige chun é a chur in iúl. Sa chás sin, ní mór don dlítheangeolaí teacht ar réiteach teanga. Mar shampla, d’fhéadfá an coincheap a chuirtear in iúl leis an téarma “filiation” [tuismíocht] sa Fhraincis a cháiliú mar choincheap uilíoch ach níl téarma beacht ag roinnt dlíchórais éagsúla den Aontas Eorpach chun é a chur in iúl.

Tagann na dúshláin sin go léir chun cinn *a fortiori* nuair atá dhá dhlíchóras éagsúla óna chéile. An sampla is fearr ná an dlí coiteann, a bhfuil a bhunús fiú éagsúil ó chórais na “mór-roinne” agus nach bhfuil ach comhfhreagracht neasach ag a fhoclóir sa Fhraincis. Tá tionchar ag an loighic dhifriúil sin ar an réasúnaíocht dhlíthiúil fiú.

Baineann an dlíodóir den dlí coiteann úsáid as an bhfocal “remedy” chun modhanna sásaimh mar phróiseas nós imeachta a chur in iúl, ach freisin chun toradh na modhanna sásaimh sin a chur in iúl, ach freisin go minic chun an dá rud a chur in iúl gan idirdhealú a dhéanamh eatarthu, nach féidir a dhéanamh le haon téarma i dteangacha eile ar leith. Ní bheadh sé éasca ach oiread a mheas, nuair a bhaineann sé úsáid as an gcoincheap “standing” an bhfuil sé ag tagairt do “*locus standi*” nó “leas chun gníomhú” toisc go mbíonn an dá cheann measctha ina réasúnaíocht.

Leis sin, cuirtear coincheapa na bunteanga nach ann dóibh sa sprioctheanga. D’fhéadfaimis an sampla de “Revision” i ndlí na Gearmáine a luadh, atá mar fhoirm achomhairc, maidir le hábhar sibhialta, tráchtála agus coiriúla, atá údarú roimh ré ón gcúirt náisiúnta mar choinníoll uirthi. Níl ceanglas mar sin gan iomrá i Sasana, mar shampla, ach níl aon rud comhionann leis i roinnt córas nós imeachta eile ar leith. Trí “Revision” a aistriú go dtí “recours” [caingeán] sa Fhraincis, scriosfaí eilimint riachtanach de.

4.1.4 - Rogha na straitéise, modh teileolaíoch

Tagann méadú ar na deacrachtaí sin le forbairt teangacha agus an dlí. Tharlódh sé go mbeadh na téarmaí a thagann chun cinn sa bhuntéacs mícheart nó tar éis dul i léig: “mise en examen” a deirtear sa Fhrainc anois in ionad “l’inculpation” [cúisiú].

Agus aghaidh á tabhairt ar na deacrachtaí sin, is é an cheist phrionsabail a d’fhorbair Schleiermacher ⁹¹ ná chun a mheas cé acu cur chun cinn atá níos fearr: cur chun cinn “eiticiúil,” lena ndéantar trasuí iomlán agus simplí ar an mbuntéacs, gan cabhair a thabhairt don léitheoir chun an bhearna teanga, dhlíthiúil agus chultúrtha a scarann é ón údar a líonadh, nó an cur chun cinn “eitnealárnach,” lena ndéantar, a mhalairt air sin, an bhearna sin a laghdú, in ainneoin an riosca don aistritheoir go rachadh sé ar strae ó fhocal an bhuntéacs agus go ndéanadh sé dochar dá iomláine.

Téann tromlach an chásdlí agus na gcleachtóirí i muinín an chur chun cinn “eiticiúil,” ach ní féidir freagra amháin a thabhairt ar an gceist sin. Tá seasamh lárnach ann, atá riachtanach, idir eiticiúil agus eitnealárnach, agus rachaidh dlítheangeolaí na Cúirte i muinín cur chun cinn teileolaíoch, a bhunaítear ar an úsáid a bhainfear as a aistriúchán, chun a chinneadh cathain dul i dtreo an léitheora, gan riamh dul thar an teorainn sa chaoi go ndéanadh sé feall ar an údar agus go gcuirfeadh sé an léitheoir ar mhíthreoir.

Luann Harvey ceithre theicníc chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin thuasluaite: tras-scríobh, comhionannas foirmiúil, aistriú tuairisciúil agus comhionannas feidhmiúil. ⁹²

Is éard atá i gceist leis an tras-scríobh ná an buntearma a úsáid agus míniú gearr a chur in éineacht leis. Seachas “common law” [dlí coiteann] a aistriú go mícheart mar “droit commun,” baintear úsáid as an bhfrása “common law” agus mínítear gur córas dlí Angla-Shacsanach é atá bunaithe don fhormhór ar chásdlí a chinneadh roimh ré.

Is éard atá i gceist leis an gcomhionannas foirmiúil ná an t-aistriú focal ar fhocal. Cuirtear an t-aistriúchán “Cúirte bunreachtúil cónaidhme” ar “Bundesverfassungsgericht,” mar shampla.

91 | Friedrich Schleiermacher, *Über die verschiedenen Methoden des Übersetzens* (Abhandlung verlesen am 24. Juni 1813 in der Königlich Akademie der Wissenschaften, Beirín). Hrsg. Elisabeth Edl, Wolfgang Matz, Alexander Verlag, Beirín, 2022.

92 | Malcolm Harvey, *op. cit.*

Baineann an t-aistriú tuairisciúil úsáid as foirmle ginearálta nó an timchaint, leis an riosca go mbeidh athbhrí ann. Ba é dá bhrí sin go ndéantar an frása “prescription extinctive” [rúradh éilimh] a chur in iúl le “time-bar” [bac ama] gan difríocht a tharraingt idir rúradh agus toirmeasc.

Is éard atá i gceist leis an gcomhionannas feidhmiúil ná teacht ar theagmhálaí sa sprioctheanga agus sprioc-dhlíchóras le feidhm chosúil. Seachas an focal Polainnise “Sejm” a aistriú le “Diète” [Tionól] roghnófar “teach na n-ionadaithe,” agus ní rachadh an léitheoir ar strae ag féachaint do chosúlachtaí an dá choincheap.

Is féidir na straitéisí sin a chur ar scála a théann, mar a cuireadh síos thuas, ón mbunteanga (cur chun cinn eiticiúil) go dtí an sprioctheanga (cur chun cinn eitnealárnach). Stiúraíonn na straitéisí obair an dlítheangeolaí.

Go hachomair, seachas i gcásanna ina bhfuil comhfhreagracht idir téarmaí agus tras-scríobh foirfe idir dlíchóras amháin agus ceann eile, forbraíonn an dlítheangeolaí, agus é ag tabhairt aghaidh ar na deacrachtaí sin, i measc na straitéisí thuasluaite idir an tras-scríobh, an comhionannas foirmiúil, an t-aistriú tuairisciúil agus an comhionannas feidhmiúil.

Ní mór don dlítheangeolaí rogha a dhéanamh agus é ag tosú an aistriúcháin agus coinneáil leis d’fhonn comhleanúnachas téarmaíochta a áirithiú. Go ginearálta, tagann na téarmaí a roghnaíonn an dlítheangeolaí ón teanga shainfheidhmeach (réimse dlíthiúil) agus tagann siad ó fhoinsí iontaofa (reachtaíocht nó cásdlí).

Meabhraítear dúinn go mbíonn éifeachtaí dlí ag téacsanna na Cúirte. Tá freagracht mhór ag an dlítheangeolaí ina mhisean dubailte chun tacaíocht a thabhairt d’obair na gcúirteanna agus an cásdlí a scaipeadh go hildeangach. Níor chóir dó iarracht a dhéanamh an téacs a cheartú nó a mhaisiú, ní mór dó na mionsonraí atá ann a aithint agus a athchruthú. Níl mórán saoirse aige. Bíonn straitéis aistrithe oiriúna ag teastáil do gach téacs, áfach. Ní mór nádúr an téacs atá le haistriú agus a léitheoirí a chur san áireamh sa straitéis sin. Tá ceanglas iomlán maidir le hiontaofacht an téacs aistrithe agus ní mór an tuiscint chéanna a bhaint as i ngach teanga. Bíonn iarmhairtí ag botúin aistriúcháin, toisc go dtéann cásdlí nó breithiúnas i bhfeidhm ar léitheoir ina theanga féin.

Claonann na straitéisí aistriúcháin uaireanta i dtreo na bunteanga, uaireanta eile i dtreo na sprioctheanga. Tá an rogha maidir leis an straitéis phragmatach agus faoi réir chuspóir an aistriúcháin. Ní mór don dlítheangeolaí an cuspóir sin a aimsiú: an é atá ann ná eolas a thabhairt don léitheoir nó éifeachtaí dlíthiúla a chruthú?

Sa chéad chás, tá sé d'aidhm ag an aistritheoir “eolas a chur ar fáil” dá léitheoir maidir le hábhar an doiciméid le haistriú, is é sin le rá a chur de chumas air teachtaireacht údar an bhuntéacs a thuiscint. Bíonn baint ag an saghas aistriúcháin sin, mar shampla, le doiciméid nós imeachta a thaisctear os comhair chúirteanna an Aontais nó le cur síos ar fhíricí i gconclúidí nó breithiúnais arna dtabhairt faoin nós imeachta um réamhrialú. Ní mór don léitheoir an tsubstaint, an réasúnaíocht agus na hargóintí a thuiscint, agus mar sin na heilimintí go léir a bhaineann leis an mbunteanga atá riachtanach don tuiscint sin a aithint, gan an iomarca airde a thabhairt do na difríochtaí nó mionsonraí nach bhfuil tábhacht leo. Dá mba rud é, mar shampla, nach bhfuil tábhacht ag foirm shonrach na “cuideachta” i leith na substainte, ní bheidh gá don aistritheoir na difríochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir an dá theanga a leagan amach, toisc go mbeidh an léitheoir in ann íomhá chuí den chomhthéacs ina bhfuil an doiciméad aistrithe lonnaithe a fháil.

A mhalairt air sin, nuair atá an “t-aistriúchán” féin mar fhoinse dlí, agus mar sin cruthaitheoir d'éifeachtaí dlí, toisc go bhfuil an teanga ina scríobhtar é barántúil, tá an “t-aistritheoir” i ndáiríre mar “údar.” Baineann sé úsáid as bunleagan tagartha, a scríobhadh i dteanga ar leith, chun téacs a chruthú a chomhfhreagraíonn leis i dteanga eile. Tá an próiseas sin mar an gcéanna leis an gceann a leantar i stáit ilteangacha amhail an Bheilg. Eascraíonn machnamh as aistriúchán i dteanga ar leith go minic ar an téacs a scríobhadh sa teanga eile agus bíonn gluaiseacht anonn is anall idir téacs amháin agus téacsanna eile.

Cruthaíonn an dlítheangeolaí sa Chúirt a aistríonn breithiúnas ó theanga an phlé go dtí teanga an cháis an leagan atá barántúil *inter partes*. Tá na leaganacha teanga go léir mar chruthaitheoirí dlí freisin, áfach, go háirithe i leith nósanna imeachta um réamhrialú, toisc go bhfuil feidhm *erga omnes* ag na réamhrialuithe,⁹³ ar chúirteanna uile an Aontais.

93| Féach maidir le córas teangacha na Cúirte Breithiúnais, Marc-André Gaudissart, *op. cit.* (féach fonóta 24).

Sa chleachtas, áfach, agus in ainneoin chásdlí *Cilfit*, ní bhíonn daoine feasach go minic ach ar an leagan ina dteanga féin.⁹⁴

4.1.5 - An t-idirphlé idir údair agus aistritheoirí

Is féidir le húdair na mbuntéacsanna agus na dtéacsanna barántúla dul i muinín teicnící coisctheacha chun constaicí an ilteangachais a sheachaint nó a laghdú. Leis na teicnící sin ní bhíonn iallach ar an dlítheangeolaí, go pointe áirithe, rogha a dhéanamh idir cur chuige amháin nó cur chuige eile i leith fadhbanna aistriúcháin agus áirithíonn sé tuiscint agus léirmhíniú aonfhoirmeach de na téacsanna.⁹⁵

Déantar iarracht leis an “gcoinbhinsiún” coincheapa a aithint a d’fhéadfadh a dtras-scríobh go teanga agus córas eile mearbhall a chruthú agus sainmhíniú a chur ar fáil *ab initio* chun an baol sin a sheachaint. D’fhéadfadh an t-údar frása a thógaint “ar iasacht” ó theanga eile freisin chun tagairt a dhéanamh do choincheap a thagann ó dhlíchóras inaitheanta. Mar shampla, luann an leagan Béarla d’Airteagal 18 agus 39 de Choinbhinsiún 1982 na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige go sainráite “force majeure” (sa teanga Fhraincis sa théacs), i bhfabhar an téarma níos srianta “act of God” [gníomh Dé].⁹⁶

94| A mhalairt air sin, tá tuairim a d’fhoilsigh an Chúirt Bhreithiúnais ar bhunús Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) barántúil i ngach teanga oifigiúil den Aontas ón nóiméad a ghlactar í, agus na gníomhartha rialála a ghlacann Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach freisin. Beidh na leaganacha teanga go léir mar chruthaitheoirí dlí, agus anuas air sin, den dlí céanna.

95| Féach go háirithe chuige sin Pierre Pescatore, *Vademecum - Recueil de formules et de conseils pratiques à l'usage des rédacteurs*, Éditions Bruylant, sa chuid ar chomhoibriú le seirbhísí an aistriúcháin. Féach freisin leabhrán an Lárionaid Aistriúcháin do chomhlachtaí an Aontais “Écrire pour être traduit” (<https://cdt.europa.eu/fr/news/writing-translation>).

96| Is éard atá i gceist leis an gcoincheap “act of God” [gníomh Dé] ná na heachtraí nádúrtha neamhintuartha nach bhfuil an duine daonna mar chúis leo, ar nós tubaistí nádúrtha; áirítear le “force majeure” thairis sin cúinsí a bhfuil daoine mar chúis leo ar nós gníomhartha cogaidh nó eipidéimí.

Is éard atá i gceist leis an “gcomhdhréachtú” ná saineolaithe ó gach teanga agus gach córas lena mbaineann i dteagmháil le chéile chun rioscaí maidir le héagsúlachtaí a aithint agus a sheachaint de thoradh ar réitigh choisctheacha amhail na cinn thuasluaite. Sa Chúirt, freagraíonn an t-idirphlé idir an dlítheangeolaí agus oifig an Chomhalta a scríobh an dréacht-tuairim nó an dréacht-chinneadh don riachtanas sin freisin.

Ar deireadh, trí “phrionsabal léirmhínithe” a dhearbhu, cuireann an t-údar in iúl conas débhríonna a d’fhéadfadh a bheith ann a réiteach. Sa tslí sin, tugann an Chúirt léirmhíniú neamhspleách ar choincheapa dhlí an Aontais, atá saor ó bhrí aon choincheapa cosúla a d’fhéadfadh a bheith ann sna dlíchórais náisiúnta.⁹⁷ Cuireann sí an prionsabal sin i bhfeidhm ar an dlí príomha agus tánaisteach, ach freisin ar léirmhíniú a cásdlí féin.

97| Féach, go háirithe, breithiúnais an 18 Eanáir 1984, *Ekro*, 327/82, EU:C:1984:11, mír 11; an 27 Eanáir 2005, *Junk*, C-188/03, EU:C:2005:59, míreanna 27 go 30, agus an 7 Nollaig 2006, *SGAE*, C-306/05, EU:C:2006:764, mír 31.

Aistriú coincheap neamhspleácha

i ndlí an Aontais

San aistriúchán dlíthiúil, d'fhéadfadh an prionsabal de léirmhíniú neamhspleách de choincheapa i ndlí an Aontais cur i gcoinne cur i bhfeidhm córasach de chur chun cinn comparáideach, is é sin le rá roghnú téarma atá comhchiallach go feidhmiúil idir dlíchórais. Cinnte, tá an cur chun cinn sin atá bunaithe ar an dlí comparáideach in oiriúint, mar shampla, d'iarraidh ar réamhrialú agus na barúlacha leantacha a aistriú, toisc go bhfuil na doiciméid sin sáite sa dlí náisiúnta. Ag pointe na tuairime agus an bhreithiúnais, áfach, má fhanann an cur chun cinn sin sáite i gcur síos ar na fíricí agus má léiríonn sé na roghanna a rinneadh níos luaithe, go háirithe, in san aistriúchán ar an iarraidh ar réamhrialú, ní bheidh an feidhm chéanna aige maidir lena spreagadh. Oireann cur chuige bunaithe ar dhlí an Aontais níos mó don chuid sin, dlíchóras eile a bhfuil ar an dlítheangeolaí máistreacht a fháil air. Tá sé mar chuid de pheirspictíocht de dhlí neamhspleách an Aontais, atá comhdhéanta de choincheapa a bhaineann leis amháin (“éifeacht dhíreach”; “cóir chomhionann”) nó cruthaitheoir d’fhíor-nuafhocail. Is éard atá i gceist leis an “nuafhocal” anseo ná cruthú coincheap nua d’fhonn aon riosca mearbhaill a sheachaint a bhaineann le cultúir dhlíthiúla náisiúnta. Choinnigh an Chúirt Bhreithiúnais, de réir a chéile, mar sin, an frása “éifeacht dhíreach” chun coincheap a bhaineann le dlí an Aontais amháin a chur in iúl.⁹⁸ Déanfaidh an dlítheangeolaí, agus ina dhiaidh, an t-ateangaire, iarracht na coincheapa sin a athchruthú ina dteangacha féin agus, a mhéid nach bhfuil siad mar chuid den téarmaíocht bunaithe cheana, iad a chur in iúl le téarmaí neodrachacha agus gan, chomh fada is gur féidir, naisc shonracha náisiúnta.

98 | Breithiúnas an 5 Feabhra 1963, *van Gend & Loos*, thuasluaite, inar chinn an Chúirt Bhreithiúnais den chéad uair gurb ann d’éifeacht dhíreach agus inar leag sí amach a raon feidhme, ach tríd an bhrása “applicabilité immédiate” [feidhm láithreach] a úsáid ag an am.

4.2 - Ateangaireacht sna héisteachtaí

4.2.1 - Prionsabail agus modhanna na hateangaireachta

Féadtar an ateangaireacht chomhuaineach a shainmhíniú mar chur ar fáil láithreach de leagan uathúil agus cinntitheach sa sprioctheanga de ráitis a cuireadh in iúl uair amháin sa bhunteanga, gan mórán deise chun ceartúchán a dhéanamh.⁹⁹ Seachas i gcás na teanga comharthaíochta, cuireann an t-ateangaire an t-aistriúchán sin ar fáil ó bhéal láithreach, is é sin le rá, cuireann sé aidhmeanna cumarsáide an óráidí i dteanga eile in iúl, trí dhul i muinín bealaí béil, guthacha agus geáitsíochta. Toisc go gcloiseann an t-ateangaire na ráitis sa bhunteanga gan sos eatarthu, aistríonn sé i míreanna iad, diaidh ar ndiaidh, laistigh de thréimshe ama laghdaithe.¹⁰⁰

Cosúil leis na dlítheangeolaithe, oibríonn ateangairí uile Stiúrthóireacht na hAteangaireachta go lánoiread ar son na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Rialaíonn an prionsabal chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní sannadh na n-ateangairí ar éisteachtaí pléadála an dá chúirt, de réir riachtanais Chomhaltaí fhoirmíochtaí na Cúirte agus na bpáirtithe. Baineann na grúpaí cuairteoirí, a fhreastalaíonn ar na héisteachtaí, tairbhe as an ateangaireacht freisin. Lasmuigh de na héisteachtaí, oibríonn na hateangairí freisin ag ócáidí ar leith agus cuairteanna prótacail. Úsáidtear dhá mhodh ateangaireachta sa Chúirt: ateangaireacht chomhuaineach agus *ateangaireacht iaruaíneach*.

Don ateangaireacht chomhuaineach, déanann na hateangairí, atá roinnte idir bothanna de réir na teanga a mbeidh siad ag obair ina treo, ateangaireacht go ginearálta go dtí a dteanga dhúchais¹⁰¹ ar na pléadálacha, agus ceisteanna agus freagraí a mhalartaítear sa seomra cúirte idir rannpháirtithe difriúla san éisteacht. Bíonn ar a laghad beirt ateangairí i ngach both, toisc go mbíonn orthu, mar gheall ar an iarracht intleachtúil a éilítear leis an ateangaireacht, malartú a dhéanamh, mar shampla, ag deireadh pléadála nó sraith ceisteanna-freagraí, chun an leibhéal céanna dírithe agus cáilíochta a áirithiú.

99| Franz Pöchhacker, *Introducing interpreting studies*, Routledge, Londain, 2004.

100| Heidemarie Salevsky, "The distinctive nature of interpreting studies" *Target*, 5(2), lgh. 149 go 167.

101| Le haghaidh péirí teanga ar leith, téann an Chúirt i muinín ateangaireacht "retour," mar a thugtar air, lena ndéanann an t-ateangaire ateangaireacht ar óráid ina theanga dhúchais go dtí teanga eile, de ghnáth an Fhraincis nó an Béarla (*féach mír 3.6.3*).

Is éard atá i gceist leis an modh oibre eile, an ateangaireacht iaruaíneach, ná go dtógann an t-ateangaire nótaí le linn óráid an óráidí agus athchruthaíonn sé ábhar na hóráide ar shlí leantach. Úsáidtear an teicnic sin go minic le linn ócáidí prótacail, cuairteanna, taispeántais ealaíne nó sa Chúirt Ghinearálta, le linn réitigh chairdiúla imeachtaí nó cruinnithe déthaobhacha idir na breithiúna agus na páirtithe ar imeall na héisteachtaí.

4.2.2 - Dúshláin shainiúla na hateangaireachta comhuainí ag an gCúirt

I gcúirt idirnáisiúnta amhail an Chúirt, tagann na hateangairí ar dhá chineál dúshláin: dúshláin a bhaineann leis an aistriúchán dlíthiúil, a leagadh amach cheana sa saothar seo, agus dúshláin shonracha na *hateangaireachta comhuainí*.

Is foirm aistriúcháin í an ateangaireacht chomhuainí. Dá bharr, ar an gcéad amharc, d'fhéadfaí na dúshláin a thagann na hateangairí sa Chúirt orthu a asamhlú le dúshláin na ndlítheangeolaithe. Le linn éisteachta, níl aon dul as do na hateangairí a iarrtar orthu na pléadálacha agus na malartuithe idir na páirtithe agus Comhaltaí fhoirmíocht na Cúirte a aistriú ach dul i ngleic leis na constaicí teanga agus cultúrtha den aistriúchán dlíthiúil.

Sa Chúirt, téann na hateangairí i muinín réitigh na ndlítheangeolaithe a d'aistrigh pléadálacha na bpáirtithe sa chás roimh ré. Cé go n-aistríonn na dlítheangeolaithe na hiarrataí ar réamhrialú go dtí na teangacha go léir, ní aistríonn siad na pléadálacha ach go dtí teanga an cháis agus an Fhraincis. Oibríonn na hateangairí do na breithiúna, na habhcóidí ginearálta agus do ghrúpaí cuairteoirí freisin, áfach, is é sin le rá go dtí teangacha nach teanga an cháis nó teanga na bpáirtithe i gcónaí. In éagmais aistriúcháin go dtí an teanga lena mbaineann le linn an nós imeachta i scríbhinn, tá an fhreagracht ar na hateangairí na straitéisí cearta aistriúcháin a roghnú, ní hamháin agus iad ag déanamh staidéar ar chomhad an cháis, ach freisin le linn na héisteachta, fiú agus iad i mbun ateangaireachta.

Thairis sin, tagann na hateangairí de dhlíchórais idirnáisiúnta ar dhúshláin atá sonrach dá ngairm. Ní chraoltar an bhun-óráid a bhfuil ar an ateangaire í a thuiscint agus a chur in iúl nach mór go comhuainí i dteanga eile ach uair amháin agus ní bhíonn an óráid i scríbhinn. Chun bheith in ann pléadail a thuiscint, a chraoltar go minic ar rithim mharthanach, agus chun í a aistriú go comhuainí leis an mbeachtas atá de dhíth, ní mór don ateangaire dian-iarracht intleachtúil leanúnach a dhéanamh, agus tá ualach eisceachtúil ardchognaíoch ag baint leis sin.

Le samhail na n-iarrachtaí ¹⁰² is féidir tuiscint níos fearr a fháil ar dheacrachtaí agus ar thorthaí an dúshláin cognaíoch sin. Léiríonn an tsamhail sin bainistiú na n-ateangairí ar an ualach cognaíoch ar nós comhordú roinnt iarrachtaí cognaíocha atá i gcomórtas lena chéile, i gcomhthéacs córas le cumas próiseála teoranta. Le roinnt gníomhartha intleachta neamh-uathoibríocha bíonn gá le hiarrachtaí cognaíocha comhuaineacha: éisteacht agus anailís a dhéanamh ar an mbunóráid, stóráil agus teacht ar eolas sa chuimhne ghearrthéarmach, an ateangaireacht a dhéanamh agus comhordú a dhéanamh ar shannadh an chumais próiseála cognaíochta ar na hiarrachtaí eile. Toisc go bhfuil cumas próiseála de dhíth le haghaidh gach iarrachta, atá ar fáil go teoranta, faightear leis an difríocht idir an cumas próiseála iomlán a éilítear don ateangaireacht (CTE) agus an cumas próiseála iomlán atá ar fáil (CTD), an chothabháil ($CTE \leq CTD$) nó, i gcás go bhfuil an cumas cognaíoch sáithithe ($CTE > CTD$), díghrádú cháilíocht na hateangaireachta. Léirítear an díghrádú sin le botúin aistriúcháin: fágann an t-ateangaire eilimintí amach, déanann sé iad a athlua gan gá, bíonn sé ag braiteoireacht, nó á chur é féin in iúl le iontonú mínádúrtha. ¹⁰³

Fad agus a éiríonn na hiarrachtaí cognaíocha atá de dhíth don tasc níos éilithí, ardaíonn an riosca de sháithiú cognaíoch. I measc na bhfachtóirí riosca don sáithiú cognaíoch, aithníonn Gile go háirithe óráidí tapa, dlútha nó léite, ainmfhocail nach bhfuil ar eolas ag an ateangaire, figiúirí agus acrainmneacha, canúintí neamhghnácha, réasúnaíocht loighce casta, fadhbanna craolta fuaime, castacht chomhréire, difríochtaí foclóra nó comhréire idir bunteanga agus sprioctheanga, óráidithe monatonacha agus strus an ateangaire.

Sa Chúirt, tugann na hateangairí aghaidh ar fhormhór na bhfachtóirí riosca sin go minic. Chun an riosca de sháithiú cognaíoch a laghdú, téann siad i muinín straitéisí agus oirbheartaíochta sonracha de ghnáth.

102 | Daniel Gile, *Basic concepts and models for interpreter and translator training*, leagan athchóirithe, John Benjamins publishing company, 2009.

103 | Féach, maidir le hiontonú sainiúil na n-ateangairí agus a éifeachtaí, Cédric Lenglet agus Christine Michaux, "The impact of simultaneous-interpreting prosody on comprehension: An experiment", *Interpreting*, 22(1), lgh. 1 go 34.

4.2.3 - Straitéisí agus oirbheartaíochtaí

Straitéisí

Déanann na hateangairí roghanna comhfhiosacha maidir leis na straitéisí roimh an gcruinniú nó an éisteacht. Is éard atá sna straitéisí go háirithe ná anailís ar na doiciméid cruinnithe nó comhad an cháis, ullmhúchán téarmaíochta, cothabháil na dteangacha oibre agus uasdátú rialta ar scileanna.

Sa Chúirt, bíonn mion-ullmhúchán le haghaidh gach cáis le linn tréimhse oibre ar leith mar pháirt de na straitéisí, atá mar thromlach de ghníomhaíochtaí na n-ateangairí, chomh maith le rochtain rúnda ar na comhaid agus pléadálacha i scríbhinn agus an oiliúint leanúnach, dlíthiúil agus teanga.

Cuireann Kalina na straitéisí ateangaireachta i gcomhthéacs níos leithne d'áirithiú cáilíochta,¹⁰⁴ a bhfuil na céimeanna go léir a thagann roimh ré, a théann in éineacht le agus a leanann na cruinnithe agus na héisteachtaí mar pháirt de. Áirítear sna straitéisí ní hamháin na gníomhartha pearsanta d'ullmhúchán agus d'oiliúint, ach freisin na gníomhartha comhchoitianta lena gcuirtear ardcháilíocht seirbhíse ateangaireachta chun cinn.

Luann Muttilainen roinnt straitéisí den sórt sin a bunaíodh i Stiúrthóireacht Ateangaireachta na Cúirte:¹⁰⁵ gníomhaíochtaí chun feasacht a ardú i measc na n-óráidithe maidir le srianta na hateangaireachta, dáileadh cothrom an ualaigh oibre idir na hateangairí, am téarnaimh a thabhairt, cur ar fáil uirlisí teicneolaíochta faisnéise feidhmiúla agus an oiliúint leanúnach.

Go hachomair, is éard atá sna straitéisí ná an obair a dhéantar roimh ré ar chúl stáitse ag gach ateangaire agus ag seirbhís na hateangaireachta mar eintiteas eagraíochtúil. Is féidir na cúinsí atá de dhíth chun an riosca de sháithiú cognaíoch a laghdú a chruthú leo agus, dá bharr, na cúinsí atá de dhíth le haghaidh cur ar fáil ateangaireachta den cháilíocht a theastaíonn le haghaidh dhea-fheidhmiú na hoibre breithiúnaí.

104| Sylvia Kalina, "Quality assurance for interpreting processes", *Meta: Translators' Journal*, 50(2), 2005, lgh. 768 go 784.

105| Marie Muttilainen, "Perroquets savants ou professionnels aguerris ? L'importance de la préparation", Kilian G. Seeber, *100 Years of Conference Interpreting: A Legacy*, Cambridge Scholars Publishing, 2021, lch. 190.

Oirbheartaíochtaí

Más “ar chúl stáitse” a chruthaítear agus a chuirtear na straitéisí ateangaireachta i bhfeidhm, tá áit ag na hoirbheartaíochtaí “ar stáitse,” is é sin le rá le linn na héisteachta nó an chruinnithe, sa *bhoth*.

Nuair atá an t-ateangaire ag déanamh ateangaireachta, téann sé i muinín oirbheartaíochtaí, is é sin le rá go ndéanann sé cinntí *ad hoc* chun an riosca de ró-ualú cogaíoch a laghdú i gcás deachrachtaí. Luann Gile roinnt de na cinn is coitinne: ¹⁰⁶ méadú a dhéanamh ar an “aga moille,” is é sin le rá éisteacht ar feadh tréimhse níos faide chun níos mó eolais a bheith agat sula dtosaítear ar an ateangaireacht, an chuid atá in easnaimh ó mhír ráitis a infheiriú ón gcomhthéacs nó ón eolas atá agat, athleagan a thabhairt, aistriú focal ar fhocal (lomaistriúchán, iasacht, athchruthú fuaime), hipearainm a úsáid, dul i gcomhairle comhghleacaí lena roinntear both nó na ndoiciméad cruinnithe, ráiteas fada a ghearradh suas i roinnt ráitis níos giorra, ábhar an bhuntéacs a thuar agus frásaí neamhchinnte nó ginearálta a úsáid ar féidir a shoiléiriú níos déanaí.

De réir na gcúinsí, beidh roinnt oirbheartaíochtaí níos oiriúnaí ná cinn eile. Mar shampla, beidh éifeacht dhifriúil ag baint le feitheamh ar feadh cúig shoicind sula dtosaítear ar an ateangaireacht ar cháilíocht na seirbhíse ag brath ar luas cainte an óráidí, cé chomh cearthaíoch atá an lucht éisteachta nó más ann do chur i láthair ar an scáileáin, toisc go bhféadfadh sé tarlú nach gcomhfhreagróidh na sleamhnáin leis an ateangaireacht má méadaíonn an t-aga moille.

Anuas air sin, d’fhéadfadh na hoirbheartaíochtaí teacht salach ar a chéile. Mar shampla, ar chóir d’ateangaire faoi bhrú mír den óráid a bhfuil ag cruthú fadhbanna dó a fhágáil amach, a mbeadh riosca ann dá rachadh sé i mbun ateangaireachta a dhéanamh air go dtiocfadh sáithiú cogaíoch air, nó ar chóir dó iarrachtaí cogaíocha sa bhreis a dhéanamh, leis an riosca go dtiocfaidh sáithiú cogaíoch air níos déanaí, a ndoiléireoidh tuiscint na míreanna ina dhiaidh? Is ar an ateangaire atá sé, de réir an cháis, ar shlí leantach agus i bhfaiteadh na súl, na hoirbheartaíochta cearta a roghnú i bhfianaise thosaíochtaí na n-imthosca cumarsáide. Braitheann torthaí na hanailíse ar na himthosca agus fiúntas na roghanna oirbheartaíochta ar chumas an ateangaire (eolas teanga

106 | Daniel Gile, *op. cit.*; féach freisin Gérard Ilg, “L’apprentissage de l’interprétation simultanée. De l’allemand vers le français”, *Parallèles*, Uimh. 1, 1978, lgh. 69 go 99, Cahiers de l’ETI, Ollscoil Ginéive; agus Roderick Jones, *Conference interpreting explained*, Routledge, Manchain, 1997.

agus téama, máistreacht ar theicnící ateangaireachta), ar a chúinsí oibre (deiseanna ullmhúcháin, radharc ar an lucht éisteachta, tuirse, cáilíocht an chraolta fuaime) agus ar a eitic phearsanta agus ghairmiúil.

4.2.4 - Ullmhúchán d'éisteacht

Straitéis riachtanach chun an ateangaireacht d'ardchaighdeán atá de dhíth a áirithiú ná am ullmhúcháin a thabhairt do na hateangairí. Bíonn am leordhóthanach ag gach ateangaire, oiliúnaí nó saorateangaire, a shanntar ar éisteachtaí na Cúirte Breithiúnais nó Cúirte Ginearálta, chun mion-stáidéar a dhéanamh ar chomhad gach cáis roimh an éisteacht. Tá an t-ullmhúchán sin riachtanach agus tá sé mar pháirt lárnach den obair, le héagsúlachtaí de réir mhéid an chomhaid, chastacht an cháis agus líon na dteangacha san éisteacht.

Chomh luath agus atá an t-ateangaire feasach faoina shannadh ar bhothanna don tseachtain le teacht, tosaíonn sé ar staidéar a dhéanamh ar dhoiciméid an chomhaid. Ullmhaíonn sé foclóir sainiúil an cháis, na téacsanna reachtacha agus na tagairtí don chásdlí. Ní mór dó bunús an chomhaid agus réasúnaíocht na bpáirtithe a thuiscint. Baineann sé úsáid as teicnící éagsúla don tuiscint agus don ghlanmheabhrú. Mar shampla, gan ach ceann amháin a lua, tá *mind-mapping* (cur i láthair radharcach de smaointe nó eolas i bhfoirm léaráidí) coiteann go leor i measc ateangairí na Cúirte.

Tá an obair ullmhúcháin bunaithe ar na doiciméid go léir atá ábhartha don chás, ar nós na ngníomhartha reachtacha ábhartha agus an chásdlí sa réimse. Tá an t-ullmhúchán bunaithe go háirithe ar na haistriúcháin agus an téarmaíocht a bhunaigh na dlítheangeolaithe roimh ré sa chás céanna nó i gcásanna lena mbaineann, atá ar feitheamh nó a bhfuil clabhsúr leo.

Ar deireadh, uaireanta faigheann an t-ateangaire nótaí ar an bpléadáil an lá roimh an éisteacht, nó fiú díreach sula dtosaíonn an éisteacht. Sna téacsanna sin, caitear na figiúirí, athfhriotal, agus tagairtí do na téacsanna reachtacha a aithint.

Déantar an t-ullmhúchán sin go léir le spiorad foirne, i gcomhar leis na cúntóirí a ullmhaíonn na comhaid agus doiciméid tagartha chomh maith leis na seirbhísí trasnacha den Ard-Stiúrthóireacht, i gcás, go háirithe, riachtanais téarmaíochta. Léirítear an spiorad foirne sin níos láidre arís sna bothanna, nuair a théann an comhghleacaí nach bhfuil os comhair an mhicreafóin i gcabhair leis an gcomhghleacaí atá ag déanamh ateangaireachta chun an tagairt atá in easnamh, an fhoráil a luadh nó an dea-fhocal ag an dea-nóiméad a shleamhnú thall chucu.



4.2.5 - Scileanna agus dualgais an ateangaire

Ag féachaint do dheacrachtaí sainiúla na hateangaireachta sa Chúirt, ní mór don ateangaire atá ag obair don Institiúid méid áirithe scileanna a bheith aige agus na ceanglais gairmiúla d'oiliúint leanúnach, rúndacht agus dílseacht a chomhlíonadh.

Sa chéad áit, ní mór don ateangaire, a thugann aghaidh go laethúil ar ardleibhéal castachta dlíthiúil agus teicniúil na gcásanna agus ar luas léitheoireachta na bpléadálacha, eolas doimhin ar a theangacha oibre, spiorad láidir agus anailíseach agus an cumas a bheith aige, chun é féin a chur in iúl sa teanga a bhfuil sé ag obair ina treo leis an tsainréim teanga agus beachtas céanna agus atá ag an óráidí. Sa dara háit, ní mór don ateangaire oiliúint leanúnach a dhéanamh, bíodh sin cothabháil riachtanach de na teangacha ina bpéirí teanga, foghlaim teangacha nua nó a rannpháirtíocht i seimineáir dhlíthiúla. Ní mór dó, thairis sin, bunús láidir a bheith aige sa chultúr ginearálta toisc go mbeidh air uaireanta dul lasmuigh den tsainréim teanga dlíthiúla agus sainréim teanga níos litriúla a úsáid, bíodh sin i gcomhthéacs óráidí, nó nuair a scaipeann óráidithe athfhríotal nó tagairtí cultúrtha trína óráidí.

Sa tríú háit, ní mór don ateangaire coinsias glan a bheith aige maidir lena cheanglas dílseachta i leith na hInstitiúide agus na ndlíthithe. Tá sé ceangailte leis an rúndacht ghairmiúil is déine maidir le faisnéis a fhaigheann sé roimh an éisteacht chomh maith le maidir leis na pléadálacha a thugann na dlíodóirí dó. Tá na nótaí pléadálacha a thugtar thairis sin le haghaidh na n-ateangairí amháin agus ní chuirtear ar fáil iad do Chomhaltaí fhoirmíocht na Cúirte nó don Abhcóide Ginearálta sa chás agus ní chuirtear i gcomhad an cháis iad.¹⁰⁷ Tá an nasc muiníne sin, leis na Comhaltaí agus dlíodóirí na bpáirtithe, an-luachmhar ó thaobh cháilíocht na hateangaireachta de.

107| Teoracha cleachtais do na páirtithe maidir le cásanna os comhair na Cúirte Breithiúnais, thuasluaite, mír 67.

4.2.6 - Páirtíocht na n-óráidithe

Tá an comhoibriú leis na hóráidithe mar straitéis sa bhreis le haghaidh cháilíocht na hateangaireachta. Tá cáilíocht éisteachta ag brath go páirteach ar an idirghníomhaíocht idir na rannpháirtithe éagsúla ann. Bhí sé nádúrtha mar sin an comhoibriú idir na hateangairí agus na hóráidithe a neartú. Le haghaidh roinnt blianta cheana féin, déantar cur i láthair ar ghairm an ateangaire do na gníomhairí agus dlíodóirí a dhéanann pléadáil rialta sa Chúirt agus spreagtar plé roimh, le linn agus i ndiaidh na n-éisteachtaí.

Sa tslí sin, is féidir leis na dlíodóirí agus gníomhairí a thagann chun pléadáil a dhéanamh sa Chúirt eolas a fháil maidir leis an gcomhairle agus na moltaí chun obair na n-ateangairí a éascú. Moltar dóibh, mar shampla, iad féin a chur in iúl go hoscailte, ar rithim réasúnta, gan téacs a léamh, aon athfhriotail, tagairt, fhigiúir, ainm, acrainm etc. a rá go soiléir agus go mall i gcónaí. Má chineann an t-óráidí, áfach, téacs scríofa a leanúint, iarrtar air é a chur ar fáil roimh ré do sheirbhís na hateangaireachta, ionas go bhféadfaidh na hateangairí ullmhú.

Díreach roimh an éisteacht, téann an t-ateangaire atá mar cheann foirne i dteagmháil leis na hóráidithe chun an chomhairle sin a mheabhrú dóibh agus chun aon phlé a d'fhéadfadh cur le tuiscint níos fearr ar na díospóidí a spreagadh.

Ar deireadh, tar éis na héisteachta, freagraíonn an tseirbhís d'iarratais na n-óráidithe a lorgaíonn aiseolas uaireanta ar a gcur i láthair.

Go hachomair, téann na hateangairí comhdhála i mbun cleachtadh contúirteach go laethúil, ina gcuirtear dúshláin chognaíocha eisceachtúla na hateangaireachta comhuainí anuas ar eadráin íogair an aistriúcháin dhlíthiúil.

Ag féachaint do na deacrachtaí maidir le cásanna a phróiseáiltear os comhair cúirteanna ilteangacha, ní mór don ateangaireacht chomhuaineach le linn na n-éisteachtaí a bheith beacht agus ar ardchaighdeán. Chun na críche sin, bunaíonn an chúirt agus a seirbhís ateangaireachta láthair oibre chun cuidiú leis an gcáilíocht. Cuireann an láthair sin straitéisí chun cinn lena gcruthaítear na himthosca optamacha chun an riosca de sháithiú cognaíoch de na hateangairí le linn na n-éisteachtaí a laghdú. Áirítear sna straitéisí sin, mar shampla, am ullmhúcháin iomchuí a chur ar fáil, urraim do chaighdeán cáilíochta de chraoladh fuaime agus íomhánna, oiliúint leanúnach agus comhoibriú leis na páirtithe leasmhara.

Chomh luath agus atá siad sa bhoth, téann na hateangairí comhdhála i muinín, de réir an cháis agus ó nóiméad amháin go nóiméad eile, na hoirbheartaíochtaí ateangaireachta cuí chun a misean a chur i gcrích. Feictear, mar sin, an tábhacht a bhaineann le hateangairí a earcú leis an gcaighdeán is airde cumais, éifeachtachta agus ionracais, áirithithe go ginearálta le hiarchéim ollscoile, agus a d'éirigh leo i scrúdú creidiúnaithe nó i gcomórtas.

Mar a luadh cheana, éilítear leis na deacrachtaí a bhaineann leis an aistriúchán i gcúirteanna idirnáisiúnta go dtéitear i muinín dlíodóirí, na daoine amháin a bhfuil in ann raon dlíthiúil a roghanna aistriúcháin maidir le haistriú doiciméid comhad nó breithiúnais agus tuairimí a mheas. Le linn na céime ó bhéal den nós imeachta ilteangach, éilítear le dúshlán chognaíocha shainiúla na hateangaireachta comhuainí go dtéitear i muinín ateangairí comhdhála le taithí, na daoine amháin a bhfuil in ann an riosca buan de sháithiú cognaíoch a chosc, rud a áirithíonn líofacht agus soiléireacht na bpléití, gan beann ar an teanga.

4.3 - Uirlisí tacaíochta don Ilteangachas

4.3.1 - An téarmaíocht

Mar a fheicimid, is fíordheacrachtaí iad na deacrachtaí téarmaíochta a thugann na léitheoirí, scríbhneoirí, aistritheoirí, ateangairí, dlítheangeolaithe agus saoránaigh aghaidh orthu, go háirithe i leith téacsanna dlíthiúla: comhchiallachas, ilchiallachas, doiléireacht téarmaí, teanga choiteann do roinnt cultúrtha, téarmaí imithe i léig, bréagchairde, etc.

Chun cáilíocht gan cháim de na téacsanna cásdlí a áirithiú i ngach teanga den Aontas agus, dá bharr, chun rochtain agus tuiscint orthu a éascú, tá sé riachtanach go mbeadh téarmaíocht iontaofa ann. Sa tslí chéanna, chun díospóid dhlíthiúil bheacht a áirithiú le linn na héisteachta, tá an téarmaíocht riachtanach d'ateangaireacht ar ardchaighdeán.

Eagraítear an obair théarmaíochta timpeall aiseanna difriúla: bunú bailiúcháin téarmaíochta, réamhphróiseáil ag an duine ar dhoiciméid atá le haistriú lena gcuirtear in iúl cén bileoga téarmaíochta is cóir breathnú orthu chun coincheapa ar leith den dlí náisiúnta a aistriú, tacaíocht agus oiliúint na ndlítheangeolaithe, saibhriú agus daingniú na n-acmhainní téarmaíochta ginearálta i mbunachar sonraí téarmaíochta *IATE*, feabhas ar deireadh ar an gcomhoibriú téarmaíochta idirinstiúideach agus idirnáisiúnta.

Is é dúshlán príomhúil an dlítheangeolaí ná teacht ar an réiteach is oiriúnaí nuair nach bhfuil téarma comhionann feidhmiúil ann agus nach ann do théarma cuí sa sprioctheanga chun an coincheap dlíthiúil céanna a chur in iúl. Is éard atá i gceist lena obair go minic ná comparáid a dhéanamh idir dlíchórais ilchineálacha agus teacht ar réitigh aistriúcháin nuálacha. Ní mór don téarmaíocht a úsáidtear a bheith chomh aonfhoirmeach agus is féidir, agus ní mór chuige sin a bheith in ann leas a bhaint as torthaí an mhachnaimh ar an téarmaíocht roimhe. Eascraíonn torthaí an mhachnaimh sin, ina staid nádúrtha, as na haistriúcháin a rinneadh cheana. D'fhonn bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an téarmaíocht ní mór, áfach, torthaí an mhachnaimh téarmaíochta a thabhairt le chéile i mbunachar coiteann, ach freisin chun an chonair intleachta agus dhlíthiúil trínar thángthas ar na torthaí sin a roinnt. Nuair a thagtar ar réiteach maidir le fadhb aistriúcháin den dlí náisiúnta mar thoradh ar thaighde fada a dhéanamh sa dlí comparáideach, tá sé tábhachtach an réiteach sin a thaifead ar shlí struchtúrtha agus dhoiciméadaithe ar bhileog théarmaíochta. Tá buntábhacht ag baint le taifead na dtorthaí den taighde sa dlí comparáideach ionas nach gcaillfí an obair a rinneadh agus go bhféadfaí roghanna téarmaíochta leanúnacha a dhéanamh.

Le taifead den sórt sin, is féidir teacht ní hamháin ar na téarmaí a moladh chun gach coincheap sna dlíchórais dhifriúla a chur in iúl, ach freisin na heilimintí doiciméadacha agus téarmaíochta lena n-áirithítear ábharthacht, soiléireacht, beachtas agus iontaofacht na roghanna a rinne na dlítheangeolaithe a chuir an iontráil téarmaíochta sin ar bun. I dtimpeallacht oibre atá bunaithe ar 28 ndlíchóras agus 24 theanga oifigiúla, laghdaítear go mór le bunachar téarmaíochta den sórt sin atá saibhríthe le nótaí ar an dlí comparáideach an méid taighde sa dlí comparáideach gur gá leis chun na téacsanna a aistriú, go háirithe i gcomhthéacs nós imeachta um réamhrialú.

Tá sé d'aidhm ag an gcreat a chuirtear leis an téarmaíocht agus an réamhphróiseáil téarmaíochta tairbhe a bhaint as taighde na ndlítheangeolaithe, agus leis sin ba chóir am a shábháil le linn an aistriúcháin, comhleanúnachas téarmaíochta níos fearr a bhunú agus cáilíocht na n-aistriúcháin a mhéadú.

Déantar taifead córasach ar thorthaí taighde na ndlítheangeolaithe, go háirithe sa dlí comparáideach, d'fhonn na coincheapa a thuiscint agus réitigh a aimsiú ar na fadhbanna aistriúcháin, i mbunachar sonraí ina bhfuil na hiontrálacha téarmaíochta eagraithe de réir coincheapa.¹⁰⁸ Nuair a iarrtar ar dhlítheangeolaí iontráil téarmaíochta a chruthú don bhunachar sonraí, bíodh sin nuair a aistrítear téacs nó i gcomhthéacs cleachtadh córasach de réir réimsí, bunóidh sé a chuid oibre ar roinnt foinsí. Is éard atá iontu ná gníomhartha rialála an Aontais (bíonn tosaíocht ag téarmaí an dlí phríomha agus ansin ag téarmaí an dlí tánaistigh, a bhfuil gá a cheartú uaireanta), an cásdlí (ag tabhairt aird ar théarmaí neamhspleácha a d'fhéadfadh ciall dhifriúil a bheith orthu i gcomparáid dá gciall sa dlí náisiúnta) agus an dlí náisiúnta. D'fhéadfadh roinnt imthosca teacht chun cinn. Má chomhfhreagraíonn an téarma agus más féidir tras-scríobh foirfe a dhéanamh air ó dhlíchóras amháin go ceann eile, tá an próiseas simplí. Más ann do leath-chomhfhreagracht, beidh gá leis na difríochtaí a mhíniú. Má fhreagraíonn níos mó ná coincheap amháin le téarma arb ann dó i ndlíchóras amháin nó níos mó den teanga chéanna (ilchiallachas), ní mór sin a dhoiciméadú freisin. Mura bhfuil comhfhreagracht idir na téarmaí, an bhfuil an téarma do-aistrithe? Cinnte ní hé sin an cás, toisc go n-aistrítear cinntí na Cúirte ina n-iomláine, agus is féidir leis an dlítheangeolaí, ar nós i gcomhthéacs aistriúcháin, dul i muinín ceann amháin nó níos mó de na cuir chuige a leagadh amach cheana (*féach mír 4.1.3*).

108| Caroline Reichling, *op. cit.*

I ngach cás, ní mór na roghanna a chosaint agus a dhoiciméadú. Ní mór don dlítheangeolaí a chruthaíonn iontráil téarmaíochta, sa chaoi chéanna leis an dlítheangeolaí a dhéanann rogha le linn aistriúcháin, a bheith in ann a roghanna a chosaint. Cothóidh sé a mhachnamh go minic le hionchur óna chomhghleacaithe, na hoifigí agus saineolaithe náisiúnta.

San iontráil téarmaíochta tá na faisnéisí lenar tháinig an dlítheangeolaí ar réiteach téarmaíochta agus lena gcosnóidh sé a rogha. Leagann an iontráil téarmaíochta amach na deacrachtaí go léir a bhí ann freisin. Leis na faisnéisí a bailíodh maidir le coincheap agus a taifeadadh ar iontráil téarmaíochta is féidir ní hamháin teacht ar théarmaí, ach freisin is féidir leis an dlítheangeolaí na nithe seo a leanas a thuiscint:

- an coincheap i gcomhthéacs soiléir (réimse an choincheapa agus comhthéacs na dtéarmaí);
- a bheith a fhios agat go tapa más ann don choincheap sa dlíchóras lena mbaineann;
- an coincheap a thuiscint go tapaigh (sainmhíniú agus nótaí míniúcháin);
- an coincheap a chur i gcóras ar leith agus rochtain a fháil ar fhaisnéis maidir le coincheapa lena mbaineann (léaráid crainn den réimse);
- eolas a bheith agat ar bhunús (dlíchóras) agus foinse na dtéarmaí (tagairtí téarmaíochta) agus a n-iontaofacht agus a n-ábharthacht a mheas;
- difríocht a tharraingt idir na téarmaí lena gcuirtear coincheap dlíthiúil in iúl agus na foirmlí a cruthaíodh chun coincheapa de dhlí iasachta a chur in iúl;
- rochtain a fháil ar threoracha maidir le húsáid agus cáiliú na dtéarmaí (téarma le tosaíocht, nach moltar, i léig etc.);
- teacht ar achoimre ar na conclúidí i ndiaidh comparáid a dhéanamh idir dhá dhlíchóras (idir dlíthe náisiúnta nó idir dlí náisiúnta agus dlí an Aontais) agus chun rochtain thapa a fháil ar an gcásdlí a roghnaíodh;
- rochtain a fháil ar rabhaidh lenar féidir roinnt gaistí a sheachaint (bréagchairde, coincheapa cosúla, téarmaí míchearta, etc.).

Tá an téarmaíocht a chuireann na dlítheangeolaithe amach dóibhsean ar dtús, sa chaoi go méadaítear le téarmaíocht iontaofa éifeachtacht agus cáilíocht na n-aistriúcháin dlíthiúil

ag an am céanna. Laghdaítear an taighde sa dlí comparáideach atá de dhíth chun roinnt cineálacha doiciméad a aistriú leis na hiontrálacha téarmaíochta (go háirithe orduithe tarchuir agus barúlacha na mBallstát). Tá níos mó ag baint leo, áfach: éascaítear leis na hiontrálacha sin freisin obair seirbhísí eile sa Chúirt, a bhfuil gá dóibh ábhar dlíthiúil a thuiscint, a scríobh nó ateangaireacht a dhéanamh air. Cuirtear ar fáil níos mó iad do sheirbhísí teanga institiúidí eile an Aontais le IATE (bunachar sonraí idir-institiúideach agus poiblí), agus sa tslí sin cuirtear le méadú ar an gcomhleanúnachas idir reachtaíocht an Aontais agus na ndlíchóras náisiúnta. Ar deireadh, tá spéis á spreagadh le hobair théarmaíochta Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais (DGM), go háirithe an *Foclóir dlíthiúil ilteangach comparáideach* (FDI) ¹⁰⁹, a théann níos faide ná ciorcal na n-institiúidí, toisc go bhfuil an obair sin úsáideach do gach duine nach mór dóibh ábhar a thuiscint agus a dhréachtú: saoránaigh, gairmithe dlí agus cúirteanna agus binsí náisiúnta.

An téarmaíocht agus na hateangairí

Cuidíonn na hateangairí *ad hoc* leis an tseirbhís atá freagrach as an téarmaíocht. Go ginearálta, áfach, tá siad níos mó ina n-úsáideoirí den téarmaíocht in IATE (*féach mír 4.3.2*) agus mar a eascraíonn sí freisin as na gníomhartha rialála, as an gcásdlí agus as na haistriúcháin ar na doiciméid nós imeachta sa chás, déanta ag na dlítheangeolaithe. Tá taithí ar théarmaíocht an cháis mar pháirt thairis sin den ullmhúchán le haghaidh na n-éisteachtaí (*féach mír 4.2.4*).

Má tá na hateangairí atá sannta ar éisteacht amhrasach maidir le téarmaíocht éagsúil, téann siad i gcomhairle a chéile chun a cinntiú go mbeidh na téarmaí a úsáideann siad comhionann, gan beann ar an ateangaire atá ag obair. Sna cásanna an-annamh go bhfuil fadhbanna á gcruthú ag eilimint téarmaíochta neamhleor le linn na héisteachta, cuireann siad seirbhís an aistriúcháin ar an eolas faoi chun go mbeidh sí in ann sin a chur in áireamh níos déanaí sa nós imeachta, le haghaidh na tuairime agus an bhreithiúnais, fiú chun an iontráil téarmaíochta lena mbaineann a uasdátú.

109] Féach, d'fhonn cuardach a dhéanamh de réir institiúide nó bailiúcháin, an leabhrán mínithe https://iate.europa.eu/assets/brochure_search_by_collections_and_download.pdf

An téarmaíocht i gcomhthéacs líonraí breithiúnacha an Aontais

Cuireadh comhoibriú idir ard-chúirteanna agus cúirteanna bunreachtúla na mBallstát ar bun i gcomhthéacs Líonra Breithiúnach an Aontais Eorpaigh (RJUE) a cruthaíodh in 2017, tráth Fóraim na mbreithiúna lenar tugadh le chéile cúirteanna bunreachtúla agus ard-chúirteanna na mBallstát agus na Cúirte chun 60 bliain ó síníodh Conradh na Róimhe a cheiliúradh. Ó Eanáir 2018, seoladh do Chomhaltaí na gcúirteanna rannpháirtithe ardán ilteangach chun malartuithe agus roinnt slána de dhoiciméid agus d'fhaisnéisí a chur ar fáil.

Cuireann ardán RJUE mar sin rogha doiciméad ar fáil dá baill a roghnaigh na cúirteanna atá páirteach ann, a bhaineann le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag cúirteanna na mBallstát agus ag an gCúirt.

Ag féachaint do rath an ardáin agus an spéis a d'fhéadfadh roinnt dá ábhar a spreagadh i measc gairmithe dlí, moladh do na cúirteanna rannpháirtithe a chur ar fáil don phobal, i rannóg ar leith ar shuíomh Curia, roinnt d'ábhar RJUE. Cruthaíodh an rannóg shonrach sin in 2021 agus ba é an chéad rud a chuir an Chúirt leis an gcomhoibriú sin ná chun na hacmhainní teanga agus téarmaíochta arbh ann dóibh cheana a fhoilsiú ann (go háirithe na hiontrálacha téarmaíochta agus an doiciméadú). Le roinnt na n-acmhainní sin cuirtear le tuiscint ar na dlíthe náisiúnta difriúla, tacaítear leis an obair scríbhneoireachta agus aistriúcháin, éascaítear na malartuithe idir dlíodóirí de chultúir dhifriúla, ar féidir leo mar sin cumarsáid a dhéanamh i teanga choiteann agus an deis a bheith acu tagairt a dhéanamh d'iontrálacha téarmaíochta na Cúirte le haghaidh tuiscint níos fearr ar na coincheapa dlíthiúla, chun chur síos a dhéanamh ar ábhar doiciméid le cabhair ó na téarmaí mínithe, etc.

Iarradh ar gach cúirt freisin aon acmhainní teanga agus téarmaíochta náisiúnta a d'fhéadfadh na cúirteanna eile, lena n-áirítear an Chúirt, spéis a bheith acu iontu a chur in iúl.

Foirm eile de chomhoibriú téarmaíochta agus teanga a moladh ná líonra fíorúil (fóram nó rud mar sin) a chur ar bun, a mbeadh gach duine in ann cur leis trí cheisteanna a chur nó a fhreagairt maidir le coincheapa de dhlí náisiúnta. Óna thaobh féin, d'fhéadfadh seirbhís téarmaíochta na Cúirte breathnú ar a bunachar sonraí téarmaíochta chun tuiscint na ceiste agus cruthú na freagartha a éascú. Thairis sin, d'fhéadfaí an fhaisnéis go léir a chuirtear ar fáil a athchúrsáil sa bhunachar sonraí téarmaíochta chun tairbhe gach duine.

Bheidís in ann freisin, mar thoradh ar an ngréasán sin, acmhainní téarmaíochta na Cúirte, atá coiteann as seo amach, a shaibhriú nó a cheartú. D'fhéadfadh faireachán a bheith mar pháirt den chomhoibriú sin freisin, toisc go bhféadfadh na cúirteanna náisiúnta forbartha reachtacha agus rialála a thabhairt faoi deara gan stró, lena mbeadh údar athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí téarmaíochta ar leith.

4.3.2 - Uirlisí cuardaigh ilteangaigh

Bíonn ar dhlítheangeolaithe agus ateangairí na Cúirte roinnt taighde a dhéanamh i gcomhthéacs a n-oibre laethúla, agus tacaítear leo chuige sin le huirlisí cuardaigh ilteangaigh a forbraíodh ar leibhéal idirinstiúideach nó sa Chúirt.

Maidir leis an téarmaíocht, braitheann na dlítheangeolaithe agus na hateangairí ar IATE ¹¹⁰, an bunachar sonraí téarmaíochta coiteann d'institiúidí an Aontais, agus don fhormhór, atá ar fáil go poiblí. Is féidir leo breathnú go háirithe ar bhailiúcháin téarmaíochta na Cúirte (*Foclóir dlíthiúil ilteangach comparáideach* nó FDI, téarmaíocht Rialacha Nós Imeachta na gCúirteanna, ainmniúcháin na gcúirteanna náisiúnta, etc.). Cuirtear na sonraí (ilteangach agus ilchórasach) a eascraíonn as miontaighde sa dlí comparáideach in iúl in iontráil téarmaíochta mhionchruinn.

Maidir leis an gcuardach dlíthiúil ilteangach de théacsanna iomlán, is gá EUR-Lex, ¹¹¹ lena gcuirtear rochtain ar dhlí an Aontais ar fáil, a lua sa chéad áit. Leis an suíomh sin is féidir breathnú ar an reachtaíocht agus cásdlí i dtaispeántas dátheangach nó trítheangach.

Cuireann an t-inneall cuardaigh *EURêka*, a bhaineann leis an gCúirt amháin, rochtain ar chásdlí an Aontais ar fáil, ach freisin ar ghníomhartha nós imeachta a thaisc na páirtithe sna cásanna agus ar dhoiciméid inmheánacha agus sheachtracha eile (nótaí ar an gcásdlí). Baineann na dlítheangeolaithe leas freisin as Curia, suíomh gréasáin na Cúirte, a chuireann foirm mhionchruinn ¹¹² ar fáil chun an cásdlí a chuardach, agus atá

110| <https://iate.europa.eu/home>

111| <https://eur-lex.europa.eu/homepage.html?locale=ga>

112| <https://curia.europa.eu/juris/recherche.jsf?language=GA>

Tabhair faoi deara go bhfuil cumraíocht speisialta den fhoirm chuardaigh ar fáil ar an leathanach maidir le Lónra Breithiúnach an Aontais Eorpaigh (RJUE, nasc: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/p1_2170125/fr/) d'fhoill cuardaigh a dhéanamh atá dírithe ar tharchuir chun réamhrialú. Féadtar, thairis sin, ón 1 Iúil 2018, breathnú ar na orduithe tarchuir náisiúnta, sna leaganacha teanga go léir atá ar fáil.

mar fhoinse thagartha le haghaidh na leaganacha teanga difriúla de na téacsanna a rialaíonn na nósanna imeachta.

Buntáiste a bhaineann le QUEST, meit-inneall idirinstitiúideach, ná gur féidir cuardaigh a dhéanamh air i roinnt foinsí ar shlí chomhuaineach. Mar chuid de na foinsí sin tá, *inter alia*, IATE, na cuimhní aistriúcháin idirinstitiúideacha atá ar fáil trí Euramis, agus na bunachair sonraí de théacsanna iomlána cosúil le EUR-Lex.

Is bailiúchán de chuimhní aistriúcháin atá i gceist le Euramis, a chothaíonn na hinstitiúidí, lena n-áirítear an Chúirt. Is ón uirlis sin a chruthaítear na comhaid oibre a thugtar do na dlítheangeolaithe in Trados Studio (*féach mír 4.3.3*).

4.3.3 - Uirlisí tacaíochta don aistriúchán

Téann DGM i muinín na n-uirlisí tacaíochta don aistriúchán is nua-aimseartha. Cruthaítear na huirlisí sin go speisialta ar leibhéal idirinstitiúideach, nó forbraíonn gníomhaithe ar an margadh iad chun freagairt do riachtanais na seirbhísí aistriúcháin, go háirithe riachtanais institiúidí an Aontais. Cuireann na huirlisí sin le hobair an dlítheangeolaí ar shlí riachtanach. Braitheann an úsáid a bhaintear astu ar an ngníomhaíocht intleachtúil shonrach atá ag teastáil ag gach céim den aistriúchán. Fanann an dlítheangeolaí ag lár na gníomhaíochta aistriúcháin agus cinneann sé cén uirlisí a bhfuil sé ar intinn aige a úsáid. Tugtar an t-aistriúchán feabhsaithe ar sin.¹¹³ Éiríonn na huirlisí tacaíochta níos éifeachtúla agus níos éifeachtúla ina n-aonar, ach is féidir feabhas a chur go fóill ar a gcumas chun cumarsáid a dhéanamh eatarthu agus iad féin a chomhshaibhriú, d'fhonn réitigh a mholadh agus cuidiú a chur ar fáil atá i gcónaí níos ábhartha agus beaichte don dlítheangeolaí, a fhanann i gceannas ar an bpróiseas.

113| [A]n “t-aistriúchán feabhsaithe” (De Palma, 2017) nó “cuidithe le heolas” (do Carmo et al. 2016: 149) [...] ná nuair a chomhtháthaítear na teicneolaíochtaí aistriúcháin atá ar fáil le haghaidh gach imthosca i bpróiseas an aistriúcháin, d’fhonn éifeachtacht na n-aistritheoirí a bharrfheabhsú, gan ligean do na teicneolaíochtaí sin smacht iomlán nó páirteach a ghlacadh ar phróiseas an aistriúcháin. “. Chelo Vargas-Sierra, “La estación de trabajo del traductor en la era de la inteligencia artificial. Hacia la traducción asistida por conocimiento”, *Revue Pragmalingüística*, Nollaig 2020.

An láthair oibre: Trados Studio

Cuireann seirbhís aistriúcháin na Cúirte láthair oibre sonraí don aistriúchán ar fáil dá dlítheangeolaithe go léir. Faoi láthair, úsáidtear Trados Studio, toisc gur tugadh don earra sin an dá chonradh dheireanacha sa soláthar poiblí. Leagtar amach sa láthair oibre sin, ag an am céanna, an buntéacs agus an spriochtéacs, sa chaoi go léirítear in aice lena chéile na frásaí a aistríodh cheana, atá le haistriú, atá i mbun aistriúcháin agus le haghaidh a leithéid a bhfuil moltaí “meaisínaistriúcháin” ar fáil. Le hailíniú na leaganacha teanga, is féidir an bunachar sonraí idirinstiúideach Euramis a chothú i ndiaidh an aistriúcháin. Ó Trados Studio, is féidir leis an dlítheangeolaí uirlisí tacaíochta eile don aistriúchán a chur ag gníomhú. Is bunús láidir í an deis sin le haghaidh feabhsúcháin, saibhríthe agus forbartha amach anseo maidir leis an aistriúchán feabhsaithe.

IATE, Quest, DocFinder agus Euramis

Is iad na huirlisí atá ar fáil faoi láthair do na dlítheangeolaithe sa Chúirt trí Trados Studio ná IATE agus QUEST (*féach mír 4.3.2*), agus DocFinder, Euramis agus an meaisínaistriúchán néarach.

Déanann DocFinder, meit-inneall cuardaigh, lárú, simpliú agus rochtain a luathú ar dhoiciméid ó chomhéadan uathúil. Ceann dá fheidhmiúlachtaí is praiticiúla ná go gcruthaíonn sé go huathoibríoch nasc hipirtéacs go dtí doiciméad tagartha ó eilimintí tagartha atá uaireanta i mblúiríní.

Le Euramis féadtar “míreanna” (frásaí nó codanna d’fhrásaí) a aistríodh cheana a iompórtáil go Trados Studio. Is féidir le Trados Studio anailís uathoibríoch a dhéanamh ar gach mír de théacs atá le haistriú agus, chomh luath agus atá leibhéal ard cosúlachta ann le mír a aistríodh cheana in Euramis, déanfaidh an uirlis an mhír sin a léiriú agus tabharfar chun suntais na difríochtaí a d’fhéadfadh a bheith eatarthu. Tá na moltaí a chuirtear ar fáil trí Euramis ar ardchaighdeán, toisc nach gcláraítear ar Euramis ach aistriúcháin den cháilíocht is airde, a rinne agus a chuir dlítheangeolaithe nó aistritheoirí i gcrích, bíodh sin le cabhair ó uirlisí teicneolaíochta faisnéise nó gan an chabhair sin. Is féidir leis an dlítheangeolaí a chinneadh gan ach na míreanna réamhaistrithe le híosleibhéal comhfhreagrachta ar leith leis na míreanna sa bhuntéacs a léiriú, tá réamhshocrú de 65 % i bhfeidhm. Ní mór a bheith cinnte faoi fhoinsé na míreanna réamhaistrithe freisin. Mar shampla, i gcás athfhríotal díreach nó indíreach, ní féidir glacadh le gach aistriúchán ar an bhforas amháin go bhfuil sé ceart go séimeantach agus ó thaobh na teanga de. Ní mór don aistriúchán teacht go díreach ón bhfoinsé luaite. Ba ar an gcúis sin gur fhorbair

DGM uirlis lena bhféadtar an doiciméadú a roghnú ar Euramis lena bhfuil an ábharthacht is mó aige, de réir dóchúlachta, le haghaidh aistriúcháin ar leith. Beidh tosaíocht ag na míreanna a eascraíonn as an doiciméadú sin in Trados Studio, mar thoradh ar chóras ualaithe. Chomh luath is a chruthaítear tionscadal aistriúcháin, faigheann an dlítheangeolaí *"beart uirlisí feidhmiúla,"* gur féidir leis a shaibhriú nó gan a shaibhriú, agus ina bhfuil sraith doiciméad ábhartha ann go huathoibríoch: mar shampla, na doiciméid a aistríodh cheana i gcomhthéacs an cháis chéanna nó cásanna lena mbaineann, na doiciméid a luaitear sa téacs atá le haistriú, etc. Chun an ábharthacht a mhéadú arís, cinneann na haonaid teanga, le haghaidh a dteanga, an téarmaíocht tagartha (ginearálta nó sainiúil do chineál díospóide ar leith) agus déantar sin a chomhtháthú sa bheart uirlisí feidhmiúla.

Nádúr riachtanach d'fhíorú an dlítheangeolaí

Gan beann ar cháilíocht na n-uirlisí cuidithe don aistriúcháin, beidh ar an ngairmí aistriúcháin dhlíthiúil fíorú a dhéanamh i gcónaí ar mholadh an mheaisín, fiú má tá an gníomh as a n-eascraíonn an moladh sin mar ghníomh ábhartha sa chomhthéacs agus má tá leibhéal 100 % ionannais idir an mhír a moladh agus an mhír atá le haistriú.¹¹⁴

Sa tslí chéanna, is féidir leis an meaisín earráidí a dhéanamh mar thoradh ar bhotúin a bhaineann leis an ailíniú de na leaganacha teanga in Euramis agus aistriúcháin de mhír eile a mholadh seachas an ceann a bhí sé de cheart aige a mholadh. D'fhéadfadh an t-aistritheoir nó an dlítheangeolaí earráidí aistriúcháin a dhéanamh freisin, áfach, agus, mura dtugtar na hearráidí sin faoi deara, beidh siad mar pháirt de na téacsanna a chothaíonn an bunachar sonraí, agus molfar iad do na daoine a bhainfidh leas astu.

Ar deireadh, más réiteach úsáideach go minic é úsáid a bhaint as sean-aistriúcháin, tá sé sin fós coimeádach: tharlódh sé nach bhfreagródh na moltaí don chur chuige agus do na meonta atá ann a thuilleadh, mar shampla, maidir leis an uileghabhálacht. Tá caillíocht na míreanna in Euramis agus a n-ailíniú riachtanach mar sin agus bíonn institiúidí an Aontais go léir an-chúramach maidir leo. Sin ráite, bíonn ann do lamháil earráide

114| Mar shampla, le haghaidh mír a thógtar as Airteagal 39 de Threoir 2014/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, molann an meaisín, agus é ag tabhairt aghaidh ar an bhfrása "tous les États membres prennent les mesures nécessaires pour s'assurer que ...", dhá aistriúcháin trí Bhéarla atá píosa beag difriúil ach atá leibhéal 100 % ionannais ag an dá cheann: "all Member States shall take the *measures necessary* to ensure that..." agus "all Member States shall take the *necessary measures* to ensure that ...". Níl ach ceann amháin de na haistriúcháin sin ceart, ach ní thuigeann an meaisín é sin: is suas chuig an duine daonna atá sé sin a chinneadh.

nó neamhdhóthanachta i gcónaí, agus is don dlítheangeolaí atá sé sin a cheartú. Ar deireadh, is iomchuí a thabhairt faoi deara nach ndearnadh aistriú riamh ar thromlach na bhfrásaí a mbíonn ar an dlítheangeolaí a aistriú: aistríonn sé go saor iad, faoi réir na téarmaíochta oiriúnaí, agus é ag baint leas as cabhair uirlise cumhachtaí eile: an “meaisínaistriúchán.”

Uirlisí meaisínaistriúcháin: eTranslation agus DeepL Pro

Tá uirlis meaisínaistriúcháin mar pháirt de Trados Studio freisin. In 2018, feidhmíodh na huirlisí den sórt sin ar bhonn staitistiúil simplí, is é sin le rá go raibh siad bunaithe ar shamhail ar ríomhaire a traenáladh ar chorpais mhóra téacsanna agus a mhol aistriúcháin de réir na dóchúlachta matamaitice dá n-ábharthacht. Feidhmíonn siad anois ar bhonn néarach, a ainmníodh sa tslí sin mar analaí le feidhmiú inchinne an duine trí líonra néarach. Chuige sin, tá gá le próiseas le dhá chéim. Don chéad chéim, déantar traenáil ar innill néaracha ar chorpais ollmhóra de mhíreanna dátheangacha ailínithe, óna “bhfoghlaiméoidh” na hinnill sin na comhfhreagrachtaí idir na míreanna: is é sin céim thraenála na n-inneall néarach.¹¹⁵ Chomh luath agus atá siad traenáilte, is féidir glaoch ar na hinnill chun aistriúcháin chun tuartha aistriúcháin a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as algartaim a shannann ualaigh leantacha ar na comhfhreagrachtaí a thugtar faoi deara, ar bhonn múnlaí dóchúlachta, gramadaí, comhthéacsúla agus eile. Tá moltaí na n-uirlisí sin úsáideach agus go minic suntasach. Baineann an pobal agus suíomhanna gréasáin úsáid go minic as uirlisí néaracha den sórt sin chun aistriúcháin neasacha a chur ar fáil. Téann aistritheoirí gairmiúla, lena n-áirítear aistritheoirí dlíthiúla, i muinín na n-uirlisí sin freisin mar thaca sa phróiseas aistriúcháin.

Is uirlis néarach é *eTranslation* atá an-éifeachtach a forbraíodh agus maoiníodh ar leibhéal idirinstiúideach. Bhain an uirlis sin leas as Euramis chun innill aistriúcháin néaraigh a thraenáil ar dtús trí mholtaí aistriúcháin a chur ar fáil ón mBéarla go dtí na teangacha oifigiúla eile go léir agus *vice versa*, agus idir an Ghearmáinis agus an Fhraincis. Diaidh ar ndiaidh, forbraíodh innill breise arna iarraidh sin ag institiúidí éagsúla, agus go háirithe ag an gCúirt, chun freagairt do riachtanais shonracha nó téama ar leith. Mar sin, arna iarraidh sin ag seirbhís aistriúcháin na Cúirte, rinneadh traenáil ar innill go heisiach ar chásdlí na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Ag féachaint do mhodhanna

115| Cruthaíonn an t-inneall, i sraitheanna leantacha, na mílte ceangal néarach atá chomh casta go nglaoitear go minic “deep learning” (foghlaim dhoimhin) ar an bpróiseas traenála sin ó na corpais.

oibre na Cúirte, traenáladh na hinnill sin chun aistriúcháin dhíreacha dhéthreocha a chur ar fáil idir na teangacha oifigiúla go léir agus teanga na bpléití. Ní bhaineann siad úsáid ach as an gcorpas is ábhartha gurb ann dó le haghaidh sheirbhís aistriúcháin na Cúirte: a corpas féin. Athchruthaíonn na hinnill sin teanga dhlíthiúil na Cúirte.

Is féidir le dlítheangeolaithe na Cúirte dul i muinín uirlis mhargaidh darbh ainm DeepL Pro freisin, a thugann torthaí suntasacha, go háirithe le haghaidh péirí teanga ar leith agus le haghaidh catagóirí téacs ar leith nach bhfuil chomh teicniúil sa réimse dlíthiúil. Rinneadh iarrachtaí éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar ionchur cainníochtúil na n-uirlisí sin in ollscoileanna agus institiúidí an Aontais,¹¹⁶ lena n-áirítear an Chúirt. Cinnte, tá sé deacair an t-ionchur sin a thomhas go beacht, ag féachaint do na deacrachtaí modheolaíochta a bhaineann leis na hathróa atá ann a mheas (cumas an aistritheora, coinníollacha oibre, cáilíocht an táirge deiridh). Tá luach breise na n-uirlisí meaisínáistriúcháin suntasach gan dabht, áfach, fiú mura gceaptar go mbeidh an meaisín in ann leibhéal an aistriúcháin a dhéanann an duine a bhaint amach sa lá atá inniu ann. Tá an próiseas uathoibríoch agus ní mór don intleacht dhaonna na torthaí a mheas, a fhíorú agus a cháineadh, más gá. Fiú mura bhfuil ach méid beag earráidí á dhéanamh ag an meaisínáistriúcháin don chuid is mó den am, ní féidir leis gach a bhfuil ag teastáil do phróiseas aistriúcháin d'ardchaighdeán a athchruthú: tumadh doimhin i smaointe an scríbhneora chun teacht ar an teachtaireacht, í sin a shú isteach, agus an tsubstaint a athchruthú, sa tsainréim chéanna theanga. Anuas air sin, tá teorainneacha eile ann, bíodh siad teicniúil, amhail focail a fhágáil ar lár, nó coincheapúil, amhail an dodhéantacht chun “iallach” a chur ar an meaisín téarmaíocht ar leith a mholadh atá dímhéasúil nó mionlach i gcomparáid leis an téarmaíocht, mar chuid den chorpas traenála, a moladh ón dtús.

Cothaíonn an uirlis néarach súil in airde, agus freisin míthuiscintí idir úsáideoirí agus cruthaitheoirí d'aistriúcháin dhlíthiúla. Tugann an chéad ghrúpa faoi deara go bhfuil buntorthaí nádúrtha an mheaisín an-úsáideach cheana féin agus go dtugann siad tuiscint nach mór leordhóthanach dóibh ar an mbuntéacs; tá a fhios ag an dara grúpa go bhfuil gá go mbeidh gach mír ina hábhar d'anailís chriticiúil amhail is gur aistríodh an mhír sin *ex novo*. Tá a fhios acu freisin go bhfuil an bhearna idir an tuiscint a chuireann an meaisín ar fáil agus tuiscint fhoirfe lonnaithe díreach ag an bpointe is intleachtúla

116 | Staidéar comhpháirteach den Choimisiún agus Ollscoil Gand: “Assessment of neural machine translation output in DGT’s language departments,” 3 Meitheamh 2019 Lieve Macken, Daniel Prou agus Arda Tezcan. *Quantifying the Effect of Machine Translation in a High-Quality Human Translation Production Process*, Informatics, 7, 12, 2020 : <https://doi.org/10.3390/informatics7020012>

agus mar sin is am-ídití den phróiseas aistriúcháin dhlíthiúil, go háirithe nuair atá dlí á chur in iúl as a n-eascróidh cearta agus oibleagáidí atá infheidhme go díreach.

Tagann na huirlisí teicneolaíochta a leagtar amach thuas le chéile chun tacú le héifeachtacht agus caighdeán oibre na ndlítheangeolaithe sa Chúirt Bhreithiúnais. Cabhraíonn siad chun faoiseamh a thabhairt dóibh ó pháirt dá n-ualach oibre, an chuid is simplí, agus sa tslí sin ligtear dóibh iad féin a dhíriú níos fearr ar na páirteanna níos casta agus dlíthiúla, a bhfuil infheistíocht láidir ag teastáil ina leith. Is féidir an méadú struchtúrtha a tháinig ar éifeachtacht sheirbhís aistriúcháin na Cúirte a mhíniú le réimse fachtóirí (iarrachtaí indibhidiúla, seachfhoinsiú, téarmaíocht, oiliúint, etc.) lena gcuirtear, ar shlí níos éifeachtaí i gcónaí, na teicneolaíochtaí nua.

4.3.4 - Uirlisí tacaíochta don ateangaireacht

Tá leathanach ag na hateangairí ar an inlíon dá seirbhís, atá bunaithe ar an ullmhúchán d'éisteachtaí. Cuireann sé na huirlisí teicneolaíochtaí go léir atá ag teastáil uaibh chun ullmhú, a chomhfhreagraíonn don chuid is mó le huirlisí na ndlítheangeolaithe, ar fáil in áit amháin. Faightear ann, mar shampla, naisc i dtreo na mbailiúchán doiciméadach a bhfuil na doiciméid níos imeachta go léir de chás ar leith iontu, i dtreo na ndoiciméad a d'ullmhaigh na ndlítheangeolaithe nó seirbhísí trasnacha an ard-stiúrtóireachta nó fiú i dtreo na mbunachar sonraí teanga agus téarmaíochta ar nós Euramis, Quest nó IATE.

Tá na naisc chéanna sin ar fáil sna bothanna leis an ríomhaire atá ag gach ateangaire. Is le linn an réamhullmhúcháin, áfach, a bhaineann an t-ateangaire an méid is mó úsáide as na huirlisí teicneolaíochta. Laghdaíonn nádúr neasach na hateangaireachta comhuainí go mór an t-am agus fuinneamh cognaíoch atá ar fáil chun breathnú ar an ríomhaire agus ateangaireachta á déanamh. Braitheann an t-ateangaire mar sin ar cháilíocht a ullmhúcháin, ar a chomhghleacaí sa bhoth agus ar a scileanna pearsanta agus gairmiúla (*féach mír 4.2*).

4.3.5 - Ateangaireacht ar idiragartha a thugtar ó chian

Le linn ghéarchéim Covid-19, cruthaíodh modhanna nua rannpháirtíochta ó chian ionas go mbeadh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta, ón 25 Bealtaine 2020, éisteachtaí a réachtáil arís a bhí orthu a chur ar ceal nó a chur siar i mí an Mhárta. Cé gur lean na hateangairí ar aghaidh ag obair ón seomra éisteachta, bhí bac ar roinnt óráidithe teacht go dtí Lucsamburg de thoradh ar na srianta taistil agus tugadh cead dóibh, den chéad uair, pléadáil a dhéanamh ó chian. Toisc go bhfuil cáilíocht agus buanseasmhacht an cheangail riachtanach chun ateangaireacht gan bhriseadh agus ar ardchaighdeán a áirithiú, cuireadh nós imeachta ar bun chun réamh-fhormheas a dhéanamh ar suíomhanna chun an t-óráidí a óstáil. Roimh gach éisteacht ina bhfuil rannpháirtíocht ó chian ag baint leis, déantar tástáil ar cháilíocht na cumarsáide. Mura bhfuil sí leordhóthanach, is féidir le hUachtarán an tseisiúin an éisteacht a chur ar ceal nó a stopadh.

Rinneadh an ateangaireacht ar óráidithe a bhí ag pléadáil ó shuíomh i gcéin indéanta le cur i bhfeidhm, sna seomraí éisteachta lena mbaineann, teicnící slána de chraoladh fuaime agus íomhanna. Roghnaigh an Chúirt córas Codec chun na craoltaí a chomhbhrú (COdage) agus a dí-chomhbhrú (DECodage) agus chun iomláine, agus más iomchuí, rúndacht na malartuithe a áirithiú.

Ach ní hiad cúrsaí teicniúla amháin atá le chur san áireamh anseo. Bíonn ar na teicneoirí a bheith i láthair chun na huirlisí agus na ceangail a sheiceáil, agus iarrtar orthu go minic fadhbanna a réiteach san fhíor-am. Thairis sin, cuireann an modh oibre nua sin na hateangairí iad féin faoi dhian-bhrú agus faoi réir ualach cognaíoch níos troime arís, ¹¹⁷ chomh trom sin gurb iomchuí an tuirse bhreise sin a chur san áireamh agus na hamanna sannta á mbainistiú, gan fiú an riosca go rachadh an éisteacht ar aghaidh níos faide ná mar a beartaíodh a chur san áireamh.


117 | Féach, mar shampla, le haghaidh achoimre ar an ábhar, Sabine Braun, "Remote Interpreting" H. Mikkelsen & R. Jourdenais (Eagarthóirí), *Routledge Handbook of Interpreting*, Routledge, Londain/Nua Eabhrac 2015, lgh. 352 go 367.

Tharla an cur i bhfeidhm den mhodh nua pléadála agus ateangaireachta sin sa chomhthéacs deacair den ghéarchéim sláinte, agus bhí gá roinnt constaicí teicniúla, cultúrtha agus eagrúcháin a shárú. Sáraíodh iad mar thoradh ar thiomantas na n-ateangairí agus na dteicneoirí, agus i ndlúthchomhar lena mbainistíocht, leis na clárlanna agus le hoifigí Uachtaráin na gCúirteanna. Bhí an méid sin rath air gur bhronn an tOmbudsman Eorpach, Emily O'Reilly, an duais le haghaidh dea-riaracháin ar an gCúirt in 2021 sa chatagóir "Sármhaitheas sa nuálaíocht/san athrú."

Ateangaireacht ar idiragairt arna fógairt ó chian



láthair ó chian



4.3.6 - Ateangaireacht ó chian

Le linn ghéarchéim Covid-19, de bharr an mheascáin d'idiragartha ó chian trí *fhíschomhdháil* agus cumhdach teanga iomlán i gcomhthéacs na n-éisteachtaí os comhair Mhór-Dhlísheomra na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte iomláine, bhí gá uaireanta roinnt seomraí éisteachta a *"nascadh."*

Bhí sé de thoradh ar chóras teangacha leathan éisteachtaí ar leith agus na srianta a bhain leis an bpaindéim (ateangaire amháin, beirt nó triúr i mboth de réir na gcoinníollacha a leagtar síos leis na ceanglais sláinte le haghaidh éisteachtaí) nach raibh go leor bothanna ar fáil, fiú sa seomra éisteachta is mó den Chúirt Bhreithiúnais, le haghaidh na n-ateangairí uile ar an bhfoireann.

Dá bharr, chun easpa bothanna sa phríomhsheomra éisteachta a réiteach, rinneadh roinnt den fhoireann ateangaireachta ó sheomraí eile a nascadh leis an bpríomhsheomra. Sna seomraí sin, d'oibrigh na hateangairí ón bhfuaim agus ó na híomhánna a cuireadh chucu ón bpríomhsheomra agus ó na suímh i gcéin. Tugtar *ateangaireacht ó chian* air sin.

Le "nascadh" na seomraí, trí bhothanna ateangaireachta lonnaithe sa phríomhsheomra éisteachta a cheangal le bothanna lonnaithe i seomra nó seomraí tánaisteacha, bhíothas in ann deiseanna cumhdaigh teanga do na héisteachtaí sa thréimhse sin le linn na paindéime a mhéadú, tréimhse ina raibh sé deacair ateangaireacht a dhéanamh faoi na gnáth-choinníollacha.





5. - Cén todhchaí don Ilteangachas?

5.1 - Réamhriachtanais le haghaidh teacht chun cinn daoine le tallann

Tá teorainneacha na hEorpa neamhchinnte anois. Bogann a saoránaigh, buaileann siad le chéile, cruthaíonn siad naisc chairdis agus déanann siad comhshaibhriú ar a chéile. Chun tairbhe a bhaint as an tíolacadh suntasach sin den lá atá inniu ann, ní mór do dhaoine cumarsáid a dhéanamh nó, níos fearr, a chéile a thuiscint. An dtuigimid daoine eile i ndáiríre, áfach, mura bhfuil suim againn ina dteangacha nó ina gcultúir? Conas a d'fhéadfadh Gearmánach Francach a thuiscint atá ag labhairt leis faoin "coup de Trafalgar" [cath Trafalgar] mura dtuigeann sé ag an am céanna teanga agus stair an Fhraincigh sin? Conas a d'fhéadfadh Portaingéalach Laitviach a thuiscint atá ag labhairt leis faoi "náisiúntacht" más ionann "náisiúntacht" agus "saoránacht" don Phortaingéalach sin? An bhfuilimid in ann an eachtarthacht a thuiscint mura dtugamar aghaidh ar a laghad ar theanga amháin eile agus ar an gcultúr agus an tuisceant ar an domhan a théann in éineacht léi?

Tá buntuisceant ag baint le foghlaim teanga eile, fiú ceann amháin: is í sin tuisceant ar an eachtarthacht. Ní mise an duine eile; tá ár luachanna coiteanna bunaithe ar stair, teangacha agus tuisceantí éagsúla ar an domhan, agus is féidir le gach ceann an ceann eile a shaibhriú. Chomh luath agus atá réaltacht ár n-eachtarthachta féin leabaithe, gheofar le foghlaim teangacha breise níos mó tuisceana arís, osclóidh sé bealaí cumarsáide le gach duine daonna a roinneann an teanga sin.

Mit jeder Sprache mehr... ¹¹⁸

Mit jeder Sprache mehr, die du erlernst, befreist
Du einen bis daher in dir gebundnen Geist,

Der jetzo tätig wird mit eigner Denkverbindung,
Dir aufschließt unbekannt gewes'ne Weltempfindung,

Empfindung, wie ein Volk sich in der Welt empfunden ;
Nun diese Menschheitsform hast du in dir gefunden.

Ein alter Dichter, der nur dreier Sprachen Gaben
Besessen, rühmte sich, der Seelen drei zu haben.

Und wirklich hätt' in sich nur alle Menschengeister
Der Geist vereint, der recht wär' aller Sprachen Meister.

Gach uair a fhoghlaimíonn tú teanga nua, scaoileann tú saor
Spiorad a bhí go dtí seo ceangailte ionat,

A ghníomhaíonn anois lena chomhcheangail smaointe féin
Agus a léiríonn duit slí anaithnid chun an domhan a bhrath

An tslí go dtuigeann pobal é;
An fhoirm daonnachta sin, tháinig tú uirthi ionat.

Mheas sean-fhile, nach raibh eolas aige ach ar thrí theanga,
Go raibh sé saibhir, le trí hanam ann, seachas ceann amháin

Agus nach mbeadh anam na bhfear uile
Ach ag an dté le máistreacht ar na teangacha uile.

Le fiche nó tríocha bliain anuas, tháinig forbairt mhór ar scileanna teanga i dtíortha na hEorpa agus timpeall an domhain. Ar thaobh amháin, tá an dul chun cinn sin tábhachtach toisc, anois, go bhfuil eolas ag tromlach shaoránaigh an Aontais ar theanga amháin eile, go minic an Béarla, nó ar laghad tá bunús acu ann. Tá sé sin úsáideach, gan dabht ar bith. Cad a tharla do na hintleachtóirí Eorpacha sin, áfach, sna fiche nó tríocha bliain roimhe, nár stop le foghlaim teanga amháin, ach a lean ar aghaidh chun trí, ceithre, cúig nó níos mó cinn a fhoghlaim? Agus cén fáth gurb é an Béarla an t-aon teanga iasachta a fhoghlaimítear nach mór an t-am ar fad? Nach bhfuil aon rud eile le foghlaim ó theangacha Goethe agus Schiller, Dante agus Eco, Voltaire agus Camus, Cervantès, Vondel, nó ó na teangacha eile go léir? Tá riosca ann, leis an *lingua franca* ceannasach ag gach pointe sa stair, mar a labhraíonn daoine nach cainteoirí dúchasacha iad an teanga sin, go ndéanfar dochar don chaighdeán tuisceana agus machnaimh atá ag teastáil. Is dlísteanach an cheist í a fhiafraí mar sin, an bhfuil teanga den sórt sin, simplithe go hipitéiseach, dínádúraithe, truaillithe fiú, in ann rochtain a thabhairt ar an eachtarthacht, nuair nach leor í ach chun uachtair cultúir an domhain a scríobadh, fiú cultúr na ndaoine a bhfuil sí mar theanga dhúchais acu.¹¹⁹

Tá an freagra le fáil, gan dabht, i gcleachtas ilteangach na Cúirte. Ní mór d'obair ilteangach na n-institiúidí, atá bunaithe ar infhaighteacht daoine le tallann sna Ballstáit uile, freagairt do riachtanas ilteangach an tsaoránaigh Eorpaigh. Ní mór, chun seirbhísí ilteangacha ar archaighdeán a chur ar fáil, réimse leathan daoine a bheith ann leis an gcumas chun an idirghabháil chultúrtha, teanga agus dhlíthiúil a áirithiú sa Chúirt. Is gá ó aois an-óg suim i dteangacha agus san éagsúlacht a spreagadh agus a thacú. Ní mór deiseanna a bheith ag leanaí chun roinnt teangacha a fhoghlaim. Ní mór do dhaoine óga a bheith in ann taisteal agus teacht ar chultúir eile, agus an éagsúlacht a shú isteach. Beidh fonn ar roinnt acu a ngairmeacha a dhéanamh as sin amhail ateangairí agus aistritheoirí; déanfaidh roinnt eile, amhail dlítheangeolaithe, buntáiste tábhachtach as chun a ngairme a chleachtadh. Ní mór don struchtúr oideachasúil iomlán an fhorbairt sin a thacú: foghlaim roinnt teangacha ar scoil; cothabháil scoileanna aistriúcháin agus ateangaireachta; cothabháil, fiú forbairt, ar eolas teanga agus idirchultúrtha le linn

119| Féach go háirithe, le haghaidh na n-eilimintí sin go léir, Robert Phillipson, *English-Only Europe? Challenging Language Policy*, 2003, aistrithe go dtí an Fhraincis agus curtha suas chun dáta in 2018 faoin teideal *La domination de l'anglais : un défi pour l'Europe*. Féach freisin réamhrá François Grin sa leagan Fraincise.

an léinn ollscoile, go háirithe an léann dlíthiúil; úsáid teangacha san ionad oibre, agus caoinfhulaingt agus meas cinnte á léiriú ar chumas gach duine.¹²⁰

Cé go bhfuil sé tábhachtach teangacha a fhoghlaim, is fíor fós nach mór ilteangachas dlíthiúil agus riaracháin an Aontais a bhunú ar an bprionsabal go bhfuil an ceart ag gach saoránach gan ach eolas a bheith aige ar a theanga dhúchais.¹²¹ Fiú na saoránaigh a labhraíonn teanga amháin nó níos mó, beidh an ceart acu i gcónaí agus beidh gá acu go ginearálta cumarsáid a dhéanamh leis an rialtas agus na cúirteanna ina dteanga dhúchais. Chun freagairt don ghá sin, ní mór do shaoránaigh eile dul i mbun gairmeacha teanga agus leas a bhaint as coinníollacha buntáisteacha chun sin a dhéanamh.

Tá ról ag an gCúirt feasacht a ardú maidir leis an tábhacht a bhaineann le teangacha a fhoghlaim agus luach a chur ar a n-úsáid chomh maith leis an uaisleacht a bhaineann le hiad a chosaint. *Inter alia*, d'fhéadfadh a seirbhísí teanga cuairt a thabhairt ar scoileanna agus ollscoileanna, dul i dteagmháil le comhlachais ghairmiúla agus chultúrtha, buaileadh le polaiteoirí agus intleachtóirí freagracha agus comhdhálacha a eagrú ar an ilteangachas. Thairis sin, tá an ról sin ag an gCúirt, i gcomhthéacs a "cúram ilteangachais," cúram iltaobhach a bhfuil Gairdín an Ilteangachais mar léiriú nithiúil agus siombalach amháin air, a luadh sa réamhrá den saothar seo.

5.2 - Feasacht ar na leasanna: gearrthéarmach nó fadtéarmach?

Tá rochtain ar an gceartas agus ar an gcásdlí i do theanga féin mar bhuneilimint den daonlathas, toisc go gcinntear leis an deis ag gach saoránach páirt a ghlacadh sa tsochaí a rialaítear leis an smacht reachta agus chun tairbhe a bhaint as deiseanna cothroma.

Cheana féin in 1549, mhínigh an file Francach Joachim Du Bellay, ina shaothar *Défense et illustration de la langue française* [Cosaint agus léiriú ar an bhFraincis], cé chomh tábhachtach agus a bhí sé ceartas a bhunú sa teanga dhúchasach seachas sa Laidin, nach raibh máistreacht ach ag an uasal aicme uirthi. Bhí sé ag leanúint lorg Ordú

120 | Tá sé coitianta, mar shampla, san earnáil phríobháideach sa Bheilg, go roghnaíonn rannpháirtithe i gcruinnithe go saor chun iad féin a chur in iúl sa Fhraincis nó san Ollainnis, sa chaoi nach bhfuil ar gach éinne iad féin a chur in iúl sa dá theanga sin, ach go bhfuil orthu iad a thuiscint. Tá úsáid an Bhéarla níos coitianta áfach ar chúiseanna éagsúla.

121 | Alexandre Viala, "Le droit à la traduction", *Le multilinguisme dans l'Union européenne*, faoi stiúir Isabelle Pingel, Éditions Pedone, Páras, 2015, lch. 21.

Villers-Cotterêts, mar sin, a ghlac an Rí François I leis in 1539, lenar glacadh le húsáid na Fraincise, ar bhonn ginearálta, i ngníomhartha poiblí agus os comhair na gcúirteanna. Léiríonn stair ár dtíortha, fiú an stair le déanaí, conas is féidir le pobail nach léirítear urraim leordhóthanach ar a bhféiniúlacht teanga nó chultúrtha teacht ar argóintí láidre chun cur i gcoinne an chórais sheanbhunaithe agus chun forbairt ar an gcóras sin a bhrú ar aghaidh. Chonacthas sin i dtíortha daonlathacha amhail an Bheilg chomh maith le tíortha faoi réir córas forlámhach amhail an Liotuáin le linn an ré Shóivéadaigh.

Lena dtaithí stairiúil agus daonnacht roinnte, ní mór do na hEorpaigh machnamh a dhéanamh ar thodhchaí an ilteangachais san Aontas. Tá easpa airgid ann. Méadaíonn na srianta buiséadacha agus athraíonn na tréimhsí déine diaidh ar ndiaidh ina dtollán fada déine nach mór buan, atá i gcónaí níos cruá. Tá an cuardach ar éifeachtúlacht agus coigilt go hiomlán dlisteanach, agus ní mór na hiarrachtaí go léir a thabhairt le chéile ionas go mbainfidh na saoránaigh tairbhe as buntáistí an Aontais, lena n-áirítear an ceart bunúsach maidir le féiniúlachtaí cultúrtha agus teanga, an dínit agus an t-ilteangachas a urramú, ar an bpraghas is fearr. Má tá sé de thoradh ar an gcoigilt sin, áfach, go ndéanfar sa chleachtas an t-ilteangachas a shrianadh, a laghdú, a neodrú, beidh sé in am a fhiafraí an bhfuil praghas na coigilte sin tar éis éirí iomarcach.

Go minic sa stair, sháraigh pobail na hEorpa tráma trí iad féin a cheangal arís lena luachanna daonna agus daonlathacha, na rudaí amháin lena mbeifí in ann saoirse bhuan a sholáthar dóibh. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda, thosaigh tíortha a bhí ag troid, iad buailte agus scriosta, ar iad féin a atógáil trí struchtúir stáit agus saoirse a athbhunú agus a fhorbairt, gan beann ar an bpraghas. Conas is féidir glacadh leis go bhfuil Eoraip atá níos rathúla ag déanamh dearmad ar cheachtanna ón am a chuaigh thart agus, d'fhonn coigilt a dhéanamh, ag lagú bhunús chrann taca an ilteangachais a thacaíonn le struchtúr coiteann an fhorbartha, an ratha agus na síochána a tógadh le fíis, tallann, righneas agus idirphlé?

Cinnte, is féidir coigilt a dhéanamh, agus cinnte, ní mór coigilt a dhéanamh, ach ní mór na bunrudaí a choinneáil, agus is éard atá lárnach ná cothabháil agus, ar a laghad is féidir linn a bheith ag súil leis, leanúint le hAontas a thógáil bunaithe ar luachanna coiteanna a áiríonn agus a spreagann tacaíocht na bpobal agus na gcultúr go léir atá mar pháirt de.

Sa saol polaitiúil, is ar nós gur paradacsa é ar an gcéad amharc, ach níl naimhde an Aontais mícheart: is trí airgead a bhaint go háirithe ó thionscnaimh atá gar don saoránach, agus sa chéad áit ón ilteangachas, gur féidir mothúchán de dhiúltú a chruthú, agus an bhearna a mhéadú go leanúnach idir na hinstiitíidí agus an saoránach. Tagann

naimhde na hEorpa sin ar bhearta diana i measc na leantóirí nach bhfuil ach chun tairbhe cuspóirí polaitiúla agus eacnamaíocha gearrthéarmacha comhghuaillithe láidre oibiachtúla. Ní chuireann na cosantóirí gearrthéarmacha sin den déine san áireamh, go comhfhiosach nó a mhalairt, go lagaíonn siad Eoraip a bhfuil tuiscint acu ar a tairbhe ollmhór eacnamaíoch. Thairis sin, tá daoine a thuigeann agus a thacaíonn le samhail lánpháirtíocht na hEorpa, agus, chomh maith lena gcéile comhraic, a thuigeann gurb é an mothúchán de choimhthiú cultúrtha agus teanga a bhagraíonn an struchtúr Eorpach agus go bhféadfadh imeacht leis má thiteann sé, an bharrshamhail de shíocháin agus rath san éagsúlacht.

Feictear dúinn, sa díospóid dheacair seo, go bhfuil cosantóirí *bona fide* na coigilte ina n-eadránaithe. Tabharfaimid aghaidh mar sin, gan gheis, ar an gceist costas/leas den ilteangachas san Aontas, agus feicfimid an bhfuil argóintí againn chun iad a mhealladh.

5.3 - Maoiniú an Ilteangachais in aghaidh chostas an Neamh-Ilteangachais

Cosnaíonn an t-ilteangachas airgead. Ar a laghad is féidir costas an ilteangachais a ríomh, ach tá sé i bhfad níos deacra costas easnamh an ilteangachais a ríomh. Tá costas ag an daonlathas freisin, ar féidir a ríomh den chuid is mó. Bheadh sé níos deacra costas easnamh an daonlathais a ríomhadh, agus b'fhéidir gur féidir linn go léir a aontú go mbeadh an costas sin ollmhór sna réimsí eacnamaíocha, daonna agus sibhialtacha.

Is mar sin a cháilíonn an Pharlaimint, le ceart, costais sheirbhísí teanga institiúidí an Aontais mar chostais pholaitiúla.¹²² Níl an costas polaitiúil amháin atá sa chostas sin polaitiúil, áfach, go háirithe i leith na Cúirte. Is nasc riachtanach é an t-ilteangachas sna nósanna imeachta, ar nós na ngníomhaíochtaí eile go léir atá riachtanach le haghaidh imscrúdú agus réiteach cásanna chomh maith le cur amach cásdlí.

Déarfaidh roinnt daoine gur droch-dhíospóid í toisc go bhfuil féiniúlacht agus dínit gach pobail, a chuirtear in iúl trína dteangacha, mar cheart doshannta agus nach mór iad a chaomhnú. Mar sin ní mór na teangacha féin a chosaint toisc an méid a thugann siad go cultúrtha, go siombalach agus fiú go heacnamaíoch. Ní féidir labhairt faoi

122| [Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tuarascáil speisialta Uimh. 5/2005 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le costais ateangaireachta na Parlaiminte, an Choimisiúin agus na Comhairle \(2006/2001\(INI\)\) \(IO 2006 C 305 E, Ich. 67.](#)

mhórtéangacha agus teangacha beaga sa díospóid sin: cosaint teanga, is í sin cosaint na dteangacha uile.¹²³

Seo ceann de na hábhair is fogaire. Is leor maidir leis sin breathnú ar cé chomh tapaigh agus a thionscnaíonn Ballstáit caingne nuair a dhéanann an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) iarracht coigilt a dhéanamh tríd an gcóras teangacha do chomórtais ghinearálta d'institiúidí an Aontais a laghdú¹²⁴ (*féach mír 2.5.2*).

Ní haon ionadh an íogaireacht sin toisc, lasmuigh de cheisteanna ar an bhféiniúlacht nó ar an gcultúr, atá riachtanach iontu féin, go bhfuil éifeachtaí eacnamaíocha ag roghanna sa réimse sin ar chostais na seirbhísí teanga agus ar na daoine a bhaineann leas astu.¹²⁵

Is féidir an choigilt dhíreach a bheadh ann de thoradh ar thosaíocht a thabhairt do theanga amháin nó níos mó thar theangacha eile a mheas: sin an méid a dhéanfaí laghdú ar an airgead a thugtar do ghníomhaíochtaí aistriúcháin agus ateangaireachta i gcás mar sin.

A mhalairt air sin, tá sé deacair a mheas cad a chaillfeadh daoine a labhraíonn na teangacha “a chaillean” amach i gcomparáid le daoine eile, agus cén costas breise a bheadh le hiompar acu, a mbeadh éagothromaíocht eacnamaíoch ag baint leis. Is féidir linn na míbhuntáistí a bheadh orthu a shamhlú mar mhacasamhail dhiúltach na mbuntáistí a mbeadh ag cainteoirí na dteangacha “a bhuann.” Maidir leis sin, liostaíonn François Grin cúig shaghas buntáiste do chainteoirí dúchasacha de theanga choiteann amháin, ar a dtugann sé “monarcach”:

- easnamh táillí a bhaineann leis an aistriúchán agus ateangaireacht go dtí an teanga sin;

123| Alfredo Calot Escobar, *op. cit.*

124| Athanasia Katsimerou et Dionysios Kelesidis, “Le principe de non-discrimination en raison de la langue”, *Revue de l'Union européenne*, Uimh. 592, Éditions Dalloz, Deireadh Fómhair-Samhain 2015, lgh. 534 go 540, go háirithe lgh. 537.

125| Féach maidir leis sin Philippe Van Parijs, “L'anglais lingua franca de l'Union européenne : impératif de solidarité, source d'injustice, facteur de déclin ?”, *Économie publique/Public economics* [ar líne], 15 | 2004/2, curtha ar líne an 12 Eanáir 2006, breathnaithe air an 17 Meán Fómhair 2021: <http://journals.openedition.org/economiepublique/1670>.

- monaplacht ar an margadh le haghaidh ábhair oideachais, na hoiliúna, an aistriúcháin agus na hateangaireachta go dtí an teanga sin agus foirmeacha eile de thacaíocht teanga;
- an choigilt a dhéanann an tír/na tíortha den teanga choiteann sin toisc nach bhfuil gá riachtanach dá gcainteoirí aon teanga eile a fhoghlaim;
- deis dóibh siúd an t-airgead coigilte a infheistiú arís i bhfoghlaim scileanna eile;
- buntáiste an chainteora dhúchasaigh den teanga choiteann i suímh idirbheartaíochta, comórtais nó comhraic, fiú dá mba rud é go ndearnadh an duine eile dian-iarracht chostasach chun máistreacht a fháil ar an teanga sin. ¹²⁶

Mar fhreagairt ar a chomhghleacaí Philippe Van Parijs, atá amhrasach faoi obair ar leith maidir le glacadh le *lingua franca* ¹²⁷ san Aontas – an Béarla go riachtanach – scríobhann Grin: “tá costas leis an aonteangachas, atá difriúil, ach chomh fíor, le costas an ilteangachais”. ¹²⁸ Ach, i gcás an ilteangachais, roinntear an costas, agus i gcás an aonteangachais, iompraíonn na daoine a chailleann amach an costas go heisiach. Cé nach féidir é a ríomh go córasach, léiríonn ceannasacht an Bhéarla faoi láthair sa domhan, in éineacht lena thábhacht shiombalach, luach de roinnt billiúin euro gach bliain, agus tá tromlach mór na hEorpach mar sin “ag íoc chun iad féin a chur i gcúinsí ísleachta”. ¹²⁹ Is léir, fiú dá mba rud é go rabhamar in ann íomhá iomlán a fháil, ar thaobh amháin, de na samhlacha éagsúla chun costais a laghdú trí sheirbhís ilteangach a laghdú agus, ar an taobh eile, den éifeacht dhifreálach de na laghduithe sin ar chatagóirí éagsúla de

126| François Grin, Coûts et justice linguistique dans l’élargissement de l’Union européenne, Panoramiques, Uimh. 69, 4ú trimeastar 2004, lgh. 97 go 104.

127| Philippe Van Parijs, *op. cit.*

128| Féach réamhrá Isabelle Pingel, Le multilinguisme dans l’Union européenne, faoi stiúir Isabelle Pingel, Éditions Pedone, Páras, 2015, lgh. 55 go 71.

129| François Grin, “L’anglais comme lingua franca : questions de coût et d’équité. Commentaire sur Philippe Van Parijs”, *Économie publique*, Uimh. 15, 2004, lgh. 3 go 11.

shaoránaigh, go mbeadh an díospóid pholaitiúil fós le réachtáil. ¹³⁰ Thairis sin, tá roinnt mhaith fachtóirí eile i gceist.

5.3.1 - Costas an Ilteangachas

Níl sé an-deacair costas an Aontais, a fuair buiséad iomlán de thart ar EUR 170 billiún in 2023, a ríomh. ¹³¹ Is cuid bheag (thart ar 2%) é an buiséad sin d'iomlán chaiteachas poiblí iomlán an Aontais, timpeall 1 % d'ollioncam náisiúnta na mBallstát (thart ar bhuiséad na Danmhairge). ¹³² Tugtar comhroinn 6 % de bhuiséad an Aontais don fheidhmiú riaracháin, tugtar an formhór do chistí struchtúracha agus do na comhbheartais. Is ionann costas iomlán an aistriúcháin agus na hateangaireachta in institiúidí uile an Aontais agus níos lú ná 1 % den bhuiséad sin (agus mar sin níos lú ná aon séú den chaiteachas ar an bhfeidhmiú riaracháin). Is é sin EUR 1.1 billiún, ¹³³ nó níos lú ná EUR 2.5 ó gach saoránach gach bliain. Chun a thábhacht choibhneasta a léiriú, d'fhéadfaí a rá go gcosnaíonn an t-ilteangachas níos lú ná an costas a bheadh ar chaife in aghaidh an saoránaigh. Aontaímid áfach nach costas gan suntas é an costas ar 450 milliún caife.

Ríomh an Chúirt costas an ilteangachais mar a chuirtear i bhfeidhm é san institiúid, agus na costais go léir san áireamh a bhaineann le tuarastal na ndlítheangeolaithe agus na n-ateangairí, leis an airgead a chuireann an tAontas ar fáil dá bpinsean, leis an oiliúint, le bonneagar na bhfoirgneamh agus a gcothabháil chomh maith le hearraí soláthair, slándáil, agus seachfhoinsiú tascanna ateangaireachta agus aistriúcháin. Go bunúsach, sin costas iomlán an ilteangachais sa Chúirt bunaithe ar chur chuige cuntasaióchta costála. Bhí EUR 159 milliún i gceist leis an gcostas sin in 2020 (sin EUR 0.36 do gach saoránach gach bliain). Is cuid shuntasach í an tsuim sin de bhuiséad na Cúirte, arb ionann é agus EUR 436,600,00 in 2020. Ní haon ionadh é sin toisc go bhfuil oifigigh agus gníomhairí na seirbhíse teanga, de bharr chóras teangacha leathan na Cúirte, mar aon trian dá

130| Féach freisin Dominique Hoppe, "Le coût du monolinguisme", *Le Monde diplomatique*, Bealtaine 2015, ina bpléann sé na costais ach freisin athrú leanúnach na gcóras, go háirithe dlíthiúil, agus slite machnaimh agus aghaidh á tabhairt ar lingua franca *de facto* Béarla.

131| Féach <https://www.europarl.europa.eu/factsheets/ga/sheet/28/les-depenses-de-l-union>

132| An Coimisiún Eorpach, Fact check on the EU Budget, Meán Fómhair 2022, <https://ec.europa.eu/budget/publications/fact-check/index.html?ettrans=ga>

133| Fondúireacht Robert Schuman, Parler l'europeén, 23 Nollaig 2019, <https://www.robert-schuman.eu/fr/questions-d-europe/0541-parler-l-europeen>

foireann iomlán, agus tacaíonn líon suntasach saoraitritheoirí agus saorateangairí leo. Is institiúid í an Chúirt, áfach, a mhaoíníonn na saoránaigh, agus ní mór di na hacmhainní a thugtar di a bhainistiú sa tslí ab fearr agus is féidir. Tá na beartais choigilte éagsúla a luadh níos luaithe mar pháirt den ghealltanas leanúnach sin.

Tá an t-ilteangachas costasach mar sin i ndearbhbhthearmaí ach, a bhuíochas le beartais dea-bhainistithe agus choigilte, níl sé costasach i dtéarmaí coibhneasta. Ní mór a fhiafraí cén costas a bheadh ar a easnamh. Bheadh sin níos deacra a ríomh.

5.3.2 - Costas an Neamh-Ilteangachais

Chun meastachán a dhéanamh ar an gcostas a bheadh ar easnamh an ilteangachais in institiúidí an Aontais agus sa Chúirt, ní féidir ach sinn féin a bhunú ar hipitéisí, toisc go bhfuil roinnt de na hiarmhairtí dosheachanta agus roinnt eile nach bhfuil ach féideartha; is féidir roinnt éifeachtaí a thomhas le cruinneas ar leith, ach don chuid is mó, ní féidir é sin a dhéanamh.

D'fhéadfadh an chéad cheann de na hiarmhairtí sin a bheith cúlú nó fiú dul i léig an Aontais, gan tacaíocht a shaoránaigh, agus dá bharr sin, gan tacaíocht a Bhallstáit. D'fhéadfaí a cheapadh go bhfuil an fhéidearthacht sin áibhéileach ach, ag féachaint don anailís thuas ar bhuntábhacht na bhféiniúlachtaí le haghaidh aontú pobal, ní féidir í a chur as an áireamh i ndáiríre. Is féidir an iarmhairt sin a thomhas i dtéarmaí eacnamaíocha go pointe áirithe. Tá buiséad EUR 164.25 billiún (2021) ag an Aontas inniu, le haghaidh 447 milliún saoránach, is é sin EUR 365 tugtha go hindíreach do gach saoránach in aghaidh na bliana, agus go nádúrtha, déanann na saoránaigh nach bhfuil chomh rathúil níos lú ranníocaíochtaí ná na saoránaigh is rathúla. Simpliú a bheadh ann dá ndéarfaí go mbeadh coigilt chomhionann ann dá rachadh an tAontas i léig. Tá costas ag baint leis an Aontas cinnte, ach go príomhúil is cruthaitheoir de shaibhreas agus d'fholláine é. Déanann sé infheistíocht ollmhór ina Bhallstáit agus a réigiúin agus, i dteanna na héifeachta dlúthpháirtíochta agus a ghníomhaíochtaí chun leas an chomhshaoil agus dálaí maireachtála, bíonn torthaí eacnamaíocha suntasacha aige. Measann an Coimisiún, faoi 2023, go mbeidh sochar 274 % nó EUR 2.74 ar gach euro a infheistíodh ar an airgead a infheistíodh idir 2007 agus 2013.¹³⁴

134| https://ec.europa.eu/regional_policy/sources/evaluation/expost2013/wp1_synthesis_report_en.pdf

Thairis sin, d'ardaigh olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais, is é sin le rá an luach iomlán ar na hearraí agus na seirbhísí a táirgtear go léir, go EUR 16,400 billiún in 2019, sin timpeall 15 % den tráchtáil domhanda d'earraí. Tá an tAontas mar sin lonnaithe sa dara háit i measc na bpríomhghníomhaithe den tráchtáil dhomhanda, taobh thiar den tSín agus os comhair na Stát Aontaithe. ¹³⁵Tháinig méadú nach mór faoi dhó ar OTI de réir cónaitheoir san Aontas le linn na fiche bliain imithe thart. Tháinig méadú níos mó ná faoi dheich uirthi i roinnt de na Ballstáit is boichte.

Chaillfí amach air sin go léir dá rachadh an tAontas i léig, agus ar i bhfad níos mó fiú, toisc nár chóir dearmad a dhéanamh faoin éifeacht chomhcheangailte, go fadtéarmach, d'fhachtóirí eile atá níos indíri:

- easpa doimnithe den Aontas, lena bhféadfaí an stór saibhris sin a mhéadú;
- éiginnteacht gheopholaitiúil, éagobhsaíocht agus fiú an riosca de choimhlint;
- lagú ar an réigiún Eorpach sa chomhdhearcadh polaitiúil domhanda, go háirithe san Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) agus sna comhaontuithe déthaobhacha, toisc go bhfuil láidreacht an Aontais i bhfad níos mó ná suim a Bhallstát.

D'fhéadfadh sé nach dtarlódh iarmhairt chomh radacach sin, agus d'fhéadfaí fiú a bheith ag coinne leis go gcuirfeadh na Ballstáit sásraí ionadaíochta i bhfeidhm chun fiú cuid de mhórghníomhaíochtaí an Aontais a chaomhnú. Ní mór dúinn a aithint mar sin go bhfuil riosca le haon mhórchúlú den ilteangachas go gcúlódh an tionscadal Eorpach, lena mbeadh, thairis srianta ar an saorghluaiseacht, ídiú ar na malartuithe cultúrtha agus cúlaithe féiniúlachta, iarmhairtí eacnamaíocha tubaisteacha ag baint leis.

Bheadh eacnamaithe cinnte in ann buntáistí eacnamaíocha an Aontais a ríomh ar shlí níos iomláine agus beaichte.

135 | https://european-union.europa.eu/principles-countries-history/key-facts-and-figures/economy_ga

5.3.3 - Iarmhairtí d'fheidhmiú neamh-ilteangach sa Chúirt

Tar éis léiriú ginearálta a thabhairt ar an amharc sin, fiafraímid anois cén costas a bheadh ar easnamh an ilteangachais sa Chúirt, ar nós gur féidir gníomhaíocht an ilteangachais a scaradh ón gcomhthéacs polaitiúil ginearálta. Cad iad na hiarmhairtí a bheadh ann dá mba rud é gur fheidhmigh an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ghinearálta i dteanga amháin, agus go raibh ar na saoránaigh agus na Ballstáit iad féin a chur in oiriúint do na cúinsí sin? Tugaimid faoi deara ar dtús go bhfuil an réimse inchainníochtúil fágtha againn agus go bhfuilimid anois sa réimse d'iarmhairtí ginearálta, a d'fhéadfadh a ndéine a bheith athraitheach.

Rochtain ar an gceartas

Má tá gá ag na Ballstáit agus na saoránaigh doiciméid lena dtionscnaítear imeachtaí, iarrataí ar réamhrialú, caingne agus achomhairc a thaisceadh i dteanga réamhchinntithe, is léir go scriostar chomhionannas na ndlíthithe agus na gcúirteanna. Bheadh sé de rogha ag údair na ngníomhartha sin iad a scríobh go díreach sa teanga sin má tá an cumas sin acu, nó dul i muinín seirbhísí aistriúcháin príobháideacha, lena mbainfeadh costais agus moilleanna breise leo. Sa dá chás, bheadh an leibhéal cáilíochta athraitheach, toisc go bhfuil máistreacht ghníomhach éifeachtach ar theanga iasachta, lena n-áirítear sa réimse dlíthiúil, annamh go leor, agus nach bhfuil sé réalaíoch go ndéanadh duine gan máistreacht ar an teanga sin rialú ar cháilíocht aistriúcháin sa teanga sin. Ón tús, thiocfadh méadú ar an míchruinneas agus d'fhéadfadh sin bac a chur ar dhea-thuiscint na ngníomhartha sin agus a gcomhthéacs ag na cúirteanna atá ag rialú agus dochar a dhéanamh d'ábharthacht a gcinntí.

Bheadh sé mar an gcéanna i leith mhalartú pléadálacha na bpáirtithe sna caingne díreacha agus na barúlacha a chuireann na páirtithe agus Ballstáit in iúl in imeachtaí réamhrialaithe. Bheadh fabhar ag na hinstiitíúidí, toisc go mbeadh siad in ann dul i muinín obair scríbhneoireachta nó aistriúcháin d'oifigigh cainteoirí dúchasacha de theanga an cháis amháin sin.

Ag an gcéim ó bhéal den nós imeachta, nuair a reáchtálfaí na héisteachtaí gan ateangaireacht, bheadh ar na páirtithe brath ar ionadaithe le máistreacht ar theanga dhlíthiúil theanga an cháis amháin, agus bheadh fabhar mar sin ag comhaltaí de bharraí sna tíortha den teanga sin, nó bheadh ar na páirtithe ionadaíocht a fháil ar an leibhéal náisiúnta, ag tógáil riosca nach mbeadh an phléadáil chomh éifeachtach agus dinimiciúil.

Ar deireadh, bheadh an cinneadh, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh tuairim ó Abhcóide Ginearálta roimh an gcinneadh i dteanga amháin, scríofa don chuid is mó i dteanga nach bhfuil ar eolas ag na páirtithe sa díospóid, agus bheadh bac orthu mar sin miontuiscint a fháil ar réasúnaíocht na cúirte agus fiúntas a cinneadh. I gcomhthéacs iarraidh ar réamhrialú, tharlódh sé fiú nach dtuigfeadh cúirteanna náisiúnta ar leith a tharchuir ceisteanna le haghaidh réamhrialú, ábhar an bhreithiúnais agus, *bona fide*, nach gcomhlíonfadh siad é. Tharlódh sé freisin nach bhfreagródh an Chúirt Bhreithiúnais ceist a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú toisc nár scríobhadh i gceart í ó thaobh na teanga de, ag oscailt mar sin an dorais do nós imeachta eile um réamhrialú, leis na moilleanna agus costais lena mbaineann.

Smaoineofa go háirithe anseo ar na cúirteanna náisiúnta, atá go minic báite in ualach na hoibre agus riaráiste dlíthiúil suntasach, a mbeadh orthu a n-orduithe tarchuir a aistriú agus iad ag fanacht ar fhreagraí i dteanga iasachta a bhfuil máistreacht acu uirthi ag leibhéal dhifriúla. Tá seans maith ann go ndéanfaidh an-chuid dóibh iarracht rialú ar an díospóid gan dul i muinín an phróisis um réamhrialú, ag baint an bhoinn mar sin den idirphlé réamhrialaithe, atá lárnach d'ailtireacht bhreithiúnach an Aontais.

I bhfianaise gach a bhfuil thuas, tá cuma ar an ilteangachas gur choinníoll é, ag an am céanna, don chóir chomhionann, do dea-riaradh an cheartais agus don deimhneacht dhlíthiúil.

An foilsíú

Mar a luadh thuas, tá éifeacht dhíreach agus tosaíocht ag dlí an Aontais thar an dlí náisiúnta. Ní mór do gach cúirt agus binse de Bhallstát an Aontais é a chur i bhfeidhm mar dhlí substainteach tosaíoch. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin in imeachtaí réamhrialuithe, nuair a thugann an Chúirt Bhreithiúnais léirmhínte ar dhlí an Aontais atá ábhartha go díreach le haghaidh na mBallstát go léir.

Mura ndéanfaí na cinntí a fhoilsíú ina dteangacha, bheadh na hionadaithe parlaiminte, na riarthóirí agus na breithiúna náisiúnta ar gach leibhéal le cumas teanga agus dlíthiúil éagsúil ag iarraidh tuiscint a fháil ar an méid atá an dlí sin scríofa i dteanga iasachta ag ceangal orthu. Tharlódh sé go bhforbródh gníomhaithe sna Ballstáit éagsúla agus fiú sa Bhallstát céanna tuiscint éagsúil ar an gcásdlí, agus go gcuirfeadh siad i bhfeidhm é go difriúil, ag cruthú líon mór bearnaí i gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach dlí an Aontais, lena n-áirítear i leith an mhargaidh inmheánaigh. Bheadh éifeacht eacnamaíoch chomh láidir agus a bheadh sé díreach ag a fheidhmiú bactha sa tslí sin, i bhfoirm srianta ar

mhalartuithe. Thairis sin, d'fhéadfaí roinnt mhaith ceisteanna nua a tharchur le haghaidh réamhrialú, go háirithe i leith léirmhíniú, chun soiléiriú a fháil, ach i gcónaí sna dálaí éagothroime agus míshásúla a míníodh thuas. D'fhéadfadh costas na gcásanna breise sin dul thar costas na seirbhísí teanga sa Chúirt.

Ní bheadh an-chuid dlíodóirí in ann comhairle fheasach a chur ar a gcliaint toisc go mbeadh anailís ar dhlí an Aontais ag teastáil don chomhairle sin: bheadh ar an anailís sin a bheith bunaithe ar ghníomhartha scríofa i dteanga nach mbeadh máistreacht iomlán nó ar bith acu uirthi.

Cinnte, d'fhéadfadh na Ballstáit a chinneadh cásdlí na Cúirte a aistriú ar a gcostais féin, ach ní bheadh i gceist leis sin ach na costais a bhogadh agus sa tslí sin éagothromaíocht nua a chruthú chun dochar shaoránaigh na mBallstát is lú daonra, is lú rathúil ¹³⁶ nó a bhfuil an fheasacht is ísle acu maidir le tábhacht chásdlí an Aontais a bheith acu i dteanga náisiúnta amháin nó níos mó. Fiú dá mba rud é gur chuir na Ballstáit amach iad sna teangacha eile go léir, bheadh siad ar fáil *a posteriori*, sa chaoi nach mbeadh siad ar fáil le haghaidh an domhain dhlíthiúil lá na tabhartha ná go luath ina dhiaidh sin. Thairis sin, bheadh na haistriúcháin sin de réir cosúlachta de chaighdeán níos ísle. D'fhéadfadh an brú ar phraghasanna na n-aistriúcháin dochar a dhéanamh dá gcáilíocht, i gcomhthéacs inar féidir le gach focal, gach coincheap, gach aontú gramadaí agus uaireanta fiú camóg shimplí, ciall bheacht an téacs a athrú. Anuas air sin, dhéanfaí na tascanna aistriúcháin ar shlí scaipthe gan chomhbheartú, a mhalairt ar chleachtas na Cúirte anois, ina ndéanann dlítheangeolaithe na n-aonad teanga éagsúla comhbheartú go díreach nó go hindíreach agus go ndéanann siad idirghníomhú le hoifigí an Chomhalta a scríobh na tuairimí agus cinntí. D'fhéadfaimis a shamhlú freisin go mbainfeadh Ballstát nach raibh fonn air go mbeadh daoine feasach faoi dhlí an Aontais agus nach gcuirfí i bhfeidhm é ina iomláine ina dhlíchóras úsáid as costas an aistriúcháin mar leithscéal chun dul ina éagmais.

136| Tá na sásraí dlúthpháirtíochta maidir le leibhéal saibhris na mBallstát le fáil i maoiniú bhuiséad ginearálta an Aontais, bunaithe ag 70 % ar OTI na mBallstát, agus mar sin i maoiniú an ilteangachais. Bheadh bogadh maoiniú an ilteangachais mar ualach míréasúnta ar na Ballstáit nach bhfuil chomh rathúil nó pobalaithe. Tabharfaí neamhaird le maoiniú de leagan teanga amháin ag 90 milliún cainteoirí Gearmáinise agus ceann eile ag 1.3 cainteoirí Eastóinise ar chomhionannas na saoránach agus an dlúthpháirtíocht idir ár bpobail.

5.3.4 - Tacaíocht dhíláraithe na nósanna imeachta

Is léir ón méid a phléitear thuas go mbeadh iarmhairtí dáiríre láithreach bonn mar thoradh ar fheidhmiú aonteangach na Cúirte agus go bhfuil an feidhmiú ilteangach riachtanach. Is iomchuí anois a fhiafraí an mbainistítear an feidhmiú ilteangach sin ar leibhéal oiriúnach, nó an mbeadh leas ag baint le dílárú.

Phléamar cheana an fhéidearthacht go ndéanfadh na Ballstáit an cásdlí a aistriú. Is iomchuí freisin a fhiafraí dúinn féin a mhéid a d'fhéadfadh rannpháirtíocht na mBallstát i gcur ar fáil seirbhísí ilteangacha ligean don Institiúid feidhmiú go héifeachtach.

Le linn na nósanna imeachta ina n-iomláine, ó aistriú an doiciméid lenar dtionscnaíodh na himeachtaí go dtí bunú an chinnidh i dteanga an cháis, agus ag dul thar an ateangaireacht sna héisteachtaí, is leis na teangacha a chinntear bogadh ar aghaidh na nósanna imeachta, a bheadh blocáilte i gcás nach raibh seirbhísí teanga ar fáil.

Chruthófaí riosca d'easnamh dá mbraithfí ar na Ballstáit chun na seirbhísí sin a chur ar fáil, chomh luath nach mbeadh stát amháin nó ceann eile in ann na seirbhísí riachtanacha a sholáthar ag aon am agus sa mhéid gur cheart. Ní mór dóibh iad féin a chur in oiriúint do rithim bhreithiúnach gach nós imeachta. Bíodh sin ar chúiseanna eagrúcháin, lóistíochta nó buiséadacha, bheadh an fhorbairt mar chonstaic shuntasach, ó chothabháil agus infhaighteacht na n-acmhainní leordhóthanacha i ngach Ballstát chun aistriú nó ateangaireacht a dhéanamh ag aon am ó gach ceann eile de na teangacha oifigiúla.

Tá níos mó ná sin, áfach: cuirtear bac le rúndacht na gcinntí agus rúndacht an phlé ar na doiciméid sin a sholáthar do na Ballstáit le haghaidh aistriúcháin sula dtabharfaí iad, bíodh agus iad dul i muinín acmhainní inmheánacha nó saoraistritheoirí. Ní mór do chúirteanna an Aontais leanúint de bheith ag obair go coláisteach agus sa neamhspleáchas iomlán chomh maith le hurraim a thabhairt do rúndacht an phlé.

Le haghaidh gach aistriúcháin nó ateangaireachta a chuirfeadh Ballstát ar fáil, bheadh ceist ann maidir leis an gcáilíocht freisin, i gcomhthéacs ina bhfuil an riosca de scoilteadh roghanna téarmaíochta, de mhíthuiscintí ar choincheapa neamhspleácha agus d'ilchineálacht na leaganacha le cur leis na dúshláin a luadh roimhe.

Feictear dúinn nach féidir leis an gCúirt a misean a chur i gcrích ach i gcomhthéacs d'ilteangachas iomlán agus máistrithe. Tá baint aige sin, ar thaobh amháin, lena misean breithiúnach, atá i bpáirt mhór ag brath ar idirphlé leis na páirtithe, na húdaráis náisiúnta agus, go háirithe, na cúirteanna náisiúnta agus, ar an taobh eile, scaipeadh a cásdlí.

Is é an córas bainistíochta is fearr, agus an t-aon cheann is féidir a shamhlú le haghaidh an ilteangachais sa Chúirt, ná córas lena bhfaightear máistreacht go himmheánach ar chloch choirnéil a feidhmithe agus a for-rochtana. Ag féachaint don choigilt éagsúil agus, go háirithe, do na barainneachtaí scála a d'eascair as an mbainistiú lárnach den sreabhadh oibre, den téarmaíocht, den oiliúint, den seachfhoinsiú agus de na huirlisí teicneolaíochta faisnéise, is é sin an réiteach is saoire agus is éifeachtúla i dtéarmaí costais cheilte agus fhollasacha freisin.

Mar fhocal scoir, níl sé ciallmhar iarracht a dhéanamh costas thréigean an ilteangachais sa Chúirt a ríomh. Léirítear leis an leagan amach simplí de na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann go bhfuil costas an ilteangachais measartha i gcomparáid le costas a easnaimh. Ar deireadh, bheadh éagothromaíochtaí, moilleanna agus éiginnteachtaí mar thoradh ar bhogadh an ualaigh chun an t-ilteangachas a bhainistiú agus a mhaoiniú ar aghaidh chuig na Ballstáit, agus chaithfeadh sé amhras ar rúndacht an phlé, atá mar ráthaíocht riachtanach do neamhspleáchas Chúirteanna an Aontais.

Is próiseas, infheistíocht agus luach atá san ilteangachas.

Mar phróiseas, téann sé in éineacht leis na nósanna imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais. D'fhéadfadh iarrataí teacht os comhair an dá chúirt den institiúid sin, an Chúirt Bhreithiúnais agus an Chúirt Ginearálta, in aon cheann de na 24 theanga oifigiúla den Aontas; tá an ceart ag na páirtithe iad féin a chur in iúl sa teanga sin; ní mór an cásdlí a chur ar fáil i ngach ceann de na teangacha oifigiúla. Mar sin, ní mór an t-aistriúchán dlíthiúil agus an ateangaireacht a áirithiú sna 552 phéire teanga a d'fhéadfadh a bheith ann, ag an gcáilíocht is airde, ar an bpraghas is fearr agus laistigh de na spriocanna atá de dhíth le haghaidh dea-fheidhmiú an cheartais Eorpaigh. Chun sin a dhéanamh, téann Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais (DGM) i muinín saineolaithe sa dlí agus i dteangacha, a thagann ó na Ballstáit go léir. Bíonn sí ag brath ní hamháin ar na hacmhainní daonna annamha sin, ach freisin ar mhodhanna cruthaithe, amhail an oiliúint leanúnach, an téarmaíocht, dul i muinín teangacha pivot agus machnamh leanúnach ar choigilt úsáideach, ach freisin ar na huirlisí is nua-aimseartha a chuireann sí lena dtógáil agus lena gcothú, bíodh sin i leith bunachair sonraí ilteangacha idirinstiúideacha, na teicneolaíochtaí tacaíochta is déanaí don aistriúchán, amhail an t-aistriúchán néarach, nó meit-innill chuardaigh éifeachtacha.

Ní bhaineann an t-ilteangachas dlíthiúil le DGM amháin, tá sin soiléir tar éis an saothar seo a léamh. Braitheann feidhmiú an dá chúirt agus sheirbhísí na hInstitiúide go laethúil ar chultúr ilteangach agus idlithiúil. Cinnte is é DGM an chuid is sofheicthe den feidhmiú ilteangach sin, ach feidhmíonn na clárlanna, agus na seirbhísí eile go léir a bhfuil sé de chúram acu tacú leis na cúirteanna ina misean de réir na loighce céanna, agus eagraíonn siad iad féin de réir scileanna dlíthiúla agus teanga ag an am céanna.

Mar infheistíocht, áirítear leis an ilteangachas dea-fheidhmiú na gcúirteanna, a chuireann le dea-fheidhmiú an struchtúir Eorpaigh ina iomláine, struchtúr tógtha ar bhonn an daonlathais, an smachta reachtaigh agus urraim a léiriú ar mhionlaigh. Toisc go bhfuil ionchur polaitiúil, sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh chomh suntasach agus atá sé riachtanach, is fiú an t-ilteangachas a chaomhnú in áiteanna ina bhfeidhmíonn sé mar choinníoll nó luamhánacht don ionchur sin. Maidir leis an gCúirt, tá rochtain ar an gceartas agus ar an dlí riachtanach le haghaidh dea-fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus do bheartas an Aontais go ginearálta, lena n-áirítear sna réimsí sóisialta agus comhshaoil. Ní féidir an t-ilteangachas a thacaíonn leis sin a bhainistiú ach i ndea-dhálaí agus faoi smacht na hinstiúide sin, murach sin tá riosca ann go laghdófar

an éifeachtacht agus go ndéanfar géilleadh a chruthódh fadhbanna bunúsacha don neamhspleáchas breithiúnach.

Ar deireadh, is sócmhainn, luach riachtanach den Aontas agus ceart bunúsach é an t-ilteangachas. Ní féidir le pobail na hEorpa a bheith aontaithe san éagsúlacht ach nuair a thugtar urraim iomlán dá bhféiniúlachtaí agus dá gcultúir, ag lár a leithéidí a bhfuil a n-oidhreacht teanga. Gan urraim a léiriú ar chomhionannas na dteangacha, d'fhillfeadh sin ar neamhaird a thabhairt ar chomhionannas na bpobal agus bhainfeadh sé ón saoránach Aontas nach féidir ach a bheith leis, toisc, gan eisean, nach bhfuil aon chiall ag baint leis an Aontas. B'fhéidir gurb iomchuí glacadh leis freisin, dá mba rud é go gcruthaítear go treallach buaiteoirí agus cailliúnaithe nuair a thugtar fabhar do theanga amháin nó níos mó, nach gcruthaítear ach buaiteoirí le caomhnú an ilteangachais, toisc go gcuireann sé na saoránaigh go léir ar bhonn cothrom, trí iolracht agus éagsúlacht d'ionchur cultúrtha agus dlíthiúil, a shaibhrimid go léir gach lá, gan beann ar ár dteanga, a chaomhnú.

Feasacht a ardú, míniú agus cosaint an ilteangachais institiúidigh, is iad sin na cuspóirí a threoraigh scríbhneoireacht an tsaothair seo. Tá an t-ilteangachas, áfach, a théann in éineacht leis an iltaobhachas agus an lánpháirtíocht, chomh tábhachtach chéanna lasmuigh d'institiúidí an Aontais. Sna Ballstáit freisin, tá ceist an ilteangachais pobail á chur le géire nua, toisc go bhfuil an domhandú agus an fhorbairt dhigiteach ag brú ar aghaidh simpliú agus luathú na malartuithe.

Léirítear go láidir leis an “mbeart” d'eispéiris agus machnamh a chomhdhéanann an dara himleabhar den saothar seo luach doshannta an iolrachais chultúrtha, teanga agus dhlíthiúil.



Gluais

Ateangaireacht chomhuaineach

Teicníc ateangaireachta ina n-éisteanann na hateangairí, agus iad ina suí i mboth, leis an óráidí trí chluasáin agus go gcuireann siad in iúl láithreach bonn a theachtairacht i dteanga eile trí mhicreafón. Cuireann an trealamh teicniúil an ateangaireacht sin ar fáil do na héisteoirí trína gcluasáin.

Ateangaireacht iaruaineach

Teicníc ateangaireachta ina ndéanann na hateangairí ateangaireacht ar ráitis n-óráidithe tar éis dóibh a n-óráid a chríochnú, go ginearálta le cabhair ó nótaí.

Ateangaireacht le físchomhdháil

Modh oibre ina bhfuil na hateangairí san áit chéanna agus formhór na rannpháirtithe ag cruinniú nó ag éisteacht. Feiceann siad na hóráidithe ó chian trí cheangal físe agus cloiseann siad iad a bhuíochas le craoladh fuaime a n-óráid.

Ateangaireacht ó chian

Modh oibre ina bhfuil na hateangairí in áit dhifriúil ón áit ina bhfuil na rannpháirtithe. Feiceann siad an t-óráidí trí cheangal físe agus cloiseann siad iad a bhuíochas le craoladh fuaim a n-óráidí.

Beart uirlisí feidhmiúla aistriúcháin

I gcomhthéacs Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais (DGM), na comhaid go léir atá riachtanach tionscadal aistriúcháin a chruthú in Trados Studio. Sa “bheart uirlisí feidhmiúla” tá an téacs atá le haistriú (i bhformáid ar féidir an t-eagarthóir Studio próiseáil), na cuimhní aistriúcháin ábhartha agus na hacmhainní doiciméadacha agus téarmaíochta a aithníodh mar úsáideach don aistriúchán. Ó 2019, tá moltaí meaisínáistriúcháin néaraigh mar pháirt de freisin, a thagann ón gcóras idirinstiúideach eTranslation nó ón uirlis mhargaidh DeepL.

Both

Cuirtear in iúl leis sin, trí mheatonaim, uaireanta an chuid den fhoireann d'ateangairí a oibríonn, in éisteacht, go dtí teanga ar leith, agus uaireanta an fo-aonad riaracháin atá comhdhéanta d'ateangairí leis an teanga chéanna.

Bunteanga

Teanga óna ndéantar aistriú nó ateangaireacht.

Cuimhní aistriúcháin

Bunachar sonraí teanga le haonaid aistriúcháin ann. Tá gach aonad comhdhéanta de mhír de théacs (abairt, frása, alt) a thagann ó dhoiciméad, lena bhfuil an mhír chomhfhreagrach ón doiciméad céanna i dteanga dhifriúil nasctha.

Duine atá mar phointe teagmhála

Dlítheangeolaí ó aonad theanga an cháis atá sé de chúram aige tascanna difriúla a dhéanamh chun próiseáil agus aistriúchán iarrata ar réamhrialú a éascú (*omissis*, anaithnidiú, athchoimriú, míniú, athléamh, etc.).

eTranslation

Seirbhís meaisínáistriúcháin néaraigh a d'fhorbair an Coimisiún chun leas institiúidí an Aontais agus údarás náisiúnta. Cuireann an Chúirt go hairgeadúil le cothabháil, cothú agus forbairt eTranslation i gcomhthéacs an chomhoibrithe idirinstitiúidigh. Oibríonn sí i gcomhar go díreach leis an gCoimisiún chun innill aistriúcháin atá oiriúnaithe go speisialta d'obair Chúirteanna an Aontais a fhorbairt.

Euramis

Córas idirinstiúideach lena mbainistítear na cuimhní aistriúcháin. Sna cuimhní, a chothaíonn na hinstiúidí go léir, tá go háirithe na doiciméid reachtacha agus cásdlí an Aontais.

EURêka

Inneall cuardaigh inmheánach lena dtugtar pointe rochtana amháin ar na doiciméid bhreithiúnacha agus ar shonraí d'anailís dhlíthiúil, nós imeachta, doiciméadach agus téarmaíochta na hinstiúide.

Foclóir dlíthiúil ilteangach comparáideach (FDI)

Bailiúchán de hiontrálacha téarmaíochta ilteangaí agus ilchórasaí atá mar thoradh ar obair taighde sa dlí comparáideach a rinne dlítheangeolaithe sa dlí inimirce, dlí teaghlaigh agus dlí cóiriúil.

IATE

Bunachar sonraí téarmaíochta idirinstiúideach, atá ar fáil don phobal (<https://iate.europa.eu/home>). Ó 2020, déantar bainistiú díreach ar an téarmaíocht dhlíthiúil a chruthaíonn an Chúirt in IATE.

Liosta CAST

Contract Agent Selection Tool. Tagann na “liostaí CAST” ó bhunachar sonraí a bhainistíonn EPSO (European Personnel Selection Office) a thugann na hiarratais go léir ar phoist mar ghníomhaire ar conradh le chéile i ngrúpaí difriúla d’fheidhmeanna agus le haghaidh na bpost difriúil. Feidhmíonn liosta CAST mar chúlstoc d’iarratasóirí ónar féidir leis na hinstiúidí tarraingt chun baill foirne sealadacha a earcú.

Nascadh seomraí éisteachta

Idirghabháil theicniúil lena gceanglaítear bothanna ateangaireachta atá lonnaithe sa phríomhsheomra cruinnithe le bothanna atá lonnaithe i seomra tánaisteach. Úsáidtear an teicníc sin nuair nach bhfuil go leor bothanna sa phríomhsheomra le haghaidh na foirne iomláine d'ateangairí atá sannta ar an éisteacht. Oibríonn na hateangairí sa seomra nasctha mar sin ó chian, ó bhfuaim agus na híomhánna a chuirtear chucu ón bpríomhsheomra.

Omissis

Rudaí a bhaineann an “duine atá mar phointe teagmhála” ó théacs iarrata ar réamhrialú d'fhonn an méid atá le haistriú a laghdú gan brí nó spiorad an doiciméid a shaobhadh. Cuireann an duine atá mar phointe teagmhála faisnéis ghairid maidir le hábhar na míreanna a baineadh isteach sa théacs go córasach, idir lúibíní. Ní chuirtear aon *omissis* i bhfeidhm maidir leis na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú.

Scrúdú creidiúnaithe

Scrúdú a bhfuil ar na saorateangairí éirí leo ann chun bheith ar an liosta de ghníomhairí ateangairí comhdhála (GAC) atá coiteann do thrí institiúid Eorpacha (an Coimisiúin, an Pharlaimint, an Chúirt Bhreithiúnais) agus chun bheith in ann obair do na hinstitiúidí sin.

Sprioctheanga

Teanga a dhéantar aistriú nó ateangaireacht chuici.

Suíomh ó chian

Seomra le trealamh físchomhdhála, óna ndéanann páirtí atá údaraithe chun pléadáil a dhéanamh ó chian idirghabháil. Is féidir leis an bpáirtí sin páirt a ghlacadh sna díospóidí trí fhíschomhdháil freisin. Déantar ateangaireacht ar gach idirghabháil agus is féidir leis éisteacht le hateangaireacht na ndíospóidí ina dteanga féin.

Teanga athsheachadáin

Teanga a úsáidtear i gcomhthéacs na hateangaireachta mar theanga idirghabhála idir an bunteanga agus sprioctheanga nuair nach féidir ateangaireacht dhíreach a dhéanamh toisc go bhfuil ateangaire easnamhach nó nach bhfuil ateangaire ar fáil le máistreacht ar an bpéire teanga atá á lorg. A mhalairt ar theanga pivot, ní bhíonn teanga athsheachadáin réamhbheartaithe, ach roghnaítear í de réir chúinsí sonracha na n-éisteachta.

Teanga pivot

Teanga a úsáidtear i gcomhthéacs an aistriúcháin dhlíthiúil mar theanga idirghabhála idir an bunteanga agus na sprioctheangacha difriúla nuair nach féidir aistriúchán díreach a dhéanamh. Úsáideann Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais cúig theanga pivot: an Béarla, an Ghearmáinis, an Iodáilis, an Pholainnis agus an Spáinnis, déantar le gach ceann de na teangacha sin réimse teangacha réamhbheartaithe a “chasadh ar pivot” (mar shampla, tá an Spáinnis mar theanga pivot don Laitvis, don Ungáiris agus don Phortaingéilis). Déanann dlítheangeolaithe na n-aonad “pivot” aistriúchán díreach ón mbuntéacs laistigh de sprioc gearr, chun ligean dá gcomhghleacaithe sna haonaid teanga eile aistriúchán a dhéanamh ón leagan pivot sin, atá ról an bhuntéacs aige.

Teanga “retour”

Teanga iasachta a dhéanann ateangaire ateangaireacht chuici óna theanga dhúchais.

Ord prótacail na dteangacha agus cóid ISO ¹³⁷

Ainmniúchán tionscnaimh	Ainmniúchán coitianta	Cód ISO
български	Bulgáiris	BG
español	Spáinnis	ES
čeština	Seicis	CS
dansk	Danmhairgis	DA
Deutsch	Gearmáinis	DE
eesti keel	Eastóinis	ET
ελληνικά	Gréigis	EL
English	Béarla	EN
français	Fraincis	FR
Gaeilge	Gaeilge	GA
hrvatski	Cróitis	HR
italiano	Iodáilis	IT
latviešu valoda	Laitvis	LV
lietuvių kalba	Liotuáinis	LT
magyar	Ungáiris	HU
Malti	Máltais	MT
Nederlands	Ollainnis	NL
polski	Polainnis	PL
português	Portaingéilis	PT
română	Rómáinis	RO
slovenčina (slovenský jazyk)	Slóvacais	SK
slovenščina (slovenski jezik)	Slóivéinis	SL
suomi	Fionlainnis	FI
svenska	Sualainnis	SV

137 | Tábla arna bhunú de réir Chód scríbhneoireacht idirinstiúideach Oifig na bhFoilseachán. Féadtar breathnú ar an tábla bunaidh, a bhfuil níos mó sonraí ag baint leis, ag an seoladh seo a leanas: <https://publications.europa.eu/code/fr/fr-370200.htm>.



CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

L-2925 Lucsamburg
Teil. +352 4303-1

An Chúirt ar an Idirlíon: curia.europa.eu

Críochnaíodh an lámhscríbhinn i Nollaig 2022

Níl an institiúid ná aon duine eile atá ag gníomhú thar ceann na seirbhíse freagrach as an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas thíos.

Lucsamburg: Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangacahais
Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéise | Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An tAonad Foilseachán agus Meán Leictreonach

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023.

© An tAontas Eorpach, 2019-2023; © Alan Xuereb, Ealaíontóir, 2023;
© Joseph Alfred Izzo Clarke, Grianghraf, 2023

© an tAontas Eorpach, 2023

Údaraítear atáirgeadh ach an fhoinse a lua.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart an Aontais Eorpaigh a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a fháil go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

Is léiriú ar an aontacht san éagsúlacht agus ar lánurraim do na féiniúlachtaí cultúrtha agus teanga lena gcomhdhéantar an tAontas é an t-ilteangachas, agus tugtar éifeacht leis do cheart gach saoránaigh dul i dteagmháil leis na hinstiitúidí agus freagra a fháil ina theanga féin.

Rinneadh códú ar an ilteangachas ó thaobh prionsabail de agus ó thaobh feidhmiú de le hionstraimí dlíthiúla difriúla, go háirithe leis an gcéad rialachán ar ghlac CEE leis, Rialachán 1/58, atá fós i bhfeidhm. Amhail an daonlathas, áfach, braitheann a chaomhnú ar iarracht míniúcháin leanúnach i gcomhthéacs físe fadtéarmaí. Caitear amhras ar an ilteangachas go rialta, agus luas nó coigilt á n-úsáid mar leithscéalta, amhail is go mbaineann fírinne an ilteangachais leis an éigeantas seachas lenár saibhreas roinnte.

Ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá tábhacht ar leith leis an ilteangachas, a mhéid a gcinntear leis na nósanna imeachta ó thús agus go gceadaítear leis níos déanaí go mbeidh an cásdlí ar fáil do chách ina theanga féin. Tá na riachtanais dhlítheanacha d'éifeachtacht agus smacht ar chostais ríthábhachtach, áfach, sa chaoi go ndéantar athmhacnamh leanúnach agus go mbaintear leas barrmhaith as na teicneolaíochtaí ceannródaíocha chun an tseirbhís is fearr a chur ar fáil don saoránach i gcónaí.

Léirítear leis an saothar seo na gnéithe stairiúla, dlíthiúla agus polaitiúla a bhí ann agus ilteangachas institiúideach láidir ag teacht chun cinn, mar uirlis an chothromais, an chuimsithe agus an dul chun cinn. Léirítear leis córas teangacha na hinstiitúide agus an chaoi ina n-úsáidtear an t-ilteangachas inti, go háirithe i seirbhísí na hateangaireachta agus an aistriúcháin dhlíthiúil. Tuairiscítear leis tuairimí agus argóintí a chuirtear in iúl go minic sa phreas agus sa scríbhneoireacht acadúil d'fhoth, ar bhonn anailís oibiachtúil, fíis radacach agus dearfach a mholadh atá dírithe go diongbháilte ar an todhchaí.



CÚIRT BHRÉITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

Thierry Lefèvre, Ard-Stiúrthóir an Ilteangachais

—

Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais

—

Ard-Stiúrthóireacht na Faisnéise
Stiúrthóireacht na Cumarsáide
An tAonad Foilseachán agus Meán Leictreonach

Bealtaine 2023

